

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

21 Samhain 2018



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ⁽¹⁾ 39
- ★ Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 99
- ★ Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (*Eurojust*), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin 138

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2018/1724 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 2 Deireadh Fómhair 2018

maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 21(2) agus Airteagal 114(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá an margadh inmheánach ar cheann de na héachtaí is inbhraite de chuid an Aontais. Trí shaorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil a cheadú, cruthaíonn an Margadh Aonair deiseanna nua do shaoránaigh agus gnólachtaí araon. Gné tábhachtach faoin Straitéis maidir le Margadh Aonair, arna bhunú leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2015 dar teideal “An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí”, is ea an Rialachán seo. Tá sé mar chuspóir ag an straitéis sin lánacmhainneacht an Mhargaidh Aonair a bhaint amach trína éascú do shaoránaigh agus gnólachtaí gluaiseacht laistigh den Aontas, trádáil a dhéanamh, iad féin a bhunú agus a ngnólachtaí a leathnú thar theorainneacha.
- (2) Aithníodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2015 dar teideal “Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip” an ról atá ag an idirlíon agus ag teicneolaíochtaí digiteacha maidir le claochlú a dhéanamh ar an saol seo againn, maidir leis an dóigh a ndéanann saoránaigh agus gnólachtaí faisnéis a rochtain, eolas a fháil, earraí agus seirbhísí a cheannach, páirt a ghlacadh sa mhargadh agus oibriú a athrú, trí chuid mhór deiseanna a éascú le haghaidh nuálaíochta, fáis agus fostaíochta. Sa teachtaireacht sin, agus i rúin éagsúla atá glactha ag Parlaimint na hEorpa, aithníodh go bhféadfaí freastal ar bhealach níos fearr ar na riachtanais atá ag saoránaigh agus gnólachtaí ina dtír féin agus thar theorainneacha araon trí leathnú agus comhtháthú a dhéanamh ar na tairseacha, na suíomhanna gréasáin, na líonraí, na seirbhísí agus na córais ar an leibhéal Eorpach atá ann cheana agus trína nascadh le réitigh náisiúnta éagsúla, agus ar an tslí sin pointe rochtana aonair digiteach” a chruthú a bheidh ag fónamh mar phointe iontrála aonair Eorpach (“an pointe rochtana”). Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2016 dar teideal “Plean Gníomhaíochta Ríomhrialtais an Aontais Eorpaigh 2016-2020 — Dlús a chur le claochlú digiteach rialtais”, liostaítear an pointe rochtana aonair dhigiteach ar cheann de na gníomhaíochtaí a rachaidh an tAontas ina mbun don bhliain 2017. Sa tuarascáil ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2017, dar teideal “Cearta saoránach a neartú in Aontas atá i mbun athrú daonlathach — Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2017” meastáíodh gur tosaíocht do chearta shaoránaigh an Aontais atá sa phointe rochtana aonair digiteach.
- (3) Tá sé éilithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle arís agus arís eile go soláthrófaí pacáiste faisnéise agus cúnamh níos cuimsithí agus níos soláimhsithe chun cabhrú le saoránaigh agus gnólachtaí a mbealach a dhéanamh tríd an margadh inmheánach agus go ndéanfaí uirlisí an mhargaidh inmheánaigh a neartú agus a shruthlíniú chun freastal níos fearr ar na riachtanais atá ag saoránaigh agus gnólachtaí ina gcuid gníomhaíochtaí trasteorann.

⁽¹⁾ IO C 81, 2.3.2018, lch. 88.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2018.

- (4) Leis an Rialachán seo, freagraítear do na héilimh sin trí rochtain éasca a thairiscint do shaoránaigh agus gnólachtaí ar an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a theastaíonn uathu ionas gur féidir leo a gcearta a fheidhmiú sa mhargadh inmheánach. D'fhéadfadh an pointe rochtana aonair digiteach rannchuidiú le trédhearcacht mhéadaithe ar na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le himeachtaí éagsúla gnó agus saoil, i réimsí amháil taisteal, dul ar scor, oideachas, fostaíocht, cúram sláinte, cearta an tomhaltóra agus cearta teaghlaigh. Thairis sin, d'fhéadfadh sé muinín na dtomhaltóirí a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar an easpa eolais faoi chosaint don tomhaltóir agus faoi rialacha an mhargaidh inmheánaigh agus na costais chomhlíonta do ghnólachtaí a laghdú. Leis an Rialachán seo, bunaítear pointe rochtana atá soláimhsithe agus idirghníomhach, lenar cheart, bunaithe ar riachtanais na n-úsáideoirí, treoir a thabhairt dóibh i dtaobh na seirbhísí is iomchuí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit ról tábhachtach a bheith acu maidir leis na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (5) Ba cheart don phointe rochtana aonair digiteach idirghníomhú idir na saoránaigh agus gnólachtaí, ar lámh amháin, agus na húdaráis inniúla, ar an lámh eile, a éascú, trí rochtain a sholáthar ar réitigh ar líne, trí ghníomhaíochtaí ó lá go lá na saoránach agus na ngnólachtaí a éascú agus trí na bacainní a tharlaíonn sa mhargadh inmheánach a íoslaghdaí. Trína bheith ann do phointe rochtana aonair digiteach a thugann rochtain ar líne ar fhaisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna, d'fhéadfaí feachtas na n-úsáideoirí ar na seirbhísí ar líne éagsúla atá ann a mhéadú agus d'fhéadfadh sé sin am agus costais a spáráil dóibh.
- (6) Tá trí chuspóir ag an Rialachán seo, eadhon laghdú a dhéanamh ar aon ualach riaracháin breise atá ar shaoránaigh agus gnólachtaí a fheidhmíonn a gcearta i ndáil leis an margadh inmheánach, lena n-áirítear saorghluaiseacht saoránach, nó ar mian leo na cearta sin a fheidhmiú i lán-chomhlíonadh rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta, chun deireadh a chur le hidirdhealú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú i ndáil le soláthar faisnéise, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna. Ós rud é nach féidir a mheas gur nithe teagmhasacha amháin iad comhchodanna na Rialacháin a chuimsíonn saorghluaiseacht saoránach, ba cheart an Rialachán seo a bhumú ar Airteagal 21(2) agus Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (7) Ionas go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais in ann a gceart chun saorghluaiseachta laistigh den mhargadh inmheánach a theachtadh, ba cheart don Aontas bearta sonracha agus neamh-idirdhealaitheacha a ghlacadh lena dtabharfaí rochtain éasca do shaoránaigh agus gnólachtaí ar fhaisnéis atá cuimsitheach agus iontaofa a dóthain faoina gcearta faoi dhlí an Aontais agus ar fhaisnéis faoi na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme a mbeidh orthu iad a chomhlíonadh i gcás ina mbogann siad go Ballstát eile nó i gcás ina gcónaíonn siad nó ina ndéanann siad staidéar, nó ina ndéanann siad gnó a bhunú nó a chur i gcrích i mBallstát nach é a mBallstát féin é. Ba cheart faisnéis a mheas cuimsitheach a dóthain má áirithiúnn sí an fhaisnéis go léir atá riachtanach d'úsáideoirí chun go dtuigfidh siad cad iad na cearta atá acu agus cad iad na hoibleagáidí atá orthu agus má aithníonn sí na rialacha is infheidhme i ndáil leis na gníomhaíochtaí is mian leo a dhéanamh mar úsáideoirí trasteorann a thairiscint. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin tugtha ar shlí atá soiléir, achomhair agus intuigthe agus ba cheart go mbeadh an fhaisnéis inoibrithe agus dea-oiriúnaithe don spriocghrúpa úsáideoirí. Ba cheart don fhaisnéis maidir le nósanna imeachta gach céim nós imeachta intuartha atá ábhartha don úsáideoir a chlúdach. Tá sé tábhachtach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí atá ag dul i ngleic le timpeallachtaí rialála casta, amháil iad siúd atá gníomhach i réimse ríomhthráchtála agus sa gheilleagar comhoibríoch, go mbeidh teacht acu go héasca ar na rialacha is infheidhme agus conas a chuirtear na rialacha sin i bhfeidhm ar a gcuid gníomhaíochtaí. Maidir le rochtain éasca agus soláimhsithe ar fhaisnéis, ciallaíonn rochtain den chineál sin go mbeadh sé ar chumas an úsáideora faisnéis a aimsiú go héasca, na codanna den fhaisnéis atá ábhartha dá chás féin a shainaithint go héasca agus an fhaisnéis ábhartha a thuiscint go héasca. Ní hamháin gur cheart an fhaisnéis a sholáthar ar leibhéal náisiúnta a bheith bainteach le rialacha náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, ach ba cheart í a bheith bainteach freisin le haon rialacha náisiúnta eile a bhfuil feidhm acu i leith úsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad agus úsáideoirí trasteorann araon.
- (8) Níor cheart do rialacha maidir le soláthar faisnéise sa Rialachán seo feidhm a bheith acu i ndáil le córais náisiúnta bhreithiúnacha, toisc go bhfuil faisnéis sa réimse sin atá ábhartha d'úsáideoirí trasteorann ar fáil cheana sa tairseach don r-Cheartas. I gcásanna áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart do na cúirteanna a mheas mar údaráis inniúla, mar shampla i gcás cláir ghnó atá á mbainistiú ag cúirteanna. Sa bhreis air sin, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir le nósanna imeachta ar líne a thugann rochtain ar nósanna imeachta na cúirte.
- (9) Is léir go mbíonn saoránaigh agus gnólachtaí ó Bhallstáit eile faoi mhíbhuntáiste ó am go ham mar gheall ar an easpa eolais atá acu ar na rialacha agus na córais riaracháin náisiúnta, ar teangacha éagsúla a úsáidtear agus ar a fhad atá siad ar shiúl ó na húdaráis inniúla i mBallstát nach é a mBallstát féin é. Is é an bealach is éifeachtúla chun laghdú a dhéanamh ar na bacainní iarmhartacha ar an margadh inmheánach ná a chumasú d'úsáideoirí trasteorann agus d'úsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad rochtain a fháil ar fhaisnéis ar líne i dteanga a thuigeann siad ionas gur féidir leo nósanna imeachta le haghaidh comhlíonadh rialacha náisiúnta a chur i gcrích go hiomlán ar líne agus cúnamh a chur ar fáil dóibh i gcás nach bhfuil na rialacha agus na nósanna imeachta sách soiléir nó i gcás ina dtagann siad ar bhacainní ar a gcearta a fheidhmiú.

- (10) Díriodh i roinnt gníomhartha de chuid an Aontais cheana ar réitigh a sholáthar trí ionaid ilghnó a chruthú ar bhonn earnála, lena n-áirítear na hionaid ilfhreastail, a bunaíodh le Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, a thairgeann faisnéis, seirbhís cúnamh agus rochtain ar nósanna imeachta atá ábhartha do sholáthar seirbhísí ar líne; na Pointí Teagmhála do Tháirgí arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 754/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus na Pointí Teagmhála do Tháirgí Foirgníochta, arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, a sholáthraíonn rochtain ar rialacha teicniúla atá táirge-shonrach; agus na lárionaid náisiúnta chúnaimh um cháilíochtaí gairmiúla arna mbunú le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ a chabhraíonn le gairmithe bogadh thar theorainneacha. Sa bhreis air sin, cuireadh líonraí amháil Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí ar bun chun tuiscint a chur chun cinn ar chearta tomhaltóirí an Aontais agus chun cabhrú le gearáin a réiteach faoi earraí a ceannaíodh i mBallstáit eile laistigh den líonra le linn taistil nó le linn siopadóireacht a dhéanamh ar líne. Thairis sin, féachann SOLVIT, dá dtagraítear i Moladh 2013/461/AE ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, le réitigh mheara, éifeachtacha agus neamhfhoirmiúla a sholáthar do dhaoine aonair agus gnólachtaí nuair a shéanann údarais phoiblí a gcearta Aontais i ndáil leis an margadh inmheánach orthu. Ar deireadh, bunaíodh roinnt tairseacha faisnéise amháil An Eoraip Agatsa, i dtaca leis an margadh inmheánach, agus an tairseach don r-Cheartas, i dtaca le réimse an cheartais chun úsáideoirí a chur ar an eolas faoi rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta.
- (11) Toisc gur bhain gníomhartha an Aontais sin le hearnálacha ar leith, tá an fhaisnéis agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthraítear ar líne agus na nósanna imeachta atá ar fáil ar líne do shaoránaigh agus gnólachtaí ag leanúint de bheith ilroinnte. Tá neamhréireachtaí in infhaighteacht na faisnéise agus nósanna imeachta ar líne, tá easpa cáilíochta ann i dtaca le seirbhísí agus is beag feachtas atá ann ar an bhfaisnéis agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna sin. Bíonn fadhbanna ann freisin maidir le hinaimsitheacht agus inrochtaineacht na seirbhísí sin d'úsáideoirí trasteorann.
- (12) Leis an Rialachán seo ba cheart pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun gníomhú mar ionad trínar cheart do shaoránaigh agus gnólachtaí a bheith in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na rialacha agus na ceanglais nach mór dóibh a chomhlíonadh, de bhua dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. Leis an bpointe rochtana sin, ba cheart simpliú a dhéanamh ar an teagmháil a bhíonn ag saoránaigh agus gnólachtaí leis na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna arna mbunú ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal náisiúnta agus ba cheart an teagmháil sin a dhéanamh níos éifeachtaí. Ba cheart rochtain ar na nósanna imeachta ar líne agus cur i gcrích na nósanna imeachta a éascú leis an bpointe rochtana freisin. Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh in aon slí do na cearta agus oibleagáidí atá ann cheana faoi dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta laistigh de na réimsí beartais sin. I gcás na nósanna imeachta a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoir 2005/36/CE agus Treoir 2006/113/CE, agus i dTreoir 2014/24/AE ⁽⁶⁾ agus Treoir 2014/25/AE ⁽⁷⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart go dtacódh an Rialachán seo le húsáid a bhaint as an bprionsabal "aonuaire", agus ba cheart go mbeadh lánurraim aige do cheart bunúsach na cosanta do shonraí pearsanta, chun críche fianaise a mhalartú idir údarais inniúla i mBallstáit dhifriúla.
- (13) Ba cheart an pointe rochtana, agus inneachar na tairisí sin, a bheith dírithe ar an úsáideoir agus soláimhsithe. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an bpointe rochtana go seachnófar forluí le seirbhísí eile atá cheana ann agus ba cheart di naisc chuig na seirbhísí sin a sholáthar. Ba cheart go gceadódh sé do shaoránaigh agus gnólachtaí idirghníomhú le comhlachtaí poiblí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais trí dheis a thabhairt dóibh aiseolas a thabhairt i ndáil leis na seirbhísí a thairgtear tríd an tairseach agus i ndáil le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh de réir a n-éispéiris féin araon. Leis an uirlis aiseolais, ba cheart an t-úsáideoir a chumasú chun aird a tharraingt ar fhadhbanna, easnaimh agus riachtanais a mheastar a bheith ann ar mhaithe le feabhas leanúnach ar cháilíocht na seirbhísí a chur chun cinn ar shlí a chuireann ar chumas an úsáideora é sin a dhéanamh gan a ainm a thabhairt.

⁽¹⁾ Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 764/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar síos nósanna imeachta a bhaineann le rialacha náisiúnta teicniúla áirithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh go dleathach i mBallstáit eile agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 3052/95/CE (IO L 218, 13.8.2008, lch. 21).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

⁽⁴⁾ Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

⁽⁵⁾ Moladh ón gCoimisiún 2013/461/AE an 17 Meán Fómhair 2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT (IO L 249, 19.9.2013, lch. 10).

⁽⁶⁾ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁽⁷⁾ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

- (14) Beidh rath an phointe rochtana ag brath ar an gCoimisiún agus na Ballstáit a bheith ag obair i gcomhar le chéile. Ba cheart comhéadan coiteann úsáideora a bheith san áireamh sa phointe rochtana agus ba cheart an comhéadan sin a chomhtháthú leis an tairseach An Eoraip Agatsa atá ann cheana agus a bheidh á bhainistiú ag an gCoimisiún. Ba cheart go soláthródh an comhéadan coiteann úsáideora naisc chuig faisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh nó réitigh fadhbanna atá ar fáil ar thairseacha arna mbainistiú ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus ag an gCoimisiún. Chun úsáid an phointe rochtana a éascú, ba cheart an comhéadan úsáideora a bheith ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais (“teangacha oifigiúla an Aontais”). Ba cheart don tairseach An Eoraip Agatsa atá cheana ann, agus a phríomhleathanach baile, arna oiriúnú do cheanglais na tairisí, an cur chuige ilteangach sin i leith na faisnéise a sholáthraítear a chaomhnú. Chun tacú le feidhmiú an phointe rochtana, ba cheart úsáid a bhaint as uirlisí teicniúla arna bhforbairt ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.
- (15) Sa Chairt um Ionaid Ilfhreastail leictreonacha faoi Threoir 2006/123/CE um Sheirbhísí, a d’fhormhuinigh an Chomhairle in 2013, thug na Ballstáit gealltanais deonach go nglacfaidís cur chuige atá dírithe ar an úsáideoir i leith faisnéis a sholáthar trí na hionaid ilfhreastail d’fhonn freastal ar réimsí lena mbaineann tábacht ar leith do ghnólachtaí, lena n-áirítear CBL, cánacha ioncain, slándáil shóisialta agus ceanglais dhlí an tsaothair. Bunaithe ar an gCairt agus i bhfianaise an éispéiris leis an tairseach An Eoraip Agatsa, ba cheart tuairisc a chur leis an bhfaisnéis sin freisin ar na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna. Ba cheart saoránaigh agus gnólachtaí a bheith in ann teagmháil a dhéanamh le seirbhísí den sórt sin i gcás ina bhfuil fadhbanna acu an fhaisnéis a thuiscint, an fhaisnéis a chur i bhfeidhm maidir lena gcás féin nó nós imeachta a chur i gcrích.
- (16) Sa Rialachán seo, ba cheart na réimsí faisnéise atá ábhartha do shaoránaigh agus gnólachtaí atá ag teachtadh a gceart agus ag comhlíonadh a n-oibleagáidí sa mhargadh inmheánach a liostáil. Do na réimsí sin, ba cheart faisnéis atá cuimsitheach a dóthain a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, agus ar leibhéal an Aontais ina mínítear na rialacha agus oibleagáidí is infheidhme agus na nósanna imeachta atá le cur i gcrích ag na saoránaigh agus gnólachtaí chun na rialacha agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Chun cáilíocht na seirbhísí atá á dtairiscint a áirithiú, ba cheart don fhaisnéis a sholáthraítear tríd an bpointe rochtana a bheith soiléir, cruinn agus cothrom le dáta, ba cheart an úsáid a bhaintear as téarmaíocht chasta a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus níor cheart acrainmneacha a úsáid ach amháin na cinn a sheasann do théarmaí simplithe agus éasca le tuiscint agus nach n-éilíonn eolas roimh ré ar an tsaincheist nó ar an réimse dlí. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar ionas gur féidir le húsáideoirí na rialacha bunúsacha agus na ceanglais is infheidhme maidir lena gcás féin sna réimsí sin a thuiscint go héasca. Ba cheart é a chur in iúl do na húsáideoirí nach bhfuil rialacha náisiúnta i mBallstáit áirithe i dtaca leis na réimsí faisnéise a liostaítear in Iarscríbhinn I, go háirithe nuair atá na réimsí sin faoi réir rialacha náisiúnta i mBallstáit eile. D’fhéadfaí an fhaisnéis sin faoi rialacha náisiúnta a bheith in easnamh a chur ar an tairseach An Eoraip Agatsa.
- (17) I gcás inar féidir, faisnéis a bhailigh an Coimisiún ó na Ballstáit faoi dhlí an Aontais atá ann cheana nó faoi shocruithe deonacha, amhail faisnéis a bhailigh do thairseach EURES, arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, don tairseach don r-Cheartas arna bhunú le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle ⁽²⁾ nó do bhunachar na nGairmeacha Rialáilte arna bhunú le Treoir 2005/36/CE — ba cheart í a úsáid chun cuid den fhaisnéis a chlúdach a bheith inrochtana ag saoránaigh agus ag gnólachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo. Níor cheart go mbeadh ar na Ballstáit faisnéis atá ar fáil cheana i mbunachair sonraí atá á mbainistiú ag an gCoimisiún a sholáthar ar a suíomhanna gréasáin náisiúnta. Más rud é go bhfuil ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar ar líne cheana féin de bhun forálacha eile atá ann cheana de ghníomhartha an Aontais, amhail de bhun Threoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, ba cheart go mbeadh sé leordhóthanach ag na Ballstáit naisc chuig an fhaisnéis atá ar líne cheana a sholáthar. Más rud é go bhfuil réimsí beartais áirithe comhchuíbhíthe go hiomlán cheana trí dhlí an Aontais, mar shampla a mhéid a bhaineann le cearta tomhaltóirí, ba cheart an fhaisnéis a sholáthraítear ar leibhéal an Aontais a bheith go hiondúil leordhóthanach chun gur féidir le húsáideoirí a gcuid cearta agus oibleagáidí ábhartha a thuiscint. I gcásanna den sórt sin, níor cheart gur ghá do na Ballstáit ach faisnéis bhreise a sholáthar maidir lena nósanna imeachta riaracháin náisiúnta agus a seirbhísí náisiúnta cúnamh nó aon rialacha náisiúnta riaracháin eile má tá sé ábhartha do na

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibríthe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargáil saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25).

⁽³⁾ Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/EC maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (“Rialachán IMI”) (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

húsáideoirí. Mar shampla, níor cheart d'fhaisnéis maidir le cearta tomhaltóirí difear a dhéanamh don dlí conarthach, ach úsáideoirí a chur ar an eolas maidir lena gcearta dlíthiúla faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta i gcomhthéacs idirbhearta tráchtála.

- (18) Leis an Rialachán seo, ba cheart feabhas a chur ar an ngné margaidh inmheánaigh de na nósanna imeachta ar líne, agus ar an tslí sin rannchuidiú le digitiú an mhargaidh inmheánaigh, trí sheasamh le prionsabal ginearálta an neamhidirdhealaithe *inter alia* i ndáil leis an rochtain a bhíonn ag saoránaigh nó gnólachtaí ar nósanna imeachta atá bunaithe ar an leibhéal náisiúnta cheana féin ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta agus do nósanna imeachta a mbeidh fáil orthu go hiomlán ar líne i gcomhréir leis an Rialachán seo. I gcás ina mbeidh ag úsáideoir, atá i staid atá teoranta go hiomlán do Bhallstát amháin, rochtain ar nós imeachta ar líne agus ina mbeidh sé in ann é a chomhlíonadh sa Bhallstát sin i réimse atá clúdaithe leis an Rialachán seo, ba cheart d'úsáideoir trasteorann a bheith in ann rochtain a bheith aige ar an nós imeachta ar líne sin agus é a chomhlíonadh, tríd an réiteach teicniúil céanna nó réiteach eile ar réiteach ar leithligh é i dtéarmaí teicniúla ach a mbíonn an toradh céanna air a úsáid gan aon chonstaicí idirdhealaitheacha. D'fhéadfadh constaicí den chineál sin a bheith ina réitigh atá deartha go náisiúnta, a sholáthar ar bhacainní amhail úsáid a bheith á baint as réimsí foirme lena n-éilítear uimhreacha teileafóin náisiúnta, réamhuimhir náisiúnta d'uimhreacha teileafóin, nó cóid phoist náisiúnta, córais nach nglacann le híocaíochtaí trasteorann nuair atáthar ag iarraidh táillí a íoc, an easpa mínithe mionsonraithe atá ar fáil i dteanga a thuigeann úsáideoirí trasteorann, an easpa deiseanna atá ann chun fianaise leictreonach ó údaráis atá lonnaithe i mBallstát eile a chur isteach, agus an glacadh íseal le modhanna ríomh-shainitheantais arna n-eisiúint i mBallstáit eile. Ba cheart do na Ballstáit réitigh a sholáthar ar na constaicí sin.
- (19) Nuair a bhíonn nósanna imeachta ar líne á gcomhlánú go trasteorannach ag úsáideoirí, ba cheart dóibh a bheith in ann na mínithe ábhartha uile a fháil i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint go ginearálta ag an líon is mó is féidir d'úsáideoirí trasteorann uirthi. Ní chiallaíonn sé sin gur gá do na Ballstáit a bhfoirmeacha riaracháin a bhaineann leis an nós imeachta nó toradh an nós imeachta sin a aistriú go dtí an teanga sin. Spreagtar na Ballstáit, áfach, chun réitigh theicniúla a úsáid lena gcuirfí ar chumas na n-úsáideoirí na nósanna imeachta a chomhlíonadh, a mhéid cásanna is féidir, sa teanga sin, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do rialacha náisiúnta na mBallstát maidir le húsáid teangacha.
- (20) Na nósanna imeachta náisiúnta ar líne atá ábhartha d'úsáideoirí trasteorann ionas go mbeidh siad in ann a gcuid cearta i ndáil leis an margadh inmheánach a fheidhmiú, beidh sé sin ag brath ar cé acu atá cónaí orthu nó atá siad bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann, nó cónaí orthu nó iad bunaithe i mBallstát eile ach ag iarraidh rochtain a fháil ar nósanna imeachta an chéad Bhallstáit. Leis an Rialachán seo, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit a chur de cheangal ar úsáideoirí trasteorann a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe ina gcríoch féin, uimhir aitheantais náisiúnta a fháil d'fhonn rochtain a fháil ar na nósanna imeachta náisiúnta ar líne, ar choinníoll nach ualach breise gan údar nó costas breise gan údar é sin do na húsáideoirí sin. D'úsáideoirí trasteorann nach bhfuil ina gcónaí nó bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann, ní gá nósanna imeachta náisiúnta ar líne nach bhfuil ábhartha maidir le feidhmiú a gceart i ndáil leis an margadh inmheánach a chur ar fáil go hiomlán ar líne, amhail clárú chun seirbhísí áitiúla a fháil amhail bailiú dramhaíola agus ceadanna páirceála.
- (21) Leis an Rialachán seo, ba cheart tógáil ar a bhfuil i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ ("Rialachán eIDAS") lena leagtar síos coinníollacha faoina sainaitheoidh na Ballstáit meáin áirithe ríomh-shainitheantais do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a chumhdaítear faoi scéim ríomh-shainitheantais de chuid Ballstáit eile ar tugadh fógra ina leith. Le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, leagtar síos na cúinsí faoina gceadaítear do na húsáideoirí a meáin leictreonacha sainaitheantais agus fíordheimhnithe a úsáid chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí ar líne i gcásanna trasteorann. Spreagtar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais chun glacadh le meáin leictreonacha sainaitheantais agus fíordheimhnithe le haghaidh na nósanna imeachta a bhfuil siad freagrach astu.
- (22) Ceanglaítear le roinnt gníomhartha eanála de chuid an Aontais, amhail Treoracha 2005/36/CE, 2006/123/CE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, go gcuirfear nósanna imeachta ar fáil go hiomlán ar líne. Ba cheart a cheangal leis an Rialachán seo go gcuirfí ar fáil go hiomlán ar líne roinnt nósanna imeachta eile atá thar a bheith tábhachtach do thiomlach na saoránach agus na ngnólachtaí a bhfuil a gcearta agus a n-oibleagáidí á bhfeidhmiú thar theorainneacha acu.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaobhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (23) Ionas go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí in ann tairbhe dhíreach a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh gan aon ualach riaracháin breise neamhriachtanach a bheith orthu, ba cheart a cheangal leis an Rialachán seo go ndéanfar an comhéadan úsáideora atá ar bun do phríomhnósanna imeachta áirithe a dhigitiú go hiomlán d'úsáideoirí trasteorann, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo. Leis an Rialachán seo ba cheart na critéir maidir le cad is nós imeachta atá ar fáil go hiomlán ar líne ann a leagan síos freisin. Níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid ar nós imeachta a chur ar fáil go hiomlán ar líne ach amháin i gcásanna ina bhfuil an nós imeachta den sórt sin a bhunaítear sa Bhallstát lena mbaineann. Níor cheart dúshchlárú gníomhaíochta gnó ná na nósanna imeachta lena ndéantar cuideachtaí nó gnólachtaí a bhunú mar eintitis dlíthiúla, ná aon chomhdú a dhéantar ina dhiaidh sin ar na cuideachtaí nó gnólachtaí sin, a chumhdach leis an Rialachán seo, toisc gur gá cur chuige cuimsitheach atá dírithe ar réitigh dhigiteacha a éascú ar fud saolré cuideachta a ghlacadh i leith nósanna imeachta den sórt sin. Nuair a bhunaíonn gnólachtaí iad féin i mBallstát eile, ceanglaítear orthu clárú le scéim slándála sóisialta agus scéim árachais ionas gur féidir leo a bhfostaithe a chlárú dóibh agus ranníocaíochtaí a íoc isteach iontu. D'fhéadfadh sé go mbeadh orthu fógra a thabhairt i dtaobh a gcuid gníomhaíochtaí gnó, ceadanna a fháil nó athruithe ar a gcuid gníomhaíochtaí gnó a chlárú. Is nósanna imeachta coiteanna iad sin do ghnólachtaí atá ag oibriú i mórán earnálacha den gheilleagar, agus dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal go gcuirfear na nósanna imeachta sin ar fáil ar líne.
- (24) Ba cheart don Rialachán seo a shoiléiriú a bhfuil i gceist le nós imeachta a chur ar fáil go hiomlán ar líne. Ba cheart a mheas go bhfuil nós imeachta curtha ar fáil go hiomlán ar líne más féidir leis an úsáideoir na céimeanna uile, ó rochtain a fháil ar an nós imeachta sin go dtí go gcríochnófar é agus a mhéid a bhaineann leis an idirghníomhú idir an t-úsáideoir agus an t-údarás inniúil, an "tuloifig", a dhéanamh go leictreonach, go cianda agus trí sheirbhís ar líne. Ba cheart don tseirbhís sin an t-úsáideoir a threorú trí liosta cuimsitheach de na ceanglais atá le comhlíonadh agus an fhianaise thacaíochta ar fad atá le bheith curtha ar fáil, ba cheart di a chur ar chumas an úsáideora an fhaisnéis agus an cruthúnas ar chomhlíonadh na gceanglas sin a sholáthar agus ba cheart di admháil uathoibríoch a chur ar fáil don úsáideoir, mura rud é go ndéantar an nós imeachta a sheachadadh láithreach. Níor cheart dó seo údarás inniúla a chosc ó theagmháil a dhéanamh go díreach le húsáideoirí, i gcás inar gá sin chun soiléirithe breise a fháil atá ag teastáil don nós imeachta. Ba cheart do na húdaráis inniúla toradh an nós imeachta, mar a leagtar amach sa Rialachán seo, a sholáthar don úsáideoir ar bhealach leictreonach, i gcás inarb indéanta sin faoi dhlí infheidhme an Aontais agus faoin dlí náisiúnta is infheidhme.
- (25) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do shubstaint na nósanna imeachta a liostaítear in Iarscríbhinn II atá bunaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil agus nach leagann síos rialacha ábharacha nó nós imeachta laistigh de na réimsí a chumhdaítear le hIarscríbhinn II, lena n-áirítear sa réimse cánachais. Is é is cuspóir an Rialacháin seo ná ceanglais theicniúla a leagan síos chun a áirithiú go ndéantar na nósanna imeachta sin, i gcás inar bunaíodh iad sa Bhallstát lena mbaineann, a chur ar fáil go hiomlán ar líne.
- (26) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh d'inniúlachtaí na n-údarás náisiúnta sna céimeanna éagsúla a ghabhann le haon nós imeachta, lena n-áirítear fíorú bheachtas agus bhailíocht na faisnéise nó na fianaise a chuirtear isteach, lena n-áirítear fíorú barántúlachta i gcás ina gcuirtear fianaise isteach trí mhodhanna eile seachas an córas teicniúil atá bunaithe ar an bprionsabal "aon-uaire". Níor cheart ach oiread go ndéanadh an Rialachán seo difear do na sreabha oibre sa nós imeachta laistigh d'údarás inniúla na mBallstát, agus idir na húdaráis inniúla sin, an "chúloifig", bíodh na sreabha oibre sin digitithe nó ná bíodh. I gcás ina bhfuil sé riachtanach mar chuid de na nósanna imeachta chun athruithe ar ghníomhaíochtaí gnó a chlárú, ba cheart do na Ballstáit leanúint dá éileamh go mbeadh nótaireí nó dlíodóirí páirteach ann agus go mbeadh na nótaireí nó dlíodóirí sin a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh úsáid a bhaint as modhanna fíoraithe, lena n-áirítear físchomhdhálacha nó modhanna ar líne eile ina soláthraítear nasc closamhairc fíorama. Níor cheart don rannpháirteachas sin, áfach, bac a chur ar na nósanna imeachta le haghaidh chlárú na n-athruithe sin a dhéanamh go hiomlán ar líne.
- (27) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar úsáideoirí fianaise a chur isteach mar chruthúnas ar fhíorais nach féidir a shuíomh trí mhodhanna ar líne. D'fhéadfaí deimhniú liachta, cruthúnas ar a bheith beo, cruthúnas ródacmhainneachta mótarfheithiclí nó deimhniú ar uimhreacha fonnaidh a áireamh ar an bhfianaise sin. Chomh fada agus is féidir an fhianaise sin a chur isteach i bhformáid leictreonach, níor cheart eisceacht a bheadh sa mhéid sin ar an bprionsabal gur cheart nós imeachta a bheith curtha ar fáil go hiomlán ar líne. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé gur gá d'úsáideoirí nós imeachta teacht i láthair go pearsanta os comhair údarás inniúil go fóill mar chuid de nós imeachta ar líne. Ba cheart aon eisceachtaí ina leith sin, seachas iad sin a eascraíonn as dlí an Aontais, a theorannú do chásanna ar féidir bonn cirt a lua leo ar chúis sháraitheach de las an phobail i réimsí na slándála poiblí, na sláinte poiblí nó an chomhraic in aghaidh calaoise. Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit faisnéis faoi na heisceachtaí sin agus na forais, agus imthosca faoinar féidir le na heisceachtaí sin a chur i bhfeidhm a chomhroinnt leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit eile. Níor cheart go mbeadh de cheangal ar na Ballstáit tuairisciú ar gach cás aonair inar éilíodh, ar bhonn eisceachta, go mbeifí i láthair go pearsanta ach ina ionad sin go gcuirfí in iúl cad iad na forálacha náisiúnta a fhorálann do na cásanna sin. Ba cheart na dea-chleachtais ar an leibhéal náisiúnta agus na forbairtí teicniúla lena bhféidir digitiú breise a dhéanamh a phlé go tráthrialta i ngrúpa comhordaithe an phointe rochtana.

- (28) I gcásanna trasteorann, d'fhéadfadh sé gur dhá nós imeachta ar leithligh a bheadh i gceist leis an nós imeachta chun athrú ar sheoladh a chlárú, ceann amháin sa Bhallstát tionscnaimh chun díchlárú a iarraidh don seanseoladh, agus ceann eile sa Bhallstát cinn scríbe chun an seoladh nua a chlárú. Leis an Rialachán seo ba cheart an dá nósanna imeachta sin a chumhdach.
- (29) Ós rud é go gcumhdaítear digitíú na gceanglas, nósanna imeachta agus foirmiúlachtaí a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla cheana féin le Treoir 2005/36/CE, níor cheart leis an Rialachán seo go gcumhdófaí ach digitíú an nós imeachta chun aitheantas acadúil a iarraidh do dhioplómaí nó do theastais nó do chruthúnas eile go bhfuil cúrsaí críochnaithe i ndáil le duine ar mian leis tús a chur le staidéar nó leantúint de staidéar, nó chun teideal acadúil a úsáid, lasmuigh de na foirmiúlachtaí a bhaineann le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla.
- (30) Níor cheart difear a dhéanamh leis an Rialachán seo do na rialacha comhordaithe slándála sóisialta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004⁽¹⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009⁽²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ina sainítear na cearta atá ag daoine árachaithe agus institiúidí slándála sóisialta agus na hoibleagáidí atá orthu, mar aon leis na nósanna imeachta is infheidhme i réimse an chomhordaithe slándála sóisialta.
- (31) Cuireadh roinnt líonraí agus seirbhísí ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun cabhrú le saoránaigh agus gnólachtaí a ngníomhaíochtaí trasteorann a sheoladh. Maidir leis na seirbhísí sin, lena n-áirítear cúnaimh atá cheana ann nó seirbhísí réitigh fadhbanna atá bunaithe ar leibhéal an Aontais, amhail na Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí, An Eoraip Agatsa — Comhairle, SOLVIT, an Deasc Chabhreach um Chearta Maoine Intleachtúla, *Europe Direct* agus an Líonra Fiontar Eorpach, tá sé tábhachtach go mbeidís ina gcuid den phointe rochtana chun a áirithiú go mbeidh gach úsáideoir féideartha in ann iad a aimsiú. Rinneadh na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III a bhunú le gníomhartha ceangailteacha de chuid an Aontais, cé gur ar bhonn deonach a fheidhmíonn seirbhísí eile. Maidir leis na seirbhísí a bunaíodh le gníomhartha ceangailteacha de chuid an Aontais, ba cheart dóibh a bheith faoi cheangal ag na ceanglais cháilíochta a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart do na seirbhísí a n-oibriú ar bhonn deonach na ceanglais cháilíochta sin a chomhlíonadh más é an aidhm atá acu ná go gcuirfí na seirbhísí sin ar fáil tríd an bpointe rochtana. Níor cheart raon feidhme agus cineál na seirbhísí sin, a socruithe rialachais, a spriocdhátaí atá ann cheana, agus an bonn deonach, conarthach nó eile ar a n-oibríonn siad a athrú leis an Rialachán seo. Mar shampla, i gcás ina bhfuil an cúnaimh a thugtar leo de chineál neamhfhoirmiúil, níor cheart go mbeadh sé d'éifeacht leis an Rialachán an cúnaimh sin a athrú ina chomhairle dhlíthiúil de chineál ceangailteach.
- (32) Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit agus an Coimisiún seirbhísí náisiúnta eile cúnaimh nó réitigh fadhbanna a chur leis an bpointe rochtana, arna soláthar ag údaráis inniúla nó ag eintitis phríobháideacha nó leathphríobháideacha, nó ag comhlachtaí poiblí, amhail comhlachais tráchtála nó seirbhísí cúnaimh neamhrialtasacha do shaoránaigh, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo. I bprionsabal, ba cheart d'údaráis inniúla bheith freagrach as cúnaimh a thabhairt do shaoránaigh agus gnólachtaí maidir le haon cheisteanna atá acu faoi na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme má tharlaíonn sé nach féidir le seirbhísí ar líne déileáil go hiomlán leo. I réimsí an-speisialaithe agus i gcás ina bhfreastalaíonn seirbhísí de chuid comhlachtaí príobháideacha nó leathphríobháideacha ar riachtanais úsáideoirí, áfach, féadfaidh na Ballstáit a mholadh don Choimisiún go gcuirtear seirbhísí den sórt sin ar áireamh sa tairseach, ar choinníoll go gcomhlíonann na seirbhísí sin gach ceann de na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo agus nach bhfuil siad ag teacht trasna ar sheirbhísí cúnaimh nó réitigh fadhbanna atá ar áireamh sa phointe rochtana cheana féin.
- (33) Chun cabhrú le húsáideoirí an tseirbhísí iomchuí a shainaitheint, ba cheart don Rialachán seo foráil a dhéanamh d'aimsitheoir seirbhísí cúnaimh lena dtreoraítear úsáideoirí go huathoibríoch chuig an tseirbhísí cheart.
- (34) Is gá íoslíosta ceanglas cáilíochta a chomhlíonadh má táthar chun a áirithiú go n-éireoidh leis an bpointe rochtana agus go soláthrófar faisnéis agus seirbhísí iontaofa léi mar go mbainfí an bonn go mór ó chreidiúnacht an phointe rochtana ina hiomláine dá uireasa. Is é cuspóir uileghabhálach an chomhlíonta a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis nó an tseirbhís a chur i láthair ar shlí atá soiléir agus soláimhsithe don úsáideoir. Is é freagracht na mBallstát é a chinneadh conas faisnéis a chur i láthair le linn aistear an úsáideoira chun an cuspóir sin a chomhlíonadh. Mar shampla, cé gur fóinteach é d'úsáideoirí a bheith ar an eolas, sula seoltar nós imeachta, faoi na modhanna sásaimh atá ar fáil i gcoitinne i gcás ina mbeadh toradh diúltach ar nós imeachta, tá sé i bhfad níos soláimhsithe aon fhaisnéis shonrach, maidir leis na céimeanna féideartha i gcás den sórt sin, a sholáthar ag deireadh an nós imeachta.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

- (35) Dá gcuirfí an fhaisnéis ar fáil i dteanga oifigiúil amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais a raibh tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi, is amhlaidh go gcuirfí feabhas suntasach ar inrochtaineacht na faisnéise d'úsáideoirí trasteorann. I bhformhór na gcásanna ba cheart gurb í an teanga sin an teanga iasachta is mó staidéar i measc úsáideoirí ar fud an Aontais, ach i roinnt cásanna ar leith, go háirithe i gcás faisnéis a bheidh le soláthar ar an leibhéal áitiúil ag bardais bheaga cóngarach don teorainn i mBallstát, d'fhéadfadh gurb í an teanga is oiriúnaí an chéad teanga ag na húsáideoirí trasteorann sa Bhallstát comharsanachta. Maidir leis sin, ba cheart an t-aistriúchán go dtí an teanga oifigiúil eile sin de chuid an Aontais a bheith ina léiriú cruinn ar ábhar na faisnéise a sholáthraítear sa bhunteanga nó sna bunteangacha. Féadfar an t-aistriúchán go dtí an teanga eile sin a theorannú don fhaisnéis a theastaíonn ó úsáideoirí chun na rialacha bunúsacha agus na ceanglais bhunúsacha a bhfuil feidhm acu maidir lena gcás féin a thuiscint. Cé gur cheart na Ballstáit a spreagadh chun a mhéid faisnéise agus is féidir a aistriú go dtí teanga oifigiúil de chuid an Aontais, ar teanga í a bhfuil tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann agus is féidir uirthi, beidh méid na faisnéise a bheidh le haistriú, faoin Rialachán seo, ag brath ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chuige sin, go háirithe faoi bhuiséad an Aontais. Ba cheart don Choimisiún na socruithe iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar soláthar éifeachtúil aistriúchán do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh. Ba cheart do ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana plé a dhéanamh agus treoir a sholáthar maidir leis an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais nach mór an fhaisnéis sin a aistriú chuici.
- (36) I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, tá sé de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil suíomhanna gréasáin a gcomhlachtaí poiblí ina suíomhanna atá inrochtana i gcomhréir le prionsabail na hinbhraiteachta, na hinoibritheachta, na hintuigtheachta agus na stóinseachta agus go gcomhlíonann siad ceanglais uile a leagtar síos sa Treoir sin. Ba cheart go n-áiritheodh an Coimisiún agus na Ballstáit go gcomhlíonfaí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, go háirithe Airteagal 9 agus Airteagal 21 de, agus, ba cheart go gcuirfí roghanna malartacha ar fáil a mhéid is féidir agus go comhréireach i dteanga atá éasca le léamh i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun rochtain ar fhaisnéis a chothú do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a dhaigníú agus a thabhairt i gcrích ⁽²⁾, gheall na Ballstáit agus an tAontas bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go mbeadh rochtain ann do dhaoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar theicneolaíochtaí agus ar chórais eile, lena n-áirítear an t-idirlíon trí rochtain ar fhaisnéis a éascú do dhaoine faoi mhíchumas intleachta, ag soláthar roghanna malartacha a mhéid is féidir agus go comhréireach i dteanga atá éasca le léamh.
- (37) Níl feidhm ag Treoir (AE) 2016/2102 i leith suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, ach ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeadh an comhéadan coiteann úsáideora agus na leathanaigh ghréasáin, atá faoina fhreagracht agus atá le cur san áireamh sa phointe rochtana, inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, eadhon go mbeidís inbhraite, inoibritheach, intuigthe agus stóinseach. Ciallaíonn inbhraiteacht nach mór a bheith in ann an fhaisnéis agus compháirteanna an chomhéadain coiteann úsáideora a chur i láthair d'úsáideoirí ar bhealach atá inbhraite dóibh; ciallaíonn inoibritheacht nach mór compháirteanna an chomhéadain coiteann úsáideora agus an nascleanúint a bheith inoibrithe; ciallaíonn intuigtheacht nach mór don fhaisnéis agus d'oibriocht an chomhéadain coiteann úsáideora a bheith intuigthe; agus ciallaíonn stóinseacht nach mór don inneachar a bheith stóinseach a dhóthain ionas go mbeidh raon leathan gníomhaithe úsáideora, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cúnata, in ann an fhaisnéis sin a léirmhíniú go hiontaofa. Maidir leis na téarmaí so-bhraite, inoibrithe, intuigthe agus stóinsithe, moltar don Choimisiún na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a chomhlíonadh.
- (38) Chun gur fusa na táill a íoc is gá mar chuid de nósanna imeachta ar líne nó maidir le seirbhísí cúnaimh nó réitigh fadhbanna a chur ar fáil, ba cheart d'úsáideoirí trasteorann a bheith in ann leas a bhaint as aistrithe creidmheasa nó dochar díreach mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, nó as modhanna íocaíochta eile trasteorann a úsáidtear de ghnáth lena n-áirítear cártaí dochair nó cártaí creidmheasa.
- (39) Is fóinteach go gcuirfí úsáideoirí ar an eolas faoin bhfad ama a cheaptar a thógfaidh an nós imeachta. Dá réir sin ba cheart iad a chur ar an eolas faoi na spriocdhátaí is infheidhme nó faoi shocruithe intuigthe formheasa nó, i gcás nach infheidhme iadsan, faoin am measta nó am táscach, den chuid is lú, a theastódh de ghnáth don nós imeachta atá i gceist. Níor cheart ach gur cabhair iad do na húsáideoirí chun a gcuid gníomhaíochtaí nó aon chéimeanna riaracháin ina dhiaidh sin a phleanáil, agus níor cheart aon éifeacht dhlíthiúil a bheith ag meastacháin nó tásca den sórt sin.

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach ag comhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.03.2012, lch. 22).

- (40) Ba cheart a fhoráil freisin sa Rialachán seo go bhféadfar fianaise arna soláthar i bhformáid leictreonach ag úsáideoirí a fhíordheimhniú i gcás ina gcuirtear an fhianaise sin isteach gan ríomhshéala nó ríomhdheimhniú ón údarás inniúil eisiúna nó i gcás nach bhfuil fáil ann go fóill ar an uirlis theicniúil a bhunaítear leis an Rialachán seo nó le córas eile lena gcumasaítear an malartú díreach nó fíordheimhniú fianaise idir údaráis inniúla i mBallstáit dhifriúla. Chun freastal ar chásanna den sórt sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo do shásra éifeachtach a chur ar bun le haghaidh comhar riaracháin i measc údaráis inniúla na mBallstát agus beidh an sásra sin bunaithe ar Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (“IMI”) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾. I gcásanna mar sin, ba cheart gur cinneadh deonach a bheadh in aon chinneadh a dhéanfaidh údarás inniúil IMI a úsáid, ach, a luaitear a chuirfeadh an t-údarás sin an iarraidh ar fhaisnéis nó ar chomhar isteach trí IMI, ba cheart é a bheith de cheangal ar an údarás inniúil ar a n-iarrtar comhoibriú agus freagra a thabhairt. Is féidir an iarraidh a sheoladh trí IMI chuig údarás inniúil a eisiúinn an fhianaise nó chuig an údarás lárnach a bheadh ainmnithe ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha riaracháin féin. Chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint agus ós rud é go gcumhdaíonn Rialachán (AE) 2016/1191 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ cuid den fhianaise atá ábhartha do na nósanna imeachta arna gcumhdach leis an Rialachán seo, féadfar na socruithe comhair maidir le IMI a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1191 a úsáid freisin chun críocho fianaise eile a cheanglaítear i nósanna imeachta arna gcumhdach leis an Rialachán seo. Ionas go bhféadfaidh comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais a bheith ina ngníomhaithe laistigh de IMI, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 a leasú.
- (41) Tá na seirbhísí ar líne de chuid údaráis inniúla rithábachtach maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus slándáil na seirbhísí a sholáthraítear do shaoránaigh agus gnólachtaí. Oibríonn na riaracháin phoiblí ar bhonn méadaitheach maidir leis an athúsáid sonraí, chun fáil réidh leis an gceanglas ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí an fhaisnéis chéanna a chur ar fáil roinnt uaireanta. Ba cheart an t-athúsáid sonraí a éascú d’úsáideoirí trasteorann chun ualach breise a laghdú, ar gá dóibh déileáil le nósanna imeachta i mBallstáit eile.
- (42) Ionas go mbeifear in ann malartú trasteorann dlíthiúil a dhéanamh ar fhianaise agus ar fhaisnéis trí chur i bhfeidhm an phrionsabail “aon-uaire” ar fud an Aontais, ba cheart do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus do chur i bhfeidhm an phrionsabail “aon-uaire” gach riail cosanta sonraí is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear prionsabal an íoslghadaithe sonraí, cruinneas, teorannú stórála, iontaofacht agus rúndacht, riachtanas, comhréireacht agus teorannú de réir cuspóra. Anuas ar sin ba cheart do chur chun feidhme an Rialacháin sin prionsabail na slándála trí dhearadh agus na príobháideachta trí dhearadh a chomhlíonadh ina n-iomláine, agus ba cheart go ndéanfaí cearta bunúsacha an duine aonair a urramú freisin, lena n-áirítear na cearta a bhaineann le cothroime, agus trédhearcacht.
- (43) Ba cheart go n-áiríteodh na Ballstáit go gcuirfead faisnéis shoiléir ar fáil d’úsáideoirí nósanna imeachta maidir le conas a dhéantar sonraí pearsanta maidir leo a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾ agus le hAirteagal 15 agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725⁽⁴⁾.
- (44) Chun úsáid na nósanna imeachta ar líne a éascú tuilleadh, ba cheart an Rialachán seo a úsáid, ar aon dul leis an bprionsabal “aon-uaire”, mar bhonn chun córas teicniúil sábháilte agus slán atá ag feidhmiú go hiomlán a chruthú agus a úsáid chun teacht ar réiteach teicniúil do mhialartú uathoibríoch fianaise idir na gníomhaithe atá páirteach sa nós imeachta, arna iarraidh sin go sainráite do shaoránaigh agus gnólachtaí. I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta san áireamh leis an malartú faisnéise, ba cheart an iarraidh a mheas mar iarraidh shainráite má bhíonn léiriú inti gur thug an duine aonair toiliú, faoi shaoirse, go sonrach, go feasach agus gan débhrí chun na sonraí pearsanta a mhalartú, bíodh sin le ráiteas nó le gníomhaíocht dhearfach uaidh. Murab é an t-úsáideoir an duine lena mbaineann na sonraí, ní foláir don nós imeachta ar líne gan dochar a dhéanamh dá cheart nó dá ceart mar a luaitear iad i Rialachán (AE) 2016/679. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm trasteorann an phrionsabail “aon-uaire”, fágfar nár cheart go mbeadh ar shaoránaigh ná ar ghnólachtaí na sonraí céanna a sholáthar d’údaráis phoiblí níos mó ná uair amháin agus gur féidir na sonraí sin a úsáid freisin, arna iarraidh sin don úsáideoir, chun críocho nósanna imeachta trasteorann ar líne a bhaineann le húsáideoirí trasteorann a chomhlíonadh. Maidir leis an údarás eisiúna inniúil, níor cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid úsáid a bhaint as an gcóras teicniúil le haghaidh malartú leictreonach uathoibríoch fianaise idir na Ballstáit éagsúla ach amháin i gcás ina n-eisiúinn údaráis go dlíthiúil, ina mBallstát féin, fianaise i bhformáid leictreonach trínar féidir an malartú uathoibríoch sin a dhéanamh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (“Rialachán IMI”) (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/1191 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le saorghluaiseacht saoránach a chur chun cinn trí shimpliú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le doiciméid phoiblí áirithe a chur i láthair san Aontas Eorpach, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 200, 26.7.2016, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (féach leathanach 39 den Iris Oifigiúil seo).

- (45) Ba cheart bonn dlí iomchuí a bheith ag aon mhalartú trasteorann fianaise, amhail Treoir 2005/36/CE, Treoir 2006/123/CE, Treoir 2014/24/AE nó Treoir 2014/25/AE nó do na nósanna imeachta a liostaítear in Iarscríbhinn II, dlí eile is infheidhme de chuid an Aontais nó dlí náisiúnta is infheidhme.
- (46) Is iomchuí don Rialachán seo, mar rial ghinearálta, a leagan síos go ndéanfar malartú uathoibríoch trasteorann fianaise arna iarraidh sin go sainráite ag an úsáideoir. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin i gcás ina ndéantar foráil i ndlí ábhartha an Aontais nó sa dlí náisiúnta ábhartha do mhalartú uathoibríoch trasteorann sonraí gan iarraidh shainráite ón úsáideoir.
- (47) Ba cheart go gcoinneofaí úsáid an chórais theicniúil a bhunaítear leis an Rialachán seo ina húsáid dheonach agus ba cheart go mbeadh saorchead ag an úsáideoir fós fianaise a thíolacadh ar mhodhanna eile lasmuigh den chóras teicniúil a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ann don úsáideoir réamhamharc ar an bhfianaise agus go mbeadh an ceart aige roghnú gan dul ar aghaidh leis an malartú fianaise i gcásanna ina dtugann an t-úsáideoir, tar éis réamhamharc ar an bhfianaise atá le malartú, go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta, nó go dtéann sí thar an méid is gá don nós imeachta i gceist. Níor cheart na sonraí dá n-áirítear sa réamhamharc a stóráil thar a bhfuil fíorghá leis go teicniúil.
- (48) Maidir leis an gcóras teicniúil slán ba cheart a bhunú chun malartú fianaise a éascú faoin Rialachán seo, ba cheart go soláthrófaí cinnteacht d'údarás inniúla iarrthacha leis gur ón údarás eisiúna ceart a tháinig an fhianaise. Sula nglacfaidh siad le faisnéis arna cur ar fáil ag úsáideoir mar chuid de nós imeachta, ba cheart don údarás inniúil a bheith in ann an fhaisnéis a fhíordheimhniú i gcás ina n-ardaítear amhras, agus teacht ar an tuairim go bhfuil sí beacht.
- (49) Tá cumais bhunúsacha ag roinnt de na bloic thógála atá ann cheana, ar féidir úsáid a bhaint astu chun an córas teicniúil a bhunú, amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ⁽¹⁾, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa, agus na bloic thógála r-Sheachadadh agus eID atá mar chuid den tsaoráid sin. Is éard atá sna bloic thógála sin sonraíochtaí teicniúla, bogearraí samplacha agus seirbhísí tacaíochta, agus is é is aidhm dóibh an idir-inoibrítheacht a áirithiú idir na córais reatha teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) sna Ballstáit eile ionas go mbeidh saoránaigh, gnólachtaí agus córais riaracháin in ann, cibé áit a mbeidh siad san Eoraip, leas a bhaint as seirbhísí poiblí digiteacha gan uaim.
- (50) Ba cheart an córas teicniúil a bhunaítear leis an Rialachán seo a chur ar fáil i dteannta córais eile lena soláthraítear sásraí le haghaidh comhar idir údarás dhifriúla, amhail IMI agus níor cheart difear a dhéanamh do chórais eile dá bharr, lena n-áirítear an córas dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, an Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar faoi Threoir Uimh. 2014/24/AE, Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta faoi Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, an Cárta Gairmiúil Eorpach faoi Threoir 2005/36/CE, córas idirnasctha na gclár náisiúnta agus córas idirnasctha na gclár lárnach, tráchtála agus cuideachtaí faoi Threoir (AE) 2017/1132 ⁽²⁾ agus idirnasctha na gclár dócmhainneachta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.
- (51) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh cur chun feidhme córais theicniúil lena gcumasaítear malartú fianaise, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme arna tugadh don Choimisiún a leagan síos, go háirithe chun sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a leagan amach do chóras le haghaidh próiseáil a dhéanamh ar iarraidh an úsáideoir go malartófaí fianaise, mar aon leis na rialacha is gá a leagan síos le haghaidh fianaise den sórt sin a aistriú agus le haghaidh sláine agus rúndacht na fianaise arna haistriú a áirithiú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.
- (52) D'fhonn leibhéal ard slándála a áirithiú don chóras teicniúil do chur i bhfeidhm trasteorann an phrionsabail "aon-uaire", ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún aird chuí, nuair a bheidh gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh aige lena leagtar amach na sonraíochtaí le haghaidh córas teicniúil den sórt sin, ar na caighdeáin agus na sonraíochtaí teicniúla arna n-ullmhú ag eagraíochtaí agus comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta um chaighdeánú, go háirithe

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 agus lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI), Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) agus an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU), mar aon leis na caighdeán slándála dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2018/1725.

- (53) Más gá, chun go n-áiritheofaí forbairt, infhaighteacht, cothabháil, maoirseacht, faireachán agus bainistiú slándála na gcodanna den chóras teicniúil a bhfuil an Coimisiún freagrach astu, ba cheart don Choimisiún comhairle a iarraidh ar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
- (54) Ba cheart do na húdaráis inniúla agus don Choimisiún a áirithiú go gcomhlíonann an fhaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí, a bhfuil siad freagrach astu, na critéir cáilíochta. Ba cheart do na comhordaitheoirí náisiúnta, a cheaptar faoin Rialachán seo agus don Choimisiún go tráthrialta, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéir cáilíochta agus slándála ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais faoi seach agus ba cheart dóibh déileáil le haon fhadhbanna a thagann chun cinn freisin. Chomh maith leis sin, ba cheart do na comhordaitheoirí náisiúnta cuidiú leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais theicniúil agus ar an gcaoi sin malartú traosteorann fianaise a chumasú. Leis an Rialachán seo, ba cheart raon leathana modhanna a thabhairt don Choimisiún chun aghaidh a thabhairt ar aon mheath ar cháilíocht na seirbhísí a thairgtear tríd an bpointe rochtana, de réir a thromchúisí agus a mharthanaí atá aon mheath den sórt sin, modhanna dul i mbun plé, más gá, le grúpa comhordaithe an phointe rochtana. Níor cheart réamhbhreith a dhéanamh leis sin ar fhreagracht fhoriomlán an Choimisiúin as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo.
- (55) Ba cheart go ndéanfaí mionsonrú sa Rialachán seo ar phríomhfheidhmiúlachtaí na n-uirlisí teicniúla lena dtacaítear le feidhmiú an phointe rochtana, go háirithe an comhéadan coiteann úsáideora, an stór le haghaidh nasc agus an aimsitheoir coiteann seirbhísí cúnaimh. Leis an gcomhéadan coiteann úsáideora, ba cheart a áirithiú gur féidir le húsáideoirí faisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a aimsiú go héasca ar shuíomhanna gréasáin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit é a bheith mar aidhm acu naisc a chur ar fáil chuig foinse aonair don fhaisnéis is gá don phointe rochtana chun mearbhall a sheachaint i measc na n-úsáideoirí mar thoradh ar na foinsí éagsúla, nó dúbailteacha, bíodh sé sin go hiomlán nó go páirteach, a bheith ann don fhaisnéis chéanna. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar an bhféidearacht maidir le naisc a bheith ann chuig an bhfaisnéis chéanna arna cur ar fáil ag na húdaráis inniúla áitiúla nó réigiúnacha maidir le limistéir gheografacha éagsúla. Níor cheart ach oiread go gcuirfeadh sé cosc ar bheagán den dúbailt faisnéise i gcásanna ina mbeadh sé sin dosheachanta nó inmhianaithe, mar shampla i gcás ina mbeadh athrá nó cur síos ar chearta, oibleagáidí agus rialacha áirithe de chuid an Aontais ar leathanaigh ghréasáin náisiúnta chun feabhas a chur ar a sholáimhsithe atá siad don úsáideoir. Chun íoslághdú a dhéanamh ar idirghabháil an duine in uasdátú na nasc atá le húsáid ar an gcomhéadan coiteann úsáideora, ba cheart nasc díreach a bhunú, nuair is féidir sin go teicniúil, idir córais theicniúla ábhartha na mBallstát agus an stór nasc. D'fhéadfaidh na huirlisí tacaíochta TFC an Croistór Focal Seirbhísí Poiblí (CPSV) a úsáid chun an idir-inoibritheacht a éascú le catalóga agus séimeantaicí náisiúnta seirbhíse. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun an CPSV a úsáid, ach tá siad saor a chinneadh freisin réitigh náisiúnta a úsáid. An fhaisnéis sa stór do naisc, ba cheart é a chur ar fáil go poiblí i bhformáid sonraí oscailte, atá inléite ag meaisín, mar shampla trí chomhéadain ríomhchlárúcháin feidhmchlár (API), chun gur féidir í a athúsáid.
- (56) Ba cheart go dtreoródh áis chuardaigh an chomhéadain choitinn úsáideora na húsáideoirí chuig an bhfaisnéis atá ag teastáil uathu cibé acu an ar leibhéal an Aontais atá sí nó ar leathanaigh ghréasáin ar an leibhéal náisiúnta. Anuas air sin, mar bhealach malartach chun úsáideoirí a threorú chuig faisnéis úsáideach, is fóinteach fós é naisc a chruthú idir suíomhanna gréasáin reatha agus comhlántacha, agus iad a chuíchóiriú agus a ghrúpáil le chéile a mhéid is féidir, agus naisc a chruthú idir leathanaigh gréasáin agus suíomhanna gréasáin ar líne an Aontais agus seirbhísí ar líne ar an leibhéal náisiúnta lena soláthraítear rochtain ar sheirbhísí agus faisnéis ar líne.
- (57) Ba cheart go sonrúfaí sa Rialachán seo freisin na ceanglais cháilíochta don chomhéadan coiteann úsáideora. Ba cheart go n-áiritheodh an Coimisiún go bhfuil an comhéadan coiteann úsáideora ag comhlíonadh na gceanglas agus ba cheart, go háirithe, go mbeadh an comhéadan ar fáil agus inrochtana ar líne trí chainéil éagsúla agus mar aon le bheith éasca le húsáid.
- (58) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh an cur chun feidhme a dhéanamh ar na réitigh theicniúla lena dtacaítear leis an bpointe rochtana, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun mionsonrú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar chaighdeán is infheidhme agus ar riachtanais idir-inoibritheachta d'fhonn so-aimsitheacht na faisnéise a éascú maidir le rialacha agus oibleagáidí i dtaca le nósanna imeachta agus maidir le cúnamh agus seirbhísí réitigh fadhbanna a bhfuil na Ballstáit agus an Coimisiún freagrach astu. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (59) Ina theannta sin, maidir leis na freagrachtaí atá ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faoi seach as forbairt, infhaighteacht, cothabháil agus slándáil na bhfeidhmchlár TFC a thacaíonn leis an bpointe rochtana eatarthu, ba cheart iad a leagan amach go soiléir sa Rialachán seo. Mar chuid dá gcúraimí cothabhála, ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit faireachán rialta ar fheidhmiú cuí na n-iarratais TFC.

- (60) Chun forbairt a dhéanamh ar lánacmhainneacht na réimsí difriúla faisnéise, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna ba cheart a chur ar áireamh sa phointe rochtana, ní mór feabhas suntasach a chur ar an eolas atá ag na spriocphobail ar na nithe sin a bheith ar fáil agus ar an dóigh a n-oibríonn siad. Dá gcuirfí ar áireamh sa phointe rochtana iad, ba cheart go mbeadh sé i bhfad níos fusa d'úsáideoirí teacht ar an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a theastaíonn uathu, fiú amháin i gcás nach bhfuil siad eolach ar cheann ar bith díobh. Anuas air sin, beidh sé riachtanach tabhairt faoi ghníomhaíochta comhordaithe cur chun cinn chun a áirithiú go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí ar fud an Aontais ar an eolas go bhfuil an pointe rochtana ann agus go mbeidh siad ar an eolas faoi na buntáistí a ghabhann léi. Ba cheart go n-áireofaí optamú innill chuardaigh ar na gníomhaíochtaí cur chun cinn den chineál sin agus gníomhaíochtaí eile ar líne chun feachtas a ardú, ós rud é gurb iad is éifeachtaí ó thaobh costais de agus go bhfuil sé d'acmhainn acu an spriocphobal is mó is féidir a shroicheadh. Ar mhaithe leis an éifeachtúlacht is mó is féidir a bhaint amach, ba cheart gníomhaíochtaí cur chun feidhme a chomhordú faoi chuimsiú chreat ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana agus ba cheart do na Ballstáit a n-iarrachtaí cur chun cinn a choigeartú le go mbeadh tagairt choiteann bhranda ann i ngach comhthéacs ábhartha agus go bhféadfaí an pointe rochtana aonair dhigiteach a chomhbhrandaíl le tionscnaimh náisiúnta.
- (61) Ba cheart gach institiúid, comhlacht agus gníomhaireacht eile de chuid an Aontais a spreagadh an pointe rochtana a chur chun cinn trí a lógó agus naisc a áireamh chuig an tairseach agus a lógó ar gach leathanach ábhartha a bhfuil siad freagrach astu.
- (62) Ba cheart go dtabharfaí “Your Europe” ar an bpointe rochtana agus go ndéanfaí é a chur chun cinn sa phobal. Ba cheart go mbeadh an comhéadan coiteann úsáideora feiceálach agus éasca le haimsiú, go háirithe ar leathanaigh ábhartha an Aontais agus leathanaigh ábhartha náisiúnta. Ba cheart go mbeadh lógó an phointe rochtana infheicthe ar shuíomhanna gréasáin ábhartha an Aontais agus ar shuíomhanna gréasáin ábhartha náisiúnta.
- (63) Chun faisnéis leordhóthanach a fháil le haghaidh fheidhmíocht agus fheabhsú an phointe rochtana a mheas, ba cheart go gceanglófaí leis an Rialachán seo ar an údarás inniúil agus ar an gCoimisiún bailiú agus anailís a dhéanamh ar shonraí faoi úsáid na réimsí difriúla faisnéise, na nósanna imeachta difriúla agus na seirbhísí difriúla a thairgtear leis an bpointe rochtana. Le bailiú na staidrimh, amhail sonraí maidir le líon na gcuairteanna ar leathanaigh ghréasáin ar leith, líon na n-úsáideoirí ó Bhallstát amháin le hais líon na n-úsáideoirí ó Bhallstáit eile, na téarmaí a cuardaíodh, liosta na leathanach ar tugadh an líon is mó cuairteanna orthu, leathanaigh gréasán tarchuir, nó líon, tionscnamh agus ábhar na n-iarratas cúnaimh, ba cheart go gcuirfí feabhas ar fheidhmiú an phointe rochtana, trí chuidiú leis an bpobal a aimsiú, le gníomhaíochtaí cur chun cinn a fhorbairt agus le caighdeán na seirbhísí a thairgtear a fheabhsú. Ba cheart an tagarmharcaíl bhliantúil rRialtais, arna déanamh ag an gCoimisiún, a chur san áireamh agus sonraí den chineál sin a mbailiú d'fhonn dúbláil a sheachaint.
- (64) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha a leagan síos maidir leis an modh um staidreamh úsáideoirí a bhailiú agus a mhaltú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
- (65) Tá cáilíocht an phointe rochtana ag brath ar cháilíocht sheirbhísí an Aontais agus ar cháilíocht na seirbhísí náisiúnta a sholáthraítear tríd an bpointe rochtana. Dá bhrí sin, maidir le cáilíocht na faisnéise, na nósanna imeachta, agus na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna atá ar fáil tríd an bpointe rochtana, ba cheart faireachán a dhéanamh orthu go rialta freisin trí uirlis aiseolais úsáideoirí lena n-iarrfar ar úsáideoirí aiseolais a thabhairt maidir le cumhdach agus cáilíocht na faisnéise, an nós imeachta nó na seirbhíse cúnaimh agus réitigh fadhbanna ar bhain siad úsáid as/aisti a mheasúnú. Baileofar an t-aiseolas sin le huirlis choiteann ar cheart don Choimisiún, na húdaráis inniúla agus na comhordaitheoirí náisiúnta rochtain a bheith acu uirthi. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le feidhmiúlachtaí coiteanna na n-uirlisí aiseolais úsáideoirí sin agus leis na socruithe mionsonraithe le haghaidh bhailiú agus chomhroinnt an aiseolais úsáideoirí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Maidir leis na fadhbanna a eascraíonn as an bhfaisnéis, na príomhstaitisticí úsáideora agus an príomh-staidreamh úsáideoirí a bhailítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún, i bhfoirm anaithnid foramhairc, iad a fhoilsiú ar líne.
- (66) Ina theannta sin, leis an bpointe rochtana, ba cheart uirlis aiseolais a áireamh inar féidir leis na húsáideoirí a chumasú aon fhadhbanna nó deacrachtaí a dtagann siad orthu le linn dóibh a gcearta i ndáil leis an margadh inmheánach a fheidhmiú a chur in iúl go deonach agus gan ainm a thabhairt. Ba cheart breathnú ar an uirlis sin mar uirlis atá de bheis ar na sásraí láimhseála gearán toisc nach féidir léi freagra pearsantaithe a thabhairt d'úsáideoirí. Ba cheart an t-ionchur a gheofar a chomhcheangal le faisnéis chomhiomlán ó sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna maidir leis na cásanna ar dhéileáil siad leo, arb é an toradh a bheadh air sin go gcruthófaí forbheathnú ar an margadh inmheánach mar a fheiceann a chuid úsáideoirí é agus go sainaitheofaí réimsí deacrachta do ghníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh sa todhchaí chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Ba cheart an réamhtharc sin a nascadh le huirlisí tuairiscithe atá ann cheana amhail scórchlár an mhargaidh aonair.

- (67) Ba cheart nach ndéanfaí difear leis an rialachán seo don cheart atá ag Ballstáit a chinneadh cé a chomhlíonfadh ról an chomhordaitheora náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann feidhmeanna agus freagrachtaí a gcomhordaitheoirí náisiúnta a oiriúnú, i ndáil leis an bpointe rochtana, dá struchtúir riaracháin inmheánacha. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann comhordaitheoirí náisiúnta breise a cheapadh chun cúraimí a chur i gcrích faoin Rialachán seo, ina n-aonair nó i bpáirt le comhordaitheoirí eile, a mbeadh freagracht aige as roinn ar leith sa chóras riaracháin, i gcomhair réigiún geografach, nó i gcomhréir le critéir eile. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aitheantas an chomhordaitheora náisiúnta aonair a cheapann siad le haghaidh teagmhálacha leis an gCoimisiún.
- (68) Ba cheart grúpa comhordaithe an phointe rochtana a bheidh comhdhéanta de na comhordaitheoirí náisiúnta agus a bheidh faoi chathaoirleacht ag an gCoimisiún a bhunú chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a éascú, go háirithe trí dhea-chleachtais a mhalartú agus trí obair le chéile chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht atá ann i gcur i láthair faisnéise, rud a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart na cuspóirí a leagtar amach sa chlár oibre bliantúil a chur san áireamh in obair an ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana, clár is ceart don Choimisiún a chur faoi bhráid an ghrúpa comhordaithe lena mheas. Ba cheart an clár oibre bliantúil a bheith i bhfoirm treoirlínte nó moltaí nach mbeadh éifeacht cheangailteach acu ar na Ballstáit. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, cuireadh a thabhairt do shaineolaithe na Parlaiminte freastal ar chruinniú ghrúpa comhordaitheoirí an phointe rochtana.
- (69) Maidir le cé acu codanna den phointe rochtana a mhaoineofaí trí bhuiséad an Aontais agus cé acu codanna as a mbeadh na Ballstáit freagrach, ba cheart iad a shoiléiriú leis an Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún cabhrú leis na Ballstáit bloic thógála in-athúsáidte TFC a aimsiú agus maoiniú a aimsiú freisin atá ar fáil trí chistí agus trí chlár éagsúla ar leibhéal an Aontais lena bhféadfaí cuidiú leis na costais a chumhdach a bhaineann le hoiriúnuithe agus le forbairtí TFC ar an leibhéal náisiúnta atá de dhíth chun an Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart don bhuiséad atá de dhíth chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a bheith comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil is infheidhme.
- (70) Spreagtar na Ballstáit chun comhordú, malartú agus comhoibriú níos mó lena chéile chun a gcumais straitéiseacha, oibríochtaí, taighde agus forbartha a mhéadú i réimse na cibearshlándála, go háirithe trí chur chun feidhme na treorach maidir le slándáil líonra agus faisnéise, dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, chun slándáil agus stóinseacht a gcuid riaracháin phoiblí agus a seirbhísí poiblí a neartú. Spreagtar na Ballstáit chun cur le slándáil na n-idirbheart agus chun leibhéal leordhóthanach muiníne a áirithiú sna modhanna leictreonacha trí úsáid a bhaint as creat eIDAS agus go háirithe leibhéal dearbhaithe leordhóthanacha. Is féidir leis na Ballstáit bearta a ghlacadh i gcomhréir le dlí an Aontais chun an chibearshlándáil a chosaint agus calaois aitheantais nó cineálacha eile calaoise a chosc.
- (71) I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis an Rialachán seo, ba cheart na bearta sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais i dtaca le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) Uimh. 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ freisin i gcomhthéacs an Rialacháin seo. Faoi mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2016/679, is féidir leis na Ballstáit coinníollacha a choinneáil nó coinníollacha breise a thabhairt isteach, teorainneacha san áireamh, maidir le sonraí a bhaineann leis an tsláinte a phróiseáil, agus is féidir leo foráil a dhéanamh do rialacha níos sonraí maidir le sonraí pearsanta fostaithe a phróiseáil i gcomhthéacs na fostaíochta.
- (72) Leis an Rialachán seo, ba cheart cuíchóirí na socrúithe rialachais a chur chun cinn agus a éascú i gcomhair na seirbhísí a chumhdaítear leis an bpointe rochtana. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, athbhreithniú a dhéanamh ar na socrúithe rialachais atá ann cheana, agus iad a oiriúnú, nuair is gá, chun dúbláil agus neamhéifeachtúlachtaí a sheachaint.
- (73) Is é cuspóir an Rialacháin seo a áirithiú go mbeidh ag úsáideoirí a oibríonn i mBallstáit eile rochtain ar líne ar fhaisnéis an Aontais agus faisnéis náisiúnta atá cuimsitheach, iontaofa, inrochtana agus intuigthe maidir le cearta, rialacha agus oibleagáidí, rochtain ar nósanna imeachta ar líne is féidir a fheidhmiú go hiomlán ar bhonn trasteorann agus rochtain ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur féidir ina hionad sin, de bharr fairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh leibhéal ard coiteann slándála gréasán agus córas faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

- (74) Ionas go mbeidh na Ballstáit agus an Coimisiún in ann forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na huirlisí a theastaíonn chun éifeacht a thabhairt don Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha áirithe an Rialacháin ó 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Ba cheart go dtabharfaí suas le 4 bliana do na húdaráis bhargasacha tar éis an teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo chun an ceanglas maidir le faisnéis a sholáthar i ndáil le rialacha, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna faoi chuimsiú a bhfreagrachta. Ba cheart go gcuirfí chun feidhme go hiomlán forálacha an Rialacháin seo maidir le nósanna imeachta atá le tairiscint go hiomlán ar líne, rochtain trasteorann ar nósanna imeachta ar líne agus an córas teicniúil don mhalartú fianaise uathoibríoch trasteorann i gcomhréir leis an bprionsabal “aon-uaire” 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí.
- (75) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ba cheart é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (76) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus thug sé tuairim an 1 Lúnasa 2017 ².

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacha maidir le:
 - (a) pointe rochtana aonair digiteach a bhunú agus a oibriú chun rochtain éasca a thabhairt do shaoránaigh agus gnólachtaí ar fhaisnéis ardcháilíochta, ar nósanna imeachta éifeachtúla agus ar sheirbhísí éifeachtacha cúnamh agus réitigh fadhbanna i dtaca le rialacha an Aontais agus leis na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le saoránaigh agus gnólachtaí atá ag feidhmiú na gcearta atá acu faoi dhlí an Aontais i réimse an mhargaidh inmheánaigh, de réir bhrí Airteagal 26(2) CFAE, nó a bhfuil rún acu na cearta sin a fheidhmiú;
 - (b) úsáid nósanna imeachta ag úsáideoirí trasteorann agus do chur chun feidhme an phrionsabail “aon-uaire” a bhaineann leis na nósanna imeachta a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus le haghaidh na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoracha 2005/36/CE, 2006/123/CE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE;
 - (c) tuairisc a thabhairt ar bhacainní sa mhargadh inmheánach, bunaithe ar aiseolas úsáideoirí agus staidreamh ó na seirbhísí a chumhdaítear leis an bpointe rochtana.
2. I gcás ina dtagann an Rialachán seo salach ar fhoráil de ghníomh eile de chuid an Aontais lena rialaítear gnéithe sonracha den ábhar a chumhdaítear leis an Rialachán seo, beidh forlámhas ag foráil an ghníomh eile de chuid an Aontais.
3. Ní bheidh tionchar ag an Rialachán seo ar shubstaint aon nós imeachta a leagtar síos ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal náisiúnta i gceann ar bith de na réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ná ní bheidh tionchar aige ar na cearta a dheonaítear trí na nósanna imeachta sin. Anuas ar sin ní bheidh tionchar ag an Rialachán seo ar na bearta a ghlacfar i gcomhréir le dlí an Aontais chun an chibearshlándáil a chosaint agus an chalaos a chosc.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, Ich.1).

*Airteagal 2***Bunú an phointe rochtana aonair digití**

1. Bunóidh an Coimisiún agus na Ballstáit pointe rochtana aonair dhigiteach (“an pointe rochtana”) i gcomhréir leis an Rialachán seo. Cuimseoidh an pointe rochtana comhéadan coiteann úsáideora, a bhainisteadh an Coimisiún, (an comhéadan coiteann úsáideora), a bheidh comhtháthaithe isteach i dtairseach “An Eoraip Agatsa” agus lena dtugtar rochtain ar na suíomhanna gréasáin ábhartha de chuid an Aontais agus ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta ábhartha.
2. Leis an bpointe rochtana, tabharfar rochtain ar na nithe seo a leanas:
 - (a) faisnéis faoi na cearta, na hoibleagáidí agus na rialacha a leagtar síos i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta a bhfuil feidhm acu maidir le húsáideoirí atá ag feidhmiú a gceart faoi dhlí an Aontais i réimse an mhargaidh inmheánaigh sna réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn I nó a bhfuil rún acu na cearta sin a fheidhmiú;
 - (b) faisnéis faoi nósanna imeachta ar líne agus as líne agus naisc chuig nósanna imeachta ar líne, lena n-áirítear nósanna imeachta a chumhdaítear le hIarscríbhinn II, arna mbunú ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta chun go mbeidh ar chumas na n-úsáideoirí na cearta a fheidhmiú agus na hoibleagáidí agus na rialacha a chomhlíonadh i réimse an mhargaidh inmheánaigh sna réimsí sin a liostaítear in Iarscríbhinn I;
 - (c) faisnéis faoi sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna ar féidir le saoránaigh agus gnólachtaí dul ina muinín má tá ceisteanna nó fadhbanna acu maidir leis na cearta, na hoibleagáidí nó na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo, ar seirbhísí iad mar a liostaítear in Iarscríbhinn III nó dá dtagraítear in Airteagal 7.
3. Beidh an comhéadan coiteann úsáideora ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

*Airteagal 3***Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “úsáideoir” duine ar bith is saoránach den Aontas, duine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát nó duine dlítheanach a bhfuil a oifig chláráithe aige i mBallstát, agus ar duine é a úsáideann an pointe rochtana chun an fhaisnéis, na nósanna imeachta nó na seirbhísí cúnamh nó réitigh fadhbanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a rochtain;
- (2) ciallaíonn “úsáideoir trasteorann” úsáideoir i gcúinsí nach bhfuil teoranta i ngach caoi laistigh de Bhallstát amháin;
- (3) ciallaíonn “nós imeachta” seicheamh gníomhartha nach mór d’úsáideoirí a dhéanamh chun na ceanglais a chomhlíonadh nó chun cinneadh a fháil ó údarás inniúil le go mbeidh siad in ann na cearta dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 2(2) a fheidhmiú;
- (4) ciallaíonn “údarás inniúil” aon údarás nó chomhlacht de chuid Ballstáit a bunaíodh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil agus a bhfuil freagrachtaí sonracha air maidir leis an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
- (5) ciallaíonn “fianaise” aon doiciméad nó sonraí, lena n-áirítear téacs nó fuaim, taifeadadh amhairc nó closamhairc, beag beann ar an meán a úsáidtear, atá ag teastáil ó údarás inniúil chun fíricí a chruthú nó chun a chruthú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 2(2).

CAIBIDIL II

SEIRBHÍSÍ POINTE ROCHTANA*Airteagal 4***Rochtain ar fhaisnéis**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éasca ar líne ag úsáideoirí ar na nithe seo a leanas ar a leathanaigh ghréasáin náisiúnta:
 - (a) faisnéis faoi na cearta, na hoibleagáidí agus na rialacha sin dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 2(2), ar cearta, oibleagáidí agus rialacha iad a dhíorthaítear ón dlí náisiúnta;

- (b) faisnéis faoi na nósanna imeachta sin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2), ar nósanna imeachta iad a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta;
 - (c) faisnéis faoi na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna sin dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2), ar seirbhísí iad a sholáthraítear ar an leibhéal náisiúnta.
2. Áiritheoidh an Coimisiún go soláthróidh an tairseach An Eoraip Agatsa rochtain éasca ar líne ag úsáideoirí ar na nithe seo a leanasa tairseach aonair:
- (a) faisnéis faoi na cearta, na hoibleagáidí agus na rialacha sin dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2), ar cearta, oibleagáidí agus rialacha iad a dhíorthaítear ó dhlí an Aontais;
 - (b) faisnéis faoi na nósanna imeachta sin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2), ar nósanna imeachta iad a bhunaítear ar leibhéal an Aontais;
 - (c) faisnéis faoi na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna sin dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2), ar seirbhísí iad a sholáthraítear ar leibhéal an Aontais.

Airteagal 5

Rochtain ar fhaisnéis nach n-áirítear in Iarscríbhinn I

1. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún naisc a sholáthar chuig faisnéis i réimsí nach liostaítear in Iarscríbhinn I atá á dtairseacht ag údarás inniúla, an Coimisiún nó comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ar choinníoll go dtiteann an fhaisnéis sin laistigh de raon feidhme an phointe rochtana mar a shainmhínítear í i bpointe (a) d'Airteagal 1 (1) agus go gcomhlíonann an fhaisnéis sin na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 9.
2. Déanfar na naisc chuig an bhfaisnéis, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 19 (2) agus (3).
3. Sula ngníomhachtóidh an Coimisiún aon naisc, déanfaidh sé a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 agus rachaidh sé i gcomhairle le grúpa comhordaithe an phointe rochtana.

Airteagal 6

Nósanna imeachta le bheith curtha ar fáil go hiomlán ar líne

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh úsáideoirí in ann rochtain a fháil ar aon nós imeachta a liostaítear in Iarscríbhinn II agus é a chur i gcrích go hiomlán ar líne ar choinníoll go bhfuil an nós imeachta ábhartha sin bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann.
2. Measfar na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 a bheith go hiomlán ar líne i gcás inar féidir:
 - (a) sainaitheint, soláthar faisnéise, fianaise agus síniú a thabhairt agus an cur isteach deiridh a dhéanamh mar seo a leanas go ndéanfar é go leictreonach i gcéin, trí chainéal seirbhíse a chuireann ar chumas úsáideoirí na ceanglais uile a bhaineann leis an nós imeachta a chomhlíonadh ar bhealach atá soláimhsithe agus ar bhealach struchtúrtha;
 - (b) ar bhealach a áirithíonn go seolfar admháil fála go huathoibríoch mura soláthrófar aschur an nós imeachta láithreach;
 - (c) i gcás ina soláthrófar aschur an nós imeachta go leictreonach freisin, nó i gcás inar gá sin chun dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta a sheachadadh trí mhodhanna fisiceacha; agus
 - (d) i gcás ina soláthrófar fógra leictreonach d'úsáideoirí maidir le cur i gcrích an nós imeachta.
3. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil bonn cirt leo agus cúiseanna sárraitheacha a bhaineann le leas an phobail i réimsí na slándála poiblí, na sláinte poiblí nó an chomhraic in aghaidh calaoise, i gcás nach féidir an cuspóir a shaothraítear a ghnóthú go hiomlán ar líne, is féidir leis na Ballstáit a cheangal ar úsáideoir teacht i láthair an údarás inniúil go pearsanta mar chéim den nós imeachta. Sna cásanna eisceachtúla sin, teorannóidh na Ballstáit láithreach fhisiciúil den sórt sin dá bhfuil fíor-riachtanach agus dá bhfuil údar léi go hoibiachtúil agus áiritheoidh siad gur féidir céimeanna eile den nós imeachta a chur i gcrích go hiomlán ar líne. Áiritheoidh na Ballstáit freisin nach dtarlóidh idirdhealú i gcoinne úsáideoirí trasteorann mar thoradh ar cheanglais láithreachta fisiciúla.

4. Maidir leis na cásanna ina bhféadfadh gá a bheith le láithreach fhisiciúil le haghaidh na gcéimeanna nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus cásanna ina mbíonn seachadadh fisiceach dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2, tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forais agus imthosca a bhaineann leo trí stór coiteann a mbeidh rochtain ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit eile air don Choimisiún agus do na Ballstáit eile agus tabharfaidh siad míniú orthu.

5. Ní chuirfear, leis an Airteagal seo, cosc ar na Ballstáit deis a thabhairt d'úsáideoirí nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2) a rochtain agus a chur i gcrích ar bhealaí eile freisin seachas ar líne, nó ar theagmháil a dhéanamh le húsáideoirí go díreach.

Airteagal 7

Rochtain ar sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna

1. Áiríteoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go mbeidh rochtain éasca ar líne trí chainéil éagsúla ag úsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí trasteorann, ar na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2).

2. Féadfaidh na comhordaitheoirí náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 28, agus an Coimisiún naisc a sholáthar chuig seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna atá á dtairiscint ag údaráis inniúla, an Coimisiún nó comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, diomaite de na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III, i gcomhréir le hAirteagal 19 (2) agus (3) ar choinníoll go gcomhlíonann na seirbhísí sin na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11 agus Airteagal 16.

3. I gcás inar gás gá chun freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí, féadfaidh an comhordaitheoir náisiúnta a mholadh don Choimisiún go n-áireofaí naisc sa phointe rochtana chuig seirbhísí cúnamh nó réitigh fadhbanna a soláthraíonn eintitis phríobháideacha nó leathphríobháideacha iad, i gcás ina gcomhlíonann a seirbhísí na coinníollacha seo a leanas:

(a) tairgeann an tseirbhís faisnéis nó cúnamh a thagann faoi na réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus chun na gcríoch a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus cuireann sí le seirbhísí atá sa phointe rochtana cheana féin;

(b) tairgtear an tseirbhís saor in aisce nó ar phraghas atá inacmhainne ag micrifhiontair, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus saoránaigh; agus

(c) comhlíonann an tseirbhís na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8, Airteagal 11 agus Airteagal 16.

4. I gcás inar mhol an comhordaitheoir náisiúnta go gcuirfí nasc isteach i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, agus ina soláthraíonn sé an nasc sin i gcomhréir le hAirteagal 19(3), déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an tseirbhís a chuirfear isteach leis an nasc sin na coinníollacha i mír 3 den Airteagal seo, agus, má chomhlíontar, gníomhachtóidh sé an nasc.

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach gcomhlíonann an tseirbhís a chuirtear isteach na coinníollacha i mír 3, cuirfidh sé an comhordaitheoir náisiúnta ar an eolas faoi na cúiseanna nár gníomhachtaíodh an nasc.

Airteagal 8

Ceanglais cháilíochta a bhaineann le hinrochtaineacht gréasáin

Déanfaidh an Coimisiún iad dá chuid suíomhanna agus leathanaigh gréasáin, trína dtugann sé rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus ar na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna dá dtagraítear in Airteagal 7, níos inrochtana trí iad a dhéanamh inbhraite, inoibritheach, intuigthe agus stóinseach.

CAIBIDIL III
CEANGLAIS CHÁILÍOCHTA

ROINN 1

Ceanglais cháilíochta a bhaineann le faisnéis faoi chearta, oibleagáidí agus rialacha, faoi nósanna imeachta agus faoi sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna

Airteagal 9

Cáilíocht na faisnéise faoi chearta, oibleagáidí agus rialacha

1. I gcás ina bhfuil na Ballstáit agus an Coimisiún freagrach, i gcomhréir le hAirteagal 4, as rochtain a áirithiú ar fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2), áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais seo a leanas:

- (a) tá sí soláimhsithe, a chuirfidh ar chumas an úsáideora faisnéis a aimsiú go héasca, na codanna den fhaisnéis atá ábhartha dá chás féin a shainaithint go héasca agus an fhaisnéis ábhartha a thuiscint go héasca;
- (b) tá sí cruinn agus cuimsitheach go leor ionas go gcumhdaítear léi faisnéis a theastaíonn ó úsáideoirí chun a gcearta a fheidhmiú i gcomhréir go hiomlán leis na rialacha agus leis na hoibleagáidí is infheidhme;
- (c) tugtar tagairtí, naisc chuig gníomhartha dlíthiúla, sonraíochtaí teicniúla agus treoirlínte, i gcás inarb ábhartha;
- (d) tugtar ainm an údaráis inniúil nó an eintitis atá freagrach as ábhar na faisnéise;
- (e) tugtar sonraí teagmhála seirbhísí ábhartha cúnamh agus réitigh fadhbanna, amhail uimhir fóin, seoladh ríomhphoist, foirm fiosrúcháin ar líne nó aon mhodh leictreonach cumarsáide eile a úsáidtear go coitianta arb é an ceann is oiriúnaí é don chineál seirbhísí atá á tairiscint agus is oiriúnaí do spriocphobal na seirbhíse sin;
- (f) tugtar dáta an nuashonraithe is déanaí ar an bhfaisnéis, más ann dó, nó i gcás nach ndearnadh nuashonrú ar an bhfaisnéis, an dáta foilsithe;
- (g) tá sí dea-struchtúrtha agus dea-léirithe ionas gur féidir le húsáideoirí an fhaisnéis a theastaíonn uathu a aimsiú go tapa;
- (h) coinnítear cothrom le dáta í;
- (i) tá sí scríofa i dteanga shoiléir shimplí atá curtha in oiriúint do riachtanais na n-úsáideoirí ar a bhfuil sí dírithe.

2. Cuirfidh Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar fáil i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 12.

Airteagal 10

Cáilíocht na faisnéise faoi nósanna imeachta

1. Chun críocha Airteagal 4 a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, sula mbeidh orthu iad féin a shainaithint roimh sheoladh an nós imeachta, go mbeidh rochtain ag úsáideoirí ar mhíniú atá cuimsitheach go leor, soiléir agus soláimhsithe don úsáideoir maidir leis na gnéithe seo a leanas de na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2):

- (a) céimeanna ábhartha an nós imeachta atá le comhlíonadh ag an úsáideoir, lena n-áirítear aon eisceacht faoi Airteagal 6(3) ar oibleagáid na mBallstát an nós imeachta a thairiscint go hiomlán ar líne;
- (b) ainm an údaráis inniúil atá freagrach as an nós imeachta, lena n-áirítear a shonraí teagmhála;
- (c) na modhanna inghlactha fiordheimhnithe, sainaitheanta agus sínithe don nós imeachta;

- (d) cineál agus formáid na fianaise atá le cur isteach;
- (e) na modhanna sásaimh nó achomhairc atá ar fáil go ginearálta i gcás díospóidí leis na húdarás inniúla;
- (f) na táillí is infheidhme agus an modh íocaíochta ar líne;
- (g) aon spriocdhátaí atá le hurramú ag an úsáideoir nó ag an údarás inniúil agus i gcás nach bhfuil aon spriocdhátaí ann, an mheántréimhse ama mheasta nó an mheántréimhse ama tháscaigh a bheadh de dhíth ar údarás inniúil chun an nós imeachta a thabhairt chun críche;
- (h) aon rialacha a bhaineann leis an easpa freagartha ón údarás inniúil agus na hiarmhairtí dlíthiúla d'úsáideoirí de bharr, lena n-áirítear socruithe intuigthe formheasa nó socruithe tosta riaracháin;
- (i) teanga bhreise ar bith inar féidir an nós imeachta a chur i gcrích.

2. I gcás nach bhfuil aon socruithe intuigthe formheasa, socruithe tosta riaracháin nó socruithe comhchosúla ann, cuirfidh na húdarás inniúla na húsáideoirí ar an eolas, i gcás inarb infheidhme, faoi aon mhoill agus faoi aon fhadú spriocdhátaí nó faoi aon iarmhairtí na nithe sin.

3. I gcás ina bhfuil an míniú dá dtagraítear i mír 1 ar fáil d'úsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad cheana féin, féadfar é a úsáid nó a athúsáid chun críocha an Rialacháin seo, ar choinníoll go gcumhdaíonn sé cás na n-úsáideoirí trasteorann, i gcás inarb infheidhme.

4. Cuirfidh na Ballstáit an míniú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar fáil i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 12.

Airteagal 11

Cáilíocht na faisnéise faoi sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna

1. Chun críocha Airteagal 4 a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, sula gcuirfidh siad iarraidh isteach ar sheirbhís dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2), go mbeidh rochtain ag úsáideoirí ar mhíniú atá soiléir agus soláimhsithe don úsáideoir ar na nithe seo a leanas:

- (a) cineál, cuspóir agus torthaí ionchais na seirbhíse atá á tairiscint;
- (b) sonraí teagmhála na n-eintiteas atá freagrach as an tseirbhís amhail, uimhir fóin, seoladh ríomhphoist, foirm fiosrúcháin ar líne nó aon mhodh leictreonach cumarsáide eile a úsáidtear go coitianta arb é an ceann is oiriúnaí don chineál seirbhísí atá á tairiscint é agus is oiriúnaí do spriocphobal na seirbhíse sin;
- (c) na táillí is infheidhme agus an modh íocaíochta ar líne, i gcás inarb ábhartha;
- (d) aon spriocdhátaí is infheidhme atá le hurramú agus i gcás nach bhfuil aon spriocdhátaí ann, an mheántréimhse ama, nó an t-am a mheastar a bheith de dhíth chun an tseirbhís a sholáthar;
- (e) aon teagacha bhreise inar féidir an iarraidh a chur isteach agus ar féidir í a úsáid i dteagmhálacha ina dhiaidh sin.

2. Cuirfidh Ballstáit an míniú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar fáil i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 12.

Airteagal 12

Aistriúchán a dhéanamh ar an bhfaisnéis

1. I gcás nach gcuireann Ballstát an fhaisnéis, na mínithe agus na treoracha a leagtar amach in Airteagal 9, Airteagal 10, Airteagal 11 agus i pointe (a) d'Airteagal 13(2) ar fáil i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi, iarrfaidh an Ballstát sin don Choimisiún aistriúcháin sa teanga sin a sholáthar, laistigh de theorainneacha an bhuiséid an Aontais a bheidh le fáil dá dtagraítear i pointe (c) d'Airteagal 32(1).

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcumhdófar leis na téacsanna a chuirtear isteach le haghaidh aistriúcháin faoi mhír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis bhunúsach ar a laghad i ngach réimse a liostaítear in Iarscríbhinn I agus, i gcás inar leor buiséid an Aontais atá le fáil, go gcumhdófar aon fhaisnéis, mínithe agus treoracha breise dá dtagraítear in Airteagal 9, Airteagal 10, Airteagal 11 agus i pointe (a) d'Airteagal 13(2), lena gcuirtear san áireamh na riachtanais is tábhachtaí atá ag úsáideoirí trasteorann. Cuirfidh na Ballstáit na naisc chuig faisnéis den sórt sin atá aistrithe ar fáil don stór nasc dá dtagraítear in Airteagal 19.

3. Beidh an teanga dá dtagraítear i mír 1 ina teanga oifigiúil de chuid an Aontais arb í an teanga iasachta is mó staidéar i measc úsáideoirí ar fud an Aontais í. Mar eisceacht, i gcás ina bhfuiltear ag súil go mbeidh an fhaisnéis, na mínte agus na teoracha atá le haistriú mar ábhar spéise go príomha ag úsáideoirí trasteorann de thionscnamh ó Bhallstát eile, féadfaidh an teanga dá dtagraítear i mír 1 a bheith ina teanga oifigiúil de chuid an Aontais atá in úsáid ag na húsáideoirí trasteorann sin mar mháthairtheanga.

4. I gcás ina n-iarrann Ballstát aistriúchán i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais nach teanga iasachta is mó staidéar i measc úsáideoirí ar fud an Aontais é, tabharfaidh sé cúiseanna don iarraidh. I gcás ina gcinfidh an Coimisiún nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3 maidir le rogha teanga eile den chineál sin, féadfaidh sé an iarraidh a dhiúltú agus an Ballstát a chur ar an eolas faoi na cúiseanna de.

ROINN 2

Ceanglais a bhaineann le nósanna imeachta ar líne

Airteagal 13

Rochtain trasteorann ar nósanna imeachta ar líne

1. I gcás ina bhfuil úsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad in ann nós imeachta, dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2) agus a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta, a rochtain agus a chur i gcrích ar líne, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh úsáideoirí trasteorann in ann an nós imeachta sin a rochtain agus a chur i gcrích ar líne ar bhealach neamh-idirdhealaitheach freisin, tríd an réiteach teicniúil céanna nó trí réiteach teicniúil eile.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar, maidir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na ceanglais seo a leanas ar a laghad:

- (a) go mbeidh úsáideoirí in ann na teoracha a rochtain le haghaidh an nós imeachta a chur i gcrích i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (b) go mbeidh úsáideoirí trasteorann in ann an fhaisnéis is gá a chur isteach, lena n-áirítear i gcás nach ionann struchtúr faisnéise den sórt sin agus faisnéis den sórt céanna sa Bhallstát lena mbaineann;
- (c) go mbeidh úsáideoirí trasteorann in ann, iad féin a shainiú agus a fhíordheimhniú, agus doiciméid a shíniú nó a shéalú go leictreonach, mar a fhoráiltear dó i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, i ngach cás ina mbíonn úsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad in ann é sin a dhéanamh freisin;
- (d) go mbeidh úsáideoirí trasteorann in ann fianaise a sholáthar i bhformáid leictreonach ar chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme agus toradh na nósanna imeachta sin a fháil i bhformáid leictreonach i ngach cás ina mbíonn úsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad in ann é sin a dhéanamh freisin;
- (e) i gcás ina bhfuil íocaíocht ag teastáil chun nós imeachta a chur i gcrích, go mbeidh úsáideoirí in ann aon táill a íoc ar líne trí sheirbhís íocaíochta trasteorann a bheith ar fáil go forleathan, gan idirdhealú bunaithe ar áit bhunaithe na seirbhíse íocaíochta trasteorann, ar áit eisiúna na hionstraimhe íocaíochta nó suíomh an chuntais íocaíochta laistigh den Aontas.

3. I gcás nach gceanglaítear leis an nós imeachta sainiú nó fhíordheimhniú a dhéanamh go leictreonach mar a thagraítear dó i bpointe (c) de mhír 2 agus i gcás ina bhfuil cead ag na húdaráis inniúla faoin dlí náisiúnta nó nósanna imeachta riaracháin is infheidhme glacadh le cóipeanna digitithe d'fhianaise neamhleictreonach ar aitheantas, amhail cártaí aitheantais nó pasanna, i ndáil le húsáideoirí nach úsáideoirí trasteorann iad, glacfaidh na húdaráis sin, le cóipeanna digitithe den sórt sin i ndáil le húsáideoirí trasteorann.

Airteagal 14

Córas teicniúil don mhalartú trasteorann uathoibríthe fianaise agus cur i bhfeidhm an phrionsabail “aonuaire”

1. Chun críche fianaise a mhalartú le haghaidh na nósanna imeachta ar líne a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTeoracha 2005/36/CE, 2006/123/CE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, cuirfidh an Coimisiún córas teicniúil ar bun i gcomhar leis na Ballstáit le haghaidh malartú fianaise uathoibríoch idir údaráis inniúla i mBallstáit éagsúla (“an córas teicniúil”).

2. I gcás ina n-eisíonn údaráis inniúla, ina mBallstát féin agus i bhformáid leictreonach a fhágann gur féidir malartú uathoibríthe a dhéanamh, fianaise atá ábhartha maidir leis na nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh siad an fhianaise sin ar fáil do na húdaráis inniúla iarrthacha ó Bhallstáit eile freisin i bhformáid leictreonach lena lamhálfar malartú uathoibríthe.

3. Déanfar an méid seo a leanas leis an gcóras teicniúil, go háirithe:
 - (a) éascófar leis iarrataí ar fhianaise a phróiseáil ar iarraidh fhollasach a fháil ón úsáideoir;
 - (b) beifear in ann é a úsáid chun iarrataí a phróiseáil chun rochtain a fháil ar fhianaise nó chun fianaise a mhalartú;
 - (c) beifear in ann é a úsáid chun fianaise a tharchur idir údaráis inniúla;
 - (d) beidh an t-údarás inniúil iarrthach in ann é a úsáid chun an fhianaise a phróiseáil;
 - (e) áiríteofar rúndacht agus sláine na fianaise leis;
 - (f) tabharfar an fhéidearthacht don úsáideoir réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise as a mbainfidh an t-údarás iarrthach úsáid agusroghnú dul ar aghaidh leis an malartú fianaise nó gan dul ar aghaidh leis;
 - (g) áireofar leis ardleibhéal idir-inoibritheachta leis na córais ábhartha eile atá ann cheana;
 - (h) áiríteofar ardleibhéal slándála leis le haghaidh fianaise a tharchur agus a phróiseáil;
 - (i) ní dhéanfar próiseáil ar fhianaise thar a bhfuil fíorghá leis go teicniúil don mhalartú fianaise, agus don tréimhse is gá chun na críche sin, agus don tréimhse sin amháin.
4. Ní bheidh úsáid an chórais theicniúil éigeantach d'úsáideoirí agus ní cheadófar é ach amháin ar a iarraidh sin go follasach dóibh, mura bhforáiltear a mhalairt i reachtaíocht an Aontais nó sa reachtaíocht náisiúnta. Ceadófar do na húsáideoirí fianaise a thíolacadh ar mhodhanna eile lasmuigh den chóras teicniúil agus go díreach chuig an údarás inniúil iarrthach.
5. Ní bheidh gá don fhéidearthacht a bheith ann réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise, mar a thagraítear dó i bpointe (f) de mhír 3 den Airteagal seo, i gcás na nósanna imeachta ina gceadaítear malartú trasteorann uathoibríthe fianaise gan a an réamhamharc sin a bheith ann faoin dlí náisiúnta is infheidhme nó faoi dhlí an Aontais is infheidhme. Tá an fhéidearthacht réamhamharc a thabhairt ar an bhfianaise gan dochar don oibleagáid faisnéis faoi Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679 a sholáthrú.
6. Déanfaidh na Ballstáit an córas teicniúil atá ag feidhmiú go hiomlán a chomhtháthú mar chuid de na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1.
7. Ar iarraidh fhollasach a fháil ón úsáideoir lena mbaineann, tugtha faoi shaoirse, go sonrath, go feasach agus gan débhrí, déanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as na nósanna imeachta ar líne dá dtagraítear i mír 1 fianaise a iarraidh go díreach ó údaráis inniúla atá ag eisiúint fianaise i mBallstáit eile tríd an gcóras teicniúil. I gcomhréir le pointe (e) de mhír 3, cuirfidh na húdaráis inniúla eisiúna dá dtagraítear i mír 2 an fhianaise sin ar fáil tríd an gcóras céanna.
8. Beidh an fhianaise a chuirfear ar fáil don údarás inniúil iarrthach teoranta don fhianaise sin a iarradh agus ní úsáidfidh an t-údarás sin í ach amháin chun críche an nós imeachta dár malartaíodh an fhianaise. Measfar an fhianaise arna malartú tríd an gcóras teicniúil, chun críocha an údaráis iarrthaigh inniúil, a bheith barántúil.
9. Faoin 12 Meitheamh 2021, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla an chórais theicniúil a theastaíonn le haghaidh chur chun feidhme an Airteagail seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37 (2).
10. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 8 maidir le nósanna imeachta a bhunaítear ar leibhéal an Aontais lena bhforáiltear maidir le sásraí difriúla le haghaidh malartú fianaise ach amháin i gcás ina gcomhtháthaítear an córas teicniúil is gá do chur i bhfeidhm an Airteagail seo sna nósanna imeachta sin i gcomhréir le rialacha gníomhartha an Aontais lena mbunaítear na nósanna imeachta sin.
11. Beidh an Coimisiún agus gach Ballstáit freagrach as forbairt, infhaighteacht, cothabháil, maoirseacht, faireachán agus bainistiú slándála a áirithiú ar na codanna faoi seach den chóras teicniúil.

Airteagal 15

Fianaise idir na Ballstáit a fhíorú

Más rud é, maidir leis an gcóras teicniúil, nó córais eile i gcomhair fianaise a mhalartú nó a fhíorú idir na Ballstáit, nach bhfuil siad ar fáil nó nach bhfuil siad infheidhme nó sa chás nach n-iarrann an t-úsáideoir úsáid an chórais theicniúil, comhoibreoidh na húdaráis inniúla trí Chóras Faisnéise an mhargaidh Inmheánaigh (IMI), i gcás inar gá chun fíordheimhniú a dhéanamh ar bharántúlacht na fianaise a chuireann úsáideoir faoi bhráid údarás inniúil i bhformáid leictreonach chun críche nós imeachta ar líne.

ROINN 3

Ceanglais cháilíochta a bhaineann le seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna

Airteagal 16

Ceanglais cháilíochta a bhaineann le seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna

Maidir leis na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a liostaítear in Iarscríbhinn III agus na seirbhísí a áirítear sa phointe rochtana i gcomhréir le hAirteagal 7(2), (3) agus (4), áiritheoidh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach, go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais cháilíochta seo a leanas:

- (a) go gcuirfeadh ar fáil iad laistigh de thréimhse ama réasúnach agus castacht na hiarrata á cur san áireamh;
- (b) i gcás ina ndéantar síneadh a chur le spriocdhátaí, cuirtear na cúiseanna sin in iúl do na húsáideoirí roimh ré agus tugtar an spriocdháta nua dóibh;
- (c) i gcás ina bhfuil íocaíocht ag teastáil chun seirbhís a sholáthar, go mbeidh úsáideoirí in ann aon táillí a íoc ar líne trí sheirbhísí íocaíochta trasteorann a bheidh ar fáil go forleathan, gan idirdhealú bunaithe ar áit bhunaithe na seirbhíse íocaíochta trasteorann, ar áit eisiúna na hionstraimhe íocaíochta nó suíomh an chuntais íocaíochta laistigh den Aontas.

ROINN 4

Faireachán cáilíochta

Airteagal 17

Faireachán cáilíochta

1. Déanfaidh na comhordaitheoirí náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 28, agus an Coimisiún faireachán, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, ar bhonn rialta i dtaobh an bhfuil an fhaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna atá ar fáil tríd an bpointe rochtana á gcomhlíonadh i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 8 go hAirteagal 13 agus in Airteagal 16. Is bunaithe ar na sonraí a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 24 agus Airteagal 25 a dhéanfar an faireachán.
2. I gcás meath ar cháilíocht na faisnéise, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh nó réitigh fadhbanna dá dtagraítear i mír 1, ar seirbhísí iad a sholáthraíonn na húdaráis inniúla, déanfaidh an Coimisiún, agus aird á tabhairt ar a thromchúisí agus a mharthanaí atá an meath sin, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:
 - (a) comhordaitheoir náisiúnta ábhartha na tairsí a chur ar an eolas agus bearta ceartaitheacha a iarraidh;
 - (b) gníomhartha molta a chur isteach lena phlé ag grúpa comhordaithe an phointe rochtana chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta a fheabhsú;
 - (c) litir ina ndéantar moltaí a sheoladh chuig an mBallstát lena mbaineann;
 - (d) an fhaisnéis, an nós imeachta nó an tseirbhís cúnamh nó réitigh fadhbanna a dhícheangal go sealadach ón bpointe rochtana.
3. I gcás nach ndéanann seirbhís cúnamh nó réitigh fadhbanna a gcuirtear naisc chuici ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 7 (3) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11 agus in Airteagal 16 a chomhlíonadh go comhsheasmhach, nó nach gcomhlíonann sí riachtanais na n-úsáideoirí a thuilleadh, rud a léirítear leis na sonraí a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 24 agus Airteagal 25, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcomhordaitheoir náisiúnta ábhartha agus, i gcás inar gá, le grúpa comhordaithe an phointe rochtana, an tseirbhís sin a dhícheangal ón bpointe rochtana.

CAIBIDIL IV

RÉITIGH THEICNIÚLA

Airteagal 18

Comhéadan coiteann úsáideora

1. Cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, comhéadan coiteann úsáideora ar fáil, atá comhtháite i dtairseach "An Eoraip Agatsa", chun feidhmiú cuí an phointe rochtana a áirithiú.
2. Leis an gcomhéadan coiteann úsáideora, tabharfar rochtain ar an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh nó réitigh fadhbanna trí naisc a thabhairt chuig na suíomhanna nó leathanaigh gréasáin ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a áirítear sa stór do naisc dá dtagraítear in Airteagal 19.

3. Ag gníomhú dóibh i gcomhréir lena ról agus lena bhfreagrachtaí faoi seach, dá bhforáiltear in Airteagal 4, áiríteoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis faoi rialacha agus faoi cheanglais, faoi nósanna imeachta agus faoi sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a eagrú agus a dhéanamh ar shlí a chuireann lena n-inaimsitheacht sa chomhéadan coiteann úsáideora.
4. Áiríteoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh an comhéadan coiteann úsáideora na ceanglais cháilíochta seo a leanas:
 - (a) beidh sé éasca le húsáid;
 - (b) beidh sé inrochtana ar líne trí ghléasanna leictreonacha éagsúla;
 - (c) déanfar é a fhorbairt agus a optamú do bhrabhsálaithe éagsúla gréasáin;
 - (d) comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas maidir le hinrochtaineacht gréasáin: inbhraiteacht, inoibritheacht, intuigtheacht agus stóinseacht.
5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos ceanglais idir-inoibritheachta chun feabhas a chur ar infhaighteacht na faisnéise faoi rialacha agus faoi oibleagáidí, faoi nósanna imeachta agus faoi sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna tríd an gcomhéadan coiteann úsáideora. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

Airteagal 19

Stór do nasc

1. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, stór leictreonach nasc chuig an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a bhunú agus a chothabháil, a fhágfaidh go mbeifear in ann nascadh idir na seirbhísí sin agus an comhéadan coiteann úsáideora.
2. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil sa stór nasc, na nasc chuig an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna is féidir a rochtain ar na leathanaigh ghréasáin a bhainistítear ar leibhéal an Aontais, agus coinneoidh sé na nasc sin cruinn agus cothrom le dáta.
3. Cuirfidh na comhordaitheoirí náisiúnta ar fáil an stór do nasc ina mbeidh na nasc chuig an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna is féidir a rochtain ar na leathanaigh ghréasáin a mbainistíonn údaráis inniúla nó eintitis phríobháideacha nó leathphríobháideacha dá dtagraítear in Airteagal 7(3) iad, agus coinneoidh sé na nasc sin cruinn agus cothrom le dáta.
4. Nuair a cheadaítear sin leis an teicneolaíocht, féadfar soláthar na nasc, dá dtagraítear i mír 3, a dhéanamh go huathoibríoch idir córais theicniúla ábhartha na mBallstát agus an stór nasc.
5. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a áirítear sa stór do nasc ar fáil don phobal i bhformáid oscailte atá inléite ag meaisín.
6. Áiríteoidh an Coimisiún agus na comhordaitheoirí náisiúnta nach mbeidh aon dúbláil neamhriachtanach, bíodh sí iomlán nó páirteach, agus forluí, ar dóigh di mearbhall a chur ar úsáideoirí, ag na nasc chuig an bhfaisnéis agus na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnamh nó réitigh fadhbanna a thairgtear tríd an bpointe rochtana.
7. I gcás ina bhforáiltear, i bhforálacha eile de chuid dhlí an Aontais, maidir le faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur ar fáil, féadfaidh an Coimisiún agus na comhordaitheoirí náisiúnta nasc chuig an bhfaisnéis sin a sholáthar chun ceanglais an Airteagail sin a chomhlíonadh.

Airteagal 20

An cuardaitheoir coiteann seirbhísí cúnamh

1. Chun rochtain a éascú ar sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a liostaítear in Iarscríbhinn III nó dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus (3), áiríteoidh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún go mbeidh úsáideoirí in ann iad a rochtain trí chuardaitheoir coiteann seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna (“an cuardaitheoir coiteann seirbhísí cúnamh”) atá ar fáil tríd an bpointe rochtana.
2. Déanfaidh an Coimisiún an cuardaitheoir coiteann seirbhísí cúnamh a fhorbairt agus a bhainistiú agus cinfidh sé an struchtúr agus an fhormáid nach mór an cur síos ar na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna agus a sonraí teagmhála a sholáthar chun feidhmiú cuí an chuardaitheora choitinn seirbhísí cúnamh a éascú.
3. Soláthróidh na comhordaitheoirí náisiúnta an cur síos agus na sonraí teagmhála dá dtagraítear i mír 2 don Choimisiún.

*Airteagal 21***Freagrachtaí as feidhmchláir TFC lena dtacaítear leis an bpointe rochtana**

1. Beidh an Coimisiún freagrach as forbairt, infhaighteacht, faireachán, nuashonrú, cothabháil, slándáil agus óstáil na bhfeidhmchlár TFC agus na leathanach gréasáin seo a leanas:

- (a) an tairseach Eoraip Agatsa dá dtagraítear in Airteagal 2(1);
- (b) an comhéadan coiteann úsáideora dá dtagraítear in Airteagal 18(1), lena n-áirítear an t-inneall cuardaigh nó aon uirlis eile TFC lenar féidir faisnéis ar an idirlíon agus seirbhísí a chuardach;
- (c) an stór do naisc dá dtagraítear in Airteagal 19(1);
- (d) an cuardaitheoir coiteann seirbhísí cúnamh dá dtagraítear in Airteagal 20(1);
- (e) na huirlisí aiseolais úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 25(1) agus i bpointe (a) d'Airteagal 26(1).

Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun na feidhmchláir TFC a fhorbairt.

2. Beidh na Ballstáit freagrach as forbairt, infhaighteacht, faireachán, nuashonrú, cothabháil agus slándáil na bhfeidhmchlár TFC a bhaineann lena suíomhanna náisiúnta agus leis na leathanaigh ghréasáin atá á mbainistiú acu féin agus atá nasctha chuig an gcomhéadan coiteann úsáideora.

CAIBIDIL V

CUR CHUN CINN*Airteagal 22***Ainm, lógó agus lipéad cáilíochta**

1. Maidir leis an ainm a chuirfear in iúl agus a chuirfear chun cinn don phobal i gcoitinne, tabharfar “*Your Europe*” ar an bpointe rochtana.

Maidir leis an lógó lena gcuirtear an pointe rochtana in iúl agus lena gcuirtear é chun cinn don phobal i gcoitinne, is é an Coimisiún a chinnefidh é i ndlúthchomhar le grúpa comhordaithe an phointe rochtana, faoin 12 Meitheamh 2019 ar a dhéanaí

Déanfar lógó an phointe rochtana agus nasc don pointe rochtana infheicthe ar shuíomhanna gréasáin ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar shuíomhanna gréasáin ábhartha ar an leibhéal náisiúnta atá nasctha leis an bpointe rochtana.

2. D'fhonn a chruthú go bhfuiltear tar éis cloí leis na ceanglais cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11, beidh ainm agus lógó an phointe rochtana ina lipéad cáilíochta freisin. Mar sin féin, ní úsáidfear lógó an phointe rochtana ach mar lipéad cáilíochta ag leathanaigh gréasáin agus ag suíomhanna gréasáin a áirítear sa stór do naisc dá dtagraítear in Airteagal 19.

*Airteagal 23***Cur chun cinn**

1. Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún feasacht ar an bpointe rochtana agus úsáid na tairsí chun cinn i measc saoránach agus gnólachtaí agus áiritheoidh siad go bhfuil an pointe rochtana agus a cuid faisnéise, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna feiceálach don phobal agus gur féidir leis an bpobal iad a aimsiú go héasca trí innill cuardaigh a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a sholáthar.

2. Comhordóidh na Ballstáit agus an Coimisiún na gníomhaíochtaí cur chun cinn dá dtagraítear i mír 1 agus tagróidh siad don pointe rochtana agus úsáidfídh siad a lógó sna gníomhaíochtaí sin mar aon le haon ainmneacha branda eile, de réir mar is iomchuí.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go mbeidh an pointe rochtana so-aimsithe trí na suíomhanna gréasáin gaolmhara a bhfuil siad freagrach astu, agus go mbeidh naisc shoiléire chuig an gcomhéadan coiteann úsáideora ar fáil ar gach suíomh gréasáin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

4. Cuirfidh na comhordaitheoirí náisiúnta an pointe rochtana chun cinn laistigh do na húdaráis náisiúnta.

CAIBIDIL VI

BAILIÚ AISEOLAIS Ó ÚSÁIDEOIRÍ AGUS STATISTICÍ ÚSÁIDEOIRÍ

Airteagal 24

Staidreamh úsáideoirí

1. Chun feidhmiúlacht an phointe rochtana a fheabhsú, áiritheoidh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún go mbaileofar staidreamh faoi chuairteanna úsáideoirí ar an bpointe rochtana agus faoi na leathanaigh ghréasáin a nascann an pointe rochtana chucu, ar bhealach a áiritheoidh anaithnideacht na n-úsáideoirí.
2. Déanfaidh na húdaráis inniúla, soláthróirí na seirbhísí cúnaimh nó réitigh fadhbanna dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus an Coimisiún líon, bunús agus ábhar na n-iarrataí ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna agus a n-agaí freagartha a bhailiú agus a mhalartú agus léireofar na figiúirí mar fhigiúirí comhiomlána.
3. An staidreamh a bhaileofar i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 i ndáil leis an bhfaisnéis, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a bhfuil nasc ag an bpointe rochtana leo, áireofar ina measc na catagóirí sonraí seo a leanas:
 - (a) sonraí maidir le líon, bunadh, agus cineál úsáideoirí an phointe rochtana;
 - (b) sonraí maidir le roghanna úsáideoirí agus le turais úsáideoirí;
 - (c) sonraí maidir le hinúsáidteacht, infhaighteacht agus cáilíocht na faisnéise, na nósanna imeachta, agus na seirbhísí réitigh fadhbanna.

Déanfar na sonraí sin a chur ar fáil don phobal i bhformáid oscailte, a úsáidtear go coiteann agus atá inléite ag measín.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos modh bailithe agus malartaithe an staidreamh úsáideora dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

Airteagal 25

Aiseolas ó úsáideoirí faoi sheirbhísí an phointe rochtana

1. Chun faisnéis dhíreach a bhailiú ó úsáideoirí faoina shásta atá siad leis na seirbhísí a sholáthraítear tríd an bpointe rochtana agus leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil inti, soláthróidh an Coimisiún uirlis aiseolais sholáimhsithe d'úsáideoirí an phointe rochtana a chuirfidh ar chumas úsáideoirí aiseolas a sholáthar, lena ligfear dóibh, díreach tar éis dóibh ceann ar bith de na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a úsáid, tuairim gan ainm a chur in iúl maidir le cáilíocht agus infhaighteacht na seirbhísí a sholáthraítear tríd an bpointe rochtana, leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil inti agus le cáilíocht agus infhaighteacht an chomhéadain choitinn úsáideora.
2. Déanfaidh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún a áirithiú gur féidir le húsáideoirí rochtain a bheith acu ar an uirlis sin dá dtagraítear i mír 1 ar gach leathanach gréasáin atá mar chuid den pointe rochtana.
3. Beidh rochtain dhíreach ag an gCoimisiún, ag na húdaráis inniúla agus ag na comhordaitheoirí náisiúnta ar an aiseolas ó úsáideoirí a bhailítear tríd an uirlis dá dtagraítear i mír 1 chun chríocho aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna a tharraingítear anuas.
4. Ní cheanglaítear ar na húdaráis inniúla rochtain a thabhairt d'úsáideoirí ar a gcuid leathanach gréasáin ar cuid den pointe rochtana iad ar an uirlis aiseolais dá dtagraítear i mír 1, i gcás ina mbíonn uirlis aiseolais eile le feidhmíochtaí comhchosúla maidir leis an uirlis aiseolais dá dtagraítear i mír 1 ar fáil cheana ar a gcuid leathanach gréasáin chun chríocho faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse. Baileoidh na húdaráis inniúla an taiseolas ó úsáideoirí a fhaightear trína n-uirlis aiseolais úsáideoirí féin agus roinnfidh siad é leis an gCoimisiún agus le comhordaitheoirí náisiúnta na mBallstát eile.
5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar rialacha síos maidir le bailiú agus comhroinnt an aiseolais ó úsáideoirí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

Airteagal 26

Tuairisciú ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh

1. Déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:
 - (a) uirlis sholáimhsithe a sholáthar d'úsáideoirí an phointe rochtana chun aon bhacainní a dtagann siad orthu agus a gcearta i ndáil leis an margadh inmheánach á bhfeidhmiú acu a chur in iúl agus aiseolas a thabhairt fúthu ar bhonn anaithnid;

- (b) faisnéis chomhiomlánaithe a bhailiú ó na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna atá mar chuid den phointe rochtana maidir le hábhar na n-iarrataí agus freagraí.
2. Beidh rochtain dhíreach ag an gCoimisiún, ag na húdaráis inniúla, agus ag na comhordaitheoirí náisiúnta ar an aiseolas a bailíodh i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1.
3. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún anailís agus imscrúdú ar na fadhbanna a tharraingíonn na húsáideoirí anuas de bhun an Airteagail seo agus tabharfaidh siad aghaidh orthu ar bhealach iomchuí nuair is féidir.

Airteagal 27

Forléargais achoimre ar líne

Maidir le forléargais achoimre ar na fadhbanna a eascraíonn as an bhfaisnéis a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 26(1), ar na príomhstaitisticí úsáideora dá dtagraítear in Airteagal 24 agus ar an bpríomh-staidreamh úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 25, déanfaidh an Coimisiún iad a fhoilsiú ar líne i bhfoirm anaithnid.

CAIBIDIL VII

RIALACHAS AN PHOINTE ROCHTANA

Airteagal 28

Comhordaitheoirí náisiúnta

1. Ceapfaidh gach Ballstát comhordaitheoir náisiúnta. De bhreis ar na hoibleagáidí atá orthu i gcomhréir le hAirteagail 7, 19, 20, 23 agus 25, déanfaidh na comhordaitheoirí náisiúnta na nithe seo a leanas:
- (a) gníomhú mar phointe teagmhála riaracháin i ndáil le gach ábhar a bhaineann leis an bpointe rochtana;
- (b) cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 9 go go hAirteagal 16 a chur chun cinn laistigh d'údarais inniúla náisiúnta;
- (c) a áirithiú go gcuirfead na moltaí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 17(2) chun feidhme i gceart.
2. Féadfaidh gach Ballstát, i gcomhréir lena struchtúr inmheánach riaracháin, comhordaitheoir amháin nó níos mó a cheapadh chun ceann amháin nó níos mó de na cúraimí a liostaítear i mír 1 a dhéanamh, i gcomhréir lena struchtúr inmheánach riaracháin. Comhordaitheoir náisiúnta amháin do gach Ballstát a bheidh freagrach as gach teagmháil a dhéanfar leis an gCoimisiún i ndáil le gach ábhar a bhaineann leis an bpointe rochtana.
3. Tabharfaidh gach Ballstát eolas do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi ainm agus sonraí teagmhála a chomhordaitheora náisiúnta.

Airteagal 29

An Grúpa Comhordaithe

Leis seo, bunaítear grúpa comhordaithe (“grúpa comhordaithe an phointe rochtana”). Beidh sé comhdhéanta de chomhordaitheoir náisiúnta amháin ó gach Ballstát agus déanfaidh ionadaí ón gCoimisiún cathaoirleacht air. Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta. Soláthróidh an Coimisiún an rúnaíocht don ghrúpa.

Airteagal 30

Cúraimí ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana

1. Tacóidh grúpa comhordaithe an phointe rochtana le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Déanfaidh sé na nithe seo a leanas go háirithe:
- (a) malartú agus nuashonrú rialta ar na dea-chleachtais a éascú;
- (b) úsáid nósanna imeachta atá go hiomlán ar líne a spreagadh, ar nósanna imeachta iad a théann thar a bhfuil san áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, chomh maith le modhanna fiordheimhniithe, sainaitheantais agus sínithe ar líne, go háirithe iad mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;
- (c) feabhsuithe a phlé maidir le cur i láthair soláimhsithe faisnéise laistigh de na réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn I, go háirithe ar bhonn na sonraí a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 24 agus Airteagal 25;
- (d) cuidiú leis an gCoimisiún réitigh choiteanna TCF a fhorbairt lena dtacófar leis an bpointe rochtana;
- (e) an dréachtchlár oibre bliantúil a phlé;
- (f) cuidiú leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chlár oibre bhliantúil;

- (g) faisnéis bhreise a sholáthraítear i gcomhréir le hAirteagal 5 a phlé d'fhonn Ballstáit eile a spreagadh chun faisnéis chomhchosúil a sholáthar, i gcás ina mbíonn sí ábhartha do na húsáideoirí;
 - (h) cuidiú leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 8 go hAirteagal 16, i gcomhréir le hAirteagal 17;
 - (i) eolas a thabhairt faoi chur chun feidhme Airteagal 6(1);
 - (j) gníomhartha a phlé agus a mholadh do na húdaráis inniúla agus don Choimisiún chun dúbláil neamhriachtanach na seirbhísí atá ar fáil tríd an bpointe rochtana a sheachaint nó a dhíothú;
 - (k) tuairimí a sholáthar faoi nósanna imeachta nó bearta chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar aon fhadhbanna a tharraingíonn úsáideoirí anuas maidir le cáilíocht na seirbhísí, nó moltaí a sholáthar maidir le feabhsú cháilíocht na seirbhísí;
 - (l) cur i bhfeidhm phrionsabail na slándála trí dhearadh agus na príobháideachta trí dhearadh a phlé i gcomhthéacs an Rialacháin seo;
 - (m) saincheisteanna a phlé a bhaineann le bailiú aiseolas agus staidreamh úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 24 agus Airteagal 25, chun go ndéanfar na seirbhísí a thairgtear ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a fheabhsú go leanúnach;
 - (n) plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le ceanglais cháilíochta na seirbhísí a thairgtear ar an bpointe rochtana;
 - (o) dea-chleachtais a mhalartú agus cabhrú leis an gCoimisiún maidir le heagrú, struchtúr agus cur i láthair na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), chun dea-fheidhmiú an chomhéadain choitinn úsáideoira a chumasú;
 - (p) cabhrú leis an gcur chun cinn comhordaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
 - (q) obair i gcomhar le comhlachtaí rialachais nó seirbhísí na líonraí faisnéise agus cúnaimh nó réitigh fadhbanna;
 - (r) treoir a thabhairt maidir le teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla breise an Aontais a úsáidfidh na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagail 9(2), 10(4) agus 11(2), agus pointe (a) d'Airteagal 13(2).
2. Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle le grúpa comhordaithe an phointe rochtana i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 31

Clár oibre bliantúil

1. Glacfaidh an Coimisiún an clár oibre bliantúil ina sonrú na nithe seo a leanas go háirithe:
 - (a) gníomhartha chun feabhas a chur le cur i láthair faisnéise laistigh de na réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus chun cur chun feidhme tráthúil na gceanglas i dtaca le faisnéis a sholáthar ag údaráis inniúla ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar leibhéal an bhardais, a áirithiú;
 - (b) gníomhartha chun comhlíonadh Airteagal 6 agus Airteagal 13 a éascú;
 - (c) gníomhartha a theastaíonn chun comhlíonadh comhsheasmhach na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 9 go hAirteagal 12 a áirithiú;
 - (d) gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun cinn an phointe rochtana i gcomhréir le hAirteagal 23.
2. Le linn dó an dréachtchlár oibre bliantúil a ullmhú, déanfaidh an Coimisiún an staidreamh úsáideoirí agus an t-aiseolas ó úsáideoirí a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 24 agus Airteagal 25 a chur san áireamh, chomh maith le haon mholtaí a rinne na Ballstáit. Sula nglacfar é, cuirfidh an Coimisiún an dréachtchlár oibre bliantúil faoi bhráid an ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana lena phlé.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 32

Costais

1. Is ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a íocfar na costais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
 - (a) forbairt agus cothabháil na n-uirlisí TFC lena dtacaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo ar leibhéal an Aontais;

- (b) cur chun cinn an phointe rochtana ar leibhéal an Aontais;
- (c) faisnéis, míniúcháin agus treoracha i gcomhréir le hAirteagal 12 a aistriú laistigh d'uasmhéid bliantúil in aghaidh an Bhallstáit, gan dochar d'ath-leithdháileadh a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcás inar gá sin chun gur féidir an buiséad a bheidh ar fáil a úsáid ina iomláine.
2. Is ó bhuiséid na mBallstát faoi seach, mura bhforáiltear dá mhalairt i reachtaíocht an Aontais, a íocfar na costais a bhaineann le tairseacha gréasáin náisiúnta, ardáin faisnéise, seirbhísí cúnamh agus nósanna imeachta a bhunaítear ar leibhéal na mBallstát.

Airteagal 33

Sonraí pearsanta a chosaint

Maidir le próiseáil na sonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo ag údaráis inniúla comhlíonfaidh sí Rialachán (AE) Uimh. 2016/679. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún faoi chuimsiú an Rialacháin seo, comhlíonfaidh sí Rialachán (AE) 2018/1725 .

Airteagal 34

Comhar le líonraí eile faisnéise agus cúnamh

1. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, cinnfidh an Coimisiún cé na socrúithe neamhfhoirmiúla rialachais atá ann cheana maidir le haon cheann de na seirbhísí cúnamh nó réitigh fadhbanna a liostaítear in Iarscríbhinn III nó maidir le haon cheann de na réimsí faisnéise a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a mbeidh grúpa comhordaithe an phointe rochtana freagrach astu.
2. I gcás inar cruthaíodh seirbhísí nó líonraí faisnéise agus cúnamh le gníomh dlí-cheangailteach de chuid an Aontais maidir le haon cheann de na réimsí faisnéise a chumhdaítear le hIarscríbhinn I, comhordóidh an Coimisiún obair ghrúpa comhordaithe an phointe rochtana agus chomhlachtaí rialachais na seirbhísí nó na líonraí sin d'fhonn sineirgí a bhaint amach agus dúbláil a sheachaint.

Airteagal 35

Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh

1. Bainfear úsáid as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, chun críocha Airteagal 6(4) agus Airteagal 15 agus i gcomhréir leo.
2. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh IMI a úsáid mar an stór leictreonach do naisc dá dtagraítear in Airteagal 19(1).

Airteagal 36

Tuairisciú agus athbhreithniú

Tráth nach déanaí ná 12 Nollaig 2022 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil mheasúnachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar fheidhmiú an phointe rochtana agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, bunaithe ar an staidreamh agus ar an aiseolas arna mbailiú i gcomhréir le hAirteagal 24, Airteagal 25 agus Airteagal 26. San athbhreithniú sin, déanfar meastóireacht ar raon feidhme Airteagal 14 go háirithe, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta, margaidh agus dlí a bhaineann le malartú fianaise idir údaráis inniúla.

Airteagal 37

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 38

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

“Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar rialacha síos le haghaidh úsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) le haghaidh comhar riaracháin i measc na ngníomhaithe IMI, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta.”;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 1:

“1. Bainfear úsáid as IMI le haghaidh malartuithe faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i measc ghníomhaithe IMI agus le haghaidh phróiseáil na faisnéise sin chun ceachtar de na críocha seo a leanas:

(a) comhar riaracháin a éilítear i gcomhréir leis na gníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn;

(b) comhar riaracháin faoi réir treoirhionscadail a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 4.”;

(3) in Airteagal 5, leasaítear an dara mír mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) ciallaíonn ‘IMI’ an uirlis leictreonach sin de chuid an Choimisiúin dar feidhm an comhar riaracháin a éascú i measc na gníomhaithe IMI.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) ciallaíonn ‘comhar riaracháin’ an comhar idir gníomhaithe IMI trí fhaisnéis a mhalartú agus a phróiseáil chun críche dlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

“(g) ciallaíonn ‘gníomhaithe IMI’ na húdaráis inniúla, comhordaitheoirí IMI, an Coimisiún agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.”;

(4) in Airteagal 8(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(f) comhordú le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a áirithiú agus rochtain ar IMI a dheonú dóibh”;

(5) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 4:

“4. Cuirfidh na Ballstáit, an Coimisiún agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais modhanna iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go ligfear d’úsáideoirí IMI rochtain a fháil ar shonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI ar bhonn riachtanais, agus air sin amháin, agus laistigh den réimse nó de na réimsí de chuid an mhargaidh inmheánaigh inar deonaíodh cearta rochtana dóibh i gcomhréir le mír 3, agus laistigh den réimse sin nó de na réimsí sin amháin.”;

(6) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo agus as cur i bhfeidhm na bhforálacha sin a áirithiú, nuair atá an Coimisiún nó comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais ag próiseáil sonraí pearsanta ina ról mar ghníomhaithe IMI. Beidh feidhm ag na dualgais agus na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 57 agus Airteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 (*) dá réir.

(*) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295 an 21.11.2018, lch. 39) .”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ag gníomhú dóibh laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, oibreoidh na hÚdaráis Náisiúnta Mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhar le chéile chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht chomhordaithe ar IMI agus ar an úsáid a bhaineann gníomhaithe IMI as i gcomhréir le hAirteagal 62 de [Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725].”;

(c) scriostar mír 4;

(7) in Airteagal 29, scriostar mír 1;

(8) san Iarscríbhinn, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

“11. Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (*): Airteagal 56, Airteagal 60 go hAirteagal 66 agus Airteagal 70(1).

12. Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le phointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (**): Airteagal 6 (4), Airteagal 15 agus Airteagal 19.

(*) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

(**) IO L295, 21.11.2018, lch. 39^o.

Airteagal 39

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2, Airteagal 4, Airteagail 7 go 12, Airteagal 16, Airteagal 17, Airteagal 18(1) go (4), Airteagal 19, Airteagal 20, Airteagal 24(1), (2) agus (3), Airteagal 25(1) go (4), Airteagal 26 agus Airteagal 27 ón 12 Nollaig 2020.

Beidh feidhm ag Airteagal 6, Airteagal 13, Airteagal 14(1) go (8) agus (10) agus Airteagal 15 ón 12 Nollaig 2023.

D'ainneoin dháta chur i bhfeidhm Airteagail 2, 9, 10 agus 11, cuirfidh na údaráis bhargasacha an fhaisnéis, na míniúcháin agus na treoracha dá dtagraítear sna hAirteagail sin ar faoin 12 Nollaig 2022 ar a dheanaí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 2 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BOGNER-STRAUSS

IARSCRÍBHINN I

Liosta de réimsí faisnéise atá ábhartha do shaoránaigh agus gnólachtaí atá ag feidhmiú a gceart i ndáil leis an margadh inmheánach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2)

Réimsí faisnéise a bhaineann le saoránaigh:

Réimse	FAISNÉIS FAOI CHEARTA, OIBLEAGÁIDÍ AGUS RIALACHA A EASCRAÍONN AS DLÍ AN AONTAIS AGUS AS AN DLÍ NÁISIÚNTA
A. Taisteal laistigh den Aontas	<ol style="list-style-type: none"> doiciméid nach mór a bheith ag saoránaigh an Aontais, daoine muinteartha leo nach saoránaigh den Aontas iad, mionaoisigh atá ag taisteal ina n-aonar agus saoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad nuair atá siad ag taisteal thar theorainneacha laistigh den Aontas (cárta aitheantais, víosa, pas) cearta agus oibleagáidí daoine agus iad ag taisteal ar eitleán, ar an traein, ar bhord loinge agus ar an mbus san Aontas agus amach as, agus cearta agus oibleagáidí daoine a cheannaíonn pacáistí taistil nó socruithe taistil gaolmhara cúnamh i gcás soghluaisteacht laghdaithe daoine agus iad ag taisteal san Aontas agus amach as iompar ainmhithe, plandaí, alcóil, tobac, toitíní agus earraí eile ag daoine agus iad ag taisteal san Aontas guthghlaonna a chur agus teachtaireachtaí leictreonacha agus sonraí leictreonacha a sheoladh agus a fháil laistigh den Aontas
B. Obair agus scor laistigh den Aontas	<ol style="list-style-type: none"> fostaíocht a lorg i mBallstát eile fostaíocht a ghlacadh i mBallstát eile aitheantas do cháilíochtaí d'fhonn fostaíocht a fháil i mBallstát eile cáin i mBallstát eile rialacha maidir le dliteanas agus le hárachas éigeantacha atá nasctha le cónaí nó fostaíocht i mBallstát eile téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, lena n-áirítear d'oibríthe ar postú, mar a sonraítear i ndlíthe nó in ionstraim reachtúil (lena n-áirítear faisnéis maidir le huaireanta oibre, saoire íochta, teidlíochtaí saoire, cearta agus oibleagáidí maidir le ragobair, scrúduithe sláinte, foirceannadh conarthaí, briseadh as post agus iomarcaíochtaí) cóir chomhionann (rialacha a chuireann cosc ar idirdhealú san áit oibre, rialacha maidir le pá comhionann d'fhir agus do mhná, pá comhionann d'fhostaithe ar chonarthaí téarma sheasta/fostaíochta buaine) oibleagáidí sláinte agus sábháilteachta maidir le cineálacha difriúla gníomhaíochta cearta agus oibleagáidí slándála sóisialta san Aontas, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le pinsin a fháil
C. Feithiclí san Aontas	<ol style="list-style-type: none"> mótarfheithicil a thabhairt go sealadach nó go buan chuig Ballstát eile ceadúnas tiomána a fháil agus a athnuachan árachas mhótarfheithicilí éigeantach a ghlacadh mótarfheithicil a cheannach agus a dhíol i mBallstát eile rialacha náisiúnta tráchta agus ceanglais ar thiománaithe, lena n-áirítear rialacha ginearálta maidir le húsáid an bhonneagair bóthair náisiúnta: muirir ambhunaithe (greamán), muirir acharbhunaithe (dola), greamáin astaíochtaí

Réimse	FAISNÉIS FAOI CHEARTA, OIBLEAGÁIDÍ AGUS RIALACHA A EASCRAÍONN AS DLÍ AN AONTAIS AGUS AS AN DLÍ NÁISIÚNTA
D. Cónaí i mBallstát eile	<ol style="list-style-type: none"> 1. bogadh chuig Ballstát eile go sealadach nó go buan 2. ceannach agus díol maoine dochorraithe, lena n-áirítear aon choinníollacha agus oibleagáidí a bhaineann le cánachas, úinéireacht nó úsáid maoine, lena n-áirítear mar áit chónaithe thánaisteach 3. páirt a ghlacadh i dtoghcháin bhargasacha agus toghcháin chuig Parlaimint na hEorpa 4. ceanglais ar shaoránaigh an Aontais agus a ndaoine muinteartha maidir le cártaí cónaithe a bheith acu, lena n-áirítear daoine muinteartha nach saoránaigh den Aontas iad 5. coinníollacha is infheidhme don eadóirseachta náisiúnaigh ó Bhallstát eile 6. rialacha is infheidhme i gcás báis, lena n-áirítear rialacha maidir le haisdúichiú coirp chuig Ballstát eile
E. Oideachas nó cúrsa oiliúna i mBallstát eile	<ol style="list-style-type: none"> 1. córas oideachais i mBallstát eile, lena n-áirítear oideachas agus cúram luath-óige, bunoidreachas agus meánoideachas, ardoideachas agus foghlaim aosach 2. obair dheonach a dhéanamh i mBallstát eile 3. cúrsaí oiliúna i mBallstát eile 4. taighde a dhéanamh i mBallstát eile mar chuid de chlár oideachais
F. Cúram sláinte	<ol style="list-style-type: none"> 1. cóireáil leighis a fháil i mBallstát eile 2. táirgí cógaisíochta ordaithe a cheannach ar líne nó go pearsanta i mBallstát nach ionann é agus an Ballstát inar eisíodh an t-oideas 3. rialacha árachais sláinte is infheidhme i gcás ghearrfhanacht nó fadfhanacht i mBallstát eile, lena n-áirítear conas iarratas a dhéanamh ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte 4. creat ginearálta faisnéise maidir le cearta nó oibleagáidí rochtana chun rannpháirt a ghlacadh i mbearta cúraim sláinte coisctheacha poiblí atá ar fáil 5. seirbhísí a sholáthraítear trí uimhreacha náisiúnta éigeandála, lena n-áirítear uimhir “112” agus uimhir “116” 6. cearta agus coinníollacha le haghaidh bogadh chuig ionad cúraim chónaithe
G. Cearta saoránach agus teaghlaigh	<ol style="list-style-type: none"> 1. breith, coimeád leanaí mionaoiseacha, freagrachtaí ar thuismitheoirí, rialacha maidir le máthairionadaíocht agus uchtáil, lena n-áirítear uchtáil ag an dara tuismitheoir, oibleagáidí cothabhála maidir le leanaí in imthosca trasteorann teaghlaigh 2. cónaí mar lánúin ag a bhfuil náisiúntachtaí difriúla, lena n-áirítear lánúineacha comhghnéis (pósadh, páirtnéireacht shibhialta nó chláráithe, idirscaradh, colscaradh, cearta maoine pósta, cearta comhchónaitheoirí) 3. rialacha maidir le haitheantas inscne 4. cearta agus oibleagáidí maidir le comharbas i mBallstát eile, lena n-áirítear rialacha cánach 5. cearta agus rialacha is infheidhme i gcás fuadach leanaí trasteorann arna dhéanamh ag tuismitheoir

Réimse	FAISNÉIS FAOI CHEARTA, OIBLEAGÁIDÍ AGUS RIALACHA A EASCRAÍONN AS DLÍ AN AONTAIS AGUS AS AN DLÍ NÁISIÚNTA
H. Cearta tomhaltóirí	<ol style="list-style-type: none"> 1. earraí, inneachar digiteach nó seirbhísí (lena n-áirítear earraí agus seirbhísí airgeadais) a cheannach ar líne nó go pearsanta ó Bhallstát eile 2. cuntas bainc a choimeád i mBallstát eile 3. ceangal le fónais amhail gás, leictreachas, uisce, diúscairt dramhaíola tí, teileachumarsáid agus an t-idirlíon 4. íocaíochtaí, lena n-áirítear aistrithe creidmheasa, moilleanna ar íocaíochtaí trasteorann 5. cearta agus ráthaíochtaí tomhaltóirí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a cheannach, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí agus cúiteamh do thomhaltóirí 6. sábháilteacht agus slándáil táirgí tomhaltais 7. mótarfheithicil a thógáil ar cíós
I. Cosaint sonraí pearsanta	<ol style="list-style-type: none"> 1. cearta na n-ábhar sonraí maidir le cosaint sonraí pearsanta a fheidhmiú

Réimsí faisnéise a bhaineann le gnólachtaí:

Réimse	FAISNÉIS FAOI CHEARTA, OIBLEAGÁIDÍ AGUS RIALACHA
J. Gnólacht a thosú, a reáchtáil agus a dhúnadh	<ol style="list-style-type: none"> 1. gnólacht a chlárú, a dhúnadh nó a chineál dlíthiúil a athrú (nósanna imeachta clárúcháin agus foirmeacha dlí le haghaidh gnó a dhéanamh) 2. gnólacht a bhogadh chuig Ballstát eile 3. cearta maoiné intleachtúla (iarratas a dhéanamh ar phaitinn, trádmarc, líníocht nó dearadh a chlárú, ceadúnas atáirgthe a fháil) 4. cothroime agus trédhearcacht i gcleachtais tráchtála, lena n-áirítear cearta tomhaltóirí agus ráthaíochtaí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a dhíol 5. saoráidí ar líne a thairiscint le haghaidh íocaíochtaí trasteorann nuair atáthar ag díol earraí agus seirbhísí ar líne 6. cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as dlí na gconarthaí, lena n-áirítear ús ar riaráistí 7. imeachtaí dócmhainneachta agus leachtú cuideachtaí 8. árachas creidmheasa 9. cuideachtaí a chumasc nó gnólacht a dhíol 10. dlíteanas sibhialta stiúrthóirí cuideachta 11. rialacha agus oibleagáidí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil

Réimse	FAISNÉIS FAOI CHEARTA, OIBLEAGÁIDÍ AGUS RIALACHA
K. Fostaithe	<ol style="list-style-type: none"> 1. téarmaí fostaíochta a sonraítear síos i ndlíthe nó in ionstraim reachtúil (lena n-áirítear uaireanta oibre, saoire íochta, teidlíochtaí saoire, ceartha agus oibleagáidí maidir le ragobair, scrúduithe sláinte, foirceannadh conarthaí, briseadh as post agus iomarcaíochtaí) 2. ceartha agus oibleagáidí slándála sóisialta san Aontas (clárú mar fhostóir, fostaithe a chlárú, fógra a thabhairt d'fhostaí faoi dheireadh conartha, ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íoc, ceartha agus oibleagáidí a bhaineann le pinsin) 3. oibrithe a fhostú i mBallstáit eile (oibrithe a phostú, rialacha maidir le saoirse chun seirbhísí a chur ar fáil, ceanglais chónaithe d'oibrithe) 4. cóir chomhionann (rialacha lena dtoirmeasctar idirdhealú san áit oibre, rialacha maidir le pá comhionann d'fhir agus do mhná agus le pá comhionann d'fhostaithe ar chonarthaí téarma sheasta nó fostaíochta buaine) 5. rialacha maidir le hionadaíocht foirne
L. Cánacha	<ol style="list-style-type: none"> 1. CBL: faisnéis faoi na rialacha ginearálta, rátaí agus díolúintí, clárú le haghaidh CBL agus CBL a íoc, aisíocaíocht a fháil 2. dleachtanna máil: faisnéis faoi na rialacha ginearálta, rátaí agus díolúintí, clárú chun críocha cánach máil agus íocaíocht cánach máil, aisíocaíocht a fháil 3. dleachtanna custaim agus cánacha agus dleachtanna eile a bhailítear ó allmhairí 4. nósanna imeachta custaim d'allmhairí agus d'onnmhairí faoi Chód Custaim an Aontais 5. cánacha eile: íocaíocht, rátaí, tuairisceáin chánach
M. Earraí	<ol style="list-style-type: none"> 1. comhartha CE a fháil 2. rialacha agus ceanglais táirgí 3. caighdeán is infheidhme a shainnítear, sonraíochtaí teicniúla, agus táirgí a dheimhniú 4. aitheantas frithpháirteach do tháirgí nach bhfuil faoi réir shonraíochtaí an Aontais 5. ceanglais maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú do cheimiceáin ghuaiseacha 6. ciandíol/díol seacháitribh: faisnéis nach mór a thabhairt do chustaiméirí roimh ré, an Conradh a dheimhniú i scríbhinn, aistarraingt ó chonradh, na hearraí a sheachadadh, oibleagáidí sonracha eile 7. táirgí lochtacha: ceartha agus ráthaíochtaí tomhaltóirí, freagrachtaí iardhíola, modhanna sásaimh do pháirtí díobháilithe 8. deimhniúchán, lipéid (EMAS, lipéid fuinnimh, éicidhearthóireacht, éicilipéad AE) 9. athchúrsáil agus bainistíocht dramhaíola
N. Seirbhísí	<ol style="list-style-type: none"> 1. ceadúnais, údaruithe nó ceadanna a fháil d'fhonn gnólacht a thosú agus a fheidhmiú 2. fógra a thabhairt do na húdaráis faoi ghníomhaíochtaí trasteorann 3. aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint

Réimse	FAISNÉIS FAOI CHEARTA, OIBLEAGÁIDÍ AGUS RIALACHA
O. Gnólacht a chistiú	<ol style="list-style-type: none"> 1. rochtain a fháil ar mhaoiniú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear clár chistiúcháin agus deontais ghnó an Aontais 2. rochtain a fháil ar mhaoiniú ar an leibhéal náisiúnta 3. tionscnaimh atá dírithe ar fhiontraithe (malartuithe a eagraítear le haghaidh fiontraithe nua, clár mheantóireachta, etc.)
P. Conarthaí poiblí	<ol style="list-style-type: none"> 1. páirt a ghlacadh i dtairiscintí poiblí: rialacha agus nósanna imeachta 2. tairiscint a chur isteach ar líne mar fhreagairt do ghlaó poiblí ar thairiscintí 3. neamhrialtachtaí a thuirisciú maidir leis an bpróiseas tairisceana
Q. Sláinte agus sábháilteacht ag an obair	<ol style="list-style-type: none"> 1. oibleagáidí sláinte agus sábháilteachta maidir le cineálacha difriúla gníomhaíochta, lena n-áirítear rioscaí a chosc, faisnéis agus oiliúint

IARSCRÍBHINN II

Nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(1)

Imeachtaí saoil	Nósanna imeachta	Aschur ionchasach faoi réir measúnú ar an iarratas ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás inarb ábhartha
Breith	Iarratas a dhéanamh ar chruthúnas maidir le clárú breithe	Cruthúnas maidir le clárú breithe nó teastas breithe
Cónaí	Iarratas a dhéanamh ar chruthúnas maidir le cónaí	Deimhniú de chlárú ag an seoladh reatha
Staidéar a dhéanamh	Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú staidéir don oideachas treasach, amhail deontais agus iasachtaí staidéir ó chomhlacht poiblí nó ó institiúid phoiblí	Cinneadh faoin iarratas ar mhaoiniú nó admháil fála
	Iarratas tosaigh a thíolacadh ar chead isteach in institiúid oideachais tríú léibhéal phoiblí	Deimhniú go bhfuarthas an t-iarratas
	Aitheantas acadúil a iarraidh i gcás dioplómaí, teastas nó cruthúnas eile staidéir nó cúrsaí	Cinneadh ar an iarraidh ar aitheantas
Obair	Iarratas ar an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh i gcomhréir le Teideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ⁽¹⁾	Cinneadh maidir le reachtaíocht infheidhme
	Fógra a thabhairt maidir le hathruithe i gcúinsí pearsanta nó gairmiúla an té a fhaigheann sochair slándála sóisialta, a bheidh ábhartha i dtaca leis na sochair sin	Deimhniú go bhfuarthas fógra faoi athruithe den sórt sin
	Iarratas ar Chárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS)	Cárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS)
	Dearbhú cánach ioncaim a thíolacadh	Deimhniú go bhfuarthas an dearbhú
Bogadh	Athrú ar sheoladh a chlárú	Deimhniú maidir leis an seoladh a bhí ag duine roimhe seo a dhíchlarú agus maidir leis an seoladh nua a chlárú
	Mótarfheithicil de thionscnamh nó atá cláraithe cheana féin i mBallstát, a chlárú, i nósanna imeachta caighdeánacha ⁽²⁾	Cruthúnas ar mhótarfheithicil a chlárú
	Greamáin a fháil chun críocha an bonneagar bóithre náisiúnta a úsáid: muirir ambhunaithe (greamán), muirir acharbhunaithe (dola), arna eisiúint ag comhlacht poiblí nó institiúid phoiblí	Greamán dola nó greamán nó cruthúnas eile ar íocaíocht a fháil
	Greamáin astaíochtaí a fháil arna n-eisiúint ag comhlacht poiblí nó institiúid phoiblí	Greamán astaíochtaí nó cruthúnas eile ar íocaíocht a fháil

Imeachtaí saoil	Nósanna imeachta	Aschur ionchasach faoi réir measúnú ar an iarratas ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás inarb ábhartha
Dul ar scor	Sochair phinsin agus sochair réamhscoir a éileamh ó scéimeanna éigeantacha	Deimhniú ar fháil an éilimh nó cinneadh ar an éileamh ar shochair phinsin nó réamhscoir
	Faisnéis a iarraidh maidir leis na sonraí a bhaineann le pinsean ó scéimeanna éigeantacha	Ráiteas de shonraí pearsanta pinsin
Gnólacht a thosú, a choiméad ar bun agus a dhúnadh	Fógra faoi ghníomhaíocht ghnó, cead ar ghníomhaíochta gnó a fheidhmiú, athruithe ar ghníomhaíocht ghnó agus foirceannadh gníomhaíocht ghnó nach mbaineann le nósanna imeachta dócmhainneachta nó leachtaithe, cé is moite den chéad uair a chláraítear gníomhaíocht ghnó leis an gclár gnó agus, cé is moite de na nósanna imeachta a bhaineann le bunú cuideachtaí nó gnólachtaí nó aon chomhdú ina dhiaidh sin ag cuideachtaí nó gnólachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 54 CFAE.	Deimhniú ar fháil an fhógra nó an athraithe, nó na hiarrata ar chead gníomhaíochta gnó
	Fostóir (duine nádúrtha) a chlárú le scéimeanna éigeantacha pinsean agus árachais	Deimhniú ar chlárú nó ar uimhir chlárúcháin leasa shóisialaigh
	Fostaithe a chlárú le scéimeanna éigeantacha pinsean agus árachais	Deimhniú ar chlárú nó ar uimhir chlárúcháin leasa shóisialaigh
	Dearbhú cánach corparáide a thíolacadh	Deimhniú go bhfuarthas an dearbhú
	Fógra a thabhairt do na scéimeanna slándála sóisialta faoi dheireadh conartha le fostaí, cé is moite de nósanna imeachta chun conarthaí fostaíthe a fhoirceannadh go comhchoiteann	Deimhniú go bhfuarthas an fógra
	Ranníocaíochtaí slándála sóisialta d'fhostaithe a íoc	Admháil nó foirm eile deimhnithe gur íocadh ranníocaíochtaí slándála sóisialta d'fhostaithe

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

⁽²⁾ Cumhdaítear leis seo na feithicil seo a leanas: (a) aon mhótarfeithicil nó leantóir mar a thagraítear dóibh in Airteagal 3 de Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1) agus (b) aon mhótarfeithicil ar a bhfuil dhá nó trí roth, bíodh nó ná bíodh rotha cúplacha orthu, ar feithicil í atá beartaithe chun taisteal ar an mbóthar, mar a thagraítear di in Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

IARSCRÍBHINN III

Liosta de na seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2)

- (1) Ionaid ilfhreastail ⁽¹⁾
- (2) Pointí Teagmhála do Tháirgí ⁽²⁾
- (3) Pointí Teagmhála do Tháirgí Foirgníochta ⁽³⁾
- (4) Lárionaid chúnamh náisiúnta um cháilíochtaí gairmiúla ⁽⁴⁾
- (5) Pointí Teagmhála don tSláinte ⁽⁵⁾
- (6) Líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta (EURES) ⁽⁶⁾
- (7) Réiteach díospóide ar líne (ODR) ⁽⁷⁾

-
- ⁽¹⁾ Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).
 - ⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 764/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar síos nósanna imeachta a bhaineann le rialacha náisiúnta teicniúla áirithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh go dleathach i mBallstát eile agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 3052/95/CE (IO L 218, 13.8.2008, lch. 21).
 - ⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).
 - ⁽⁴⁾ Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).
 - ⁽⁵⁾ Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).
 - ⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1).
 - ⁽⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach díospóide ar líne le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Rialachán maidir le ODR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 1).

RIALACHÁN (AE) 2018/1725 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2018

maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. In Airteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”) agus in Airteagal 16(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint. Ráthaítear an ceart sin freisin faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, tugtar cearta atá in-fhorfheidhmithe de réir dlí do dhaoine nádúrtha, sonraítear na hoibleagáidí maidir le próiseáil sonraí atá ar rialaitheoirí laistigh d’institiúidí agus de chomhlachtaí an Chomhphobail, agus cruthaítear údarás maoirseachta neamhspleách, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, atá freagrach as an bhfaireachán ar phróiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais. Níl feidhm aige, áfach, maidir le próiseáil sonraí pearsanta le linn gníomhaíochtaí de chuid institiúidí agus comhlachtaí an Aontais nach dtagann faoi raon feidhme dlí an Aontais.
- (3) Glacadh Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ ar an 27 Aibreán 2016. Cé go ndéantar rialacha ginearálta a leagan síos sa Rialachán chun daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus chun saorghluaiseacht sonraí pearsanta laistigh den Aontas a áirithiú, leagtar síos rialacha sonracha sa Treoir chun daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus chun saorghluaiseacht sonraí pearsanta laistigh den Aontas a áirithiú i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus an chomhair póilneachta.
- (4) Le Rialachán (AE) 2016/679 déantar foráil maidir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a oiriúnú chun creat daingean comhleanúnach a áirithiú do chosaint sonraí san Aontas, agus ionas go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm i gcomhthráth le Rialachán (AE) 2016/679.
- (5) Is ar mhaithe le cur chuige comhsheasmhach maidir le sonraí pearsanta a chosaint ar fud an Aontais, agus le saorghluaiseacht sonraí pearsanta laistigh den Aontas, go ndéanfaí na rialacha cosanta sonraí i ndáil le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a ailíniú a oiread agus is féidir leis na rialacha cosanta sonraí atá glactha don earnáil phoiblí sna Ballstáit. Tráth ar bith a leanann forálacha an Rialacháin seo na prionsabail

⁽¹⁾ IO C 288, 31.8.2017, lch. 107.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 11 Deireadh Fómhair 2018.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽⁵⁾ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údarás inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

chéanna leis na forálacha atá i Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart, faoi chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an “Cúirt Bhreithiúnais”), an dá thacar foráil sin a léiriú go haonchineálach, go háirithe mar gheall gur cheart a thuiscint go bhfuil scéim an Rialacháin seo coibhéiseach le scéim Rialachán (AE) 2016/679.

- (6) Ba cheart daoine a ndéanann institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil in aon chomhthéacs ar bith, mar shampla, mar gheall go bhfuil siad fostaithe ag na hinstitiúidí agus ag na comhlachtaí sin, a chosaint. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta daoine éagtha a phróiseáil. Leis an Rialachán seo ní chumhdaítear an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann le daoine dlítheanacha agus go háirithe gnóthais atá bunaithe mar dhaoine dlítheanacha, lena n-áirítear ainm agus foirm an duine dhlítheanaigh agus sonraí teagmhála an duine dhlítheanaigh.
- (7) Ionas nach gcruthófaí riosca tromchúiseach go dtarlódh imchéimniú, ba cheart daoine nádúrtha a chosaint ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus níor cheart don chosaint sin a bheith ag brath ar na teicníochtaí atá in úsáid.
- (8) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Ba cheart feidhm a bheith aige maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna uathoibríthe, agus maidir le sonraí pearsanta, ar cuid de chóras comhdúcháin iad nó atá beartaithe a bheith ina gcuid de chóras comhdúcháin, a phróiseáil trí mhodhanna seachas modhanna uathoibríthe. Níor cheart comhaid ná tacar comhad mar aon lena leathanaigh chumhdaigh, nach bhfuil struchtúraithe de réir critéir shonracha, teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (9) I nDearbhú Uimh. 21 maidir le sonraí pearsanta a chosaint i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus an chomhair póilíneachta, atá i gceangal le hionstraim chríochnaitheach na comhdhála idir-rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin, d’admhaigh an chomhdháil go bhféadfadh gá a bheith le rialacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus le saorghluaiseacht sonraí pearsanta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus an chomhair póilíneachta bunaithe ar Airteagal 16 CFAE mar gheall ar chineál sonracha an réimse sin. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag Caibidil ar leith den Rialachán seo ina bhfuil rialacha ginearálta maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, amhail sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun críocha imscrúdaithe choiriúil ag comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus an chomhair póilíneachta.
- (10) Le Treoir (AE) 2016/680 leagtar amach rialacha comhchuibhithe i ndáil le cosaint agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus cosc a dhéanamh ar na bagairtí sin. Chun an leibhéal céanna cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha trí chearta is in-fhorfheidhmithe le dlí ar fud an Aontais agus chun dibhéirseachtaí a chosc a chuireann isteach ar mhalartú sonraí pearsanta idir comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE agus údaráis inniúla sna Ballstáit, ba cheart do na rialacha maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a chosaint agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí pearsanta oibríochtúla a ndéanann comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí den sórt sin de chuid an Aontais próiseáil orthu a bheith comhsheasmhach le Treoir (AE) 2016/680.
- (11) Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha ginearálta na Caibidle den Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil gan dochar do na rialacha sonracha is infheidhme maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE. Ba cheart breathnú ar na rialacha sonracha sin mar *lex specialis* do na forálacha sa chaibidil den Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla (*lex specialis derogat legi generali*). Chun go laghdófaí ilroinnt dlí, ba cheart na rialacha sonracha sin a chosaint sonraí is infheidhme maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil ag comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE a bheith comhsheasmhach leis na prionsabail atá ina gcrann taca leis an gCaibidil den Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, chomh maith le forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le maoirseacht neamhspleách, leigheasanna, dlíteanas agus pionóis.
- (12) Ba cheart feidhm a bheith ag an gCaibidil den Rialachán seo i dtaobh sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil maidir le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE, cibé acu a fheidhmíonn siad na gníomhaíochtaí mar a bpríomhchúraimí nó a gcúraimí coimhdeacha chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Níor cheart feidhm a bheith aige maidir le *Europol* ná le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, áfach, go dtí go leasófar na gníomhartha dlí lena mbunaítear *Europol* agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh d’fhonn an Caibidil den Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil, de réir mar a chuirtear in oiriúint í, a dhéanamh infheidhme maidir leo.
- (13) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo, go háirithe an Caibidil den Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar ghníomhartha dlí eile arna nglacadh ar bhonn na gConarthaí a rialaíonn próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag

comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Caibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí de CFAE. Tar éis athbhreithniú den sórt sin, chun cosaint aonfhoirmeach agus comhsheasmhach daoine nádúrtha a áirithiú maidir le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart don Choimisiún bheith in ann aon tograí reachtacha iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear aon oiriúnuithe is gá ar an gCaibidil den Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla, d'fhonn í a chur i bhfeidhm maidir le *Europol* agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Ba cheart, leis na hoiriúnuithe, go gcuirfí san áireamh na forálacha a bhaineann le maoriseacht neamhspleách, le leigheasanna, le dliteanas agus le pionóis.

- (14) Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta riaracháin, amhail sonraí foirne ag comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhachtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE a chumhdach leis an Rialachán seo.
- (15) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais a dhéanann gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 2 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag misin dá dtagraítear in Airteagal 42(1), Airteagal 43 agus Airteagal 44 CAE, lena gcuirtear an comhbheartas slándála agus cosanta chun feidhme. I gcás inarb iomchuí, ba cheart tograí ábhartha a chur ar aghaidh le tuilleadh rialála a dhéanamh ar phróiseáil na sonraí pearsanta i réimse an chomhbheartais slándála agus cosanta.
- (16) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail na cosanta sonraí maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Sonraí pearsanta ar cuireadh ainm bréige i bhfeidhm orthu agus a d'fhéadfaí a chur i leith duine nádúrtha trí fhaisnéis bhreise a úsáid, ba cheart a mheas gur faisnéis faoi dhuine nádúrtha in-sainaitheanta na sonraí sin. Chun a chinneadh an bhfuil duine nádúrtha in-sainaitheanta nó nach bhfuil, ba cheart aird a thabhairt ar na modhanna go léir is dócha, le réasún, a d'fhéadfadh an rialaitheoir nó duine eile a úsáid chun an duine nádúrtha a shainaitheant go díreach nó go hindíreach, amhail díriú go sonrach ar shonraí ar leith. Lena fháil amach an bhfuil sé réasúnta dóchúil go mbainfeadh úsáid as bealaí chun an duine nádúrtha a shainaitheant, ba cheart aird a thabhairt ar thosca oibiachtúla uile, amhail na costais a ghearrfar agus an t-achar ama is gá le haghaidh sainaitheant, agus an teicneolaíocht a bheidh ar fáil tráth na próiseála agus forbairtí teicneolaíochta á gcur san áireamh. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag prionsabail na cosanta sonraí maidir le faisnéis anaithnid, eadhon faisnéis nach mbaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ná le sonraí pearsanta atá anaithnid ar bhealach nach bhfuil an t-ábhar sonraí in-sainaitheanta nó in-sainaitheanta a thuilleadh. Dá bhrí sin, ní bhaineann an Rialachán seo leis an bpróiseáil a dhéantar ar fhaisnéis anaithnid den sórt sin, lena n-áirítear chun críocha staidrimh agus taighde.
- (17) Is féidir, trí ainm bréige a chur i bhfeidhm ar shonraí pearsanta, na rioscaí a laghdú do na hábhair sonraí lena mbaineann agus cuidiú le rialaitheoirí agus próiseálaithe a gcuid oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh. Ní bheartaítear, le “ainm bréige a chur i bhfeidhm” a thabhairt isteach go sainráite sa Rialachán seo bac a chur ar aon bhearta eile cosanta sonraí.
- (18) Féadfar daoine nádúrtha a chomhcheangal le sainaitheantóirí ar líne a sholáthraítear lena gcuid gléasanna, feidhmchlár, uirlisí agus prótacal, amhail seoltaí prótacail idirlín, sainaitheantóirí fianán nó sainaitheantóirí eile amhail clibeanna aitheantais radaimhnicíochta. D'fhéadfadh sé go bhféadfaí loirg leis an méid sin a d'fhéadfaí a úsáid chun próifíl de na daoine nádúrtha a chruthú agus chun iad a shainaitheant, go háirithe tráth a gcuirfí i gcomhcheangal le sainaitheantóirí uathúla iad agus le faisnéis eile a fhaigheann na freastalaithe.
- (19) Ba cheart toiliú a thabhairt trí ghníomh soiléir dearfach lena mbunaítear cur in iúl a thugann an t-ábhar sonraí faoi shaoirse agus atá sonrach, feasach agus gan athbhrí á rá go n-aontaíonn an t-ábhar sonraí le sonraí pearsanta a bhaineann leis a phróiseáil, amhail trí ráiteas scríofa, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, nó ráiteas ó bhéal. D'fhéadfaí go n-áireofaí air sin tic a chur i mbosca nuair a thugtar cuairt ar shuíomh gréasáin idirlín, socruithe teicniúla a roghnú do sheirbhísí na sochaí faisnéise nó trí ráiteas nó iompar eile lena gcuirtear in iúl go soiléir sa chomhthéacs sin go dtoilíonn an t-ábhar sonraí leis an bpróiseáil atá beartaithe a dhéanamh ar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, níor cheart gurbh ionann agus toiliú iad tost, boscaí ar cuireadh tic leo roimh ré nó neamhghníomhaíocht. Ba cheart don toiliú gach gníomhaíocht próiseála arna déanamh chun na críche céanna nó chun na gcríoch céanna a chumhdach. I gcás ina bhfuil iliomad críoch leis an bpróiseáil, ba cheart toiliú a thabhairt dóibh uile. Má tá an t-ábhar sonraí le toiliú leis an bpróiseáil tar éis iarraidh trí mheán leictreonach a fháil chuige sin, ní mór don iarraidh sin a bheith soiléir achomair agus níor cheart di cur isteach barraíocht ar úsáid na seirbhíse ar ina leith a tugadh an toiliú. Mar sin féin, ba cheart an ceart a bheith ag an ábhar sonraí an toiliú a tharraingt siar aon tráth, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú roimh an tarraingt siar a dhéanamh. Chun a áirithiú go dtugtar an toiliú sin faoi shaoirse, níor cheart toiliú a bheith ina fhoras bailí dlíthiúil le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás sonrach ina bhfuil éagothromaíocht shoiléir idir an t-ábhar sonraí agus an

rialaitheoir, agus nach dócha, dá bhrí sin, gur tugadh an toiliú sin faoi shaoirse sna himthosca uile a bhain leis an staid shonrach sin. Is minic nach féidir críoch próiseála sonraí pearsanta chun críocha an taighde eolaíoch a shainnithint go hiomlán tráth bailithe na sonraí. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na hábhair sonraí a dtoiliú a thabhairt maidir le réimsí áirithe den taighde eolaíoch i gcomhréir le caighdeáin eiticíúla aitheanta i ndáil leis an taighde eolaíoch. Ba cheart deis a bheith ag na hábhair sonraí gan a dtoiliú a thabhairt ach do réimsí áirithe taighde nó do chodanna de thionscail taighde, a mhéid a cheadaítear sin leis an gcríoch atá beartaithe.

- (20) Ba cheart aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bheith dleathach agus cothrom. Ba cheart é a bheith trédhearcach do dhaoine nádúrtha go ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann leo a bhailiú, a úsáid, a cheadú nó go ndéantar iad a phróiseáil ar bhealach eile agus a mhéid a dhéantar nó a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil. Ceanglaítear le prionsabal na trédhearcachta go mbeadh sé éasca rochtain a fháil ar aon fhaisnéis agus ar aon chumarsáid a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta sin agus go mbeadh sé éasca an fhaisnéis sin agus an chumarsáid sin a thuiscint, agus go ndéanfaí teanga shoiléir shimplí a úsáid. Baineann an prionsabal sin, go háirithe, le faisnéis a thugtar do na hábhair sonraí maidir le céannacht an rialaitheora agus le críocha na próiseála agus le faisnéis bhreise chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú i ndáil leis na daoine nádúrtha lena mbaineann agus a gceart dearbhú agus teachtaireacht a fháil i ndáil leis na sonraí pearsanta a bhaineann leo agus atá á bpróiseáil. Ba cheart daoine nádúrtha a chur ar an eolas faoi rioscaí, rialacha, coimircí agus cearta a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus faoin mbealach lena gcearta a fheidhmiú i ndáil le próiseáil den sórt sin freisin. Ba cheart, go háirithe, na críocha ar chucu a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil a bheith sainráite agus dlisteanach agus ba cheart iad a chinneadh tráth bailithe na sonraí pearsanta. Ba cheart na sonraí pearsanta a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun na gcríoch ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil. Éilítear leis seo, go háirithe, go ndéantar a áirithiú go bhfuil an tréimhse ar lena linn a stóráiltear na sonraí pearsanta teoranta go dtí íosmhéid dhocht. Níor cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ach mura bhféadfaí críoch na próiseála a bhaint amach go réasúnta ar bhealach eile. Chun a áirithiú nach gcoinnítear na sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá, ba cheart don rialaitheoir teorainneacha ama a shocrú don léirscriosadh nó chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh. Ba cheart gach beart réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go gceartaítear nó go scriostar sonraí pearsanta míchruinne. Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áirítear slándáil agus rúndacht iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí pearsanta nó ar úsáid na sonraí pearsanta agus an trealamh a úsáidtear leis an bpróiseáil a dhéanamh agus ar chosc a chur ar a nochtadh neamhúdaraithe agus na sonraí sin á dtarchur.
- (21) I gcomhréir le prionsabal na cuntasachta, i gcás ina ndéanann institiúidí agus comhlachtaí an Aontais sonraí pearsanta a sheoladh laistigh den institiúid céanna nó den chomhlacht céanna de chuid an Aontais nó chuig institiúidí nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais, ba cheart dóibh a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil gá le sonraí pearsanta den sórt sin chun cúraimí a chur i gcrích go dlisteanach, ar cúraimí iad a thagann laistigh d'inniúlacht an fhaighteora i gcás nach cuid den rialaitheoir an fhaighteoir. Go háirithe, tar éis don fhaighteoir a iarraidh go seolfá sonraí pearsanta, ba cheart don rialaitheoir a fhíorú freisin go bhfuil foras ábhartha ann chun go ndéanfaí próiseáil ar shonraí pearsanta go dlíthiúil agus inniúlacht an fhaighteora a dheimhniú. Chomh maith leis sin ba cheart don rialaitheoir meastóireacht shealadach a dhéanamh maidir leis an riachtanas atá leis na sonraí a sheoladh. Má bhíonn amhras faoin riachtanas sin, ba cheart don rialaitheoir faisnéis bhreise a lorg ón bhfaighteoir. Ba cheart don fhaighteoir a áirithiú gur féidir an riachtanas leis na sonraí a sheoladh a fhíorú ina dhiaidh sin.
- (22) Chun an phróiseáil a bheith dleathach, ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ar an mbonn gur gá d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú a n-údarais oifigiúil, ar bhonn riachtanas maidir le hoibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a dtagann an rialaitheoir faoina réir nó bonn dlisteanach éigin eile faoin Rialachán seo, lena n-áirítear toiliú an ábhair sonraí lena mbaineann, riachtanas maidir le conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí nó ionas go ndéanfar bearta arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfar conradh. Áirítear le próiseáil sonraí pearsanta chun cúraimí a chur i gcrích ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais ar mhaithe le leas an phobail, próiseáil sonraí pearsanta is gá maidir le bainistiú agus feidhmiú na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin. Ba cheart a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach freisin nuair is gá é a dhéanamh chun leas a chosaint ar leas é atá riachtanach do shaol an ábhair sonraí nó do shaol duine nádúrtha eile. I bprionsabal, níor cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn leas rithábhachtach duine nádúrtha eile ach amháin i gcás nach féidir an phróiseáil a bhunú go follasach ar bhunús eile dlí. Le roinnt cineálacha próiseála, d'fhéadfaí fónamh do roinnt leasanna tábhachtacha de chuid an phobail agus do leasanna rithábhachtacha an ábhair sonraí araon, mar shampla nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críoch daonnúil, lena n-áirítear chun faireachán a dhéanamh ar eipidéimí agus ar a leathadh nó i gcásanna éigeandála daonnúla, go háirithe i gcásanna tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine.

- (23) Ba cheart dlí an Aontais dá dtagraítear sa Rialachán seo a bheith soiléir agus cruinn agus ba cheart a chur i bhfeidhm a bheith intuartha do na daoine sin a bheadh faoina réir, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chairt agus sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.
- (24) Ba cheart na rialacha inmheánacha dá dtagraítear sa Rialachán seo a bheith ina ngníomhartha soiléire agus cruinne a bhfuil feidhm ginearálta leo agus a mbeartaítear éifeachtaí dlíthiúla a bheith acu i leith ábhair sonraí. Ba cheart iad a ghlacadh ar an leibhéal bainistíochta is airde in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais faoina n-inniúlachtaí agus in ábhair a bhaineann lena n-oibríocht. Ba cheart iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart cur i bhfeidhm na rialacha sin a bheith intuartha do na daoine sin a bheadh faoina réir i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chairt agus sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Féadfaidh na rialacha inmheánacha a bheith i bhfoirm cinní, go háirithe i gcás ina nglacann institiúidí an Aontais iad.
- (25) Níor cheart an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta chun críocha seachas na críocha sin ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos a cheadú ach amháin i gcás ina bhfuil an phróiseáil ag luí leis na críocha ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos. I gcás den sórt sin, níl gá le bunús dlí ar leith ón mbunús dlí lena ceadáidh bailiú na sonraí pearsanta. Más gá an phróiseáil chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, féadfar, le dlí an Aontais, na cúraimí agus na críocha a chinneadh agus a shonrú ar chucu ba cheart tuilleadh próiseála orthu a mheas a bheith comhoiriúnach agus dleathach. Ba cheart a mheas gur oibríochtaí próiseála comhoiriúnacha dleathacha é tuilleadh próiseála a dhéanfaí chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh. An bunús dlí a fhoráiltear le dlí an Aontais chun sonraí pearsanta a phróiseáil, féadfaidh sé bunús dlí a thabhairt chun tuilleadh próiseála a dhéanamh freisin. Chun fáil amach an bhfuil críoch an tuillidh próiseála ag luí leis an gcríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos, ba cheart don rialaitheoir, tar éis dó na ceanglais uile a chomhlíonadh maidir le dlíthiúlacht na próiseála bunaidh, an méid seo a leanas, *inter alia*, a chur san áireamh: aon cheangal idir na críocha sin agus na críocha ar chucu an phróiseáil bhreise atá beartaithe; an comhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, go háirithe ionchais réasúnta na n-ábhar sonraí bunaithe ar an gcaidreamh atá acu leis an rialaitheoir maidir le tuilleadh úsáide a bhaint astu; cineál na sonraí pearsanta; na hiarmhairtí ar na hábhair sonraí a bheadh ag an tuilleadh próiseála a bheartaítear a dhéanamh; agus coimircí iomchuí a bheith ann sna hoibríochtaí próiseála bunaidh agus sna hoibríochtaí tuillidh próiseála a bheartaítear araon.
- (26) I gcás ina bhfuil próiseáil bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí, ba cheart don rialaitheoir a bheith in ann a thaispeáint gur thoiligh an t-ábhar sonraí leis an oibríocht phróiseála. Go háirithe i gcomhthéacs dearbhú i scríbhinn maidir le hábhar éigin eile, ba cheart coimircí a bheith ann lena áirithiú go bhfuil an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi thoiliú a bheith á thabhairt agus faoina mhéid a thugtar é. I gcomhréir le Treoir 93/13/CEE ón gComhairle⁽¹⁾ ba cheart dearbhú tola, agus é curtha le chéile roimh ré ag an rialaitheoir, a chur ar fáil i bhfoirm shothuigthe inrochtana go héasca, i dteanga shoiléir shimplí agus níor cheart téarmaí éagóracha a bheith ann. Ionas go mbeidh an toiliú feasach, ba cheart don ábhar sonraí a bheith ar an eolas, ar a laghad, faoi chéannacht an rialaitheora agus faoi chríocha na próiseála a bheartaítear dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe. Níor cheart breathnú ar an toiliú mar thoiliú a tugadh faoi shaoirse mura bhfuil rogha atá dílis nó saor ag an ábhar sonraí nó mura bhfuil sé nó sí in ann diúltú don toiliú a thabhairt nó é a tharraingt siar gan díobháil.
- (27) Tá cosaint shonrach tuillte ag leanaí i dtaca lena sonraí pearsanta toisc go bhféadfadh sé nach bhfuil siad chomh heolach sin ar na rioscaí, na hiarmhairtí agus na coimircí lena mbaineann ná ar a gcearta i ndáil lena sonraí pearsanta a phróiseáil. Ba cheart feidhm a bheith ag cosaint shonrach den sórt sin go háirithe maidir le próifíil pearsantachta a chruthú agus maidir le sonraí pearsanta a bhailiú i ndáil le leanaí nuair a dhéantar seirbhísí a thairgeadh go díreach do leanbh ar shuíomhanna gréasáin de chuid institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, mar shampla seirbhísí cumarsáide idirphearsanta nó díolachán ticéad ar líne agus nuair atá próiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú.
- (28) I gcás inar mhian le faighteoirí atá bunaithe san Aontas seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go ndéanfadh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais sonraí pearsanta a tharchur chucu, ba cheart do na faighteoirí sin a léiriú go bhfuil gá leis na sonraí chun a gcúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe dóibh, nó gur gá na sonraí a tharchur lena gcuspóir a bhaint amach, agus go bhfuil sé comhréireach agus nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a thabhairt i gcrích. Mar mhalairt air sin, ba cheart go léireodh na faighteoirí sin go bhfuil an tarchur riachtanach chun críche sonraí ar mhaithe le leas an phobail agus ba cheart don rialaitheoir a fháil amach an bhfuil aon chúis ann glacadh leis go bhféadfaí dochar a dhéanamh do leasanna dlísteanaacha an ábhair sonraí. Sna cásanna sin ba cheart go ndéanfadh an rialaitheoir na leasanna éagsúla

⁽¹⁾ Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).

iomaíochta a mheá go soiléir chun comhréireacht tarchur iarrtha na sonraí pearsanta a mheas. D'fhéadfadh baint a bheith ag an gcríoch shonrach ar mhaithe le leas an phobail le trédhearcacht institiúidí agus comhlachtaí Aontais. Ina theannta, ba cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais riachtanas den sórt sin a thaispeáint nuair is iad féin a thionscnaíonn tarchur, i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus an dea-riaracháin. Na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le sonraí a tarchur chuig faighteoirí atá bunaithe san Aontas seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, ba cheart iad a thuiscint mar fhorlónadh ar na coinníollacha i ndáil le próiseáil dhleathach.

- (29) Tá cosaint shonrach tuille do shonraí pearsanta ar de chineál fíor-íogair iad maidir le cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha, toisc go bhféadfaí rioscaí suntasacha a chruthú do na cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha mar thoradh ar chomhthéacs a bpróiseála. Níor cheart na sonraí pearsanta sin a phróiseáil mura gcomhlíontar na coinníollacha sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart a áireamh ar na sonraí pearsanta sin sonraí pearsanta lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, ar an tuiscint nach é an bhrí a bhainfear as úsáid an téarma “tionscnamh eitneach” sa Rialachán seo go nglactar san Aontas le teoricí lena ndéantar iarracht a chinneadh gur ann do chiníocha daonna ar leith. Níor cheart a mheas go córasach gur próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta atá i bpróiseáil grianghraf ós rud é nach gcumhdaítear iad leis an sainmhíniú ar shonraí bithmhéadracha ach amháin nuair a dhéantar iad a phróiseáil trí mhodh sonracha teicniúil lena gceadaítear sainathint uathúil nó fíordheimhniú uathúil duine nádúrtha. I dteannta na gceanglas sonracha maidir le sonraí íogaire a phróiseáil, ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail ghinearálta agus ag na rialacha eile atá sa Rialachán seo, go háirithe maidir leis na coinníollacha i ndáil le próiseáil dhleathach. Maoluithe ón toirmeasc ginearálta chun catagóirí speisialta sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil, ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite maidir leo, *inter alia*, i gcás ina dtugann an t-ábhar sonraí a thoilíú nó a toiliú sainráite nó maidir le riachtanais shonracha, go háirithe i gcás ina ndéanann comhlachais nó fondúireachtaí áirithe an phróiseáil le linn gníomhaíochtaí dlisteanacha arb é is críoch dóibh go gceadaítear saoirsí bunúsacha a fheidhmiú.
- (30) Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhfuil cosaint níos airde tuille dóibh, níor cheart iad a phróiseáil ach amháin chun críocha a bhaineann leis an tsláinte i gcás inar gá sin chun na críocha sin a bhaint amach chun tairbhe daoine nádúrtha agus na sochaí ina hiomláine, go háirithe i gcomhthéacs na seirbhísí agus na córais cúraim sláinte nó sóisialta a bhainistiú. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo do choinníollacha comhchuibhithe chun próiseáil a dhéanamh ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhaineann leis an tsláinte, i ndáil le riachtanais shonracha, go háirithe i gcás ina ndéanann daoine atá faoi réir oibleagáid dhlíthiúil maidir le rúndacht ghairmiúil sonraí den sórt sin a phróiseáil chun críocha áirithe a bhaineann leis an tsláinte. Ba cheart foráil a dhéanamh i ndlí an Aontais do bhearta sonracha oiriúnacha sa chaoi go gcosnófar cearta bunúsacha agus sonraí pearsanta daoine nádúrtha.
- (31) D'fhéadfadh sé gur gá catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimsí na sláinte poiblí gan toiliú ón ábhar sonraí. Ba cheart próiseáil den sórt sin a bheith faoi réir bearta oiriúnacha sonracha ionas go gcosnófar cearta agus saoirsí daoine nádúrtha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart “sláinte phoiblí” a léiriú de réir mar atá sé sainmhínithe i Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, eadhon na heilimintí uile a bhaineann leis an tsláinte, eadhon stádas sláinte, lena n-áirítear galracht agus míchumas, na deitármanaint a bhfuil tionchar acu ar an stádas sláinte sin, riachtanais cúraim sláinte, acmhainní a leithdháiltear ar chúram sláinte, soláthar cúraim sláinte agus rochtain uilíoch air, chomh maith le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú do chúram sláinte agus cúiseanna mortlaíochta. Maidir le sonraí a bhaineann leis an tsláinte a phróiseáil ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail, níor cheart é a bheith mar thoradh ar phróiseáil den sórt sin go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch eile.
- (32) Mura féidir leis an rialaitheoir duine nádúrtha a shainathint ó na sonraí pearsanta a phróiseáil an rialaitheoir sin, níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar an rialaitheoir sonraí faisnéis bhreise a fháil chun an t-ábhar sonraí a shainathint chun críche foráil de chuid an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus chun na críche sin amháin. Mar sin féin, níor cheart don rialaitheoir diúltú faisnéis bhreise a chuireann an t-ábhar sonraí ar fáil a ghlacadh chun tacú le feidhmiú a cheart nó a ceart. Ba cheart sainathint dhigiteach ábhair sonraí a áireamh sa tsainathint, mar shampla trí shásra fíordheimhnithe amhail na dintiúir chéanna a úsáideann an t-ábhar sonraí le logáil isteach ar an tseirbhís ar líne atá á tairiscint ag an rialaitheoir sonraí.
- (33) Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, ba cheart an phróiseáil sin a bheith faoi réir coimircí iomchuí do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí de bhun an Rialacháin seo. Leis na coimircí sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil bearta teicniúla agus bearta eagraíochtúla i bhfeidhm chun, go háirithe, prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a áirithiú. Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, ba cheart an phróiseáil sin a

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair (IO L 354, 31.12.2008, lch. 70).

dhéanamh tráth a mbeidh measúnú déanta ag an rialaitheoir an féidir na críocha sin a chomhlíonadh trí phróiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta nach féidir na hábhair sonraí a shainaithint leo nó nach féidir na hábhair sonraí a aithint leo a thuilleadh, ar choinníoll gur ann do choimircí iomchuí (amhail, mar shampla, ainm bréige a chur i bhfeidhm ar na sonraí). Ba cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais foráil a dhéanamh i ndlí an Aontais maidir le coimircí iomchuí chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, lena bhféadfaí rialacha inmheánacha arna nglacadh ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Aontais i ndáil le hábhair a bhaineann lena n-oibríocht a áireamh.

- (34) Ba cheart módúlachtaí a chur ar fáil chun feidhmiú chearta an ábhair sonraí a éascú faoin Rialachán seo, lena n-áirítear sásraí chun, go háirithe, rochtain a iarraidh agus, más infheidhme, a fháil, saor in aisce, ar shonraí, ar cheartúchán nó léirsciosadh sonraí pearsanta agus chun go bhfeidhmeofaí an ceart chun agóid a dhéanamh. Ba cheart don rialaitheoir modhanna a chur ar fáil freisin lena bhféadfar iarrataí a dhéanamh go leictreonach, go háirithe i gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil trí mhodhanna leictreonacha. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an rialaitheoir iarrataí ón ábhar sonraí a fhreagairt gan aon mhoill mhíchúí agus ar a dhéanaí laistigh de 1 mhí amháin agus ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an rialaitheoir cúiseanna a thabhairt mura mbeidh sé i gceist aige aon iarraidh den sórt sin a chomhlíonadh.
- (35) Ceanglaítear le prionsabal na próiseála cothroime agus le prionsabal na próiseála trédhearcaí an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoin oibríocht phróiseála a bheith ann agus faoi chríocha na próiseála sin. Ba cheart don rialaitheoir aon fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar don ábhar sonraí chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú agus na himthosca sonracha agus an chomhthéacs sonracha a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil iontu á gcur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoi phróifíliú a bheith ann agus faoi iarmhairtí próifílithe den sórt sin. I gcás ina mbailítear na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, ba cheart an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas freisin má tá sé d'oibleagáid air nó uirthi na sonraí pearsanta a sholáthar agus faoi na hiarmhairtí a bheadh ann i gcás nach soláthraíonn sé nó sí sonraí den sórt sin. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar in éineacht le deilbhíní caighdeánaithe chun forléargas suntasach ar an bpróiseáil atá beartaithe a thabhairt ar dhóigh atá sofheicthe go héasca, intuiscena agus inléite go soiléir. I gcás ina ndéantar na deilbhíní a chur i láthair go leictreonach, ba cheart iad a bheith inléite ag meaisín.
- (36) Ba cheart an fhaisnéis i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí a thabhairt dó nó di tráth bailithe na sonraí ón ábhar sonraí, nó, i gcás nach bhfaightear na sonraí pearsanta ach ó fhoinsé eile, laistigh de thréimhse réasúnta, ag brath ar imthosca an cháis. I gcás inar féidir sonraí pearsanta a nochtadh d'fhiahteoire eile go dlisteanach, ba cheart an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas nuair a nochtar na sonraí pearsanta den chéad uair don fhiahteoire. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche seachas an chríoch ar chuic a bailíodh iad, ba cheart don rialaitheoir, sula ndéanfaí an tuilleadh próiseála sin, faisnéis a chur ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin, agus aon fhaisnéis eile a mbeadh gá léi. Más rud é nach féidir tionscnamh na sonraí pearsanta a chur ar fáil don ábhar sonraí toisc gur úsáideadh foinsí éagsúla, ba cheart faisnéis ghinearálta a chur ar fáil.
- (37) Ba cheart é a bheith de cheart ag ábhar sonraí rochtain a fháil ar shonraí pearsanta a bailíodh a bhaineann leis nó léi, agus ba cheart don ábhar sonraí a bheith in ann an ceart sin a fheidhmiú go héasca agus ag eatraimh réasúnta, chun a bheith ar an eolas faoi dhlíthiúlacht na próiseála agus chun dlíthiúlacht na próiseála a fhíorú. Áirítear leis sin an ceart atá ag ábhair sonraí rochtain a fháil ar shonraí a bhaineann lena sláinte, amhail na sonraí ina dtaifid leighis ina bhfuil faisnéis amhail diagnóis, torthaí scrúduithe, measúnuithe a rinne lianna cóireála agus faisnéis faoi aon chóireáil nó idirghabháil a rinneadh. Ba cheart é a bheith de cheart ag gach ábhar sonraí, dá bhrí sin, a bheith ar an eolas agus teachtaireacht a fháil go háirithe maidir leis na críocha ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, agus, nuair is féidir é, maidir leis an tréimhse ar lena linn a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, maidir le fiahteoireí na sonraí pearsanta, leis an loighic a bhaineann le haon uathphróiseáil sonraí pearsanta agus leis na hiarmhairtí a bhaineann le próiseáil den sórt sin, ar a laghad nuair atá an phróiseáil sin bunaithe ar phróifíliú. Níor cheart don cheart sin dochar a dhéanamh do chearta ná saoirsí daoine eile, lena n-áirítear cearta agus saoirsí maidir le rúin trádála nó maoin intleachtúil agus go háirithe níor cheart dó dochar a dhéanamh don chóipcheart lena gcosnaítear bogearraí. Níor cheart, áfach, é a bheith mar thoradh ar na cúinsí sin go ndiúltofaí an fhaisnéis uile a thabhairt don ábhar sonraí. Má dhéanann an rialaitheoir próiseáil ar chainníocht mhór faisnéise a bhaineann leis an ábhar sonraí, ba cheart don rialaitheoir a bheith in ann a iarraidh go sonrúidh an t-ábhar sonraí, sula seachadfar an fhaisnéis, an fhaisnéis nó na gníomhaíochtaí próiseála a mbaineann an iarraidh léi nó leo.
- (38) Ba cheart an ceart a bheith ag ábhar sonraí go ndéanfaí sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a cheartú agus ba cheart “ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad” a bheith aige nó aici i gcás ina sáraíonn coinneáil sonraí pearsanta den sórt sin an Rialachán seo nó dlí an Aontais a bhfuil an rialaitheoir faoina réir. Ba cheart é a bheith de cheart ag ábhar sonraí go léirsciosfaí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta agus nach ndéanfaí iad a phróiseáil a thuilleadh, mura bhfuil na sonraí pearsanta riachtanach a thuilleadh i ndáil leis na críocha ar chucu a bailíodh nó a próiseáladh iad ar bhealach eile, i gcás ina dtarraingíonn ábhar sonraí siar a thoilíú nó a toiliú nó ina ndéanann sé nó sí agóid i gcoinne phróiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta nó i gcás nach gcomhlíonann próiseáil a shonraí

pearsanta nó a sonraí pearsanta an Rialachán seo ar bhealach eile. Tá an ceart sin ábhartha go háirithe nuair atá a thoiliú nó a toiliú tugtha ag an ábhar sonraí agus é nó í ina leanbh nach bhfuil láneolach ar na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil, agus go bhfuil sé ag iarraidh sonraí pearsanta den sórt sin a bhaint níos faide anonn, go háirithe den idirlíon. Ba cheart don ábhar sonraí a bheith in ann an ceart sin a fheidhmiú d'ainneoin nach leanbh é nó í a thuilleadh. Ba cheart, áfach, é a bheith dleathach na sonraí pearsanta a choinneáil tuilleadh i gcás inar gá sin le haghaidh fheidhmiú an chirt chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, le haghaidh oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, le haghaidh cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, ar fhorais a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

- (39) Chun neart a chur leis an gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad sa timpeallacht ar líne, ba cheart an ceart go ndéanfaí léirsciosadh a leathnú amach freisin chun go mbeadh oibleagáid ar rialaitheoir a bhfuil na sonraí pearsanta curtha ar fáil go poiblí aige aon naisc chuig na sonraí pearsanta sin, aon chóipeanna díobh agus aon mhacasamhlú orthu a léirsciosadh. Agus é ag déanamh amhlaidh, ba cheart don rialaitheoir sin bearta réasúnta a dhéanamh, agus an teicneolaíocht atá ar fáil don rialaitheoir agus na modhanna atá ar fáil dó, lena n-áirítear bearta teicniúla, á gcur san áireamh chun na rialaitheoirí a phróiseálann sonraí pearsanta den sórt sin a chur ar an eolas faoi iarraidh an ábhair sonraí.
- (40) D'fhéadfadh a bheith ar áireamh sna modhanna chun srian a chur leis an bpróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta, *inter alia*, na sonraí a roghnaítear a aistriú go sealadach chuig córas eile próiseála, a chur faoi deara nach mbeadh na sonraí pearsanta a roghnaítear ar fáil d'úsáideoirí, nó na sonraí a foilsíodh a bhaint de shuíomh gréasáin ar bhonn sealadach. I gcórais chomhdúcháin uathoibrithe, i bprionsabal is trí bhealach teicniúil ba cheart an srianadh ar phróiseáil sonraí pearsanta a áirithiú ar shlí nach bhfuil na sonraí pearsanta faoi réir tuilleadh oibríochtaí próiseála agus nach féidir iad a athrú. Ba cheart a léiriú go soiléir sa chóras go bhfuil srian ar shonraí pearsanta a phróiseáil.
- (41) Ionas go neartófar tuilleadh an smacht atá ag ábhar sonraí ar a chuid sonraí nó a cuid sonraí féin, i gcás go ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach uathoibrithe, ba cheart a cheadú freisin don ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta agus a chuir sé nó sí ar fáil do rialaitheoir a fháil i bhformáid atá struchtúrtha, a úsáidtear go coiteann, atá inléite ag meaisín agus atá idir-inoibritheach a fháil, agus iad a tharchur chuig rialaitheoir eile. Ba cheart rialaitheoirí sonraí a spreagadh chun formáidí idir-inoibritheacha lena gcumasaítear iniomparthacht sonraí a fhorbairt. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceart sin i gcás gur ar bhonn a thola nó a tola a chuir an t-ábhar sonraí na sonraí ar fáil nó más gá an phróiseáil a dhéanamh chun Conradh a chomhlíonadh. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith aige i gcás ina bhfuil an phróiseáil a dhéantar ar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta riachtanach chun go gcomhlíonfaí oibleagáid dhlíthiúil ar faoina réir atá an rialaitheoir nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. Leis an gceart atá ag an ábhar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a tharchur nó a fháil, níor cheart oibleagáid a chruthú do na rialaitheoirí córais phróiseála a ghlacadh nó a choimeád, ar córais iad atá comhoiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta. Más rud é, i dtacar áirithe sonraí pearsanta, go bhfuil níos mó ná ábhar sonraí amháin i gceist, ba cheart an ceart sonraí pearsanta a fháil a bheith gan dochar do chearta agus do shaoirsí ábhar eile sonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo. Thairis sin, níor cheart gur dhochar an ceart sin do cheart an ábhair sonraí go léirsciosfaí sonraí pearsanta ná do theorainneacha ar an gceart sin mar a leagtar amach iad sa Rialachán seo agus níor cheart, go háirithe, é a bheith i gceist leis go léirsciosfaí sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí, a chuir sé nó sí ar fáil chun Conradh a chomhlíonadh a mhéid agus a fhad is a bheidh na sonraí pearsanta riachtanach chun an Conradh sin a chomhlíonadh. I gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, ba cheart an ceart a bheith ag an ábhar sonraí go ndéanfaí na sonraí pearsanta a tharchur go díreach ó rialaitheoir amháin go rialaitheoir eile.
- (42) I gcás ina bhféadfaí sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach siocair gur gá an phróiseáil chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, ba cheart d'ábhar sonraí a bheith i dteideal, mar sin féin, agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil aon sonraí pearsanta a bhaineann lena chás nó lena cás sonrath féin. Ba cheart gur faoin rialaitheoir a bheadh sé a thaispeáint go sáraíonn a leas tathantach dlisteanach leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí.
- (43) Ba cheart an ceart a bheith ag an ábhar sonraí gan a bheith faoi réir cinneadh, a bhféadfadh beart a bheith mar chuid de, lena ndéantar meastóireacht ar ghnéithe pearsanta a bhaineann leis nó léi agus atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin agus ag a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla maidir leis nó léi nó a bhfuil éifeacht chomhchosúil shuntasach aige air nó uirthi, amhail cleachtais earcaíochta ar líne nach mbaineann aon idirghabháil le duine leo. Áirítear ar phróiseáil den sórt sin "próifiliú", arb é atá i gceist leis foirm ar bith de phróiseáil uathoibrithe a dhéantar ar shonraí pearsanta lena meastar na gnéithe pearsanta a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe chun anailís nó tuar a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, le staid eacnamaíochta, le

sláinte, le roghanna nó le díol spéise pearsanta, le hiontaofacht nó iompar an duine sin, leis an áit ina bhfuil sé nó sí nó lena ghluaiseachtaí nó lena ghluaiseachtaí, i gcás ina bhfuil éifeachtaí dlíthiúla mar thoradh air sin a bhaineann leis nó léi a bhfuil éifeachtaí comhchosúla suntasacha aici air nó uirthi.

Ina ainneoin sin, ba cheart déanamh cinntí atá bunaithe ar phróiseáil den sórt sin, próifiliú san áireamh, a cheadú i gcás ina dtugtar údarás chuige go sainráite faoi dlí an Aontais. In aon chás, ba cheart próiseáil den sórt sin a bheith faoi réir coimircí oiriúnacha, agus ba cheart a áireamh ar choimircí den sórt sin faisnéis shonrach don ábhar sonraí agus an ceart idirghabháil ó dhuine a fháil, an ceart a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl, an ceart míniú a fháil ar an gcinneadh a rinneadh i ndiaidh measúnú den sórt sin agus an ceart agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Níor cheart baint a bheith ag beart den sórt sin le leanbh. Chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú i ndáil leis an ábhar sonraí, agus na himthosca sonracha agus an comhthéacs sonracha a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta á gcur san áireamh, ba cheart don rialaitheoir nósanna imeachta iomchuí matamaiticiúla nó staidrimh a úsáid don phróifiliú, bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, arb iomchuí iad chun a áirithiú, go háirithe, go ndéantar tosca, a bhfuil míchruinnis sna sonraí pearsanta mar thoradh orthu, a cheartú, agus a áirithiú go ndéantar an riosca maidir le hearráidí a íoslághdú, chun sonraí pearsanta a shlánú ar bhealach lena gcuirtear san áireamh na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le leasanna agus cearta an ábhair sonraí agus lena gcuirtear cosc, *inter alia*, ar éifeachtaí idirdhealaithe atá ar dhaoine nádúrtha ar bhonn tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, reiligiúin nó creidimh, duine a bheith mar chomhalta de cheardchumann, stádas géiniteach nó sláinte, gnéaschlaonta, nó a bhfuil bearta lena ngabhfaidh éifeacht den sórt sin mar thoradh orthu. Níor cheart cinnteoireacht ná próifiliú uathoibríthe bunaithe ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta a cheadú ach amháin faoi choinníollacha sonracha.

- (44) Is féidir, le gníomhartha dlí arna nglacadh ar bhonn na gConarthaí nó le rialacha inmheánacha arna nglacadh ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais maidir le hábhair a bhaineann lena n-oibríocht, srianta a chur i bhfeidhm maidir le príonsabail shonracha agus le cearta ar fhaisnéis, rochtain ar shonraí pearsanta, sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscríosadh, an ceart ar iniomparthacht sonraí, rúndacht sonraí cumarsáide leictreonáil chomh maith le sárú maidir le sonraí pearsanta a chur in iúl d'ábhar sonraí agus oibleagáidí gaolmhara áirithe ar rialaitheoirí, a mhéid is riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun coimirciú a dhéanamh ar an tslándáil phoiblí, cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh maidir le bagairt don tslándáil phoiblí agus é sin a chosc. Áirítear leis sin beatha daoine a chosaint go háirithe i ngeall ar thubaiste nádúrtha nó de thionscnamh an duine, slándáil inmheánach institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas ginearálta phobal an Aontais nó pobail Ballstáit dá chuid, go háirithe cuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais nó leas tábhachtach eacnamaíochta nó airgeadais de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit, agus clár phoiblí a choinneáil, ar clár iad a choinnítear ar mhaithe le leas ginearálta an phobail, agus chun an t-ábhar sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint, lena n-áirítear chun críocha cosanta sóisialta, shláinte phoiblí agus daonnúla.
- (45) Ba cheart freagracht agus dliteanas an rialaitheora a shuíomh maidir le haon phróiseáil a dhéanann an rialaitheoir ar shonraí pearsanta nó a dhéantar thar ceann an rialaitheora. Go háirithe, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an rialaitheoir bearta iomchuí éifeachtacha a chur chun feidhme agus a bheith in ann a thaispeáint go gcomhlíontar an Rialachán seo leis na gníomhaíochtaí próiseála, agus éifeachtacht na mbearta a thaispeáint freisin. Leis na bearta sin, ba cheart cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála a chur san áireamh agus an riosca atá ann i leith chearta agus saoirsí na ndaoine nádúrtha a chur san áireamh freisin.
- (46) Maidir leis na rioscaí i dtaca le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta as damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhábhhartha, go háirithe sna cásanna seo a leanas: i gcás ina n-eascródh idirdhealú, goid aitheantais nó calaois aitheantais, cailteanas airgeadais, damáiste don chúl, cailteanas rúndacht na sonraí pearsanta sin atá faoi chosaint de réir rúndacht ghairmiúil, aisiompú neamhúdaráithe cur i bhfeidhm ainm bréige, nó aon mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta eile atá suntasach as an bpróiseáil; i gcás ina bhféadfadh sé go ndéanfaí cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a cheilt orthu nó go gcoiscfí iad ó rialú a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid sonraí pearsanta; i gcás ina ndéantar próiseáil sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ballraíocht i gceardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le ciontuithe coiriúla agus cionta nó le bearta slándála gaolmhara; i gcás ina ndéantar meastóireacht ar ghnéithe pearsanta, go háirithe anailísíú nó tuar ar ghnéithe maidir le feidhmiú ag an obair, maidir leis an staid eacnamaíoch, sláinte, roghanna nó leas pearsanta, iontaofacht nó iompraíocht, suíomh nó gluaiseachtaí, chun próifíil pearsanta a chruthú nó a úsáid; i gcás ina ndéantar sonraí pearsanta daoine nádúrtha leochaileacha a phróiseáil, go háirithe leanaí; nó i gcás ina bhfuil cainníocht mhór sonraí pearsanta i gceist leis an bpróiseáil agus ina mbíonn tionchar ag an bpróiseáil sin ar líon mór ábhar sonraí.
- (47) Dóchúlacht agus déine an riosca sin maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí, ba cheart an dóchúlacht agus an déine sin a chinneadh faoi threoir chineál, raon feidhme, chomhthéacs agus chríocha na próiseála sonraí. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an riosca ar bhonn measúnú oibiachtúil, lena suitear an mbaineann riosca nó ardriosca le hoibríochtaí próiseála sonraí.

- (48) Ní mór, chun cearta agus saoirsí daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil, bearta iomchuí teicniúla agus eagrúcháin a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíontar ceanglais an Rialacháin seo. Chun gur féidir comhlíonadh an Rialacháin seo a thaispeáint, ba cheart don rialaitheoir beartais inmheánacha a ghlacadh agus bearta a chur chun feidhme trína gcomhlíontar go háirithe na príonsabail maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus le cosaint sonraí trí réamhshocrú. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar na bearta sin, *inter alia*, an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a laghdú, ainm bréige a chur i bhfeidhm ar shonraí pearsanta a luaithe agus is féidir, trédhearcacht maidir le feidhmeanna agus próiseáil sonraí pearsanta, cur ar chumas an ábhair sonraí faireachán a dhéanamh ar phróiseáil na sonraí, cur ar chumas an rialaitheora gnéithe slándála a chruthú agus a fheabhsú. Ba cheart príonsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chur san áireamh i gcomhthéacs tairiscintí poiblí.
- (49) Déantar forail le Rialachán (AE) 2016/679 do chomhlíonadh a bheith á thaispeáint ag rialaitheoirí trí shásraí formheasta deimhniúcháin a chomhlíonadh. Mar an gcéanna, ba cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais a bheith in ann comhlíonadh an Rialacháin seo a thaispeáint trí dheimhniú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/679.
- (50) Le cosaint do chearta agus saoirsí ábhar sonraí agus freagracht agus dliteanas rialaitheoirí agus próiseálaithe, ceanglaítear na freagrachtaí faoin Rialachán seo a leithroinnt go soiléir, lena n-áirítear i gcás ina gcinneann rialaitheoir críocha agus modhanna na próiseála i gcomhpháirt le rialaitheoirí eile nó i gcás ina ndéantar oibríocht phróiseála thar ceann rialaitheora.
- (51) Chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a áirithiú i dtaca leis an bpróiseáil atá le déanamh ag an bpróiseálaí thar ceann an rialaitheora, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí próiseála ar iontaoibh próiseálaí, níor cheart don rialaitheoir ach próiseálaithe a thugann ráthaíochtaí leordhóthanacha a úsáid, go háirithe ó thaobh saineolais, iontaofachta agus acmhainní, chun bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme a chomhlíonfaidh ceanglais an Rialacháin seo, lena n-áirítear maidir le slándáil na próiseála. Má chloíonn próiseálaithe seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais le cód formheasta iompair nó le sásra formheasta deimhniúcháin, féadfar a thaispeáint leis sin go bhfuil oibleagáidí an rialaitheora á gcomhlíonadh. Ba cheart an phróiseáil a dhéanann próiseálaí seachas institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais a rialú le conradh nó, i gcás institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a ghníomhaíonn mar phróiseálaithe, le conradh nó le gníomh dlí eile faoi dhlí an Aontais a cheanglaíonn an próiseálaí leis an rialaitheoir, ina leagtar amach ábhar agus fad na próiseála, cineál agus críocha na próiseála, cineál na sonraí pearsanta agus catagóirí na n-ábhar sonraí, agus cúraimí agus freagrachtaí sonracha an phróiseálaí á gcur san áireamh i gcomhthéacs na próiseála atá le cur i gcrích agus an riosca atá ann do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí. Ba cheart don rialaitheoir agus don phróiseálaí a bheith ábalta an rogha a dhéanamh úsáid a bhaint as conradh aonair nó clásail chaighdeánacha chonartha a ghlacfaidh an Coimisiún go díreach nó a ghlacfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus a ghlacfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin. Tar éis an phróiseáil a thabhairt chun críche thar ceann an rialaitheora, ba cheart don phróiseálaí, ar rogha an rialaitheora, na sonraí pearsanta a thabhairt ar ais nó a scriosadh, mura gceanglaítear, faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit a bhfuil an próiseálaí faoina réir, na sonraí pearsanta sin a stóráil.
- (52) Chun comhlíonadh an Rialacháin seo a thaispeáint, ba cheart do rialaitheoirí taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála faoina gcúram a choimeád agus ba cheart do phróiseálaithe taifid ar aicmí na ngníomhaíochtaí próiseála faoina gcúram a choimeád. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Aontais oibriú i gcomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus a gcuid taifead a chur ar fáil don údarás, arna iarraidh sin dó, le go bhféadfaí iad a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí próiseála sin. Mura rud é nach bhfuil sé iomchuí agus méid institiúide nó comhlachta de chuid an Aontais á cur san áireamh, ba cheart institiúidí agus comhlachtaí an Aontais bheith in ann clár lárnach taifead maidir lena gcuid gníomhaíochtaí próiseála a bhunú. Ar chúiseanna a bhaineann leis an trédhearcacht, ba cheart go bhféadfaidís chomh maith clár den sórt sin a chur ar fáil go poiblí.
- (53) Chun an tslándáil a chothabháil agus chun cosc a chur ar phróiseáil de shárú ar an Rialachán seo, ba cheart don rialaitheoir nó don phróiseálaí meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann go bunúsach leis an bpróiseáil agus ba cheart dó bearta, amhail criptiú, a chur chun feidhme chun na rioscaí sin a mhaolú. Ba cheart leibhéal iomchuí slándála a áirithiú leis na bearta sin, lena n-áirítear rúndacht, agus aird á tabhairt ar úrscothacht agus ar na

costais a bhaineann le cur chun feidhme maidir leis na rioscaí agus le cineál na sonraí pearsanta atá le cosaint. Agus an riosca maidir le slándáil sonraí á mheasúnú, ba cheart breathnú ar na rioscaí a eascraíonn as próiseáil sonraí pearsanta, amhail díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach éigin eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach, agus ar rioscaí iad a bhféadfadh damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhábhartha go háirithe teacht astu.

- (54) Ba cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais rúndacht maidir le cumarsáid leictreonach a áirithiú, faoi mar a fhoráiltear le hAirteagal 7 den Chairt. Ba cheart, go háirithe, d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais slándáil a gcuid líonraí cumarsáide leictreonaí a áirithiú, an fhaisnéis a bhaineann le trealamh teirminéil na n-úsáideoirí deiridh a dhéanann rochtain ar shuíomhanna gréasáin agus ar fheidhmchláir mhóibíleacha dá gcuid a áirithiú i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. Ba cheart dóibh na sonraí pearsanta in eolairí na n-úsáideoirí a chosaint.
- (55) D'fhéadfadh dochar fisiciúil, ábhartha nó neamhábhartha do dhaoine nádúrtha éirí as sárú maidir le sonraí pearsanta mura ndéileáiltear leis ar bhealach iomchuí tráthúil. Dá bhrí sin, a luaithe a bheidh an rialaitheoir ar an eolas faoi shárú a bheith déanta i ndáil le sonraí pearsanta, ba cheart don rialaitheoir fógra faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, gan aon mhoill mhíchúí agus, i gcás inar féidir, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis dó eolas a fháil ina leith, maidir leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, ach amháin i gcás ina mbeidh an rialaitheoir in ann a thaispeáint, i gcomhréir le prionsabal na cuntasachta, nach dócha go mbeidh riosca ag gabháil leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha. I gcás nach féidir fógra den sórt sin a dhéanamh laistigh de 72 uair an chloig, ba cheart na cúiseanna leis an moill sin a chur leis an bhfógra, agus féadfar faisnéis a chur ar fáil i gcéimeanna gan tuilleadh moille míchúí. I gcás ina bhfuil cúis mhaith le moill den sórt sin, ba cheart faisnéis nach bhfuil chomh híogair nó chomh mionsonraithe céanna a thabhairt chomh luath agus is féidir seachas réiteach iomlán a fháil ar an mbunachtra sula dtugtar fógra.
- (56) Ba cheart don rialaitheoir sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí, gan aon mhoill mhíchúí, nuair is dócha go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí an duine nádúrtha ag gabháil leis an sárú sin i ndáil le sonraí pearsanta, ionas go bhféadfaidh sé na réamhchúraimí is gá a dhéanamh. Sa chumarsáid, ba cheart tuairisc a thabhairt ar chineál an tsáraithe i ndáil le sonraí pearsanta chomh maith le moltaí a thabhairt don duine nádúrtha lena mbaineann aon éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an sárú a mhaolú. Ba cheart cumarsáidí den sórt sin a dhéanamh leis na hábhair sonraí chomh luath agus is féidir le réasún agus i ndlúthchomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus urramú á thabhairt an t-am céanna do threorú a thugann údarás ábhartha eile amhail údarás forfheidhmithe an dlí.
- (57) Déantar foráil le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le hoibleagáid ghinearálta ar rialaitheoir fógra a thabhairt don oifigeach cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Mura rud é nach bhfuil sé iomchuí agus méid na hinstiúide nó an chomhlachta de chuid an Aontais á cur san áireamh, tá an t-oifigeach cosanta sonraí chun clár d'oibríochtaí próiseála a dtugtar fógra ina leith a choinneáil. Chomh maith leis an oibleagáid ghinearálta seo, ba cheart nósanna imeachta agus sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála ar dócha go mbeadh ardriosca ag gabháil leo maidir le cearta agus le saoirsí daoine nádúrtha mar gheall ar chineál, ar raon feidhme, ar chomhthéacs agus ar chuspóirí na n-oibríochtaí sin. Ba cheart na nósanna imeachta sin, go háirithe, a bheith i bhfeidhm i gcás inarb é atá i gceist leis na cineálacha oibríochtaí próiseála úsáid a bheith á baint as nuatheicneolaíochtaí, nó na cinn ar de chineál nua iad agus nach bhfuil measúnú tionchair ar chosaint sonraí déanta ag an rialaitheoir ina leith go fóill nó na cinn a bhaineann le measúnú tionchair ar chosaint sonraí tagtha chun bheith riachtanach mar gheall ar an tréimhse ama a chuaigh thart ón uair a rinneadh an phróiseáil tosaigh i leith. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don rialaitheoir measúnú tionchair a dhéanamh ar an gcosaint sonraí sula ndéanfar an phróiseáil, chun dóchúlacht faoi leith agus déine faoi leith an ardriosca sin a mheasúnú, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála agus foinsí an riosca á gcur san áireamh. Ba cheart a bheith san áireamh sa mheasúnú tionchair sin, go háirithe, na bearta, na coimircí agus na sásraí a bheartaítear leis an riosca sin a mhaolú, agus é á áirithiú go gcosnaítear sonraí pearsanta agus comhlíonadh an Rialacháin seo á thaispeáint.
- (58) I gcás ina léirítear le measúnú tionchair ar chosaint sonraí go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha ag gabháil leis an bpróiseáil, in éagmais coimircí, bearta slándála agus sásraí chun an riosca a mhaolú, agus i gcás ina bhfuil an rialaitheoir den tuairim nach bhféadfaí an riosca a mhaolú ar bhealach réasúnach ó thaobh na dteicneolaíochtaí atá ar fáil agus ó thaobh na gcostas chur chun feidhme, ba cheart dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula gcuirfí tús le gníomhaíochtaí próiseála. D'fhéadfadh sé go dtiocfaidh ardriosca den sórt sin as cineálacha áirithe próiseála sonraí pearsanta agus as méid agus as minicíocht na próiseála, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh freisin do chearta agus do shaoirsí an duine nádúrtha nó a d'fhéadfadh cur as do chearta agus do shaoirsí an duine nádúrtha sin. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagairt don iarraidh ar chomhairliúchán laistigh de thréimhse shonraithe. Mura mbeidh freagairt ann ón Maoirseoir Eorpach ar

⁽¹⁾ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

Chosaint Sonraí laistigh den tréimhse sin, ba cheart nár dhochar é sin d'aon idirghabháil ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir lena chúraimí nó lena cúraimí nó lena chumhachtaí nó lena cumhachtaí a leagtar síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear an chumhacht cosc a chur ar oibríochtaí próiseála. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin sin, ba cheart go bhféadfaí toradh ar mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéantar maidir leis an bpróiseál a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpach ar Chosaint Sonraí, go háirithe na bearta atá beartaithe chun an riosca do chearta agus do shaoirsí na ndaoine nádúrtha a mhaolú.

- (59) Ba cheart an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a chur ar an eolas faoi bhearta riaracháin agus ba cheart dul i gcomhairle leis faoi rialacha inmheánacha arna nglacadh ag institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais i ndáil le hábhair a bhaineann lena n-oibríocht nuair a dheanann siad foráil do shonraí pearsanta a phróiseáil, coinníollacha a leagan síos maidir le srianadh ar chearta ábhar sonraí nó coimircí iomchuí a sholáthar maidir le cearta ábhar sonraí, chun a áirithiú go gcomhlíonann an phróiseál bheartaithe an Rialachán seo, go háirithe maidir leis na baol a bheadh i gceist leis an bpróiseál don ábhar sonraí a mhaolú.
- (60) Bunaíodh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679 mar chomhlacht neamhspleách de chuid an Aontais ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach. Ba cheart don Bhord rannchuidiú chun Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2016/680 a chur i bhfeidhm go comhleánach ar fud an Aontais, tríd an gcomhairle a chuirtear ar an gCoimisiún agus ar bhealaí eile. Ba cheart, an tráth céanna, go leanfadh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna maoirseachta agus comhairleacha a fheidhmiú i ndáil le hinstiúidí agus comhlachtaí an Aontais, ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin air nó uirthi. Chun comhleánachas maidir le rialacha cosanta sonraí ar fud an Aontais a áirithiú, agus tograí nó moltaí á n-ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún féachaint le dul i gcomhairle le Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Ba cheart gurbh éigeantach don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin tar éis gníomh reachtach a ghlacadh nó le linn an ullmhúcháin ar ghníomhartha tarmiligthe agus ar ghníomhartha cur chun feidhme de réir mar a shainítear in Airteagal 289, Airteagal 290 agus Airteagal 291 CFAE agus tar éis moltaí agus tograí a ghlacadh a bhaineann le comhaontuithe le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 218 CFAE, a mbíonn tionchar acu ar an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint. I gcásanna den sórt sin, ba cheart oibleagáid a bheith ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ach amháin sna cásanna sin ina ndéantar foráil le Rialachán (AE) 2016/679 maidir le comhairliúcháin éigeantach leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, mar shampla, i ndáil le cinntí leordhóthanachta nó le gníomhartha tarmiligthe maidir le deilbhíní caighdeánaithe agus ceanglais maidir le sásraí deimhniúcháin. I gcás ina bhfuil tábhacht faoi leith leis an ngníomh atá i gceist maidir le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha i ndáil le próiseál sonraí pearsanta a chosaint, ba cheart go bhféadfaí an Coimisiún, sa bhreis air sin, dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ina chomhalta dó nó ina comhalta di ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, comhordú a dhéanamh leis an mBord maidir leis an obair chun comhthuairim a eisiúint. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus i gcás inarb infheidhme, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, an chomhairle i scríbhinn uathu a chur ar fáil laistigh de thréimhse 8 seachtaine. Ba cheart an tréimhse sin a bheith níos giorra i gcásanna práinse nó i gcásanna is iomchuí ar shlí eile, mar shampla nuair atá gníomhartha tarmiligthe nó gníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú ag an gCoimisiún.
- (61) I gcomhréir le hAirteagal 75 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí rúnaíocht an Bhoird Eorpach um Chosaint Sonraí a sholáthar.
- (62) Ba cheart d'oifigeach cosanta sonraí i ngach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais a áirithiú go gcuirtear forálacha an Rialacháin seo i bhfeidhm agus go gcuirfeadh an t-oifigeach sin comhairle ar rialaitheoirí agus ar phróiseálaithe faoina gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Ba cheart gur duine an t-oifigeach sin a mbeadh saeolas aige ar dhlí agus ar chleachtais cosanta sonraí, is ní ba cheart a chinneadh, go háirithe, de réir na n-oibríochtaí próiseála sonraí atá á ndéanamh agus de réir na cosanta atá de dhíth ar na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí. Ba cheart d'oifigh cosanta sonraí den sórt sin a bheith in ann a ndualgais agus a gcúraimí a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách.
- (63) Nuair a aistrítear sonraí pearsanta ó institiúidí nó ó chomhlachtaí an Aontais chuig rialaitheoirí, próiseálaithe nó faighteoirí eile i dtríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta ba cheart leibhéal cosanta na ndaoine nádúrtha a áirithítear san Aontas leis an Rialachán seo a ráthú. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na ráthaíochtaí céanna i gcásanna ina ndéantar sonraí pearsanta a aistriú ón tríú tír nó ón eagraíocht idirnáisiúnta chuig rialaitheoirí, próiseálaithe sa tríú tír chéanna nó i dtríú tír eile nó san eagraíocht idirnáisiúnta chéanna nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta. Ar aon nós, ní fhéadfar aistriú chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar an Rialachán seo ina iomláine, agus na cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha a chumhdáitear sa Chairt á n-urramú. Ní fhéadfaí aistriú a dhéanamh ach más rud é, faoi réir forálacha eile an Rialacháin seo, go ndéanann an rialaitheoir nó an próiseálaí na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

- (64) Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, faoi Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 nó faoi Airteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680, go bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta ar shonraí á thairiscint ag trúú tír, ag críoch nó ag earnáil shonraithe i dtrúú tír, nó ag eagraíocht idirnáisiúnta. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais sonraí pearsanta a aistriú chuig an trúú tír sin nó chuig an eagraíocht idirnáisiúnta sin gan gá aon údarú breise a fháil.
- (65) In éagmais cinneadh leordhóthanachta, ba cheart don rialaitheoir nó don phróiseálaí bearta a dhéanamh chun an easpa cosanta i dtrúú tír a chúiteamh trí choimirce iomchuí a chur i bhfeidhm don ábhar sonraí. Féadfaidh a bheith san áireamh sna coimirce iomchuí sin úsáid clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún, clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó clásail chonarthaacha arna n-údarú ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. I gcás nach institiúid ná comhlacht de chuid an Aontais an próiseálaí, is féidir rialacha ceangailteacha corparáideacha, cóid chleachtas agus sásraí deimhniúcháin arna n-úsáid le haghaidh aistrithe idirnáisiúnta faoi Rialachán (AE) 2016/679 a bheith freisin sna coimirce iomchuí freisin. Leis na coimirce sin, ba cheart comhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint sonraí agus cearta na n-ábhar sonraí a áirithiú ar bhealach a bheidh comhoiriúnach le próiseáil laistigh den Aontas, lena n-áirítear fáil a bheith ar chearta in-fhorfheidhmithe na n-ábhar sonraí agus ar leigheasanna éifeachtacha dlí, lena n-áirítear an ceart sásamh éifeachtach riaracháin nó sásamh breithiúnach éifeachtach a fháil agus cúiteamh a éileamh, san Aontas nó i dtrúú tír. Ba cheart go mbainfidís go háirithe le comhlíonadh na bprionsabal ginearálta a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus le prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Féadfaidh institiúidí nó comhlachtaí an Aontais aistrithe a dhéanamh freisin chuig údarais phoiblí nó chuig comhlachtaí poiblí i dtrúú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil dualgais chomhfhreagracha orthu nó a bhfuil feidhmeanna comhfhreagracha acu, lena n-áirítear ar bhonn forálacha atá le cur isteach i socruithe riaracháin, amhail meamraim tuisceana, lena ndéantar foráil maidir le cearta in-fhorfheidhmithe éifeachtacha do na hábhair sonraí. Ba cheart údarú an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a fháil tráth a ndéantar foráil maidir leis na coimirce i socruithe riaracháin nach bhfuil ceangailteach ó thaobh an dlí de.
- (66) Maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaidh an rialaitheoir nó an próiseálaí úsáid a bhaint as clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún nó ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, níor cheart go dtuigfí leis sin go mbeadh cosc ar rialaitheoirí ná ar phróiseálaithe na clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí a chur san áireamh i gconradh níos leithne, amhail i gconradh idir an próiseálaí agus próiseálaí eile, ná ar chlásail eile ná coimirce breise a chur isteach fad nach mbeidís siad contrártha, go díreach ná go hindíreach, do na clásail chonarthaacha chaighdeánacha arna nglacadh ag an gCoimisiún nó ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar choinníoll nach ndéanfaidh siad dochar do chearta ná do shaoirsí bunúsacha na n-ábhar sonraí. Ba cheart rialaitheoirí agus próiseálaithe a spreagadh coimirce breise a chur ar fáil trí ghealltanais chonarthaacha lena ndéanfaí clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí a fhorlíonadh.
- (67) Glacann roinnt trúú tíortha dlíthe, rialacháin agus gníomhartha dlí eile air a bheartaíonn gníomhaíochtaí próiseála institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a rialáil go díreach. D'fhéadfadh a bheith san áireamh leis sin breithiúnais ó chúirteanna nó ó bhinsí nó cinntí ó údarais riaracháin i dtrúú tíortha lena gceanglaítear ar rialaitheoir nó ar phróiseálaí sonraí pearsanta a aistriú nó a nochtadh, agus nach bhfuil bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm idir an trúú tír iarrthach agus an tAontas. D'fhéadfadh sé go sárófaí dlí idirnáisiúnta dá gcuirfí na dlíthe, na rialacháin agus na gníomhartha dlí eile sin i bhfeidhm lasmuigh de dhlínse na dtíortha sin agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar an gcosaint do dhaoine nádúrtha a áirithítear san Aontas leis an Rialachán seo. Níor cheart aistrithe a cheadú ach amháin i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha an Rialacháin seo maidir le haistriú go dtí an trúú tír. D'fhéadfadh sé gurb amhlaidh a bheadh, *inter alia*, i gcás inar gá nochtadh maidir le foras tábhachtach a bhaineann le leas an phobail a dtugtar aitheantas dó faoi dhlí an Aontais.
- (68) Ba cheart foráil a dhéanamh i gcásanna sonracha go bhféadfaí sonraí a aistriú i gcúinsí áirithe i gcás ina bhfuil a thoiliú nó a toiliú sainráite tugtha ag an ábhar sonraí, i gcás ina bhfuil an t-aistriú ócáideach agus riachtanach i ndáil le conradh nó le héileamh dlíthiúil, bíodh sin i nós imeachta breithiúnach nó ná bíodh, nó bíodh sé i nós imeachta riaracháin nó in aon nós imeachta lasmuigh den chúirt nó ná bíodh, lena n-áirítear nósanna imeachta os comhair comhlachtaí rialála. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin go bhféadfaí sonraí a aistriú i gcás ina gceanglaítear amhlaidh le forais tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail a leagtar síos le dlí an Aontais nó i gcás ina ndéantar an t-aistriú ó chlár arna bhunú le dlí agus a bheartaítear chun go bhféadfaidh an pobal nó daoine a bhfuil leas dlisteanach acu é a cheadú. Sa chás deireanach sin, níor cheart aistriú den sórt sin a bheith ag baint leis na sonraí pearsanta ina n-iomláine ná le catagóirí iomlána na sonraí atá sa chlár, mura n-údaráítear é sin le dlí an Aontais, agus, nuair a bheartaítear go bhféadfaidh daoine a bhfuil leas dlisteanach acu an clár a cheadú, níor cheart an t-aistriú a dhéanamh ach arna iarraidh sin do na daoine sin nó más iad siúd atá le bheith ina bhfaighteoirí, agus lánaird á tabhairt ar leasanna agus ar chearta bunúsacha an ábhair sonraí.
- (69) Ba cheart feidhm a bheith ag na maoluithe sin go háirithe maidir le haistriú sonraí atá de dhíth agus riachtanach ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail, mar shampla i gcás malartú sonraí go hidirnáisiúnta idir institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais agus údarais iomaíochta, ranna cánachais nó custaim, údarais agus seirbhísí maoirseachta airgeadais agus seirbhísí atá inniúil maidir leis an tslándáil shóisialta nó leis an tsláinte phoiblí, mar shampla, i gcás ina mbeadh lorgaireacht á dhéanamh ar theagmháil i gcás galair thógálacha nó chun dópáil i gcúrsaí spóirt a laghdú agus/nó deireadh a chur leis. Ba cheart a mheas chomh maith gur dleathach sonraí pearsanta

a aistriú i gcás ina bhfuil gá leis chun leas atá bunriachtanach maidir le leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile, sláine fhisiciúil nó saol san áireamh, mura féidir leis an ábhar sonraí toiliú a thabhairt. In éagmais cinneadh leordhóthanachta, Féadfaidh dlí an Aontais, ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail, teorainneacha a leagan síos go sainráite ar aistriú catagóirí sonracha sonraí chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta. Aon aistriú chuig eagraíocht dhaonnúil idirnáisiúnta a dhéantar maidir le sonraí pearsanta ábhair sonraí nach bhfuil ar a chumas nó ar a cumas, go fisiciúil nó go dlíthiúil, toiliú a thabhairt, chun cúram atá riachtanach faoi Choinbhinsiúin na Ginéive a chomhlíonadh nó chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme i gcoinbhleachtaí armtha a chomhlíonadh, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an t-aistriú sin riachtanach ar chúis thábhachtach a bhaineann le leas an phobail nó mar gur leas ríthábhachtach de chuid an ábhair sonraí atá ann.

- (70) Ar aon chaoi, i gcás nach bhfuil aon chinneadh glactha ag an gCoimisiún maidir leis an leibhéal leormaith cosanta sonraí i dtír, ba cheart don rialaitheoir nó don phróiseálaí úsáid a bhaint as réitigh lena gcuirtear cearta infhorfheidhmithe éifeachtacha ar fáil do na hábhair sonraí i ndáil leis an bpróiseáil a dhéantar ar a gcuid sonraí san Aontas a luaithe a dhéantar na sonraí sin a aistriú chun go leanfaidh siad de leas a bhaint as cearta bunúsacha agus as coimirce.
- (71) Nuair a aistrítear sonraí pearsanta thar teorainneacha lasmuigh den Aontas, d'fhéadfaí daoine nádúrtha a chur i mbaol breise maidir lena gcumas cearta cosanta sonraí a fheidhmiú go háirithe chun iad féin a chosaint ar úsáid neamhdhleathach nó nochtadh neamhdhleathach na faisnéise sin. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé nach mbeadh údarais mhaoirseachta náisiúnta, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí in ann gearáin a leanúint ná imscrúduithe a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála a dhéantar lasmuigh dá ndlínse. D'fhéadfadh sé freisin go gcuirfí isteach ar iarrachtaí na n-údarás sin a bheith ag obair le chéile sa chomhthéacs trasteorann mar gheall ar easpa cumhachtaí coisctheacha nó feabhais, mar gheall ar shocrúithe neamhréireacha dlí, agus, mar gheall ar bhacainní praiticiúla amhail srianta ó thaobh acmhainní. Dá bhrí sin, ba cheart comhar níos dlúithe idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus údarais mhaoirseachta náisiúnta maidir le cosaint sonraí a chur chun cinn chun cuidiú le malartú faisnéise lena gcuid comhpháirtithe idirnáisiúnta.
- (72) Cuid fhíor-riachtanach de chosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta is ea an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bhunú i Rialachán (AE) Uimh 45/2001 a bhfuil an chumhacht aige nó aici a chúraimí nó a cúraimí agus a chumhachtaí nó a cumhachtaí a chomhlíonadh ar shlí atá go hiomlán neamhspleách. Ba cheart go ndéanfaí treisiú agus soiléiriú breise ar a ról agus ar a chuid neamhspleáchais leis an Rialachán seo. Ba cheart gur duine é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil de chluí air nó uirthi go bhfuil an tairde agus na scileanna is gá aige nó aici chun dualgais an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a dhéanamh, mar shampla, toisc gur bhain sé nó sí leis na húdarais mhaoirseachta a bunaíodh faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679.
- (73) Chun faireachán agus forfheidhmiúchán comhleanúnach a áirithiú maidir leis na rialacha cosanta sonraí ar fud an Aontais, ba cheart na cúraimí agus na cumhachtaí éifeachtacha céanna a bheith ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus atá ag na húdarais mhaoirseachta náisiúnta, ina measc cumhachtaí imscrúdaithe, cumhachtaí ceartaítheacha agus smachtbhannaí, agus cumhachtaí údaraithe agus comhairleacha, go háirithe i gcás gearáin ó dhaoine nádúrtha, agus cumhachtaí sárú ar an Rialachán seo a thabhairt chun aire na Cúirte Breithiúnais agus cumhachtaí dul i mbun imeachtaí dlí i gcomhréir leis an dlí príomha. Ba cheart a áireamh ar chumhachtaí den sórt sin freisin an chumhacht teorainn shealadach nó teorainn bhuan, lena n-áirítear toirmeasc, a fhorchur ar phróiseáil. Chun costais iomarcacha agus míchaoithiúlacht iomarcach a sheachaint do na daoine lena mbaineann a bhféadfaí dochar a dhéanamh dóibh, ba cheart gach beart a dhéanann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bheith iomchuí, riachtanach agus comhréireach chun a áirithiú go gcomhlíontar an Rialachán seo, ba cheart na cúinsí a bhaineann le gach cás faoi leith a thabhairt san áireamh agus urraim a thabhairt do cheart an uile dhuine éisteacht a fháil sula ndéantar aon bheart lena mbaineann. Maidir le gach beart a dhéanann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí atá ceangailteach de réir dlí, ba cheart dó a bheith i scríbhinn agus a bheith soiléir agus gan athbhrí, ba cheart dáta eisiúna an bhirt a shonrú ann, ba cheart é a bheith sínithe ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ba cheart na cúiseanna leis an mbeart a thabhairt, agus ba cheart freisin tagairt a dhéanamh don cheart leigheas éifeachtach a fháil.
- (74) Níor cheart go gcumhdófaí faoi inniúlacht mhaoirseachta an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí próiseáil sonraí pearsanta ag an gCúirt Bheithiúnais agus an Chúirt ag gníomhú faoina cumas breithiúnach féin, d'fhonn neamhspleáchas na Cúirte a choimirce i gcomhlíonadh a cúraimí breithiúnacha, lena n-áirítear le linn di a cuid cinntí a dhéanamh. Ba cheart don Chúirt maoirseacht neamhspleách a bhunú d'oibríochtaí den sórt sin, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Chairt, mar shampla trí shásra inmheánach.
- (75) Ba cheart na cinntí a dhéanann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir le díolúintí, ráthaíochtaí, údaruithe agus coinníollacha a bhaineann le hoibríochtaí próiseála sonraí, faoi mar a shainmhínítear iad sa Rialachán seo, a fhoilsiú sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí. Gan beann ar thuarascáil ar ghníomhaíochtaí a fhoilsiú gach bliain, is féidir leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuarascálacha a fhoilsiú faoi ábhair shonracha.

- (76) Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ a chomhlíonadh.
- (77) Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 agus ba cheart dóibh rannchuidiú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin ar fud an Aontais, chun daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta agus chun saorshreabhadh sonraí pearsanta a éascú laistigh den mhargadh inmheánach. Chun comhleánúnachas maidir le cur i bhfeidhm rialacha cosanta sonraí atá infheidhme sna Ballstáit agus cur i bhfeidhm rialacha cosanta sonraí atá infheidhme i leith institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais a mhéadú, ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí oibriú go héifeachtúil i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta.
- (78) I gcásanna áirithe, foráiltear le dlí an Aontais do mhodh maoirseachta comhordaithe, idir an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis maoirseachta náisiúnta. Anuas air sin, is é an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an t-údarás maoirseachta maidir le *Europol* agus chun na críocha sin, tá modh sonrath comhair ar bun leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta trí bhord comhair lena ngabhann feidhm chomhairleach. Chun feabhas a chur ar an maoirseacht agus ar an bhforfheidhmiúchán éifeachtúil maidir le rialacha substainteacha cosanta sonraí, ba cheart aon mhodh comhtháite amháin maoirseachta comhordaithe a thabhairt isteach laistigh den Aontas. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, tograí reachtacha a thíolacadh i gcás inarb iomchuí sin chun gníomhartha dlí de chuid an Aontais lena ndéantar foráil maidir le modh maoirseachta comhordaithe a leasú, ionas go ndéanfar iad a ailíniú leis an modh maoirseachta comhordaithe a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí mar fhóram aonair maidir leis an maoirseacht chomhordaithe éifeachtúil a áirithiú sna réimsí uile.
- (79) Ba cheart an ceart a bheith ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh leis an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ba cheart an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a bheith aige nó aici os comhair Chúirt Bheithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis na Conarthaí, má mheasann an t-ábhar sonraí go bhfuil a chearta nó a cearta faoin Rialachán seo á sárú nó mura ngníomhaíonn an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i leith gearáin, má dhiúltaíonn sé nó sí do ghearán go páirteach nó go hiomlán nó má dhíbheann sé nó sí go páirteach nó go hiomlán é nó mura ngníomhaíonn sé nó sí i gcás inar gá dul i mbun gníomhaíocht den sórt sin chun cearta an ábhair sonraí a chosaint. Ba cheart an t-imscrúdú i ndiaidh gearáin a dhéanamh, faoi réir athbhreithniú breithiúnach, a mhéid is iomchuí sa chás sonrath. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéantar maidir leis an ngearán agus faoi thoradh an ghearáin laistigh de thréimhse réasúnta. Más gá tuilleadh comhordaithe a dhéanamh le húdaráis maoirseachta náisiúnta eile sa chás, ba cheart faisnéis a thabhairt don ábhar sonraí idir an dá linn. Chun tíolacadh gearán a éascú, ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí bearta a ghlacadh, amhail foirm chun gearán a dhéanamh a chur ar fáil a fhéadfar a líonadh isteach go leictreonach freisin, gan modhanna eile cumarsáide a eisiáimh.
- (80) Ba cheart d'aon duine a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó nó di mar thoradh ar shárú an Rialacháin seo, an ceart a bheith aige cúiteamh a fháil ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí as an damáiste a bhain dó nó di, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí.
- (81) Chun an ról maoirseachta atá ag an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus forfheidhmiú éifeachtúil an Rialacháin seo a threisiú, ba cheart a bheith de chumhacht ag an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, mar smachtbhanna na rogha deiridh, fineálacha riaracháin a ghearradh. Ba cheart na fineálacha a bheith dírithe ar smachtbhannaí a fhorchur ar an institiúid nó ar an gcomhlacht de chuid an Aontais — seachas ar dhaoine aonair — mar gheall ar neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo, chun sárú an Rialacháin seo ina dhiaidh sin a dhíspreagadh agus chun cultúr cosanta sonraí pearsanta a chothú laistigh d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Aontais. Ba cheart don Rialachán seo sárúithe atá faoi réir fhíneálacha riaracháin a shonrú chomh maith leis na huasteorainneacha agus na critéir maidir leis na fineálacha lena mbaineann a shocrú. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí suim na fineála a shocrú i ngach cás faoi leith, trí na himthosca ábhartha ar fad a bhaineann leis an gcás sonrath sin a thabhairt san áireamh, agus aird chuí á tabhairt ar chineál, ar thromchúis agus ar fhad an tsárúithe, ar a dtagann dá thoradh agus ar na bearta a rinneadh chun comhlíonadh na ndualgas faoin Rialachán seo a áirithiú agus chun torthaí an tsárúithe a chosc nó a mhaolú. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus fineáil riaracháin á gearradh ar institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais, comhréireacht shuim na fineála a thabhairt san áireamh. Ba cheart an nós imeachta riaracháin maidir le fineálacha a ghearradh ar institiúidí agus ar chomhlachtaí de chuid an Aontais a bheith i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais de réir mar a léiríonn an Chúirt Bheithiúnais iad.
- (82) I gcás ina measann ábhar sonraí go bhfuil a chearta nó a cearta faoin Rialachán seo á sárú, ba cheart an ceart a bheith aige nó aici sainordú a thabhairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do chomhlachas seachbhrabúsach a bhunaítear i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, a bhfuil cuspóirí reachtúla chun leas an phobail aige agus atá gníomhach

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

sa réimse maidir le sonraí pearsanta a chosaint, gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí thar a cheann nó thar a ceann. Ba cheart é a bheith ar chumas comhlachta, eagraíochta nó comhlachais den sórt sin an ceart chun leigheas breithiúnach a fheidhmiú thar ceann ábhair sonraí nó an ceart cúiteamh a fháil a fheidhmiú thar ceann ábhair sonraí.

- (83) Ba cheart oifigeach nó seirbhíseach eile de chuid an Aontais nach gcomhlíonann na hoibleagáidí atá ann sa Rialachán seo a bheith faoi dhliteanas birt araíonachta nó birt eile i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh nó gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, *Euratom*, CECC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ⁽¹⁾ (“Na Rialachán Foirne”).
- (84) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid maidir le clásail chonarthaacha chaighdeánacha a ghlacadh idir rialaitheoirí agus próiseálaithe agus idir próiseálaithe, maidir le glacadh liosta d’oibríochtaí próiseála ar gá comhairliúcháin roimh ré leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ina leith ag rialaitheoirí a phróiseálann sonraí pearsanta i ndáil le cúram a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, agus maidir le clásail chonarthaacha chaighdeánacha a ghlacadh trína gcuirtear coimircí iomchuí ar fáil i ndáil le haistriú idirnáisiúnta.
- (85) Ba cheart cosaint a thabhairt don fhaisnéis rúnda a bhailíonn an tAontas agus na húdaráis náisiúnta staidrimh chun staidreamh Eorpach oifigiúil agus staidreamh náisiúnta oifigiúil a tháirgeadh. Ba cheart staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh i gcomhréir leis na prionsabail staidrimh mar a leagtar amach in Airteagal 338(2) CFAE. Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, tugtar tuilleadh sonraíochtaí maidir le rúndacht staidrimh do staidreamh Eorpach.
- (86) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ a aisghairm. Ba cheart na tagairtí don Rialachán agus don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.
- (87) Chun neamhspleáchas iomlán na gcomhaltáí ar an údaráis maoirseachta neamhspleách a choimirciú, níor cheart cur isteach ar théarma oifige an Mhaoirseora Eorpaigh reatha ar Chosaint Sonraí ná ar théarma oifige an Mhaoirseora Cúnta reatha leis an Rialachán seo. Ba cheart don Mhaoirseoir Cúnta reatha fanacht sa phost go deireadh a théarma oifige, ach amháin má chomhlíontar ceann de na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le deireadh théarma an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí roimh an tráth atá ceaptha. Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo maidir leis an Maoirseoir Cúnta go deireadh a théarma oifige.
- (88) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí, i ndáil leis an mbunchuspóir a thabhairt i gcrích arb é leibhéal coibhíseach cosanta daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseachta sonraí pearsanta ar fud an Aontais a áirithiú, rialacha a leagan síos maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) CAE.
- (89) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim uaidh an 15 Márta 2017 ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, *Euratom*) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, *Euratom* ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

⁽⁴⁾ Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 1 Iúil 2002 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmíocht dhualgais an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (IO L 183, 12.7.2002, lch. 1).

⁽⁵⁾ IO C 164, 24.5.2017, lch. 2.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus cuspóirí

1. Leagtar síos rialacha leis an Rialachán seo i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Aontais agus rialacha i ndáil le saorghluaiseacht sonraí pearsanta eatarthu nó chuig faighteoirí eile atá bunaithe san Aontas.
2. Leis an Rialachán seo, cosnaítear cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe a gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint.
3. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faireachán ar fheidhmiú fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis na hoibríochtaí próiseála ar fad a dhéanann institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais.
2. Is ag Airteagal 3 agus Caibidil IX den Rialachán seo amháin a bheidh feidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE.
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag *Europol* agus ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, go dtí go ndéanfar Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ⁽²⁾ a oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 98 den Rialachán seo.
4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag misin dá dtagraítear in Airteagal 42(1), Airteagal 43 agus Airteagal 44 CAE.
5. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna uathoibrithe, agus maidir le sonraí pearsanta, ar cuid de chóras comhdúcháin iad nó atá beartaithe a bheith ina gcuid de chóras comhdúcháin, a phróiseáil trí mhodhanna eile seachas modhanna uathoibrithe.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “sonraí pearsanta” aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (“ábhar sonraí”); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí súimh, aitheantóir ar líne nó fachtóir amháin nó níos mó is sonrach do chéannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;
- (2) ciallaíonn “sonraí pearsanta oibríochtúla” na sonraí pearsanta ar fad arna bpróiseáil ag comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE le go gcomhlíonfar na cuspóirí agus na cúraimí a leagtar síos sna gníomhartha dlí lena mbunaítear na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí sin;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (*Europol*) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIFE”) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

- (3) ciallaíonn “próiseáil” aon oibríocht nó aon tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirsciosadh nó díothú;
- (4) ciallaíonn “srianadh ar phróiseáil” sonraí pearsanta stóráilte a mharcáil agus é d’aidhm leis sin teorainn a chur leis an bpróiseáil a dhéanfar orthu sa todhcháil;
- (5) ciallaíonn “próifíliú” aon chineál próiseála uathoibrithe a dhéantar ar shonraí pearsanta ina n-úsáidtear sonraí pearsanta chun meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha sin ag an obair, le staid eacnamaíoch, le sláinte, le roghanna pearsanta, le hábhair spéise, le hiontaofacht, le hiompar, le suíomh nó le gluaiseachtaí an duine nádúrtha sin;
- (6) ciallaíonn “ainm bréige a chur i bhfeidhm” sonraí pearsanta a phróiseáil ar chaoi nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith ábhar sonraí ar leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar choinníoll go gcoimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú nach gcuirtear na sonraí pearsanta i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta;
- (7) ciallaíonn “córas comhdúcháin” aon tacar struchtúrtha sonraí pearsanta a bhfuil rochtain orthu de réir critéir shonracha, is cuma má tá an tacar sin láraithe, dláraithe nó scaipthe ar bhonn feidhmeach nó geografach;
- (8) ciallaíonn “rialaitheoir” an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais nó an ard-stiúrthóireacht nó aon eintiteas eagraíochtúil eile a chinneann, ina haonar nó ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna phróiseáil sin le gníomh sonracha de chuid an Aontais, is féidir fóráil a dhéanamh maidir le rialaitheoir nó maidir leis na critéir shonracha d’ainmniú rialaitheora le dlí an Aontais;
- (9) ciallaíonn “rialaitheoirí seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais” rialaitheoirí de réir bhrí phointe (7) d’Airteagal 4 Rialachán (AE) 2016/679 agus rialaitheoirí de réir bhrí phointe (8) d’Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/680;
- (10) ciallaíonn “institiúidí agus comhlachtaí an Aontais” institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais arna gcur ar bun le, CAE, le CFAE nó le Conradh *Euratom* nó arna gcur ar bun ar a mbonn;
- (11) ciallaíonn “údarás inniúil” aon údarás poiblí i mBallstát atá inniúil i gcionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó i bpionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear cosaint ar bhagairtí ar an tslándáil phoiblí agus na bagairtí ar an tslándáil sin a chosc;
- (12) ciallaíonn “próiseálaí” duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora;
- (13) ciallaíonn “faighteoir” duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó comhlacht eile, dá nochtar na sonraí pearsanta, bídis ina dtríú páirtí nó ná bíodh. Maidir le húdaráis phoiblí a dhéanadh sonraí pearsanta a fháil faoi chuimsiú fiosrúcháin ar leith i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, ní mheasfar gur faighteoirí iad; comhlíonfaidh an phróiseálaí a dhéanfaidh na húdaráis phoiblí sin ar na sonraí sin na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí de réir na gcríoch atá leis an bpróiseáil;
- (14) ciallaíonn “tríú páirtí” duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó comhlacht eile seachas an t-ábhar sonraí, rialaitheoir, próiseálaí agus daoine a údaraítear, faoi údarás díreach an rialaitheora nó an phróiseálaí, sonraí pearsanta a phróiseáil;
- (15) ciallaíonn “toiliú” an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonracha, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi;
- (16) ciallaíonn “sárú i ndáil le sonraí pearsanta” sárú ar shlándáil as a dtagann díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaráithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaráithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach;
- (17) ciallaíonn “sonraí géiniteacha” sonraí pearsanta a bhaineann le saintréithe géiniteacha duine nádúrtha, bídis ina saintréithe ó bhroinn nó ina saintréithe fáltais, a thugann faisnéis uathúil faoi fhiseolaíocht nó sláinte an duine nádúrtha sin agus arb é atá iontu an toradh, go háirithe, ar anailís arna déanamh ar shampla bitheolaíoch ón duine nádúrtha atá i gceist;

- (18) ciallaíonn “sonraí bithmhéadracha” sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil shonrach agus a bhaineann le saintréithe fisiciúla, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, ar sonraí iad lena gceadaítear nó lena ndeimhnítear sainnithint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna den aghaidh nó sonraí dachtalascópacha;
- (19) ciallaíonn “sonraí a bhaineann leis an tsláinte” sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, lena nochtar faisnéis faoina stádas sláinte;
- (20) ciallaíonn “seirbhís de chuid na sochaí faisnéise” seirbhís mar a shainmhínítear í i bpointe (b) d’Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (21) ciallaíonn “eagraíocht idirnáisiúnta” eagraíocht agus a cuid fochomhlachtaí arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí, nó aon chomhlacht eile a bhunaítear le comhaontú idir dhá thír nó níos mó nó ar bhonn comhaontú den sórt sin;
- (22) ciallaíonn “údarás maoirseachta náisiúnta” údarás poiblí neamhspleách a bhunaíonn Ballstát de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó de bhun Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680;
- (23) ciallaíonn “úsáideoir” aon duine nádúrtha a úsáideann líonra nó trealamh teirminéil arna oibriú faoi rialú institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais;
- (24) ciallaíonn “eolaire” eolaire úsáideoirí atá ar fáil go poiblí nó eolaire inmheánach úsáideoirí atá ar fáil laistigh d’institiúid nó de chomhlacht de chuid an Aontais nó a roinneann institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, cibé acu i bhfoirm chlóite nó i bhfoirm leictreonach é;
- (25) ciallaíonn “líonra cumarsáide leictreonaí” córas tarchurtha, bíodh sé bunaithe ar bhonneagar buan nó ar acmhainn riaracháin láraithe nó ná bíodh, agus, i gcás inarb infheidhme, trealamh lasctha nó ródúcháin agus acmhainní eile, lena n-áirítear eilimintí neamhghníomhacha líonra, lena féidir comharthaí a iompar ar shreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile, lena n-áirítear líonraí satailíte, líonraí fosaithe (ciorcadlasctha agus paicéadlasctha, an tdirlión san áireamh) agus líonraí móibíleacha talún, córais cáblaí leictreacha, a mhéid a úsáidtear iad chun comharthaí a tharchur, líonraí a úsáidtear le haghaidh craolachán raidió agus teilifíse, agus líonraí teilifíse cábla, gan beann ar chineál na faisnéise a iompraítear;
- (26) ciallaíonn “trealamh teirminéil” trealamh teirminéil mar a shainmhínítear í i bpointe (1) d’Airteagal 1 de Threoir 2008/63/CE ⁽²⁾ ón gCoimisiún.

CAIBIDIL II

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Airteagal 4

Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta

1. Maidir le sonraí pearsanta:
 - (a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí (“dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht”);
 - (b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin; tuilleadh próiseála a dhéantar ar sonraí pearsanta chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, ní mheasfar, i gcomhréir le hAirteagal 13, go bhfuil sí ar neamhréir leis na críocha tosaigh (“teorannú de réir cuspóra”);
 - (c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil (“íoslaghú sonraí”);
 - (d) beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar cothrom le dáta iad; ní mór gach beart réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go léirscriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta atá míchruinn gan mhoill, ag féachaint do na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil (“cruinneas”);

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2008/63/CE ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2008 maidir le hiomaíocht sna margai i dtrealamh teirminéil teileachumarsáide (IO L 162, 21.06.2008, lch. 20).

- (e) déanfar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainnithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach; féadfar sonraí pearsanta a stóráil le haghaidh tréimhsí níos faide a mhéid nach ndéanfar na sonraí sin a phróiseáil ach amháin chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 13 faoi réir chur chun feidhme na mbeart iomchuí teicniúil agus eagraíochtúil a cheanglaítear leis an Rialachán seo chun cearta agus saoirsí an ábhair sonraí a choimirciú (“teorannú stórála”);
- (f) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach lena n-áiríthítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, díothú nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla (“sláine agus rúndacht”).
2. Is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as mír 1 a chomhlíonadh, agus beidh sé in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint (“cuntasacht”).

Airteagal 5

Dlíthiúlacht próiseála

1. Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:
- (a) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais;
- (b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;
- (c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun Conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí nó chun bearta a dhéanamh arna n-iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé Conradh;
- (d) tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch sonrath amháin nó níos mó;
- (e) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint.
2. Déanfar an bunús don phróiseáil dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 a leagan síos i ndlí an Aontais.

Airteagal 6

Próiseáil chun críche eile atá comhoiriúnach

Más rud é, i gcás próiseáil chun críche eile seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta, nach bhfuil an phróiseáil sin bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí ná ar dhlí an Aontais atá mar bheart riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 25(1) a choimirciú, déanfaidh an rialaitheoir, chun a fháil amach an bhfuil críoch na próiseála ag luí leis na críocha sin ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos, na nithe seo a leanas, *inter alia*, a chur san áireamh:

- (a) aon nasc idir na críocha ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta agus na críocha atá leis an tuilleadh próiseála atá beartaithe;
- (b) an comhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, go háirithe maidir leis an ngaol idir na hábhair sonraí agus an rialaitheoir;
- (c) cineál na sonraí pearsanta, go háirithe an ndéantar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, de bhun Airteagal 10, nó an ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta a phróiseáil, de bhun Airteagal 11;
- (d) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na hábhair sonraí ag an tuilleadh próiseála atá beartaithe;
- (e) coimircí iomchuí a bheith ann, ar a bhféadfadh a áireamh criptiú a dhéanamh nó ainm bréige a chur i bhfeidhm.

Airteagal 7

Coinníollacha maidir le toiliú

1. I gcás ina mbíonn an phróiseáil bunaithe ar thoiliú, beidh an rialaitheoir in ann a thaispeáint gur thug an t-ábhar sonraí toiliú go ndéanfaí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil.
2. Más i gcomhthéacs dearbhú i scríbhinn a bhaineann le hábhair eile freisin a thugann an t-ábhar sonraí toiliú, déanfar an iarraidh ar thoiliú a chur i láthair ar bhealach is féidir a dhealú go soiléir ó na hábhair eile, i bhfoirm intuigthe agus atá éasca le rochtain, agus teanga shoiléir shimplí á húsáid. Aon chuid de dhearbhu den sórt sin arb ionann í agus sárú ar an Rialachán seo, ní bheidh sí ceangailteach.

3. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí a thoilíú nó a toiliú a tharraingt siar aon am is mian leis nó léi. Má tharraingítear siar toiliú ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú a tugadh sular tarraingíodh siar é. Sula ndéanfaidh an t-ábhar sonraí toiliú a thabhairt, cuirfear ar an eolas faoin méid sin é. Beidh sé chomh héasca céanna toiliú a tharraingt siar agus a bheidh sé é a thabhairt.

4. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil toiliú tugtha faoi shaoirse, tabharfar lánaird ar, *inter alia*, cibé acu atá nó nach bhfuil comhlíonadh conartha, lena n-áirítear seirbhís a sholáthar, coinníollach ar an toiliú le próiseáil sonraí pearsanta, ar próiseáil í nach bhfuil riachtanach chun an conradh sin a chomhlíonadh.

Airteagal 8

Na coinníollacha is infheidhme maidir le toiliú linbh i dtaca le seirbhísí na sochaí faisnéise

1. I gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (d) d'Airteagal 5(1), maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise a thairiscint go díreach do leanbh, beidh próiseáil sonraí pearsanta linbh dleathach má tá an leanbh os cionn 13 bliana d'aois. Má tá an leanbh faoi bhun 13 bliana d'aois, ní bheidh an phróiseáil sin dleathach ach amháin má thugann nó má údaraíonn, agus a mhéid a thugann nó a údaraíonn, sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh an toiliú sin.

2. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an rialaitheoir iarrachtaí réasúnta a fhíorú gur thug nó gur údaraigh sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh toiliú, agus cuirfear an teicneolaíocht a bheidh ar fáil san áireamh.

3. Ní dhéanfaidh mír 1 difear do dhlí ginearálta na gconarthaí sna Ballstáit, amhail na rialacha maidir le bailíocht, déanamh nó éifeacht conartha i ndáil le leanbh.

Airteagal 9

Tarchur sonraí pearsanta chuig faighteoirí atá bunaithe san Aontas, seachas institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais

1. Gan dochar d'Airteagal 4 go Airteagal 6 agus Airteagal 10, ní dhéanfar sonraí pearsanta a tharchur chuig faighteoirí, atá bunaithe san Aontas, seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- má shuíonn an faighteoir go bhfuil gá leis na sonraí chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe don fhaighteoir; nó
- má shuíonn an faighteoir gur gá na sonraí a tharchur chun críoch shonrach ar mhaithe le leas an phobail agus má shuíonn an rialaitheoir, i gcás ina bhfuil aon chúis ann glacadh leis go bhféadfaí dochar a dhéanamh do leasanna dlísteanaigh an ábhair sonraí, go bhfuil sé comhréireach na sonraí pearsanta a tharchur ar mhaithe leis an gcríoch shonrach sin, tar éis dó na leasanna éagsúla iomaíochta a mheas go soiléir.

2. I gcás ina dtionscnaíonn an rialaitheoir an tarchur faoin Airteagal seo, léireoidh sé nó sí go bhfuil tarchur na sonraí pearsanta riachtanach i ndáil leis na cuspóirí atá leis an tarchur agus comhréireach leo, trí na critéir a leagtar síos i bpointí (a) nó (b) de mhír 1 a chur i bhfeidhm.

3. Déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart rochtana ar dhoiciméid i gcomhréir le dlí an Aontais a thabhairt de réir a chéile.

Airteagal 10

Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil

1. Toirmiscfear próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmiscfear próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainiú go huathúil, sonraí a bhaineann leis an t sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 má tá feidhm ag ceann amháin díobh seo leanas:

- thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar mhaithe le críoch sonraithe amháin nó níos mó, seachas i gcás ina bhfuil foráil déanta i ndlí an Aontais nach bhféadfaidh an t-ábhar sonraí an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1 a chur i leataobh, nó
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáidí an rialaitheora nó an ábhair sonraí a chomhlíonadh agus chun cearta sonracha an rialaitheora nó an ábhair sonraí a fheidhmiú i réimse dhlí na fostaíochta agus na slándála sóisialta agus cosanta sóisialta a mhéid atá údaraithe le dlí an Aontais lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí;
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna rithábachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint, i gcás nach féidir leis an ábhar sonraí toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil,

- (d) déanann comhlacht seachbhrabúsach, ar eintiteas é atá comhtháite in institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais agus a bhfuil aidhm pholaitiúil, fhealsúnach, reiligiúnach nó cheardchumannachais aige, an phróiseáil agus é i mbun gníomhaíochtaí dlísteana le coimircí iomchuí, ar choinníoll nach mbaineann an próiseáil ach le comhaltaí nó le hiarchomhaltaí an chomhlachta nó le daoine a mbíonn teagmháil rialta acu leis an gcomhlacht maidir lena chuspóirí agus ar choinníoll nach nochtar na sonraí pearsanta lasmuigh den chomhlacht sin gan toiliú ó na hábhair sonraí;
- (e) baineann an próiseáil le sonraí pearsanta ar follasach gur chuir an t-ábhar sonraí ar fáil go poiblí iad;
- (f) is gá an próiseáil a dhéanamh le héilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint nó tráth ar bith a bhíonn an Chúirt Bhreithiúnais ag gníomhú faoina cumas breithiúnach;
- (g) is gá an próiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a dhéanfaidh foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú;
- (h) is gá an próiseáil a dhéanamh chun críocha leighis choiscthigh nó ceirde, chun measúnú a dhéanamh ar chumas oibre an fhostaí, diagnóis leighis, cúram sláinte nó cóireáil shóisialta a sholáthar nó bainistiú córas nó seirbhísí cúram sláinte nó sóisialta ar bhonn dhlí an Aontais nó de bhun conradh le gairmí sláinte agus faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 3;
- (i) is gá an próiseáil a dhéanamh ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, amhail cosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte nó chun ardchaighdeán cháilíochta agus slándála a áirithiú do chúram sláinte agus do tháirgí íocshláinte nó d'fheistí leighis, ar bhonn dhlí an Aontais lena ndéantar foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun go ndéanfar cearta agus saoirsí an ábhair sonraí, go háirithe an rúndacht ghairmiúil, a choimirciú; nó
- (j) is gá an próiseáil a dhéanamh chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh bunaithe ar dhlí an Aontais a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a dhéanfaidh foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú.

3. Féadfar sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 a phróiseáil chun na críocha dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 2 nuair a dhéanann gairmí na sonraí sin a phróiseáil nó nuair a dhéantar iad a phróiseáil faoi fhreagracht gairmí, ar gairmí é atá faoi réir oibleagáide rúndachta gairmiúla faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit nó faoi rialacha arna mbunú ag comhlachtaí náisiúnta inniúla, nó má phróiseálann duine eile iad atá faoi réir oibleagáid rúndachta freisin faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit nó faoi rialacha arna mbunú ag comhlachtaí náisiúnta inniúla.

Airteagal 11

Sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithé coiriúla agus cionta a phróiseáil

Ní dhéanfar sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithé coiriúla agus cionta nó le bearta slándála gaolmhara atá bunaithe ar Airteagal 5(1) a phróiseáil ach amháin faoi rialú údaráis oifigiúil nó i gcás ina bhfuil an próiseáil údaraithe le dlí an Aontais lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta agus saoirsí ábhar sonraí.

Airteagal 12

Próiseáil nach gceanglaítear sainaitheint léi

1. Mura mbeidh ceanglas ar an rialaitheoir, maidir leis na críocha ar chucu a dhéanann sé nó sí sonraí pearsanta a phróiseáil, ábhar sonraí a shainaitheint nó nach bhfuil na ceanglais sin air nó uirthi a thuilleadh, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir tuilleadh faisnéise a choimeád, a fháil nó a phróiseáil chun go sainaitheoidh sé nó sí, d'aon toisc chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, an t-ábhar sonraí.

2. Más rud é, i gcásanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go bhfuil an rialaitheoir in ann a thaispeáint nach bhfuil sé in ann an t-ábhar sonraí a shainaitheint, cuirfidh an rialaitheoir an méid sin in iúl dá réir don ábhar sonraí, más féidir. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 17 go Airteagal 22 ach amháin i gcás ina soláthraíonn an t-ábhar sonraí tuilleadh faisnéise lena gcumasaítear é nó í a shainaitheint, chun críocha a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoi na hAirteagail sin.

*Airteagal 13***Coimircí i ndáil le próiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh**

Próiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, beidh sí faoi réir coimircí iomchuí ó thaobh chearta agus shaoirsí an ábhair sonraí de i gcomhréir leis an Rialachán seo. Leis na coimircí sin, áiritheofar go mbeidh bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an íoslaghdaíthe sonraí a urramú. Féadfar a áireamh ar na bearta sin ainm bréige a chur i bhfeidhm, ar choinníoll gur féidir na críocha sin a chomhlíonadh ar an mbealach sin. I gcás inar féidir na críocha sin a chomhlíonadh trí thuilleadh próiseála, ar próiseáil í sin a fhágann nach féidir na hábhair sonraí a shainaitheint nó nach féidir iad a shainaitheint a thuilleadh, is ar an mbealach sin a chomhlíonfar na críocha sin.

CAIBIDIL III

CEARTA AN ÁBHAIR SONRAÍ

ROINN I

Trédharcacht agus módúlachtaí*Airteagal 14***Faisnéis thrédharcach, cumarsáid thrédharcach agus modúlachtaí thrédharcacha i dtaca le feidhmiú chearta an ábhair sonraí**

1. Déanfaidh an rialaitheoir bearta iomchuí chun aon fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15 agus Airteagal 16 agus aon chumarsáid faoi Airteagal 17 go Airteagal 24 agus Airteagal 35 a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta, a sholáthar don ábhar sonraí i bhfoirm atá achomair, trédharcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, agus úsáidfear teanga shoiléir shimplí, go háirithe maidir le haon fhaisnéis atá dírithe go sonrach ar leanbh. Is i scríbhinn a chuirfead an fhaisnéis ar fáil, nó trí mheán eile, lena n-áirítear, nuair is iomchuí sin, i bhfoirm leictreonach. Nuair a iarrann an t-ábhar sonraí amhlaidh, féadfar an fhaisnéis a sholáthar ó bhéal, ar choinníoll gur cruthaíodh céannacht an ábhair sonraí ar mhodh eile.
2. Éascóidh an rialaitheoir feidhmiú chearta an ábhair sonraí faoi Airteagal 17 go Airteagal 24. I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 12(2), ní dhiúltoídh an rialaitheoir beart a dhéanamh ar iarraidh a fháil ón ábhar sonraí a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoi Airteagal 17 go Airteagal 24, ach amháin má thaispeánann an rialaitheoir nach bhfuil sé nó sí in ann an t-ábhar sonraí a shainaitheint.
3. Soláthróidh an rialaitheoir faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh i dtaca le hiarraidh faoi Airteagal 17 go Airteagal 24 don ábhar sonraí agus déanfaidh sé nó sí an méid sin gan mhoill mhíchú agus in aon chás laistigh de 1 mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí eile ar a mhéid nuair is gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh. Cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi aon fhadú den sórt sin mar aon leis na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de 1 mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. I gcás ina ndéanann an t-ábhar sonraí an iarraidh i bhfoirm leictreonach, cuirfead an fhaisnéis ar fáil i bhfoirm leictreonach, i gcás inarb indéanta sin, mura rud é go n-iarrann an t-ábhar sonraí a mhalairt.
4. Mura ndéanann an rialaitheoir aon ghníomhaíocht arna hiarraidh sin don ábhar sonraí, cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil, faoi na cúiseanna nach ndearnadh aon ghníomhaíocht agus cuirfidh sé ar an eolas é faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leigheas breithiúnach a lorg.
5. Cuirfead faisnéis a sholáthraítear faoi Airteagal 15 agus Airteagal 16 ar fáil saor in aisce mar aon le haon chumarsáid agus aon ghníomhaíochtaí a dhéanfar faoi Airteagal 17 go Airteagal 24 agus Airteagal 35. I gcás inar léir go follasach go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad athráiteach, féadfaidh an rialaitheoir diúltú gníomhú de réir na hiarraita. Is faoin rialaitheoir a bheidh sé a thaispeáint go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó go bhfuil sí iomarcach.
6. Gan dochar d'Airteagal 12, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ar an rialaitheoir maidir le céannacht an duine nádúrtha a dhéanann an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 17 go Airteagal 23, féadfaidh an rialaitheoir a iarraidh go soláthrófaí tuilleadh faisnéise, ar gá í chun go ndeimhneofaí céannacht an ábhair sonraí.
7. An fhaisnéis a chuirfead ar fáil do na hábhair sonraí de bhun Airteagal 15 agus Airteagal 16, féadfar í a sholáthar in éineacht le deilbhíní caighdeánaithe chun forléargas suntasach ar an bpróiseáil atá beartaithe a thabhairt ar bhealach atá sofheicthe, intuiscana agus inléite go soiléir. I gcás ina ndéantar na deilbhíní a chur i láthair go leictreonach, beidh siad inléite ag meaisín.

8. I gcás ina ndéanann an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 12(8) de Rialachán (AE) 2016/679 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le tólacadh ag na deilbhíní agus na nósanna imeachta i ndáil le soláthar deilbhíní caighdeánaithe, déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, nuair is iomchuí sin, an fhaisnéis a chur ar fáil de bhun Airteagal 15 agus Airteagal 16 den Rialachán seo in éineacht le deilbhíní caighdeánaithe den sórt sin.

ROINN 2

Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta

Airteagal 15

Faisnéis a bheidh le soláthar i gcás go mbailítear na sonraí ón ábhar sonraí

1. I gcás ina mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí, an tráth a fhaightear na sonraí pearsanta:

- (a) céannacht agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora;
- (b) mionsonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí;
- (c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil;
- (d) faighteoirí nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta, más ann dóibh;
- (e) i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta agus cibé acu is ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta nó i gcás na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 48, tagairt do na coimircí iomchuí nó oiriúnacha agus na bealaí chun cóip díobh a fháil nó an áit ar cuireadh iad ar fáil.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, an tráth a fhaigheann an rialaitheoir sonraí pearsanta, soláthróidh sé don ábhar sonraí an fhaisnéis bhreise seo a leanas is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú:

- (a) tréimhse ina stóralfar na sonraí pearsanta, nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;
- (b) is ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí agus ceartú nó léirscríodh na sonraí sin, nó srianadh ar phróiseáil maidir leis an ábhar sonraí, a iarraidh ar an rialaitheoir, nó, i gcás inarb infheidhme, más ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála nó an ceart chun iniomparthacht sonraí;
- (c) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (d) d'Airteagal 5(1) nó ar phointe (a) d'Airteagal 10(2), is ann don cheart an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh;
- (d) an ceart gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
- (e) más ceanglas reachtach nó conarthach é an ceanglas sonraí pearsanta a sholáthar, nó an ceanglas é atá riachtanach chun conradh a dhéanamh, agus má tá oibleagáid ar an ábhar sonraí na sonraí pearsanta sin a sholáthar mar aon leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nár soláthraíodh na sonraí sin;
- (f) is ann do chinnteoireacht uathoibríthe, lena n-áirítear próifiliú, dá dtagraítear in Airteagal 24(1) agus (4) agus, sna cásanna sin ar a laghad, faisnéis fhónta ar an loighic lena mbaineann, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.

3. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críche seachas an chríoch ar bailíodh na sonraí pearsanta chuici, cuirfidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an tuilleadh próiseála sin, faisnéis ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin mar aon le haon fhaisnéis bhreise ábhartha dá dtagraítear i mír 2.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 ná mír 3 i gcás ina bhfuil, agus a mhéid go bhfuil, an fhaisnéis ag an ábhar sonraí cheana.

Airteagal 16

An fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás nár bailíodh na sonraí ón ábhar sonraí

1. I gcás nár bailíodh na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, soláthróidh an rialaitheoir an fhaisnéis seo a leanas don ábhar sonraí:
 - (a) céannacht agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora;
 - (b) mionsonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí;
 - (c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil;
 - (d) catagóirí na sonraí pearsanta lena mbaineann;
 - (e) faighteoirí nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta, más ann dóibh;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir sonraí pearsanta a aistriú chuig faighteoir i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta agus cibé acu is ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún, nó i gcás na n-aistriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48, tagairt do na coimircí iomchuí nó oiriúnacha agus na bealaí chun cóip díobh a fháil nó an áit a bhfuil siad ar fáil.
2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an rialaitheoir don ábhar sonraí an fhaisnéis bhreise seo a leanas is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú maidir leis an ábhar sonraí:
 - (a) an tréimhse ar lena linn a stórálfar na sonraí pearsanta, nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;
 - (b) más ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí agus ceartú nó léirscríosadh na sonraí sin, nó srianadh ar phróiseáil maidir leis an ábhar sonraí, a iarraidh ar an rialaitheoir, nó, i gcás inarb infheidhme, más ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála nó an ceart chun iniomparthacht sonraí;
 - (c) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (d) d'Airteagal 5(1) nó ar phointe (a) d'Airteagal 10(2), gurb ann don cheart an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh;
 - (d) an ceart gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
 - (e) an fhoinsé as ar tháinig na sonraí pearsanta, agus más infheidhme, má tháinig na sonraí as foinsí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu;
 - (f) is ann do chinnteoireacht uathoibríthe, lena n-áirítear próifíliú, dá dtagraítear in Airteagal 24(1) agus (4) agus, sna cásanna sin ar a laghad, faisnéis fhónta ar an loighic lena mbaineann, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.
3. Soláthróidh an rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2:
 - (a) laistigh de thréimhse réasúnta tar éis na sonraí pearsanta a fháil, ach laistigh de 1 mhí amháin ar a dhéanaí, ag féachaint do na himthosca sonracha ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil;
 - (b) má tá na sonraí pearsanta le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an ábhar sonraí, ar a dhéanaí tráth a dhéantar an chéad chumarsáid leis an ábhar sonraí sin; nó
 - (c) má tá sé beartaithe na sonraí pearsanta a nochtadh d'fhaighteoir eile, ar a dhéanaí tráth a nochtar na sonraí den chéad uair.
4. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críche seachas an chríoch a bhfuarthas na sonraí pearsanta chuici, cuirfidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an tuilleadh próiseála sin, faisnéis ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin mar aon le haon fhaisnéis ábhartha bhreise dá dtagraítear i mír 2.
5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 4 i gcás an mhéid seo a leanas, agus a mhéid gur fíor é:
 - (a) tá an fhaisnéis faighte cheana ag an ábhar sonraí;

- (b) tá sé dodhéanta an fhaisnéis sin a chur ar fáil nó bhainfeadh iarracht dhíreireach lena cur ar fáil, go háirithe chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh nó a mhéid is dócha a fhágfaidh an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nach féidir aidhmeanna na próiseála sin a thabhairt i gcrích nó go ndéantar dochar mór d'aidhmeanna na próiseála a thabhairt i gcrích;
 - (c) leagtar síos fáil nó nochtadh na sonraí go sainráite le dlí an Aontais, lena bhforáiltear do bhearta iomchuí chun leasanna dlísteanacha an ábhair sonraí a chosaint; nó
 - (d) i gcás nach mór na sonraí pearsanta a choimeád faoi rún faoi réir oibleagáid rúndachta gairmiúla arna rialú le dlí an Aontais, lena n-áirítear oibleagáid rúndachta reachtúil.
6. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 5, déanfaidh an rialaitheoir bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leas dlísteanach an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí.

Airteagal 17

Ceart rochtana don ábhar sonraí

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí deimhniú a fháil ón rialaitheoir á rá cibé acu atá nó nach bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi á bpróiseáil, agus, i gcás ina bhfuil, rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta sin agus ar an bhfaisnéis seo a leanas:
- (a) críocha na próiseála;
 - (b) catagóirí na sonraí pearsanta lena mbaineann;
 - (c) na faighteoirí nó na catagóirí faighteora a nochtadh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, go háirithe faighteoirí i dtríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta;
 - (d) i gcás inar féidir, fad na tréimhse a mheastar go stórálfar na sonraí pearsanta, nó i gcás nach féidir é sin a thabhairt, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;
 - (e) is ann don cheart ceartú nó léirsciosadh sonraí pearsanta nó srianadh ar phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí a iarraidh ar an rialaitheoir, nó, don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála sin;
 - (f) an ceart gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
 - (g) i gcás nach mbailítear na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, aon fhaisnéis atá ar fáil maidir lena bhfoinse;
 - (h) is ann do chinnteoireacht uathoibríthe, lena n-áirítear próifiliú, dá dtagraítear in Airteagal 24(1) agus (4) agus, sna cásanna sin ar a laghad, faisnéis fhóna ar an loighic lena mbaineann, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.
2. I gcás ina n-aistrítear sonraí pearsanta go dtí tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí faisnéis a fháil maidir leis na coimircí iomchuí, de bhun Airteagal 48, a bhaineann leis an aistriú.
3. Cuirfidh an rialaitheoir cóip de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ar fáil. I gcás ina ndéanann an t-ábhar sonraí an iarraidh trí mheán leictreonach, agus mura n-iarrann an t-ábhar sonraí a mhalairt, cuirfear an fhaisnéis ar fáil i bhfoirm leictreonach a úsáidtear go coitianta.
4. An ceart cóip a fháil dá dtagraítear i mír 3, ní dhéanfaidh sé dochar do chearta ná do shaoirsí daoine eile.

ROINN 3

Ceartú agus léirsciosadh

Airteagal 18

An ceart go ndéanfaí ceartúchán

Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go gceartóidh an rialaitheoir sonraí pearsanta míchruinne a bhaineann leis nó léi gan moill mhíchúí. Agus na críocha a ndéanadh an phróiseáil chucu á gcur san áireamh, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go ndéanfaí sonraí neamhiomlána a chomhlánú, lena n-áirítear trí ráiteas forlíontach a sholáthar.

*Airteagal 19***An ceart go ndéanfaí léirscriosadh (“an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”)**

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go léirscriosfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta a bhaineann leis gan moill mhíchúí agus beidh sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir sonraí pearsanta a léirscriosadh gan moill mhíchúí i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann de na forais seo a leanas:

- (a) níl na sonraí riachtanach a thuilleadh i ndáil leis na críocha ar chucu a bailíodh iad nó a próiseáladh iad ar shlí eile;
- (b) tarraingíonn an t-ábhar sonraí siar toiliú a bhfuil an phróiseáil bunaithe air i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 5(1) nó le pointe (a) d'Airteagal 10(2) agus i gcás nach bhfuil aon fhorais dlíthiúil eile leis an bpróiseáil;
- (c) déanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne na próiseála de bhun Airteagal 23(1) agus ní ann d'aon fhorais dhlísteanacha sháraitheacha maidir leis an bpróiseáil;
- (d) rinneadh próiseáil neamhdhleathach ar na sonraí pearsanta;
- (e) nó mór na sonraí pearsanta a léirscriosadh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;
- (f) bailíodh na sonraí pearsanta i ndáil le tairiscint sheirbhísí na sochaí faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(1).

2. I gcás inar chuir an rialaitheoir na sonraí pearsanta ar fáil don phobal agus ina bhfuil sé d'oibleagáid air de bhun mhír 1 na sonraí pearsanta a léirscriosadh, déanfaidh an rialaitheoir, agus an teicneolaíocht atá ar fáil agus costas an chur chun feidhme á gcur san áireamh, bearta réasúnta, lena n-áirítear bearta teicniúla, chun rialaitheoirí, nó rialaitheoirí seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, a bhfuil próiseáil á déanamh acu ar na sonraí pearsanta, a chur ar an eolas go bhfuil sé iarrtha ag an ábhar sonraí go ndéanfadh rialaitheoirí den sórt sin aon nasc leis na sonraí pearsanta sin nó le haon chóip nó aon mhacasamhlú de na sonraí pearsanta sin a léirscriosadh.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 a mhéid go bhfuil an phróiseáil sin riachtanach sna cásanna seo a leanas:

- (a) chun an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime agus an ceart faisnéis a fháil a fheidhmiú;
- (b) chun go gcomhlíonfar oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;
- (c) ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí i gcomhréir le pointí (h) agus (i) d'Airteagal 10(2) chomh maith le hAirteagal 10(3);
- (d) chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh a mhéid is dócha nach féidir cuspóirí na próiseála sin a ghnóthú nó go ndéanfaí dochar dá ngnóthú de bharr an chirt dá dtagraítear i mír 1; nó
- (e) chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

*Airteagal 20***An ceart go gcuirfí srian ar phróiseáil**

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go gcuirfeadh an rialaitheoir srian le próiseáil i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

- (a) conspóideann an t-ábhar sonraí cruinneas na sonraí pearsanta, agus sa chás sin cuirfear srian leis an bpróiseáil ar feadh tréimhse chun go bhféadfaidh an rialaitheoir cruinneas na sonraí pearsanta, lena n-áirítear a n-iomláine, a fhíorú;
- (b) tá an phróiseáil neamhdhleathach agus ina gcuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne léirscriosadh na sonraí pearsanta agus iarrann sé go gcuirfí srian lena n-úsáid in áit iad a scríosadh;
- (c) níl na sonraí de dhíth ar an rialaitheoir a thuilleadh chun críocha na próiseála, ach tá siad de dhíth ar an ábhar sonraí chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint;
- (d) tá agóid déanta ag an ábhar sonraí i gcoinne próiseála de bhun Airteagal 23(1) go dtí go bhfíorófar an mbeidh sáraíocht ag forais dhlísteanacha an rialaitheora ar fhorais dhlísteanacha an ábhair sonraí.

2. I gcás inar srianadh an phróiseáil faoi mhír 1, ní fhéadfar sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil, seachas iad a stóráil, ach amháin le toiliú an ábhair sonraí nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint nó chun cearta duine nádúrtha nó dlítheanaigh eile a chosaint nó ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal Ballstáit.
3. Ábhar sonraí a fuair an srianadh ar phróiseáil de bhun mhír 1, cuirfidh an rialaitheoir ar an eolas é nó í sula gcuirfear deireadh leis an srianadh ar phróiseáil.
4. I gcórais chomhdúcháin uathoibrithe, is trí bhealach teicniúil i bprionsabal a dhéanfar an srianadh ar phróiseáil a áirithiú. Déanfar a léiriú sa chóras go bhfuil na sonraí pearsanta srianta ionas gur léir nach ceadmhach na sonraí pearsanta a úsáid.

Airteagal 21

An oibleagáid fógra a thabhairt go ndearnadh sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh nó próiseáil a shrianadh

Tabharfaidh an rialaitheoir fógra do gach faighteoir ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh má rinneadh ceartú nó léirscriosadh ar shonraí pearsanta, nó má srianadh an phróiseáil, i gcomhréir le hAirteagal 18, Airteagal 19(1) agus Airteagal 20, ach amháin má tá sé dodhéanta é sin a dhéanamh nó má tá iarracht dhíríreach ag baint leis. Déanfaidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoi na faighteoirí sin má iarrann an t-ábhar sonraí go ndéanfaí amhlaidh.

Airteagal 22

An ceart chun iniomparthacht sonraí

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a fháil, ar sonraí iad a chuir sé nó sí ar fáil do rialaitheoir, agus an méid sin i bhformáid atá struchtúrtha agus a úsáidtear go coiteann agus atá inléite ag meaisín, agus beidh sé de cheart aige nó aici na sonraí sin a tharchur chuig rialaitheoir eile gan bhacainn ón rialaitheoir ar tugadh na sonraí pearsanta dó, i gcás:
 - (a) ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar thoiliú de bhun phointe (d) d'Airteagal 5(1) nó de bhun phointe (a) d'Airteagal 10(2) nó ar chonradh de bhun phointe (c) d'Airteagal 5(1); agus
 - (b) ina ndéantar an phróiseáil trí mhodhanna uathoibrithe.
2. Agus a cheart nó a ceart chun iniomparthacht sonraí de bhun mhír 1 á fheidhmiú aige nó aici, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí a chur faoi deara go dtarchuirfí na sonraí pearsanta go díreach ó rialaitheoir amháin go rialaitheoir eile nó go rialaitheoirí seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil.
3. Ní dochar d'Airteagal 19 feidhmiú an chirt dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Ní bheidh feidhm ag an gceart sin maidir le próiseáil a bheidh riachtanach chun cúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chur i gcrích nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.
4. Ní dhéanfaidh an ceart dá dtagraítear i mír 1 dochar do chearta ná do shaoirsí daoine eile.

ROINN 4

An ceart agóid a dhéanamh agus an ceart chun cinnteoireacht aonair uathoibríTHE

Airteagal 23

An ceart agóid a dhéanamh

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh, ar fhorais a bhaineann lena staid ar leithligh féin, ag am ar bith, i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis féin nó léi féin agus atá bunaithe ar phointe (a) d'Airteagal 5(1), lena n-áirítear próifiliú bunaithe ar an bhforáil sin. Ní phróiseálfaidh an rialaitheoir na sonraí pearsanta a thuilleadh mura rud é go dtaispeánfaidh an rialaitheoir go bhfuil forais dhlítheanaigh thathantacha leis an bpróiseáil a dhéanamh, ar forais iad a bhfuil sáraíocht acu ar leasanna, cearta agus saoirsí an ábhair sonraí nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.
2. Ar a dhéanaí, ag an tráth a rachfar i dteagmháil den chéad uair leis an ábhar sonraí, déanfar an ceart dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt go follasach ar aire don ábhar sonraí agus cuirfear faoina bhráid é go soiléir agus ar leithligh ó aon fhaisnéis eile.
3. Gan dochar d'Airteagal 36 agus Airteagal 37, i gcomhthéacs úsáid sheirbhísí na sochaí faisnéise, féadfaidh an t-ábhar sonraí a cheart nó a ceart agóid a dhéanamh a fheidhmiú trí mhodh uathoibrithe trí shonraíocht theicniúil a úsáid.

4. I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil, nó chun críocha staidrimh, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí, ar fhorais a bhaineann lena staid leithleach féin, agóid a dhéanamh i gcoinne sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi féin a phróiseáil, ach amháin i gcás inar gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail.

Airteagal 24

Cinnteoireacht aonair uathobrithe, lena n-áirítear próifiliú

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí gan a bheith faoi réir cinneadh a bhunaítear ar phróiseáil uathobrithe amháin, lena n-áirítear próifiliú, ar cinneadh é a mbeadh éifeachtaí dlíthiúla aige don ábhar sonraí nó a mbeadh éifeacht shuntasach chomhchosúil aige air nó uirthi.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 más fíor an méid seo a leanas i dtaca leis an gcinneadh:
 - (a) tá sé riachtanach chun Conradh a dhéanamh nó a chomhlíonadh idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir;
 - (b) údaraítear é faoi dhlí an Aontais lena leagtar síos freisin bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú; nó
 - (c) tá sé bunaithe ar thoiliú sainráite an ábhair sonraí.
3. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) de mhír 2, cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí chun feidhme chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú, ar a laghad an ceart atá ag an ábhar sonraí idirghabháil dhaonna a fháil ó thaobh an rialaitheora de, agus ceart an duine sin a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl agus agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh.
4. Cinntí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ní bheidh siad bunaithe ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 10(1), ach amháin má tá feidhm ag pointe (a) nó (g) d'Airteagal 10(2) agus go bhfuil bearta iomchuí ann chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú.

ROINN 5

Srianta

Airteagal 25

Srianta

1. Is féidir, le gníomhartha dlí arna nglacadh ar bhonn na gConarthaí nó, i ndáil le hábhair a bhaineann le hoibriú institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, le rialacha inmheánacha arna leagan síos ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Aontais, srianadh a dhéanamh ar fheidhmiú Airteagail 14 go 22, 35 agus 36, chomh maith le hAirteagal 4 fad agus a thagann forálacha an Airteagail sin leis na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go Airteagal 22, nuair atá srianadh den sórt sin ag luí le bunéirim na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha, agus nuair is beart riachtanach comhréireach atá ann i sochaí dhaonlathach chun coimirciú a dhéanamh orthu seo a leanas:
 - (a) an tslándáil náisiúnta, an tslándáil phoiblí nó cosaint na mBallstát;
 - (b) cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus cosc a dhéanamh ar na bagairtí sin;
 - (c) cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais nó Ballstáit, go háirithe cuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais nó leas tábhachtach eacnamaíoch nó airgeadais de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit, lena n-áirítear ábhair airgeadaíochta, bhuiséadacha agus chánachais, sláinte phoiblí agus slándáil shóisialta;
 - (d) slándáil inmheánach institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, lena n-áirítear a gcuid líonraí cumarsáide leictreonaí;
 - (e) neamhspleáchas na mbreithiúna agus imeachtaí breithiúnacha a chosaint;
 - (f) sárúithe eitice a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh i gcás gairmeacha rialáilte;
 - (g) feidhm faireacháin, imscrúdúcháin nó rialála a bhfuil baint aici, fiú go hócáideach, le feidhmiú údarais oifigiúil sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (c).
 - (h) an t-ábhar sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint;

- (i) éilimh faoin dlí sibhialta a fhorfheidhmiú.
2. Go háirithe, beidh forálacha sonracha in aon ghníomh dlí nó rial inmheánach dá dtagraítear i mír 1, i gcás inarb ábhartha, maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) críocha na próiseála nó na gcatagóirí próiseála;
- (b) catagóirí na sonraí pearsanta;
- (c) raon feidhme na srianta a thugtar isteach;
- (d) na coimircí chun droch-úsáid a chosc nó chun rochtain nó aistriú neamhdhleathach a chosc;
- (e) an rialaitheoir nó na catagóirí rialaitheoirí a shonrú;
- (f) na tréimhsí stórála agus na coimircí is infheidhme agus cineál, raon feidhme agus críocha na próiseála nó na gcatagóirí próiseála á gcur san áireamh; agus
- (g) na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí.
3. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, féadfar foráil a dhéanamh le dlí an Aontais, lena bhfeadfaí rialacha inmheánacha arna nglacadh ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais maidir le hábhair a bhaineann lena n-oibríocht a áireamh, maidir le maoluithe ó na cearta dá dtagraítear in Airteagal 17, 18, 20 agus 23 faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 13 a mhéid is dóichí go bhfágann cearta den sórt sin nach féidir na críocha sin a bhaint amach nó go gcuirfear bac tromchúiseach ar a mbaint amach, agus a mhéid atá gá le maoluithe den sórt sin chun na críocha sin a chomhlíonadh.
4. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, féadfar foráil a dhéanamh le dlí an Aontais, lena bhfeadfaí rialacha inmheánacha arna nglacadh ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais maidir le hábhair a bhaineann lena n-oibríocht a áireamh, maidir le maoluithe ó na cearta dá dtagraítear in Airteagal 17, 18, 20, 21, 22 agus 23 faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 13 a mhéid is dóiche go bhfágann cearta den sórt sin nach féidir na críocha sonracha a bhaint amach nó go gcuirfear bac tromchúiseach ar a mbaint amach, agus a mhéid atá gá le maoluithe den sórt sin chun na críocha sin a chomhlíonadh.
5. Is gníomhartha soiléire agus cruinne a bhfuil feidhm ghinearálta leo a bheartaítear le héifeachtaí dlíthiúla a bheith ann i leith ábhair sonraí, a ghlactar ar an leibhéal bainistíochta is airde in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais a bheidh sna rialacha inmheánacha dá dtagraítear i mír 1, mír 3 agus mír 4 agus beidh siad faoi réir a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
6. Má chuirtear srian i bhfeidhm de bhun mhír 1, cuirfear in iúl don ábhar sonraí, i gcomhréir le dlí an Aontais, na príomhchúiseanna is bun leis an srian a chur i bhfeidhm agus go bhfuil de cheart aige nó aici gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
7. Má bhítear ag brath ar shrianadh arna fhorchur de bhun mhír 1 maidir le rochtain a dhiúltú don ábhar sonraí, ní chuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, le linn imscrúdú a dhéanamh faoin ngearán, an t-ábhar sonraí ar an eolas ach amháin maidir le cibé acu a rinneadh na sonraí a phróiseáil mar is ceart nó nach ndearnadh agus, mura ndearnadh, má rinneadh aon choigeartú riachtanach.
8. Féadfar soláthar na faisnéise dá dtagraítear i mír 6 agus mír 7 den Airteagal seo agus in Airteagal 45(2) a chur ar atráth, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú dá gcuirfeadh soláthar na faisnéise tionchar an tsrianta a forchuireadh de bhun mhír 1 den Airteagal seo ar ceal.

CAIBIDIL IV

RIALAITHEOIR AGUS PRÓISEÁLAÍ

ROINN 1

Oibleagáidí ginearálta

Airteagal 26

Na hoibleagáidí atá ar an rialaitheoir

1. Agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh aige, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú agus le bheith in ann a thaispeáint go ndéantar an phróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. Déanfar na bearta sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá.

2. Áireofar sna bearta dá dtagraítear i mír 1 go gcuirfidh an rialaitheoir beartais iomchuí um chosaint sonraí chun feidhme má tá sin comhréireach i dtaca le gníomhaíochtaí próiseála.

3. Comhlíonadh sásraí formheasta deimhniúcháin amhail dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/679, féadfar é sin a úsáid mar ghné lena thaispeáint go gcomhlíontar oibleagáidí an rialaitheora.

Airteagal 27

Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú

1. Agus an úrscothacht, an costas a bhaineann le cur chun feidhme, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a bhaineann leis an bpróiseáil, ar rioscaí iad lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, déanfaidh an rialaitheoir, tráth chinneadh na modhanna chun an phróiseáil a dhéanamh agus tráth na próiseála féin, bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm, a cheaptar chun na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí a chur chun feidhme, amhail íoslaghú sonraí, ar bhealach éifeachtach agus déanfaidh sé na coimircí is gá a chomhtháthú sa phróiseáil chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus cearta na n-ábhar sonraí a chosaint.

2. Cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú nach bpróiseáiltear, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra shonraigh atá leis an bpróiseáil. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí pearsanta a bhailítear, an oiread próiseála a dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad agus an rochtain atá orthu. Áiritheofar le bearta den sórt sin, go háirithe, nach mbeidh sonraí pearsanta inrochtana mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair.

3. Féadfar leas a bhaint as sásra formheasta deimhniúcháin de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/679 mar ghné lena thaispeáint go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 28

Comhrialaitheoirí

1. I gcás ina gcinneann dhá rialaitheoir nó níos mó nó rialaitheoir amháin nó níos mó in éineacht le rialaitheoir amháin nó níos mó seachas institiúidí nó comhlachtaí an Aontais go comhpháirteach, críocha agus bealaí na próiseála, beidh siad ina rialaitheoirí comhpháirteacha. Cinnfidh siad, ar bhealach trédhearcach, na freagrachtaí a bheidh orthu faoi seach maidir lena n-oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh, go háirithe maidir le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí agus na dualgais a bheidh orthu faoi seach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15 agus Airteagal 16 a sholáthar, trí chomhshocrú eatarthu, mura rud é gur le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a chinntear na freagrachtaí atá ar na rialaitheoirí comhpháirteacha faoi seach, nó a mhéid ar leis na dlíthe sin a chinntear na freagrachtaí atá orthu, agus ar faoina réir atá na rialaitheoirí comhpháirteacha. Faoin gcomhshocrú, féadfar pointe teagmhála a ainmniú do na hábhair sonraí.

2. Maidir leis an gcomhshocrú dá dtagraítear i mír 1, léireofar ann ról agus gaoil faoi seach na rialaitheoirí comhpháirteacha i leith na n-ábhar sonraí. Cuirfear bunéolas maidir leis an gcomhshocrú sin ar fáil don ábhar sonraí.

3. Gan beann ar théarmaí an chomhshocraithe dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an t-ábhar sonraí a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoin Rialachán seo i ndáil le gach rialaitheoir ar leithligh agus i gcoinne gach rialaitheora.

Airteagal 29

An próiseálaí

1. I gcás ina mbeidh próiseáil le déanamh thar ceann rialaitheora, ní bhainfidh an rialaitheoir úsáid ach as próiseálaithe a thugann ráthaíochtaí leordhóthanacha go gcuirfear bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme sa dóigh is go gcomhlíonfaidh an phróiseáil ceanglais an Rialacháin seo agus go n-áiríteofar go gcosnófar cearta an ábhair sonraí.

2. Ní fhostóidh próiseálaí an dara próiseálaí gan údarú sonrath nó ginearálta i scríbhinn roimh ré ón rialaitheoir. I gcás údarú ginearálta i scríbhinn, déanfaidh an próiseálaí an rialaitheoir a chur ar an eolas faoi aon athrú a bheadh beartaithe a bhaineann le próiseálaithe nua a thabhairt isteach nó a chur in ionad próiseálaithe eile, sa chaoi go mbeadh deis ag an rialaitheoir agóid a dhéanamh i gcoinne athruithe den chineál sin.

3. Rialófar an phróiseáil a dhéanfaidh próiseálaí le conradh nó le gníomh dlí eile faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit atá ina cheangal ar an bpróiseálaí i dtaca leis an rialaitheoir agus ina leagtar amach ábhar agus ré na próiseála, cineál agus críoch na próiseála, cineál na sonraí pearsanta agus catagóirí na n-ábhar sonraí agus oibleagáidí agus cearta an rialaitheora. Forálfar sa chonradh nó sa gníomh dlí eile sin go ndéanfaidh an próiseálaí an méid seo a leanas, go háirithe:

- (a) ní phróiseálfaidh sé na sonraí pearsanta ach amháin ar threoracha doiciméadaithe a fháil ón rialaitheoir chuige sin, lena n-áirítear maidir le haistriú na sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, mura n-éilítear an phróiseáil sin a dhéanamh faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit ar faoina réir atá an próiseálaí; agus sa chás sin, cuirfidh an próiseálaí an rialaitheoir ar an eolas faoin gceanglas dlíthiúil sin sula ndéanfar an phróiseáil, ach amháin má choisctear faisnéis den sórt sin faoin dlí sin ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail;
- (b) áiritheoidh sé go bhfuil gealltanais rúndachta tugtha ag na daoine atá údaraithe chun na sonraí pearsanta a phróiseáil nó go bhfuil siad faoi cheangal oibleagáide rúndachta reachtúla iomchuí;
- (c) déanfaidh sé gach beart is gá de bhun Airteagal 33;
- (d) urramóidh sé na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 agus mír 4 faoina bhfostófar próiseálaí eile;
- (e) agus cineál na próiseála á chur san áireamh, cuideoidh sé leis an rialaitheoir, a mhéid is féidir, trí bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a bhaineann le comhlíonadh oibleagáid an rialaitheora iarrataí a fhreagairt maidir le feidhmiú chearta an ábhair sonraí a leagtar amach i gCaibidil III;
- (f) tabharfaidh sé cúnaimh don rialaitheoir chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí de bhun Airteagal 33 go Airteagal 41, á chur san áireamh dó cineál na próiseála agus an fhaisnéis atá ar fáil don phróiseálaí;
- (g) ar rogha an rialaitheora, tabharfaidh sé na sonraí pearsanta uile ar ais don rialaitheoir nó scriosfaidh sé iad, tar éis deireadh teacht le soláthar na seirbhísí a bhaineann leis an bpróiseáil sonraí, agus scriosfaidh sé na cóipeanna atá ar marthain, mura rud é go n-éilíonn dlí an Aontais nó dlí Ballstáit go ndéanfar na sonraí sin a stóráil;
- (h) cuirfidh sé ar fáil don rialaitheoir an fhaisnéis uile is gá chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a thaispeáint agus ceadóidh sé go ndéanfaidh an rialaitheoir nó iniúchóir eile dá dtabharfaidh an rialaitheoir sainordú, iniúchtaí, lena n-áirítear cigireachtaí, agus rannchuideoidh sé leis na hiniúchtaí agus leis na cigireachtaí sin.

I dtaca le pointe (h) den chéad fhomhír, cuirfidh an próiseálaí an rialaitheoir ar an eolas láithreach, más rud é, ina thuairim, go sáraíonn treoir an Rialachán seo nó forálacha eile de chuid an Aontais nó Ballstáit maidir le cosaint sonraí.

4. I gcás ina bhfostóidh próiseálaí próiseálaí eile chun gníomhaíochtaí sonracha próiseála a chur i gcrích thar ceann an rialaitheora, déanfar na hoibleagáidí cosanta sonraí céanna arna leagan amach sa chonradh nó sa ghníomh dlí eile idir an rialaitheoir agus an próiseálaí dá dtagraítear i mír 3 a fhorchur ar an bpróiseálaí eile, trí chonradh nó trí ghníomh dlí eile faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit, lena dtabharfar go háirithe ráthaíochtaí leordhóthanacha go gcuirfear na bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme sa dóigh is go gcomhlíonfaidh an phróiseáil ceanglais an Rialachán seo. I gcás ina mainníonn an próiseálaí eile a oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh, beidh an chéad phróiseálaí go hiomlán dlíte don rialaitheoir as feidhmiú oibleagáidí an phróiseálaí eile.

5. Nuair nach institiúid ná comhlacht de chuid an Aontais a bheidh i bpróiseálaí, má chloíonn sé le cód formheasta iompair dá dtagraítear in Airteagal 40(5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó le sásra formheasta deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/679, féadfar é sin a úsáid mar eilimint le ráthaíochtaí leordhóthanacha dá dtagraítear i mír 1 agus mír 4 den Airteagal seo a thaispeáint.

6. Gan dochar d'aon chonradh aonair idir an rialaitheoir agus an próiseálaí, féadfaidh an conradh nó an ghníomh dlí eile dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4 den Airteagal seo a bheith bunaithe, go hiomlán nó go páirteach, ar chlásail chaighdeánacha chonartha dá dtagraítear i mír 7 agus mír 8 den Airteagal seo, lena n-áirítear nuair atá siad mar chuid de dheimhniúchán arna thabhairt don phróiseálaí seachas d'institiúid nó do chomhlacht de chuid an Aontais de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/679.

7. Féadfaidh an Coimisiún clásail chaighdeánacha chonartha a leagan síos le haghaidh na nithe dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4 den Airteagal seo agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 96(2).

8. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí clásail chonartha chaighdeánacha a ghlacadh i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4.

9. Is i scríbhinn, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a bheidh an conradh nó an ghníomh dlí eile dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4.

10. Gan dochar d'Airteagal 65 agus Airteagal 66, má sháraíonn próiseálaí an Rialachán seo trí chríocha agus modhanna na próiseála a chinneadh, measfar gur rialaitheoir é an próiseálaí i ndáil leis an bpróiseáil sin.

Airteagal 30

Próiseáil faoi údarás an rialaitheora nó an phróiseálaí

An próiseálaí agus aon duine atá ag gníomhú faoi údarás an rialaitheora nó an phróiseálaí, agus a bhfuil rochtain aige ar shonraí pearsanta, ní dhéanfaidh sé na sonraí sin a phróiseáil ach amháin ar threoracha a fháil chuige sin ón rialaitheoir, mura rud é go gceanglaítear air an méid sin a dhéanamh le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit.

Airteagal 31

Taifid de na gníomhaíochtaí próiseála

1. Coimeádfaidh gach rialaitheoir taifead de na gníomhaíochtaí próiseála a thagann faoina fhreagracht. Áireofar an fhaisnéis uile seo a leanas sa taifead sin:

- (a) ainm agus sonraí teagmhála an rialaitheora, an oifigigh cosanta sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, an phróiseálaí agus an rialaitheora chomhpháirtigh;
- (b) críocha na próiseála;
- (c) tuairisc ar na catagóirí ábhar sonraí agus ar na catagóirí sonraí pearsanta;
- (d) na catagóirí faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, lena n-áirítear faighteoirí i mBallstáit, i dtríú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (e) i gcás inarb infheidhme, aistrithe sonraí pearsanta go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin a ainmniú agus na doiciméid maidir le coimircí oiriúnacha;
- (f) i gcás inar féidir, na teorainneacha ama atá beartaithe chun catagóirí éagsúla sonraí a léirsciosadh;
- (g) i gcás inar féidir, cur síos ginearálta ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 33.

2. Coimeádfaidh gach próiseálaí taifead ar na catagóirí uile gníomhaíochtaí próiseála, ar gníomhaíochtaí iad a dhéantar thar ceann an rialaitheora agus áireofar an méid seo a leanas sa taifead sin:

- (a) ainm agus sonraí teagmhála an phróiseálaí nó na bpróiseálaithe agus ainm agus sonraí teagmhála gach rialaitheora ar thar a cheann atá an próiseálaí ag feidhmiú agus ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí;
- (b) catagóirí na próiseála a rinneadh thar ceann gach rialaitheora;
- (c) i gcás inarb infheidhme, aistrithe sonraí pearsanta go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin a ainmniú agus na doiciméid maidir le coimircí oiriúnacha;
- (d) más féidir, cur síos ginearálta ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 33.

3. Is i scríbhinn, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a bheidh na taifid dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.

4. Cuirfidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais an taifead ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.

5. Ach amháin mura bhfuil sé iomchuí, agus méid na hinstiúide nó an chomhlachta de chuid an Aontais á chur san áireamh acu, déanfaidh an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais a gcuid taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála a choimeád i gclár lárnach. Déanfaidh siad rochtain ar an gclár a chur ar fáil don phobal.

*Airteagal 32***Comhar leis an Mhairseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Comhoibreoidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, arna iarraidh sin, leis an Mhairseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhlíonadh a chuid cúraimí nó a cuid cúraimí.

ROINN 2

Slándáil sonraí pearsanta*Airteagal 33***Slándáil na próiseála**

1. Agus an úrscothacht, na costais a bhaineann leis an gcur chun feidhme, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a bhaineann leis an bpróiseáil, ar riosca é lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, déanfaidh an rialaitheoir agus an próiseálaí bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú is iomchuí don riosca sin, lena n-áirítear, *inter alia*, de réir mar is iomchuí:

- (a) ainm bréige a chur i bhfeidhm agus criptiú a dhéanamh i ndáil le sonraí pearsanta;
- (b) an cumas rúndacht leanúnach, sláine, infhaighteacht agus athléimneacht na gcóras agus na seirbhísí próiseála a áirithiú;
- (c) an cumas infhaighteacht agus rochtain ar shonraí pearsanta a athshlánú ar mhodh tráthúil sa chás ina dtarlaíonn teagmhas fisiciúil nó teicniúil;
- (d) próiseas chun tástáil, measúnú agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil chun slándáil na próiseála a áirithiú.

2. Agus measúnú á dhéanamh ar an leibhéal iomchuí slándála, tabharfar aird go háirithe ar na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil, go háirithe díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraíthe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraíthe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach.

3. Déanfaidh an rialaitheoir agus an próiseálaí bearta lena áirithiú nach ndéanann aon duine nádúrtha atá ag gníomhú faoi údarás an rialaitheora nó an phróiseálaí agus a bhfuil rochtain aige ar shonraí pearsanta na sonraí sin a phróiseáil ach amháin ar threoracha a fháil chuige sin ón rialaitheoir, seachas más gá dó nó di déanamh amhlaidh faoi dhlí an Aontais.

4. Comhlíonadh sásra formheasta deimhniúcháin amháin dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/679, féadfar é sin a úsáid mar eilimint lena thaispeáint go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 34***Fógra a thabhairt don Mhairseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta**

1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta, déanfaidh an rialaitheoir, gan aon mhoill mhíchúil agus, más féidir, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis dó a bheith ar an eolas faoin sárú sin, fógra a thabhairt don Mhairseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ach amháin nuair nach dócha go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta. I gcás nach dtugtar an fógra sin don Mhairseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí laistigh de 72 uair an chloig, gabhfaidh na cúiseanna a bhí leis an moill leis an bhfógra.

2. Cuirfidh an próiseálaí an rialaitheoir ar an eolas gan moill mhíchúil a luaithe a thuigeann sé nó sí gur tharla sárú i ndáil le sonraí pearsanta.

3. Leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, déanfar an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) tabharfar tuairisc ar an gcineál sáráithe atá ann i ndáil le sonraí pearsanta, lena n-áirítear, nuair is féidir, na catagóirí agus neas-líon na n-ábhar sonraí lena mbaineann agus catagóirí agus neas-líon na dtáifead sonraí pearsanta lena mbaineann;
- (b) cuirfear ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí in iúl;
- (c) tabharfar tuairisc ar iarmhairtí dóchúla an tsáráithe i ndáil le sonraí pearsanta;
- (d) tabharfar tuairisc ar na bearta atá déanta ag an rialaitheoir nó atá beartaithe aige a dhéanamh le haghaidh a thabhairt ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bearta chun aon éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú a mhaolú.

4. I gcás nach féidir, agus a mhéid nach féidir, an fhaisnéis go léir a chur ar fáil ag an am céanna, féadfar an fhaisnéis a sholáthar i gcéimeanna gan tuilleadh moille míchuí.
5. Cuirfidh an rialaitheoir in iúl don oifigeach cosanta sonraí gur tharla sárú i ndáil le sonraí pearsanta.
6. Déanfaidh an rialaitheoir aon sárúithe i ndáil le sonraí pearsanta a dhoiciméadú, lena n-áirítear na fíricí a bhaineann leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, na héifeachtaí a bhaineann leis agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh. Leis an doiciméadacht sin, cuirfear ar chumas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a fhíorú an bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh.

Airteagal 35

Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí

1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar dóchúil go mbeadh ardriosca ann dá bharr do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, cuirfidh an rialaitheoir in iúl don ábhar sonraí, gan moill mhíchuí, gur tharla an sárú sin.
2. Nuair a chuirtear in iúl don ábhar sonraí gur tharla sárú, mar a thagraítear dó i mír 1 den Airteagal seo, tabharfar tuairisc i bhfriotal soiléir, follasach, ar chineál an tsáraithe i ndáil le sonraí pearsanta lena n-áirítear ar a laghad an fhaisnéis agus na bearta dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 34(3).
3. An chumarsáid leis an ábhar sonraí dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh gá é a dhéanamh má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) go bhfuil bearta iomchuí cosanta, idir theicneolaíoch agus eagraíochtúil, curtha chun feidhme ag an rialaitheoir agus gur cuireadh na bearta sin i bhfeidhm maidir leis na sonraí pearsanta a raibh tionchar ag an sárú i ndáil le sonraí pearsanta orthu, go háirithe na bearta sin a fhágann nach mbeidh duine ar bith nach bhfuil údaraithe chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta in ann iad a thuiscint, amhail criptiú;
 - (b) gur ghlac an rialaitheoir bearta ina dhiaidh sin lena n-áirítear nach móide go dtarlódh an t-ardriosca do chearta ná do shaoirsí na n-ábhar sonraí mar a thagraítear dó i mír 1 a thuilleadh;
 - (c) go mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leis. I gcás den sórt sin, eiseofar teachtaireacht phoiblí nó glacfar beart comhchosúil trína dtabharfar fógra do na hábhair sonraí ar bhealach atá chomh héifeachtúil céanna.
4. Más rud é nár chuir an rialaitheoir an sárú i ndáil le sonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí fós, féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, tar éis breithniú a dhéanamh ar a dhóchúla atá sé go mbeadh ardriosca ann mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, a cheangal ar an rialaitheoir é a chur in iúl nó féadfaidh sé a chinneadh go bhfuil aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3 á chomhlíonadh.

ROINN 3

Rúndacht na cumarsáide leictreonaí

Airteagal 36

Rúndacht na cumarsáide leictreonaí

Déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais rúndacht na cumarsáide leictreonaí a áirithiú, go háirithe trí shlándáil a gcuid líonraí cumarsáide leictreonaí a áirithiú.

Airteagal 37

Faisnéis arna tarchur chuig trealamh teirminéil úsáideoirí, faisnéis arna stóráil ann, faisnéis arna próiseáil leis agus faisnéis arna bailiú uaidh, a chosaint

Déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais an fhaisnéis arna tarchur chuig trealamh teirminéil úsáideoirí lena ndéantar rochtain ar a suíomh gréasáin agus a bhfeidhmchlár mhóibíleacha atá ar fáil go poiblí, an fhaisnéis arna stóráil ann, an fhaisnéis arna próiseáil leis agus an fhaisnéis arna bailiú uaidh, a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Treoir 2002/58/CE.

*Airteagal 38***Eolairí úsáideoirí**

1. Beidh sonraí pearsanta atá in eolairí úsáideoirí agus rochtain ar na heolairí sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach do na críocha sonracha ar chucu a cruthaíodh an t-eolaire.
2. Déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais gach beart is gá chun cosc a chur le húsáid sonraí pearsanta atá sna heolairí sin chun críocha na margaíochta díri, is cuma má tá rochtain ag an bpobal ar na heolairí nó nach bhfuil.

ROINN 4

Measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus réamhchomhairliúchán*Airteagal 39***Measúnú tionchair ar chosaint sonraí**

1. I gcás inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha de bharr chineál na próiseála, go háirithe próiseáil ina n-úsáidí nuatheicneolaíochtaí, déanfaidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an phróiseáil, measúnú ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála a bheartaítear a dhéanamh ar chosaint na sonraí pearsanta, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh. Le measúnú aonair, féadfar tabhairt faoi thacar oibríochtaí próiseála comhchosúla a bhfuil ardrioscaí comhchosúla ag baint leo.
2. Rachaidh an rialaitheoir i gcomhairle leis an oifigeach cosanta sonraí agus measúnú tionchair ar chosaint sonraí á dhéanamh.
3. Measúnú tionchair ar chosaint sonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh gá leis go háirithe sna cásanna seo a leanas:
 - (a) meastóireacht chórasach agus chuimsitheach a bheith á dhéanamh ar ghnéithe pearsanta a bhaineann le daoine nádúrtha, ar meastóireacht í atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, agus a mbeidh cinntí á mbunú air a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu do dhuine nádúrtha nó a mbeidh éifeachtaí suntasacha comhchosúla acu ar an duine nádúrtha;
 - (b) próiseáil mhórsála ar chatagóirí speisialta de shonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 10, nó ar shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuíthe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 11; nó
 - (c) faireachán córasach mórsála ar limistéir atá inrochtana don phobal.
4. Bunóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí liosta de na cineálacha oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh de bhun mhír 1 agus cuirfidh sé an liosta sin ar fáil don phobal.
5. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí liosta a leagan amach agus a chur ar fáil go poiblí de na cineálacha oibríochtaí próiseála nach gá measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh ina leith.
6. Sula nglacfar na liostaí dá dtagraítear i mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo, iarrfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí arna chur ar bun le hAirteagal 68 de Rialachán (AE) 2016/679 liostaí den sórt sin a scrúdú i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 70(1) den Rialachán sin i gcás ina ndéantar tagairt iontu d'oibríochtaí próiseála ag rialaitheoir ag gníomhú dó i gcomhpháirt le rialaitheoir amháin nó níos mó seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais.
7. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa mheasúnú:
 - (a) tuairisc chórasach ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe agus críocha na próiseála;
 - (b) measúnú ar riachtanas agus comhréireacht na n-oibríochtaí próiseála i gcomhréir leis na críocha;
 - (c) measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí dá dtagraítear i mír 1; agus
 - (d) na bearta atá beartaithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí, lena n-áirítear coimircí, bearta slándála agus sásraí chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus chun a thaispeáint go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh, agus cearta agus leasanna dlisteanacha ábhar sonraí agus daoine eile lena mbaineann á gcur san áireamh.

8. Maidir leis na próiseálaithe ábhartha, seachas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, a bheith ag comhlíonadh na gcód iompair formheasta dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2016/679, cuirfear é sin san áireamh go cuí agus measúnú á dhéanamh ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála a dhéanann na próiseálaithe sin, go háirithe chun críocha measúnú tionchair ar chosaint sonraí.

9. I gcás inarb iomchuí, iarrfaidh an rialaitheoir ar ábhair sonraí nó ar a n-ionadaithe a dtuairimí a thabhairt maidir leis an bpróiseáil atá beartaithe, gan dochar do chosaint leasanna an phobail ná do shlándáil oibríochtaí próiseála.

10. I gcás ina bhfuil bunús dlí ag an bpróiseáil de bhun pointe (a) nó (b) d'Airteagal 5(1) i ngníomh dlí arna ghlacadh ar bhonn na gConarthaí agus go rialaítear leis sin an oibríocht phróiseála shonrach nó an tacar oibríochtaí atá i gceist, agus go bhfuil measúnú tionchair ar chosaint sonraí déanta cheana mar chuid de mheasúnú tionchair ginearálta roimh ghlacadh an ghnímh dlí sin, ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 6 den Airteagal seo mura bhforáiltear a mhalairt leis an ngníomh dlí sin.

11. I gcás inar gá, déanfaidh an rialaitheoir athbhreithniú chun a mheas an bhfuil an phróiseáil á déanamh i gcomhréir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí, ar a laghad nuair a bhíonn athrú sa riosca a bhaineann le hoibríochtaí próiseála.

Airteagal 40

Réamhchomhairliúchán

1. I gcás ina léirítear le measúnú tionchair ar chosaint sonraí faoi Airteagal 39 go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha ag gabháil leis an bpróiseáil in éagmais coimircí, bearta slándála agus sásraí chun an riosca a mhaolú, agus i gcás ina bhfuil an rialaitheoir den tuairim nach bhféadfaí an riosca a mhaolú ar bhealach réasúnach ó thaobh na dteicneolaíochtaí atá ar fáil agus ó thaobh na gcostas cur chun feidhme, rachaidh an rialaitheoir i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula rachfar i mbun na ngníomhaíochtaí próiseála. Rachaidh an rialaitheoir i gcomhairle leis an oifigeach cosanta sonraí maidir leis an ngá atá le réamhchomhairliúchán.

2. I gcás ina measann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go sáródh an phróiseáil atá beartaithe agus dá dtagraítear i mír 1 an Rialachán seo, go háirithe i gcás nach sainaithníonn an rialaitheoir an riosca go leordhóthanach nó nach ndéanann sé an riosca a mhaolú go leordhóthanach, cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí comhairle i scríbhinn ar fáil don rialaitheoir, laistigh de thréimhse 8 seachtaine ar a mhéad ón iarraidh ar chomhairliúchán a fháil, agus, i gcás inarb infheidhme maidir leis an bpróiseála, agus féadfaidh sé aon cheann de na cumhachtaí atá aige nó aici dá dtagraítear in Airteagal 58 a úsáid. Féadfar síneadh 6 seachtaine a chur leis an tréimhse sin, agus castacht na próiseála atá beartaithe á cur san áireamh. Cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an rialaitheoir agus, i gcás inarb infheidhme, an próiseálaí ar an eolas faoi aon síneadh den sórt sin agus faoi na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de 1mhí amháin ón iarraidh ar chomhairliúchán a fháil. Féadfar na tréimhsí sin a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an fhaisnéis a d'iarr an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chun críocha an chomhairliúcháin faighte aige.

3. Nuair a rachaidh sé i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun mhír 1, cuirfidh an rialaitheoir na nithe seo a leanas ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:

- (a) i gcás inarb infheidhme, freagrachtaí an rialaitheora, na rialaitheoirí comhphárteacha agus na bpróiseálaithe a dhéanann an phróiseáil faoi seach;
- (b) críocha agus modhanna na próiseála beartaithe;
- (c) na bearta agus coimircí dá bhforáiltear chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint de bhun an Rialacháin seo;
- (d) sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí;
- (e) an measúnú tionchair ar chosaint sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 39; agus
- (f) aon fhaisnéis eile arna hiarraidh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, liosta a shocrú de na cásanna ina rachaidh na rialaitheoirí i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus ina bhfaighidh siad údarú roimh ré ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i dtaobh sonraí pearsanta a phróiseáil ionas go bhféadfaidh an rialaitheoir cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail, lena n-áirítear próiseáil sonraí den sórt sin i ndáil le cosaint shóisialta agus sláinte phoiblí.

ROINN 5

Faisnéis agus comhairliúchán reachtach*Airteagal 41***Faisnéis agus comhairliúchán**

1. Cuirfidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas nuair a bheidh bearta riaracháin agus rialacha inmheánacha á dtarraingt suas i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le hinstitiúid nó le comhlacht de chuid an Aontais, ina n-aonar nó i gcomhpháirt.
2. Rachaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nuair a bheidh na rialacha inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 25 á dtarraingt suas acu.

*Airteagal 42***Comhairliúchán reachtach**

1. Tar éis tograí le haghaidh gníomh reachtach agus moltaí nó tograí chuig an gComhairle a ghlacadh de bhun Airteagal 218 CFAE agus le linn gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú, a bhfuil tionchar acu ó thaobh cearta agus saoirsí daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
2. I gcás ina bhfuil tábhacht faoi leith le gníomh dá dtagraítear i mír 1 maidir le cearta agus saoirsí daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle freisin leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. Sna cásanna sin, déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí comhordú ar a gcuid oibre d'fhonn comthuaisir a eisiúint.
3. Cuirfear an chomhairle dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ar fáil i scríbhinn laistigh de thréimhse nach faide ná 8 seachtaine ón iarraidh ar chomhairliúchán dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a fháil. I gcásanna práinneacha, nó más iomchuí ar chúis eile, féadfaidh an Coimisiún an sprioc-am a ghiorrú.
4. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás ina bhfuil sé de cheangal ar an gCoimisiún, de bhun Rialachán (AE) 2016/679, dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

ROINN 6

Oifigeach cosanta sonraí*Airteagal 43***An t-oifigeach cosanta sonraí a ainmniú**

1. Ainmneoidh gach institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais oifigeach cosanta sonraí.
2. Féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais aon oifigeach cosanta sonraí amháin a ainmniú do roinnt acu, agus struchtúr eagraíochtúil agus méid na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí á gcur san áireamh.
3. Ceapfar an t-oifigeach cosanta sonraí ar bhonn cháilíochtaí gairmiúla an duine agus, go háirithe, ar an méid saineolais atá ag an duine maidir le dlí agus cleachtais cosanta sonraí agus ar chumas an duine na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 45 a chomhlíonadh.
4. Is ball foirne de chuid na hinstitiúide nó an chomhlachta a bheidh san oifigeach cosanta sonraí. Agus a méid á chur san áireamh, agus mura bhfeidhmítear an rogha faoi mhír 2, féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí Eorpacha oifigeach cosanta sonraí a ainmniú, a chomhlíonfaidh a chúraimí nó a cúraimí ar bhonn conartha seirbhíse.
5. Foilseoidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais ainm agus sonraí teagmhála an oifighigh cosanta sonraí agus cuirfidh sé iad sin in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

*Airteagal 44***Post an oifighigh cosanta sonraí**

1. Áiritheoidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go bhfuil baint ag an oifigeach cosanta sonraí, go cuí agus go tráthúil, le gach saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.
2. Tacóidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais leis an oifigeach cosanta sonraí agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 45 á gcur i gcrích aige trí na hacmhainní is gá a chur ar fáil dó chun na cúraimí sin a chur i gcrích agus áiritheoidh siad go mbeidh rochtain aige ar shonraí pearsanta agus ar oibríochtaí próiseála, agus trí na hacmhainní is gá a chur ar fáil dó nó dí chun a shaineolas nó a saineolas a choinneáil úr.

3. Áiritheoidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais nach bhfaighidh an t-oifigeach cosanta sonraí teagaisc ar bith maidir leis na cúraimí sin a chur i gcrích. Ní ghearrfaidh an rialaitheoir nó an próiseálaí pionós air nó uirthi ná ní chuirfidh siad as a phost é nó í as na cúraimí atá air nó uirthi a dhéanamh. Tabharfaidh an t-oifigeach cosanta sonraí tuairisc go díreach do leibhéal bainistíochta is airde an rialaitheora nó an phróiseálaí.
4. Féadfaidh ábhair sonraí dul i dteagmháil leis an oifigeach cosanta sonraí maidir le haon saincheist a bhaineann le próiseáil a sonraí agus maidir le feidhmiú a gceart faoin Rialachán seo.
5. Beidh an t-oifigeach cosanta sonraí agus a fhoireann nó a foireann faoi cheangal socréideachta nó rúndachta maidir le comhlíonadh a gcúraimí, i gcomhréir le dlí an Aontais.
6. Féadfaidh an t-oifigeach cosanta sonraí cúraimí eile agus dualgais eile a chomhlíonadh. Áiritheoidh an rialaitheoir nó an próiseálaí nach n-eascaíonn coibhleacht leasa as na cúraimí ná as na dualgais sin.
7. Féadfaidh an rialaitheoir agus an próiseálaí, an Coiste Foirne lena mbaineann agus aon duine aonair dul i gcomhairle leis an oifigeach cosanta sonraí, maidir le saincheist ar bith a bhaineann le léiriú an Rialacháin seo nó lena chur i bhfeidhm, gan dul trí na cainéil oifigiúla. Ní fhulaingeoidh aon duine dochar mar gheall ar ábhar a thugtar chun aire an oifigigh inniúil cosanta sonraí arna líomhain gur tharla sárú ar fhorálacha an Rialacháin seo.
8. Ainmneofar an t-oifigeach cosanta sonraí ar feadh téarma idir 3 go 5 bliana agus beidh sé incháilithe lena athcheapadh. Féadfaidh an institiúid ná an comhlacht de chuid an Aontais a d'ainmnigh é an t-oifigeach cosanta sonraí a bhriseadh as an bpost más amhlaidh nach gcomhlíonann sé na coinníollacha a theastaíonn chun a chuid dualgas nó a cuid dualgas a fheidhmiú a thuilleadh, sa chás amháin go dtuilleoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí déanamh amhlaidh.
9. Tar éis é nó í a ainmniú, cláróidh an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais a d'ainmnigh é nó í an t-oifigeach cosanta sonraí leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 45

Cúraimí an oifigigh cosanta sonraí

1. Beidh na cúraimí seo a leanas ag an oifigeach cosanta sonraí:
 - (a) fógra a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí agus do na fostaithe a dhéanann an phróiseáil, agus comhairle a chur orthu siúd chomh maith, faoi na hoibleagáidí atá orthu de bhun an Rialacháin seo agus de bhun forálacha eile de chuid an Aontais maidir le cosaint sonraí;
 - (b) a áirithiú ar bhealach neamhspleách go bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm go himmheánach; faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, ar chomhlíonadh dlí infheidhme eile de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha maidir le cosaint sonraí, agus ar chomhlíonadh bheartais an rialaitheora nó an phróiseálaí maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear freagrachtaí a shannadh, ardú feasachta agus oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne atá bainteach le hoibríochtaí próiseála, agus maidir leis na hiniúchtaí gaolmhara;
 - (c) a áirithiú go gcuirtear ábhair sonraí ar an eolas faoi na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu de bhun an Rialacháin seo;
 - (d) comhairle a chur ar fáil nuair a iarrtar sin i ndáil leis an ngá atá le fógra a thabhairt nó a chur in iúl gur tharla sárú i ndáil le sonraí pearsanta de bhun Airteagal 34 agus Airteagal 35;
 - (e) comhairle a thabhairt nuair a iarrtar sin maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht de bhun Airteagal 39 agus dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcás amhras faoin ngá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí;
 - (f) comhairle a thabhairt nuair a iarrtar sin maidir leis an ngá le comhairliúchán roimh ré a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 40; dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcás amhras faoin ngá le comhairliúchán roimh ré;
 - (g) freagairt a thabhairt ar iarrataí ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí; laistigh de raon feidhme a inniúlachta nó a hinniúlachta, dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint arna iarraidh sin aige nó aici nó ar a thionscnamh féin nó ar a thionscnamh féin.
 - (h) a áirithiú nach ndéanfaidh na hoibríochtaí próiseála dochar do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí.

2. Féadfaidh an t-oifigeach cosanta sonraí moltaí a dhéanamh leis an rialaitheoir agus leis an bpróiseálaí maidir le feabhas praiticiúil a chur ar an gcosaint sonraí agus comhairle a chur orthu maidir le forálacha i ndáil le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm. Féadfaidh sé nó sí, anuas air sin, dá thionscnamh nó dá tionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí, ag an gCoiste Foirne lena mbaineann nó ag duine aonair ar bith, imscrúdú a dhéanamh ar ábhar agus ar tharluithe a bhaineann lena chúram nó a cúram agus a thagann chun a aire nó a haire, agus tuairiscíú ar ais, mar is iomchuí, don té a d'iarr an t-imscrúdú nó don rialaitheoir nó don phróiseálaí.

3. Glacfaidh gach institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais rialacha breise cur chun feidhme maidir leis an oifigeach cosanta sonraí. Bainfidh na rialacha cur chun feidhme go háirithe le cúraimí, dualgais agus cumhachtaí an oifigh cosanta sonraí.

CAIBIDIL V

AISTRITHE SONRAÍ PEARSANTA GO TRÍÚ TÍORTHA NÓ GO HEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal 46

Prionsabal ginearálta maidir le haistrithe

Aon sonraí pearsanta atá á bpróiseáil nó atá beartaithe lena bpróiseáil tar éis iad a aistriú go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta, ní dhéanfar iad a aistriú ach amháin má chomhlíonann an rialaitheoir agus an próiseálaí, faoi réir na bhforálacha eile atá sa Rialachán seo, na coinníollacha atá leagtha síos sa Chaibidil seo, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le sonraí pearsanta a aistriú ar aghaidh ón tríú tír nó ón eagraíocht idirnáisiúnta chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta eile. Cuirfear na forálacha ar fad sa Chaibidil seo i bhfeidhm lena áirithiú nach mbaintear an bonn den leibhéal cosanta do dhaoine nádúrtha a ráthaítear leis an Rialachán seo.

Airteagal 47

Aistrithe ar bhonn cinneadh leordhóthanachta

1. Féadfar sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2016/679 nó de bhun Airteagal 36 (3) de Threoir (AE) 2016/680 go bhfuil leibhéal leormhaith cosanta á áirithiú sa tríú tír, i gcríoch nó in earnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh den tríú tír sin, nó laistigh den eagraíocht idirnáisiúnta, agus go ndéantar na sonraí pearsanta a aistriú chun cúraimí a chur i gcríoch a thagann faoi inniúlacht an rialaitheora agus chuige sin amháin.

2. Cuirfidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais cásanna in iúl don Choimisiún agus don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ina meastar nach n-áirithíonn tríú tír, críoch, earnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh de thríú tír, nó eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil sé beartaithe acu sonraí pearsanta a aistriú chuici leibhéal leormhaith cosanta de réir mhíniú mhír 1.

3. Déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais na bearta is gá chun déanamh de réir chinntí a dhéanann an Coimisiún i gcás ina suíonn sé de bhun Airteagal 45(3) nó (5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó de bhun Airteagal 36(3) nó (5) de Threoir (AE) 2016/680 go bhfuil leibhéal leormhaith cosanta á áirithiú ag tríú tír, críoch, earnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh de thríú tír nó ag eagraíocht idirnáisiúnta nó nach bhfuil leibhéal leormhaith cosanta á áirithiú a thuilleadh ag tríú tír, críoch, earnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh de thríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta.

Airteagal 48

Aistrithe faoi réir coimircí iomchuí

1. I gcás nach mbeidh cinneadh déanta de bhun Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2016/679 nó de bhun Airteagal 36(3) de Threoir (AE) 2016/680, ní fhéadfaidh rialaitheoir ná próiseálaí sonraí pearsanta a aistriú go tríú tír ná go heagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má tá coimircí iomchuí soláthraithe ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí, agus ar choinníoll go bhfuil cearta in-fhorfheidhmithe agus réitigh éifeachtacha dlí ar fáil d'ábhair sonraí.

2. Féadfar foráil a dhéanamh maidir leis na coimircí iomchuí dá dtagraítear i mír 1, gan aon údarú sonracha a bheith ag teastáil ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, tríothu seo a leanas:

- (a) ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí agus in-fhorfheidhmithe idir údaráis phoiblí nó comhlachtaí poiblí;
- (b) clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 96(2);
- (c) clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus arna bhformheas ag an gCoimisiún de bhun an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 96(2);

- (d) i gcás nach institiúid ná comhlacht de chuid an Aontais an próiseálaí, rialacha ceangailteacha corparáideacha, cóid iompair agus sásra deimhniúcháin de bhun phointí (b), (e) agus (f) d'Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) 2016/679.
3. Faoi réir an údaraithe ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, féadfar foráil a dhéanamh freisin maidir leis na coimircí iomchuí dá dtagraítear i mír 1, go háirithe, tríothu seo a leanas:
- (a) clásail chonarthaacha idir an rialaitheoir nó an próiseálaí agus an rialaitheoir, an próiseálaí nó faighteoir na sonraí pearsanta sa tríú tír nó san eagraíocht idirnáisiúnta; nó
- (b) forálacha le cur isteach i socruithe riaracháin idir údaráis phoiblí nó comhlachtaí, lena n-áirítear cearta éifeachtaacha in-fhorfheidhmithe do na hábhair sonraí.
4. Leanfaidh údaruithe ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bheith bailí ar bhonn Airteagal 9(7) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 go dtí go ndéanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí iad a leasú nó a aisghairm nó go dtí go gcuirfidh sé údaruithe eile ina n-ionad, más gá.
5. Cuirfidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais catagóirí na gcásanna inar cuireadh an tAirteagal seo i bhfeidhm in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 49

Aistrithe nó nochtadh sonraí nach bhfuil údaraithe le dlí an Aontais

Aon bhreithiúnas cúirte nó binse agus aon chinneadh ó údarás riaracháin tríú tíre a cheanglaíonn ar rialaitheoir nó ar phróiseálaí sonraí pearsanta a aistriú nó a nochtadh, ní aithneofar iad ná ní bheidh siad in-fhorfheidhmithe ar aon bhealach ach amháin má tá siad bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, amhail Conradh i ndáil le cúnaimh dlíthiúil frithpháirteach, atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas, gan dochar d'fhorais eile a bheadh ann le haghaidh aistrithe de bhun na Caibidle seo.

Airteagal 50

Maoluithe i gcásanna sonracha

1. In éagmais cinneadh leordhóthanachta de bhun Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2016/679 nó de bhun Airteagal 36 (3) de Threoir (AE) 2016/680, nó in éagmais coimircí iomchuí de bhun Airteagal 48 den Rialachán seo, ní dhéanfar aistriú sonraí pearsanta ná tacar aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ar cheann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) gur thoiligh an t-ábhar sonraí go follasach leis an aistriú atá beartaithe, tar éis é nó í a bheith curtha ar an eolas go bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint le haistrithe den sórt sin don ábhar sonraí in éagmais cinneadh leordhóthanachta agus in éagmais coimircí iomchuí;
- (b) gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun Conradh idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir a chomhlíonadh nó chun bearta réamhchonarthacha a chur chun feidhme arna iarraidh sin don ábhar sonraí;
- (c) gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun Conradh, arna dhéanamh chun leasa an ábhair sonraí, idir an rialaitheoir agus duine nádúrtha nó dlítheanach eile a thabhairt i gcrích nó a chomhlíonadh;
- (d) gur gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail;
- (e) gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint;
- (f) gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó daoine eile a chosaint, i gcás nach féidir leis an ábhar sonraí toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil; nó
- (g) go ndéantar an t-aistriú ó chlár arna cheapadh, de réir dhlí an Aontais, chun faisnéis a chur ar fáil don phobal, ar clár é a fhéadfaidh an pobal i gcoitinne a cheadú nó a fhéadfaidh aon duine a thaispeánann leas dlisteanach a cheadú, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha maidir le comhairliúcháin atá leagtha síos i ndlí an Aontais comhlíonta sa chás áirithe.
2. Ní bheidh feidhm ag pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) de mhír 1 maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i bhfeidhmíú a gcumhachtaí poiblí.
3. Déanfar leas an phobail dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 a aithint i ndlí an Aontais.
4. Ní áireofar na sonraí pearsanta ar fad ná na catagóirí de shonraí pearsanta ar fad atá sa chlár i gcás aistrithe de bhun phointe (g) de mhír 1 ach amháin i gcás ina n-údaraithear sin le dlí an Aontais. I gcás ina bhfuil sé beartaithe go bhféadfaidh daoine a bhfuil leas dlisteanach acu an clár a cheadú, ní dhéanfar an t-aistriú ach amháin arna iarraidh sin ag na daoine sin nó más iad na faighteoirí iad.

5. In éagmais cinneadh leordhóthanachta, féadfaidh dlí an Aontais, ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail, teorannacha a leagan síos go sainráite ar aistriú catagóirí sonracha sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta.
6. Cuirfidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais catagóirí na gcásanna inar cuireadh an tAirteagal seo i bhfeidhm in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 51

Comhar idirnáisiúnta chun sonraí pearsana a chosaint

Maidir le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhar leis an gCoimisiún agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, bearta iomchuí:

- (a) chun sásraí comhair idirnáisiúnta a fhorbairt chun forfheidhmiú éifeachtach reachtaíochta i ndáil le cosaint sonraí pearsana a éascú;
- (b) chun cúnamh frithpháirteach idirnáisiúnta a sholáthar i bhforfheidhmiú reachtaíochta chun sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear trí fhógra a thabhairt, trí ghearáin a chur ar aghaidh, trí chúnamh imscrúdaitheach agus trí mhalartú faisnéise, faoi réir coimircí iomchuí chun sonraí pearsanta agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile a chosaint;
- (c) chun páirtithe leasmhara ábhartha a chur i mbun díospóireachta agus i mbun gníomhaíochtaí atá dírithe ar chomhar idirnáisiúnta a chur chun cinn i bhforfheidhmiú reachtaíochta chun sonraí pearsana a chosaint;
- (d) chun malartú agus doiciméadú reachtaíochta agus cleachtais um chosaint sonraí pearsanta a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le heasaontachtaí breithiúnacha le tríú tíortha.

CAIBIDIL VI

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

Airteagal 52

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Bunaítear leis seo an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
2. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta, beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as a áirithiú go n-urramaíonn institiúidí agus comhlachtaí an Aontais cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe an ceart ar chosaint sonraí.
3. Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo i ndáil le cosaint ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais agus as a áirithiú go gcuirtear na forálacha sin i bhfeidhm, agus as comhairle a chur ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Aontais agus ar ábhair sonraí maidir le gach ábhar a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Chuige sin, comhlíonfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 57 agus feidhmeoidh sé na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 58.
4. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Glacfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm i dtaca leis na doiciméid sin.

Airteagal 53

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a cheapadh

1. Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de thoil a chéile an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar feadh téarma 5 bliana bunaithe ar liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún tar éis glao poiblí ar iarrthóirí. Cuirfidh an glao poiblí ar iarrthóirí ar chumas na bpáirtithe leasmhara ar fad ar fud an Aontais a n-iarratas a chur isteach. Is liosta poiblí a bheidh sa liosta iarrthóirí arna tharraingt suas ag an gCoimisiún agus beidh triúr iarrthóirí ar a laghad ann. Ar bhonn an liosta sin arna tharraingt suas ag an gCoimisiún, féadfaidh an coiste inniúil i bParlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh éisteacht a eagrú d'fhonn a chéad rogha a chur in iúl.
2. Na daoine a bheidh ar liosta de na hiarrthóirí dá dtagraítear i mír 1, is daoine a bheidh iontu nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil de chluí orthu go bhfuil saineolas ar chosaint sonraí acu mar aon leis an taithí agus na scileanna is gá chun dualgais an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a chomhlíonadh.

3. Beidh téarma oifige an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí in-athnuaite aon uair amháin.
4. Tíocfaidh deireadh le dualgais an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí sna himthosca seo a leanas:
 - (a) má chuirtear duine eile in ionad an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí;
 - (b) má éiríonn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí as oifig;
 - (c) má bhrítear an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí as an bpost nó má thugtar air nó uirthi glacadh le scor éigeantach.
5. Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bhriseadh as an bpost nó a cheart nó a ceart ar phinsean nó ar shochair eile ina ionad nó ina hionad sin a bhaint de nó dí mura bhfuil na coinníollacha is gá chun a chuid dualgas nó a cuid dualgas a dhéanamh á gcomhlíonadh aige nó aici nó má tá sé nó sí ciontach i mí-iompar tromchúiseach.
6. I gcás gnáthathrú nó scor deonach, fanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí in oifig ina ainneoin sin go gcuirfeadh duine eile ina ionad nó ina hionad.
7. Beidh feidhm ag Airteagal 11, Airteagal 14 agus Airteagal 17 den Phrótocal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Airteagal 54

Rialacháin agus coinníollacha ginearálta lena rialáitear comhlíonadh dhualgais an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, foireann agus acmhainní airgeadais

1. Measfar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bheith ar aon chéim le breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais a mhéid a bhaineann le luach saothair, líuntais, pinsean scoir agus aon sochar eile in ionad luach saothair a chinneadh.
2. Áiritheoidh an t-údarás buiséid go gcuirtear na hacmhainní daonna agus airgeadais ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí is gá chun a chuid dualgas nó a cuid dualgas a chomhlíonadh.
3. Taispeánfar buiséad an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí faoi cheanteideal buiséid ar leith sa roinn a bhaineann le cáiteachas riaracháin de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.
4. Beidh cúnaimh ó rúnaíocht ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Ceapfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí oifigigh agus comhaltaí eile foirne na rúnaíochta agus beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gceannas orthu. Is faoi réir a stiúir amháin a bheidh siad. Socrófar líon na foirne gach bliain mar chuid den nós imeachta buiséadach. Beidh feidhm ag Airteagal 75(2) de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le foireann an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí atá bainteach le comhlíonadh na gcúraimí arna sannadh ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí ag dlí an Aontais.
5. Beidh oifigigh agus comhaltaí eile foirne rúnaíocht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí faoi réir na rialacha agus na rialachán is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.
6. Beidh suíomh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí sa Bhruiséil.

Airteagal 55

Neamhspleáchas

1. Agus a chúraimí nó a cúraimí á gcomhlíonadh aige nó aici agus a chumhachtaí nó a cumhachtaí á bhfeidhmiú aige nó aici i gcomhréir leis an Rialachán seo, gníomhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar shlí a bheidh go hiomlán neamhspleách.
2. Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí saor i gcónaí ó thionchar seachtrach, idir thionchar díreach agus indíreach, nuair a bheidh na cúraimí atá air nó uirthi á gcomhlíonadh aige nó aici agus nuair a bheidh na cumhachtaí atá aige nó aici á bhfeidhmiú aige nó aici i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus ní iarraidh sé nó sí ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagaisc ó aon duine.
3. Staonfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ó aon ghníomh nach luíonn lena dhualgais nó lena dualgais agus ní ghabhfaidh sé nó sí d'aon slí bheatha eile le linn a théarma nó a téarma oifige, bíodh sí sochrach nó ná bíodh.
4. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, tar éis deireadh teacht lena théarma nó a téarma oifige é nó í féin a iompar le hionracas agus le discríd maidir le ceapacháin nó sochair a ghlacadh.

Airteagal 56

Rúndacht ghairmiúil

Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus a fhoireann nó a foireann, le linn agus tar éis a dtéarma oifige, faoi réir dualgas rúndachta gairmiúla i ndáil le faisnéis rúnda ar bith a chuirtear in iúl dóibh i bhfeidhmiú a ndualgas oifigiúil.

*Airteagal 57***Cúraimí**

1. Gan dochar do chúraimí eile a leagtar amach faoin Rialachán seo, déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an méid seo a leanas:
 - (a) déanfaidh sé nó sí faireachán agus forfheidhmiú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ag institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, cé is moite de phróiseáil sonraí pearsanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus í ag gníomhú ina cáil bhreithiúnach di;
 - (b) cuirfidh sé nó sí feasacht agus tuiscint i measc an phobail chun cinn maidir leis na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta a bhaineann le próiseáil. Tabharfar aird ar leith ar ghníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le leanaí;
 - (c) déanfaidh sé nó sí feasacht maidir lena n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chur chun cinn i measc rialaitheoirí agus próiseálaithe;
 - (d) arna iarraidh sin, soláthróidh sé nó sí faisnéis d'aon ábhar sonraí maidir lena gcearta a fheidhmiú faoin Rialachán seo agus, i gcás inarb iomchuí, comhoibreoídh sé nó sí leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta chun na críche sin;
 - (e) déileálfaidh sé nó sí le gearáin arna dtaisceadh ag ábhar sonraí, nó ag comhlacht, eagraíocht nó comhlachas i gcomhréir le hAirteagal 67, agus déanfaidh sé nó sí imscrúdú, a mhéid is iomchuí, ar ábhar an ghearáin agus déanfaidh sé nó sí an gearánach a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn agus toradh an imscrúdaithe laistigh de thréimhse réasúnta, go háirithe más gá imscrúdú breise a dhéanamh nó más gá comhordú breise a dhéanamh le húdarás maoirseachta eile;
 - (f) déanfaidh sé nó sí imscrúduithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear ar bhonn faisnéis a fuarthas ó údarás maoirseachta eile nó ó údarás poiblí eile;
 - (g) cuirfidh sé comhairle, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin air, ar institiúidí agus ar chomhlachtaí uile an Aontais maidir le bearta reachtacha agus riaracháin a bhaineann le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta;
 - (h) déanfaidh sé faireachán ar fhorbairtí ábhartha, sa mhéid go bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta, go háirithe forbairtí i dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide;
 - (i) glacfaidh sé na clásail chonarhacha chaighdeánacha dá dtagraítear in Airteagal 29(8) agus i bpointe (c) d'Airteagal 48 (2);
 - (j) bunóidh sé agus coimeádfaidh sé liosta i ndáil leis an gceanglas le haghaidh measúnú tionchair a dhéanamh ar chosaint sonraí de bhun Airteagal 39(4);
 - (k) glacfaidh sé páirt i ngníomhaíochtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí;
 - (l) cuirfidh sé rúnaíocht ar fáil don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 75 de Rialachán (AE) 2016/679;
 - (m) tabharfaidh sé comhairle maidir leis an bpróiseáil dá dtagraítear in Airteagal 40(2);
 - (n) údaróidh sé na clásail chonarhacha agus na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 48(3);
 - (o) coimeádfaidh sé taifid inmheánacha ar sháruithe ar an Rialachán seo agus ar na bearta arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 58(2);
 - (p) comhlíonfaidh sé aon chúraimí eile a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta; agus
 - (q) bunóidh sé a chuid nó a cuid Rialacha Nós Imeachta.
2. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí taisceadh na ngearán dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 a éascú trí fhoirm le haghaidh gearán a dhéanamh a chur ar fáil, a fhéadfá a líonadh isteach go leictreonach freisin, ach ní chuirfear modhanna eile cumarsáide as an áireamh.
3. Comhlíonfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a chúraimí gan aon chostas a ghearradh ar an ábhar sonraí.
4. I gcás inar follasach go bhfuil iarraidh gan bhunús nó go bhfuil sí iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil sí athráiteach, féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí diúltú gníomhú de bhun na hiarrata. Is faoin Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bheidh sé a thaispeáint go bhfuil an iarraidh gan bhunús nó go bhfuil sí iomarcach.

*Airteagal 58***Cumhachtaí**

1. Beidh na cumhachtaí imscrúdaitheacha seo a leanas ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:
 - (a) ordú a thabhairt don rialaitheoir agus don phróiseálaí aon fhaisnéis a éilíonn sé ar mhaithe lena chúraimí nó lena cúraimí a chomhlíonadh a chur ar fáil dó nó di;
 - (b) imscrúduithe a dhéanamh i bhfoirm iniúchtaí ar chosaint sonraí;
 - (c) fógra a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí faoi shárú a líomhnaítear a bheith déanta ar an Rialachán seo;
 - (d) rochtain a fháil, ón rialaitheoir agus ón bpróiseálaí, ar na sonraí pearsanta ar fad agus ar gach faisnéis is gá chun a chúraimí nó a cúraimí a chomhlíonadh;
 - (e) rochtain a fháil ar aon áitreabh de chuid an rialaitheora agus an phróiseálaí, lena n-áirítear ar aon trealamh agus ar aon mhodh próiseála sonraí, i gcomhréir le dlí an Aontais.
2. Beidh na cumhachtaí ceartaitheacha seo a leanas ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:
 - (a) fógraí rabhaidh a thabhairt do rialaitheoir nó do phróiseálaí ina gcuirtear in iúl gur dóchúil go sárófar forálacha an Rialacháin seo leis na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe;
 - (b) iomarduithe a eisiúint do rialaitheoir nó do phróiseálaí i gcás ina bhfuil oibríochtaí próiseála tar éis forálacha an Rialacháin seo a shárú;
 - (c) ábhair a tharchur chuig an rialaitheoir nó chuig an bpróiseálaí lena mbaineann agus, más gá, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;
 - (d) ordú a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí iarrataí an ábhair sonraí a chomhlíonadh maidir lena chearta nó lena cearta a fheidhmiú de bhun an Rialacháin seo;
 - (e) ordú a thabhairt don rialaitheoir nó don phróiseálaí oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, i gcás inarb iomchúí, ar bhealach sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe;
 - (f) ordú a thabhairt don rialaitheoir sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí;
 - (g) teorainn shealadach nó bhuan a fhorchur lena n-áirítear cosc ar phróiseáil;
 - (h) ordú a thabhairt go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú nó a léirsciosadh nó go ndéanfaí próiseáil a shrianadh de bhun Airteagal 18, Airteagal 19 agus Airteagal 20 agus go gcuirfí na faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta sin dóibh ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí sin de bhun Airteagal 19(2) agus Airteagal 21;
 - (i) fineáil riaracháin a fhorchur de bhun Airteagal 66, sa chás nach gcomhlíonann institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais ceann de na bearta dá dtagraítear i bpointí (d) go (h) agus (j) den mhír seo agus ag brath ar imthosca gach cáis faoi leith;
 - (j) ordú a thabhairt sreabha sonraí chuig faighteoir i mBallstát, i dtríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a fhionraí.
3. Beidh na cumhachtaí údaraithe agus comhairleacha seo a leanas ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:
 - (a) comhairle a chur ar ábhair sonraí maidir le feidhmiú a gcuid ceart;
 - (b) comhairle a chur ar an rialaitheoir i gcomhréir leis an nós imeachta réamhchomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 40, agus i gcomhréir le hAirteagal 41(2);
 - (c) tuairimí a thabhairt, ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin air nó uirthi, d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais agus don phobal maidir le haon saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta;
 - (d) clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí dá dtagraítear in Airteagal 29(8) agus i bpointe (c) d'Airteagal 48(2) a ghlacadh;
 - (e) clásail chonarthacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 48(3) a údarú;
 - (f) socruithe riaracháin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 48(3) a údarú;
 - (g) oibríochtaí próiseála a údarú de bhun na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi Airteagal 40(4).

4. Beidh de chumhacht ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an cás a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus idirghabháil a dhéanamh maidir le caingne a thugtar os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
5. Beidh feidhmiú na gcumhachtaí a thabharfar don Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun an Airteagail seo faoi réir coimircí iomchuí, lena n-áirítear leigheas breithiúnach éifeachtach agus próis chuí, a leagtar síos i ndlí an Aontais.

Airteagal 59

Oibleagáid rialaitheoirí agus próiseálaithe freagairt maidir le líomhaintí

I gcás ina bhfeidhmíonn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí na cumhachtaí dá bhforáiltear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 58(2), cuirfidh an rialaitheoir nó an próiseálaí lena mbaineann a thuairimí nó a tuairimí in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí laistigh de thréimhse réasúnach ama a bheidh le sonrú ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus na cúinsí a bhaineann le gach cás faoi leith á gcur san áireamh. Tabharfar mar chuid den fhreagra cur síos ar na bearta a rinneadh, má rinneadh aon bheart, de thoradh ar na barúlacha a chuir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí in iúl

Airteagal 60

Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí

1. Cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuarascáil bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí nó a cuid gníomhaíochtaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin agus déanfar í a phoibliú an tráth céanna.
2. Cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar aghaidh chuig institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais a fhéadfaidh tuairimí a thabhairt chun go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil.

CAIBIDIL VII

COMHAR AGUS COMHSHEASMHACHT

Airteagal 61

Comhar idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta

Comhoibreoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le húdaráis náisiúnta mhaoirseachta agus leis an gcomhúdarás maoirseachta arna bhunú faoi Airteagal 25 de Chinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle ⁽¹⁾ a oiread agus is gá chun a gcuid dualgas faoi seach a fheidhmiú, go háirithe trí fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil dá chéile, trí iarraidh ar a chéile a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú agus trí iarraí a chéile a fhreagairt.

Airteagal 62

Maoirseacht chomhordaithe ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta

1. I gcás ina dtagraítear don Airteagal seo i ngníomh de chuid an Aontais, comhoibreoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, ag gníomhú dóibh ar aon laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí faoi seach, go gníomhach faoi chuimsiú a gcuid freagrachtaí chun maoirseacht éifeachtach ar chórais TF mhórsála agus ar chomhlachtaí, ar oifigí agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú.
2. Déanfaidh siad, de réir mar is gá, ag gníomhú dóibh araon laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí faoi seach agus faoi chuimsiú a gcuid freagrachtaí, faisnéis ábhartha a mhalartú, cuidiú le chéile maidir le hiniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh, deacrachtaí le léiriú nó cur chun feidhme an Rialacháin seo agus ghníomhartha infheidhme eile an Aontais a scrúdú, staidéar a dhéanamh ar fhadhbanna maidir le feidhmiú maoirseachta neamhspleáiche nó feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, tograí comhchuibhithe a tharraingt suas mar réitigh ar aon fhadhbanna den sórt sin agus feasacht a chur chun cinn maidir le cearta cosanta sonraí.
3. Chun na gcríoch a leagtar síos i mír 2, beidh cruinniú ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ar a laghad dhá uair sa bhliain faoi chuimsiú an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Chun na gcríoch sin, féadfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí modhanna oibre breise a fhorbairt de réir mar is gá.
4. Seolfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí comhthuarascáil maidir le maoirseacht gníomhaíochtaí chomhordaithe chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, agus chuig an gCoimisiún uair gach 2 bhliain.

⁽¹⁾ Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim (IO L 323, 10.12.2009, lch. 20).

CAIBIDIL VIII

LEIGHEASANNA, DLITEANAIS AGUS PIONÓIS

Airteagal 63

An ceart chun gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi an Rialachán seo.
2. Cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an gearánaí ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéantar maidir leis an ngearán agus faoi thoradh an ghearáin, lena n-áirítear an fhéidearthacht leigheas breithiúnach a fháil de bhun Airteagal 64.
3. Mura láimhseálann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an gearán nó mura gcuirtear an t-ábhar sonraí ar an eolas laistigh de 3 mhí faoin dul chun cinn maidir leis an ngearán nó faoi thoradh an ghearáin, measfar gur ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí cinneadh diúltach.

Airteagal 64

An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil

1. Beidh de dhlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais gach díospóid a bhaineann le forálacha an Rialacháin seo a éisteacht, lena n-áirítear éilimh ar dhamáistí.
2. Aon chaingne in aghaidh chinntí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, lena n-áirítear cinntí faoi Airteagal 63 (3), déanfar iad a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.
3. Beidh dlínse neamhtheoranta ag an gCúirt Bhreithiúnais chun athbhreithniú a dhéanamh ar na fíneálacha riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 66. Féadfaidh sí na fíneálacha sin a chur ar ceal, a laghdú nó a mhéadú laistigh de theorainneacha Airteagal 66.

Airteagal 65

An ceart chun cúiteamh a fháil

Aon duine ar bhain damáiste ábhartha nó neamhábhhartha dó nó di mar thoradh ar shárú ar an Rialachán seo, beidh sé de cheart aige nó aici cúiteamh a fháil ó institiúid nó ó chomhlacht an Aontais as an damáiste a bhain dó, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí.

Airteagal 66

Fíneálacha riaracháin

1. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí fíneálacha riaracháin a ghearradh ar institiúidí agus ar chomhlachtaí de chuid an Aontais, ag brath ar imthosca gach cáis faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais ordú ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun phointí (d) go (h) agus (j) d'Airteagal 58(2). Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh an ngearrfar fíneáil riaracháin agus nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, tabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas:
 - (a) cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, le haird ar chineál, raon feidhme nó cuspóir na próiseála lena mbaineann chomh maith le líon na n-ábhar sonraí a ndearnadh difear dóibh agus leibhéal an damáiste a bhain dóibh;
 - (b) aon ghníomhaíocht a rinne an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais chun an damáiste a bhain do na hábhair sonraí a mhaolú;
 - (c) méid na freagrachta atá ar an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais, agus bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chuir siad chun feidhme de bhun Airteagal 27 agus Airteagal 33 á gcur san áireamh;
 - (d) aon sárú den chineál céanna a rinne an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais roimhe;
 - (e) leibhéal an chomhoibríthe leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chun an sárú a leigheas agus chun éifeachtaí díobhála féideartha an tsáraithe a mhaolú;
 - (f) na catagóirí de shonraí pearsanta a ndearna an sárú difear dóibh;
 - (g) an bealach ina bhfuair an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí eolas faoin sárú, go háirithe cibé acu a chuir an institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais an sárú in iúl nó nár chuir, agus má rinne, a mhéid a cuireadh in iúl é;

- (h) le haon cheann de na bearta a ordáíodh dá dtagraítear in Airteagal 58 i gcoinne na hinstiúide nó na comhlachta de chuid an Aontais lena mbaineann maidir leis an ábhar céanna roimhe sin a chomhlíonadh. Déanfar na himeachtaí óna dtagann gearradh na bhfíneálacha sin laistigh de thréimhse ama réasúnach i gcomhréir le himthosca an cháis, agus na bearta ábhartha agus na himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 69 á gcur san áireamh.
2. Beidh sárúithe ar oibleagáidí na hinstiúide nó an chomhlachta de chuid an Aontais de bhun Airteagail 8, 12, 27 go 35, 39, 40, 43, 44 agus 45, i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, faoi réir fíneálacha riaracháin suas le EUR 25 000 in aghaidh an tsárúithe agus suas le EUR 250 000 san iomlán in aghaidh na bliana.
3. Beidh sárúithe ar na forálacha seo a leanas ag instiúid nó comhlacht de chuid an Aontais, i gcomhréir le mír 1, faoi réir fíneálacha riaracháin suas le EUR 50 000 in aghaidh an tsárúithe agus suas le EUR 500 000 san iomlán in aghaidh na bliana:
- (a) na bunphrionsabail le haghaidh próiseála, lena n-áirítear coinníollacha maidir le toiliú, de bhun Airteagail 4, 5, 7 agus 10;
- (b) cearta na n-ábhar sonraí de bhun Airteagal 14 go Airteagal 24;
- (c) aistrithe sonraí pearsanta chuig faighteoir i dtríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta de bhun Airteagal 46 go Airteagal 50.
4. Más rud é, maidir leis na hoibríochtaí céanna próiseála, nó maidir le hoibríochtaí nasctha nó oibríochtaí leanúnacha, go sáraíonn instiúid nó comhlacht de chuid an Aontais roinnt forálacha den Rialachán seo nó an fhoráil céanna den Rialachán seo roinnt uaireanta, ní rachaidh méid iomlán na fíneála riaracháin thar an méid a shonraítear i leith an tsárúithe is tromchúisí.
5. Sula ndéantar cinneadh de bhun an Airteagail seo, tabharfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí deis don instiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais is ábhar do na himeachtaí a réachtálann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí éisteach a fháil ar na nithe a bhfuil agóid ardaithe ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ina leith. Ní bhunóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a chinntí nó a cinntí ar aon ní ach amháin ar na gearáin a raibh ar chumas na bpáirtithe lena mbaineann tuairim a thabhairt ina leith. Beidh dlúthbhaint ag na gearánaigh leis na himeachtaí.
6. Déanfar cearta cosanta na bpáirtithe lena mbaineann a urramú go hiomlán le linn na n-imeachtaí. Beidh siad i dteideal rochtain a fháil ar chomhad an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, faoi réir leas dlisteanach daoine aonair nó gnólachtaí maidir lena gcuid sonraí pearsanta nó a gcuid rúin ghnó a chosaint.
7. Beidh cistí a bhailítear trí fhíneálacha a ghearradh faoin Airteagal seo ina ioncam de chuid bhuiséad ginearálta an Aontais.

Airteagal 67

Ionadaíocht ábhar sonraí

Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí sainordú a thabhairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do chomhlachas seachbhrabúsach, atá comhdhéanta mar is cú i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, a bhfuil cuspóirí reachtacha chun leasa an phobail aige, agus atá gníomhach sa réimse a bhaineann le cearta agus saoirsí ábhar sonraí a chosaint i ndáil le cosaint a sonraí pearsanta, an gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí thar a cheann nó thar a ceann, na cearta dá dtagraítear in Airteagal 63 agus Airteagal 64 a fheidhmiú thar a cheann nó thar a ceann, agus an ceart chun cúiteamh a fháil dá dtagraítear in Airteagal 65 a fheidhmiú thar a cheann nó thar a ceann.

Airteagal 68

Gearáin ó chomhaltaí foirne an Aontais

Féadfaidh aon duine atá fostaithe ag instiúid nó comhlacht de chuid an Aontais gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndáil le haon sárú líomhnaithe ar fhorálacha an Rialacháin seo, gan gníomhú trí chainéil oifigiúla. Ní fhulaingeoidh aon duine dochar mar gheall ar ghearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí á líomhnú gur tharla sárú den sórt sin.

Airteagal 69

Smachtbhannaí

I gás ina mainneoidh oifigeach nó seirbhíseach eile den Aontas Eorpach na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, tarlaíodh sin go toiliúil nó le failll ar a pháirt nó ar a páirt, beidh an t-oifigeach nó an seirbhíseach eile lena mbaineann faoi dhliteanas birt araíonachta nó birt eile i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.

CAIBIDIL IX

PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA OIBRÍOCHTÚLA AG COMHLACHTAÍ, OIFIGÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS AGUS IAD I MBUN GNÍOMHAÍOCHTAÍ A THAGANN FAOI RAON FEIDHME CHAIBIDIL 4 NÓ CHAIBIDIL 5 DE THEIDEAL V DE CHUID A TRÍ CFAE

*Airteagal 70***Raon feidhme na Caibidle**

Níl feidhm ag an gCaibidil seo ach amháin maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla arna bpróiseáil ag comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE, gan dochar do rialacha sonracha cosanta sonraí is infheidhme maidir le comhlacht, le hoifig nó le gníomhaireacht den sórt sin de chuid an Aontais.

*Airteagal 71***Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla**

1. Maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla:
 - (a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach agus cothrom (“dlíthiúlacht agus cothroime”);
 - (b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe, sainráite agus dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin (“teorannú de réir cuspóra”);
 - (c) beidh siad dóthanach, ábhartha, agus ní bheidh siad iomarcach i ndáil leis na cuspóirí a ndéanfar próiseáil orthu lena n-aghaidh (“íoslaghdú sonraí”);
 - (d) beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar cothrom le dáta iad; déanfar gach beart réasúnta chun a áirithiú go léirscriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta oibríochtúla míchruinne gan mhoill, ag féachaint do na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil (“cruinneas”);
 - (e) déanfar iad a choimeád i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainnithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil (“teorannú stórála”);
 - (f) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta oibríochtúla, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, díothú nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla (“sláine agus rúndacht”).
2. Ceadófar próiseáil ag an rialaitheoir céanna nó ag rialaitheoir eile chun aon cheann de na críocha a leagtar amach sa ghníomh dlí lena mbunaítear an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht de chuid an Aontais seachas chun na críche sin ar chuicí a dhéantar na sonraí pearsanta oibríochtúla a bhailiú, a mhéid:
 - (a) atá an rialaitheoir údaraithe le dlí an Aontais sonraí pearsanta oibríochtúla den sort sin a phróiseáil chun na críche sin i gcomhréir le dlí an Aontais; agus
 - (b) atá gá le próiseáil agus atá an phróiseáil comhréireach leis an gcríoch eile sin i gcomhréir le dlí an Aontais.
3. Féadfar a áireamh ar phróiseáil ag an rialaitheoir céanna nó ag rialaitheoir eile cartlannú chun leasa an phobail, úsáid stairiúil, eolaíoch nó staidrimh, chun na gcríoch a leagtar amach sa ghníomh dlí lena mbunaítear an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht de chuid an Aontais, faoi réir coimircí iomchuí do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí.
4. Is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as mír 1, mír 2 agus mír 3 a chomhlíonadh, agus beidh sé nó sí in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint.

*Airteagal 72***Dlíthiúlacht sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil**

1. Ní bheidh próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla dlíthiúil ach amháin má tá an phróiseáil sin riachtanach agus a mhéid atá an phróiseáil sin riachtanach chun cúraimí a dhéanamh a chuirfidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais i gcrích agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE agus go bhfuil sí bunaithe ar dhlí an Aontais.

2. Sonrófar le gníomhartha dlí sonracha de chuid an Aontais lena rialáítear próiseáil laistigh de raon feidhme na Caibidle seo ar a laghad cuspóirí na próiseála, na sonraí pearsanta oibríochtúla a bhfuil próiseáil le déanamh orthu, críocha na próiseála agus na teorainneacha ama do stóráil na sonraí pearsanta oibríochtúla nó d'athbhreithniú tráthrialta ar an ngá sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil tuilleadh.

Airteagal 73

Idirdhealú idir catagóirí éagsúla ábhar sonraí

Déanfaidh an rialaitheoir, i gcás inarb infheidhme agus a mhéid is féidir, idirdhealú soiléir idir sonraí pearsanta oibríochtúla na gcatagóirí éagsúla ábhar sonraí, amhail na catagóirí a liostaítear sna gníomhartha lena mbunaítear comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais.

Airteagal 74

Idirdhealú idir sonraí pearsanta oibríochtúla agus fíorú ar cháilíocht sonraí pearsanta oibríochtúla

1. Déanfaidh an rialaitheoir idirdhealú, a mhéid is féidir, idir sonraí pearsanta oibríochtúla bunaithe ar fhíorais agus sonraí pearsanta oibríochtúla bunaithe ar mheasúnuithe pearsanta.

2. Déanfaidh an rialaitheoir gach beart réasúnach chun a áirithiú nach ndéanfar sonraí pearsanta oibríochtúla atá míchruinn nó neamhiomlán nó nach bhfuil cothrom le dáta a thuilleadh a tharchur nó a chur ar fáil. Chun na críche sin, déanfaidh an rialaitheoir, a oiread is indéanta agus is ábhartha, cáilíocht sonraí pearsanta oibríochtúla a fhíorú, mar shampla trí dhul i gcomhairle leis an údarás inniúil óna dtagann na sonraí, sula ndéantar iad a tharchur nó a chur ar fáil. A mhéid is féidir, i ngach tarchur de shonraí pearsanta oibríochtúla, cuirfidh an rialaitheoir an fhaisnéis is gá leis ionas go gcuirfear ar chumas an fhaighteora measúnú a dhéanamh ar leibhéal cruinnis, iomláine agus iontaofachta sonraí pearsanta oibríochtúla, agus ar a mhéid atá siad cothrom le dáta.

3. Má thagann sé chun solais gur tarchuireadh sonraí pearsanta oibríochtúla míchearta nó gur tarchuireadh sonraí pearsanta oibríochtúla go neamhdhleathach, cuirfear an faighteoir ar an eolas gan mhoill. I gcás den sórt sin, déanfar na sonraí pearsanta oibríochtúla lena mbaineann a cheartú nó a léirsciosadh nó déanfar a bpróiseáil a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 82.

Airteagal 75

Coinníollacha sonracha próiseála

1. I gcás ina ndéantar foráil le dlí an Aontais is infheidhme maidir le rialaitheoir an tarchuir do choinníollacha sonracha don phróiseáil, cuirfidh an rialaitheoir faighteoir na sonraí pearsanta oibríochtúla sin ar an eolas maidir leis na coinníollacha sin agus maidir leis an gceanglas iad a chomhlíonadh.

2. Comhlíonfaidh an rialaitheoir coinníollacha sonracha próiseála maidir le próiseáil a sholáthróidh an t-údarás inniúil náisiúnta tarchuir i gcomhréir le hAirteagal 9(3) agus (4) de Threoir (AE) 2016/680.

Airteagal 76

Catagóirí speisialta sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil

1. Maidir le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta oibríochtúla lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainathint go huathúil, sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann leis an tsláinte nó a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha, ní cheadófar í ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá léi chun críocha oibríochtúla agus laistigh de shainordú institiúid nó chomhlacht an Aontais lena mbaineann agus beidh sé faoi réir coimircí iomchuí ar chearta agus ar shaoirsí an ábhair sonraí. Toirmiscfear idirdhealú a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha bunaithe ar shonraí pearsanta den sórt sin.

2. Cuirfear an t-oifigeach cosanta sonraí ar an eolas gan moill mhíchúí má théitear ar iontaoibh an Airteagail seo.

Airteagal 77

Cinnteoireacht aonair uathoibrithe, lena n-áirítear próifiliú

1. Toirmiscfear cinneadh atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifiliú, a mbeidh mar thoradh air éifeacht dhlí dhíobhálach maidir leis an ábhar sonraí nó a dhéanann difear suntasach dó nó di, mura rud é go ndéanfaidh an rialaitheoir faoina réir agus a dhéanann foráil do choimircí iomchuí do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí, ar a laghad an ceart idirghabháil le duine beo a fháil ar pháirt an rialaitheora.

2. Cinntí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní bheidh siad bunaithe ar na catagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 76, ach amháin má tá bearta iomchuí ann chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú.
3. Toirmiscfear próifiliú as a n-eascaíonn idirdhealú in aghaidh daoine nádúrtha ar bhonn chatagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 76, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Airteagal 78

Cumarsáid agus rialacha mionsonraithe i dtaca le feidhmiú chearta an sonraí

1. Déanfaidh an rialaitheoir bearta réasúnacha chun aon fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 79 a chur ar fáil agus déanfaidh sé aon chumarsáid maidir le hAirteagal 80 go Airteagal 84 agus Airteagal 92 a bhaineann le próiseáil leis an ábhar sonraí i bhfoirm atá achomair, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, agus ina n-úsáidtear teanga shoiléir shimplí. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil trí aon mheán iomchuí, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach. Mar rialail ghinearálta, cuirfidh an rialaitheoir an fhaisnéis ar fáil san fhoirm chéanna leis an iarraidh.
2. Éascóidh an rialaitheoir feidhmiú chearta an ábhair sonraí faoi Airteagal 79 go Airteagal 84.
3. Cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas i scríbhinn maidir leis an ngníomh leantach ar a iarraidh nó a hiarraidh gan mhoill mhíchúí agus i gcás ar bith ar a dhéanaí laistigh de 3 mhí tar éis dó iarraidh an ábhair sonraí a fháil.
4. Cuirfidh an rialaitheoir an fhaisnéis faoi Airteagal 79 agus aon chumarsáid nó aon ghníomh a dhéanfar de bhun Airteagal 80 go Airteagal 84 agus Airteagal 92 ar fáil saor in aisce. I gcás inar léir go follasach go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad athráiteach, féadfaidh an rialaitheoir diúltú gníomhú de réir na hiarrata. Is faoin rialaitheoir a bheidh sé a thaispeáint go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó go bhfuil sí iomarcach.
5. I gcás ina bhfuil amhras réasúnach ar an rialaitheoir maidir le céannacht an duine nádúrtha a dhéanann an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 80 nó Airteagal 82, féadfaidh an rialaitheoir a iarraidh go soláthrófaí tuilleadh faisnéise, ar gá í chun go ndeimhneofaí céannacht an ábhair sonraí.

Airteagal 79

Faisnéis atá le cur ar fáil nó le tabhairt don ábhar sonraí

1. Déanfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a chur ar fáil don ábhar sonraí:
 - (a) céannacht agus sonraí teagmhála an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta de chuid an Aontais;
 - (b) sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí;
 - (c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta oibríochtúla beartaithe;
 - (d) an ceart gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus a shonraí nó a sonraí teagmhála;
 - (e) gurb ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta oibríochtúla a iarraidh ar an rialaitheoir, agus go ndéanfaí ceartú nó léirscríosadh ar na sonraí sin, nó srianadh ar phróiseáil na sonraí pearsanta oibríochtúla maidir leis an ábhar sonraí;
2. Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh an rialaitheoir don ábhar sonraí, sna cásanna sonracha dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, an fhaisnéis bhreise seo a leanas chun feidhmiú a chearta nó a cearta a chumasú:
 - (a) an bunús dlí atá leis an bpróiseáil;
 - (b) an tréimhse ar lena linn a stórálfar na sonraí pearsanta oibríochtúla, nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;
 - (c) i gcás inarb infheidhme, catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta oibríochtúla, lena n-áirítear i dtríú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta;
 - (d) i gcás inar gá, faisnéis bhreise, go háirithe i gcás ina mbailítear na sonraí pearsanta oibríochtúla i ngan fhios don ábhar sonraí.

3. Féadfaidh an rialaitheoir moill a chur ar sholáthar na faisnéise don ábhar sonraí, é a shrianadh nó é a fhágáil ar lár, de bhun mhír 2 sa mhéid gur beart riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach é beart den sórt sin agus fad a bheidh sé riachtanach agus comhréireach, agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha agus leasanna dlisteanacha an duine nádúrtha lena mbaineann, d'fhonn:

- (a) bac ar fhiosrúcháin, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla a sheachaint;
- (b) dochar do chosc, do bhrath, d'imscrúdú nó d'ionchúiseamh cionta coiriúla, nó d'fhorghníomhú pionós coiriúil, a sheachaint;
- (c) slándáil phoiblí na mBallstát a chosaint;
- (d) slándáil náisiúnta na mBallstát a chosaint;
- (e) cearta agus saoirsí daoine eile, amhail íospartaigh agus finnétithe, a chosaint.

Airteagal 80

Ceart rochtana ag an ábhar sonraí

Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí deimhniú a fháil ón rialaitheoir á rá cibé acu atá nó nach bhfuil sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann leis nó léi á bpróiseáil ag an rialaitheoir, agus i gcás ina bhfuil, beidh sé de cheart aige rochtain a fháil ar shonraí pearsanta oibríochtúla agus ar an bhfaisnéis seo a leanas:

- (a) na cuspóirí agus an bunús dlí atá leis an bpróiseáil;
- (b) catagóirí na sonraí pearsanta oibríochtúla lena mbaineann;
- (c) na faighteoirí nó na catagóirí faighteoirí a nochtadh na sonraí pearsanta oibríochtúla dóibh, go háirithe faighteoirí i dtríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (d) i gcás inar féidir, fad na tréimhse a mheastar go stórálfar na sonraí pearsanta oibríochtúla, nó i gcás nach féidir é sin a thabhairt, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;
- (e) gurb ann don cheart a iarraidh ar an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a cheartú nó a léirscriosadh, nó srian a chur ar phróiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann leis an ábhar sonraí;
- (f) an ceart chun gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus a shonraí nó a sonraí teagmhála;
- (g) sonraí pearsanta oibríochtúla atá á bpróiseáil agus aon fhaisnéis atá ar fáil maidir le tionscnamh na sonraí sin a chur in iúl;

Airteagal 81

Teorainneacha leis an gceart rochtana

1. Féadfaidh an rialaitheoir srian a chur, go hiomlán nó go páirteach, le ceart rochtana an ábhair sonraí sa mhéid gur beart riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach é srian iomlán nó páirteach den sórt sin agus fad a bheidh sé riachtanach agus comhréireach, agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha agus leasanna dlisteanacha an duine nádúrtha lena mbaineann, d'fhonn:

- (a) bac ar fhiosrúcháin, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla a sheachaint;
- (b) dochar do chosc, do bhrath, d'imscrúdú nó d'ionchúiseamh cionta coiriúla, nó d'fhorghníomhú pionós coiriúil, a sheachaint;
- (c) slándáil phoiblí na mBallstát a chosaint;
- (d) slándáil náisiúnta na mBallstát a chosaint;
- (e) cearta agus saoirsí daoine eile, amhail íospartaigh agus finnétithe, a chosaint.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas i scríbhinn, gan moill mhíchuí, maidir le haon diúltú nó srian ar rochtain agus maidir leis na cúiseanna a bheidh leis an diúltú nó an srian. Féadfar an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár i gcás ina mbainfeadh a soláthar an bonn de chuspóir faoi mhír 1. Cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas maidir leis an bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó maidir le leigheas breithiúnach a lorg os comhair na Cúirte Breithiúnais. Déanfaidh an rialaitheoir na cúiseanna fíorasacha nó dlíthiúla ar a mbunófar an cinneadh a dhoiciméadú. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.

*Airteagal 82***An ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta oibríochtúla a cheartú nó a léirsciosadh agus srian a chur le próiseáil**

1. Beidh sé de cheart ag aon ábhar sonraí go gceartóidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla míchruinne a bhaineann leis gan moill mhíchúí. Agus na críocha a ndéanfar an phróiseáil orthu á gcur san áireamh, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go ndéanfar sonraí pearsanta oibríochtúla neamhiomlána a chomhlánú, lena n-áirítear trí ráiteas forlíontach a sholáthar.
2. Déanfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a léirsciosadh gan mhoill mhíchúí agus beidh an ceart ag an ábhar sonraí léirsciosadh sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann leis nó léi a fháil ón rialaitheoir gan mhoill mhíchúí, i gcás ina sáraíonn próiseáil Airteagal 71, Airteagal 72(1) nó Airteagal 76, nó i gcás inar gá go léirsciosfaí sonraí pearsanta oibríochtúla chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a bhfuil an rialaitheoir faoina réir.
3. In ionad léirscriosta, cuirfidh an rialaitheoir srian le próiseáil sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina gconspóidíonn an t-ábhar sonraí cruinneas na sonraí pearsanta agus nach féidir a gcrúineas nó a míchruinneas a fhionnadh; nó
 - (b) i gcás inar gá na sonraí pearsanta a choimeád chun críocha fianaise.

I gcás ina bhfuil srian curtha le próiseáil de bhun pointe (a) den chéad fhomhír, cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas sula gcuirfeadh an srian ar phróiseáil ar leataobh.

Ní dhéanfar sonraí srianta a phróiseáil ach don chuspóir ar cuireadh cosc ar a léirsciosadh mar gheall air.

4. Cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas i scríbhinn maidir le haon diúltú a dhéanfar ar cheartúchán nó ar léirsciosadh sonraí pearsanta oibríochtúla nó aon diúltú próiseáil a shrianadh agus maidir leis na cúiseanna atá leis an diúltú. Féadfaidh an rialaitheoir srian a chur, go hiomlán nó go páirteach, ar an oibleagáid an fhaisnéis sin a sholáthar sa mhéid gur beart riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach é srian den sórt sin agus fad a bheidh sé riachtanach agus comhréireach, agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha agus leasanna dlisteanacha an duine nádúrtha lena mbaineann, d'fhonn:
 - (a) bac ar fhiosrúcháin, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla a sheachaint;
 - (b) dochar do chosc, do bhrath, d'imscrúdú nó d'ionchúiseamh cionta coiriúla, nó d'fhorghníomhú pionós coiriúil, a sheachaint;
 - (c) slándáil phoiblí na mBallstát a chosaint;
 - (d) slándáil náisiúnta na mBallstát a chosaint;
 - (e) cearta agus saoirsí daoine eile, amhail íospartaigh agus finnétithe, a chosaint.

Cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas maidir leis an bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

5. Cuirfidh an rialaitheoir ceartúchán sonraí pearsanta oibríochtúla míchruinne in iúl don údarás inniúil ónar tháinig na sonraí pearsanta oibríochtúla míchruinne.
6. Déanfaidh an rialaitheoir, i gcás ina ndéanfar ceartúchán nó léirsciosadh ar shonraí pearsanta oibríochtúla nó ina ndéanfar próiseáil a shrianadh de bhun mhír 1, mír 2 nó mír 3, fógra a chur chuig na faighteoirí agus iad a chur ar an eolas go mbeidh orthu na sonraí pearsanta oibríochtúla a cheartú nó a léirsciosadh nó go mbeidh orthu próiseáil na sonraí pearsanta oibríochtúla atá faoina bhfreagracht a shrianadh.

*Airteagal 83***Ceart rochtana in imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla**

I gcás ina dtagann sonraí pearsanta oibríochtúla ó údarás inniúil, déanfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, sula ndéanfar cinneadh maidir le ceart rochtana an ábhair sonraí, a fhíorú leis an údarás inniúil lena mbaineann an bhfuil na sonraí pearsanta sin i gcinneadh nó taifead breithiúnach nó i gcáschomhad arna phróiseáil le linn imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla i mBallstát an údaráis inniúil sin. I gcás inarb amhlaidh atá, déanfar cinneadh maidir le ceart rochtana i gcomhairle agus i ndlúthchomhar leis an údarás inniúil lena mbaineann.

*Airteagal 84***Feidhmiú chearta ag an ábhar sonraí agus fíorú ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 79(3), Airteagal 81 agus Airteagal 82(4), féadfar cearta an ábhair sonraí a fheidhmiú freisin tríd an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
2. Déanfaidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas maidir leis an bhféidearthacht a chearta nó a cearta a fheidhmiú tríd an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun mhír 1.
3. I gcás ina bhfeidhmíonn an t-ábhar sonraí a ceart nó a cheart dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas ar a laghad go ndearnadh na fíoruithe uile is gá nó go ndearna sé nó sí athbhreithniú. Cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas freisin maidir lena cheart nó lena ceart leigheas breithiúnach a lorg os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 85***Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú**

1. Agus an úrscothacht, an costas a bhaineann le cur chun feidhme, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh ag an rialaitheoir, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a bhaineann leis an bpróiseáil í féin, ar rioscaí iad lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, déanfaidh sé, tráth chinneadh na modhanna chun an phróiseáil a dhéanamh agus tráth na próiseála féin, bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm, a cheaptar chun na príonsabail a bhaineann le cosaint sonraí a chur chun feidhme, amhail íoslachdú sonraí, ar bhealach éifeachtach agus déanfaidh sé na coimircí is gá a chomhtháthú sa phróiseáil chun ceanglais an Rialacháin seo agus an ghnímh dlí lena mbunaítear é a chomhlíonadh agus cearta na n-ábhar sonraí a chosaint.
2. Cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú nach bpróiseáiltear, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta oibríochtúla sin atá leormhaith agus ábhartha agus nach bhfuil iomarcach maidir leis an gcuspóir atá leis an bpróiseáil. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí pearsanta oibríochtúla a bhailítear, an oiread próiseála a dhéantar orthu, fad na tréimhse a stóráiltear iad agus an rochtain atá orthu. Áiritheofar le bearta den sórt sin, go háirithe, nach gcuirfeadh sonraí pearsanta oibríochtúla ar fáil mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair.

*Airteagal 86***Rialaitheoirí comhpháirteacha**

1. I gcás ina ndéanann dhá rialaitheoir nó níos mó nó rialaitheoir amháin nó níos mó mar aon le rialaitheoir amháin nó níos mó seachas institiúidí nó comhlachtaí an Aontais go comhpháirteach, críocha agus bealaí na próiseála a chinneadh, beidh siad ina rialaitheoirí comhpháirteacha. Cinntí siad, ar bhealach trédhearcach, na freagrachtaí a bheidh orthu faoi seach maidir lena n-oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh, go háirithe maidir le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí agus na dualgais a bheidh orthu faoi seach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 79 a sholáthar, trí chomhshocrú eatarthu, mura rud é gur le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a chinntear na freagrachtaí atá ar na rialaitheoirí comhpháirteacha faoi seach, nó a mhéid ar leis na dlíthe sin a chinntear na freagrachtaí atá orthu, agus ar faoina réir atá na rialaitheoirí comhpháirteacha. Faoin gcomhshocrú, féadfar pointe teagmhála a ainmniú do na hábhair sonraí.
2. Maidir leis an gcomhshocrú dá dtagraítear i mír 1, léireofar ann go cuí róil agus gaoil faoi seach na rialaitheoirí comhpháirteacha i leith an ábhair sonraí. Cuirfeadh bunéolas maidir leis an gcomhshocrú sin ar fáil don ábhar sonraí.
3. Gan beann ar théarmaí an chomhshocraithe dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an t-ábhar sonraí a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoin Rialachán seo i ndáil le gach rialaitheoir ar leithligh agus i gcoinne gach duine de na rialaitheoirí.

*Airteagal 87***An próiseálaí**

1. I gcás ina mbeidh próiseáil le déanamh thar ceann rialaitheora, ní bhainfidh an rialaitheoir úsáid ach as próiseálaithe a thugann ráthaíochtaí leordhóthanacha go gcuirfeadh bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme sa dóigh is go gcomhlíonfaidh an phróiseáil ceanglais an Rialacháin seo agus an ghnímh dlí lena mbunaítear an rialaitheoir agus go n-áiritheofar go gcosnófar cearta an ábhair sonraí.
2. Ní fhostóidh próiseálaí an dara próiseálaí gan údarú sonrath nó ginearálta i scríbhinn roimh ré ón rialaitheoir. I gcás údarú ginearálta i scríbhinn, déanfaidh an próiseálaí an rialaitheoir a chur ar an eolas faoi aon athrú a bheadh beartaithe a bhaineann le próiseálaithe nua a thabhairt isteach nó a chur in ionad próiseálaithe eile, sa chaoi go mbeadh deis ag an rialaitheoir a góid a dhéanamh i gcoinne athruithe den chineál sin.

3. An phróiseáil a dhéanfaidh próiseálaí, rialófar é le conradh nó le gníomh dlí eile faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit atá ina cheangal ar an bpróiseálaí i dtaca leis an rialaitheoir agus ina leagtar amach ábhar agus fad na próiseála, cineál agus críoch na próiseála, cineál na sonraí pearsanta oibríochtúla agus catagóirí na n-ábhar sonraí agus oibleagáidí agus cearta an rialaitheora. Forálfar sa chonradh nó sa ghníomh dlí eile sin go ndéanfaidh an próiseálaí an méid seo a leanas, go háirithe:

- (a) gníomhóidh sé ar theagasc ón rialaitheoir agus sa chás sin amháin;
- (b) áiritheoidh sé go bhfuil gealltanús rúndachta tugtha ag na daoine atá údaraithe chun na sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil nó go bhfuil siad faoi cheangal oibleagáide rúndachta reachtúla iomchuí;
- (c) cuideoidh sé leis an rialaitheoir trí aon mheán iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíontar na forálacha maidir le cearta an ábhair sonraí;
- (d) ar rogha an rialaitheora, tabharfaidh sé na sonraí pearsanta oibríochtúla uile ar ais don rialaitheoir nó scríosfaidh sé iad, tar éis do dheireadh teacht le soláthar na seirbhísí a bhaineann leis an bpróiseáil sonraí, agus scríosfaidh sé na cóipeanna atá ar marthain, mura rud é go n-éilíonn dlí an Aontais nó dlí Ballstáit go ndéanfar na sonraí pearsanta oibríochtúla sin a stóráil;
- (e) cuirfidh sé ar fáil don rialaitheoir gach faisnéis is gá chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a léiriú;
- (f) comhlíonfaidh sé na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 agus sa mhír seo faoina bhfostófar próiseálaí eile.

4. Is i scríbhinn, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a bheidh an conradh nó an gníomh dlí eile dá dtagraítear i mír 3.

5. Má sháraíonn próiseálaí an Rialachán seo nó an gníomh dlí lena mbunaítear an rialaitheoir trí chríocha agus modhanna na próiseála a chinneadh, measfar gur rialaitheoir é an próiseálaí i ndáil leis an bpróiseáil sin.

Airteagal 88

Logáil

1. Coimeádfaidh an rialaitheoir logaí le haghaidh aon cheann de na hoibríochtaí próiseála seo a leanas i gcórais uathoibríthe próiseála: bailiú, athrú, rochtain, comhairliúchán, nochtadh, lena n-áirítear aistriú, comhcheangal agus léirscríodadh sonraí pearsanta oibríochtúla. Leis na logaí comhairliúcháin agus nochta, beifear in ann an t-údar cuí atá leis na hoibríochtaí sin a bhunú mar aon le dáta agus am na n-oibríochtaí sin, sainaitheant an duine a cheadaigh nó a nocht sonraí pearsanta oibríochtúla, agus, a mhéid is féidir, sainaitheant faighteoirí na sonraí pearsanta oibríochtúla sin.

2. Úsáidfeadh na sonraí ar mhaithe le fíorú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht próiseála, le féinfhaireachán, le sláine agus slándáil na sonraí pearsanta oibríochtúla a áirithiú agus le himeachtaí coiriúla, agus chun na críocha sin amháin. Scríosfar na logaí sin tar éis 3 bliana, mura rud é go bhfuil gá leo le haghaidh rialú leanúnach.

3. Cuirfidh an rialaitheoir na logaí ar fáil dá oifigeach cosanta nó dá hoifigeach cosanta agus don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.

Airteagal 89

Measúnú tionchair ar chosaint sonraí

1. I gcás inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha de bharr chineál na próiseála, go háirithe próiseáil ina n-úsáidí nuatheicneolaíochtaí, déanfaidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an phróiseáil, measúnú ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála a bheartaítear a dhéanamh ar chosaint na sonraí pearsanta oibríochtúla, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh.

2. Áireofar ar a laghad sa mheasúnú dá dtagraítear i mír 1 tuairisc ghinearálta ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe, measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí, na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, coimircí, bearta slándála agus sársaí chun cosaint na sonraí pearsanta oibríochtúla a áirithiú agus chun a léiriú go bhfuil rialacha cosanta sonraí á gcomhlíonadh, ag cur san áireamh chearta agus leasanna dlisteanacha na n-ábhar sonraí agus daoine eile lena mbaineann.

*Airteagal 90***Réamhchomhairliúchán leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

1. Rachaidh an rialaitheoir i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula ndéanfar an phróiseáil, rud a bheidh mar chuid de chóras comhdaithe nua atá le cruthú, sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina léirítear i measúnú tionchair ar chosaint sonraí dá bhforáiltear faoi Airteagal 89 go mbainfeadh ardriosca leis an bpróiseáil in éagmais bearta a bheadh le glacadh ag an rialaitheoir chun an riosca sin a mhaolú; nó
 - (b) i gcás ina bhfuil riosca ard do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí ag gabháil leis an gcineál próiseála, go háirithe, i gcás ina n-úsáidfeadh teicneolaíochtaí, sásraí nó nósanna imeachta nua.
2. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí liosta a bhunú de na hoibríochtaí próiseála atá faoi réir réamhchomhairliúcháin de bhun mhír 1.
3. Déanfaidh an rialaitheoir an measúnú tionchair ar chosaint sonraí arna dhéanamh de bhun Airteagal 89 a sholáthar don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus, arna iarraidh sin, soláthróidh sé aon fhaisnéis eile a chuirfidh ar chumas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí measúnú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na próiseála agus go háirithe maidir leis na rioscaí do chosaint sonraí pearsanta oibríochtúla an ábhair sonraí agus maidir leis na coimircí gaolmhara.
4. I gcás ina measann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go sáródh an phróiseáil atá beartaithe agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an Rialachán seo nó an gníomh dlí lena mbunaítear an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais, go háirithe i gcás nach sainaithníonn an rialaitheoir an riosca go leordhóthanach nó nach ndéanann sé an riosca a mhaolú go leordhóthanach, cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí comhairle i scríbhinn ar fáil don rialaitheoir, laistigh de thréimhse 6 seachtaine ar a mhéid ón iarraidh ar chomhairliúchán a fháil. Féadfar síneadh míosa a chur leis an tréimhse sin, agus castacht na próiseála atá beartaithe á cur san áireamh. Cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an rialaitheoir ar an eolas faoi aon síneadh den sórt sin agus faoi na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh ar chomhairliúchán a fháil.

*Airteagal 91***Slándáil na próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta oibríochtúla**

1. Agus an úrscothacht, na costais a bhaineann leis an gcur chun feidhme, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a bhaineann leis an bpróiseáil, ar riosca é lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, déanfaidh an rialaitheoir agus an próiseálaí bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú is iomchuí don riosca sin, go háirithe maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil.
2. I ndáil le próiseáil uathoibrithe, déanfaidh an rialaitheoir agus an próiseálaí, tar éis dóibh meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí, bearta a chur chun feidhme atá deartha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) rochtain ar threalamh próiseála sonraí a úsáidtear le haghaidh próiseála (“rialú rochtana ar threalamh”) a shéanadh ar dhaoine neamhúdaraithé;
 - (b) léamh, cóipeáil, athrú nó tógáil neamhúdaraithé na meán sonraí a chosc (“rialú meán sonraí”);
 - (c) ionchur neamhúdaraithé sonraí pearsanta oibríochtúla a chosc chomh maith le cigireacht neamhúdaraithé, leasú neamhúdaraithé nó scriosadh neamhúdaraithé na sonraí pearsanta stóráilte (“rialú stórála”);
 - (d) cosc a chur ar dhaoine neamhúdaraithé a bhfuil trealamh cumarsáide sonraí á úsáid acu úsáid a bhaint as uathchórais phróiseála (“rialú úsáideoirí”);
 - (e) a áirithiú nach bhfuil rochtain ag daoine atá údaraithé chun uathchóras próiseála a úsáid ach ar sonraí pearsanta oibríochtúla atá clúdaithe ag a n-údarú rochtana (“rialú rochtana ar sonraí”);
 - (f) a áirithiú gur féidir ina dhiaidh sin a fhíorú agus a shuíomh cé hiad na comhlachtaí a bhfuil sonraí pearsanta oibríochtúla tarchurtha chucu nó curtha ar fáil dóibh nó a bhféadfar sonraí pearsanta a tharchur chucu nó a chur ar fáil dóibh agus úsáid á baint as cumarsáid sonraí sonraí oibríochtúla (“rialú cumarsáide”);
 - (g) a áirithiú go mbeidh sé indéanta ina dhiaidh sin a fhíorú agus a shuíomh cad iad na sonraí pearsanta oibríochtúla a cuireadh sna huathchórais phróiseála sonraí oibríochtúla, agus cé a chuir isteach na sonraí sin agus cathain (“rialú ionchuir”);

- (h) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaráithe sonraí pearsanta oibríochtúla le linn sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú nó le linn meán sonraí a aistriú (“rialú iompair”);
- (i) a áirithiú go bhféadfar córais shuiteáilte a aischor i gcás ina dtarlóidh briseadh (“athshlánú”);
- (j) a áirithiú go bhfeidhmeoidh feidhmeanna an chórais, go dtuairisceofar fabhtanna i bhfeidhmeanna nuair a thioctaidh siad chun solais (“iontaofacht”) agus nach féidir sonraí pearsanta oibríochtúla atá stóráilte a thruailliú trí bhithin mhífheidhmiú an chórais (“sláine”).

Airteagal 92

Fógra a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta

1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta, déanfaidh an rialaitheoir, gan aon mhoill mhíchúí agus, más féidir, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis dó a bheith ar an eolas faoin sárú sin, fógra a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ach amháin nuair nach dócha go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta. I gcás nach dtugtar an fógra sin don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí laistigh de 72 uair an chloig, gabhfaidh na cúiseanna a bhí leis an moill leis an bhfógra.
2. Leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, déanfar an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) tabharfar tuairisc ar an gcineál sáráithe i ndáil le sonraí pearsanta atá ann, lena n-áirítear, nuair is féidir, na catagóirí agus neas-líon na n-ábhar sonraí lena mbaineann agus catagóirí agus neas-líon na dtaifead sonraí pearsanta oibríochtúla lena mbaineann;
 - (b) cuirfear ainm agus sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí in iúl;
 - (c) tabharfar tuairisc ar iarmhairtí dóchúlacha an tsáráithe i ndáil le sonraí pearsanta;
 - (d) tabharfar tuairisc ar na bearta atá déanta ag an rialaitheoir nó atá beartaithe aige a dhéanamh le haghaidh a thabhairt ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, lena n-áirítear, nuair is iomchúí, bearta chun aon éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú a mhaolú.
3. I gcás nach féidir, agus a mhéid nach féidir, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil ag an am céanna, féadfar an fhaisnéis a sholáthar i gcéimeanna gan tuilleadh moille míchúí.
4. Déanfaidh an rialaitheoir aon sárúithe i ndáil le sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear i mír 1 a dhoiciméadú, lena n-áirítear na fíricí a bhaineann leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, na héifeachtaí a bhaineann leis agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh. Leis an doiciméadacht sin, cuirfear ar chumas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a fhíorú an bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh.
5. I gcás ina mbaineann sonraí pearsanta a tharchuir na húdaráis inniúla nó a tarchuireadh chucu le sárú i ndáil le sonraí pearsanta oibríochtúla, cuirfidh an rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann gan mhoill mhíchúí.

Airteagal 93

Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí

1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar dóchúil go mbeadh ardriosca ann dá bharr do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, cuirfidh an rialaitheoir in iúl don ábhar sonraí, gan mhoill mhíchúí, gur tharla an sárú sin.
2. Nuair a chuirtear in iúl don ábhar sonraí gur tharla sárú, mar a thagraítear dó i mír 1 den Airteagal seo, tabharfar tuairisc i dteanga shoiléir shimplí ar chineál an tsáráithe i ndáil le sonraí pearsanta lena n-áireofar ar a laghad an fhaisnéis agus na moltaí dá bhforáiltear i bpointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 92(2).
3. Ní bheidh gá an t-eolas sin a chur in iúl mar a thagraítear dó i mír 1 má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) go bhfuil bearta iomchúí cosanta, idir theicneolaíoch agus eagraíochtúil, curtha chun feidhme ag an rialaitheoir agus gur cuireadh na bearta sin i bhfeidhm maidir leis na sonraí pearsanta oibríochtúla a raibh tionchar ag an sárú i ndáil le sonraí pearsanta oibríochtúla orthu, go háirithe na bearta sin a fhágann nach mbeidh duine ar bith nach bhfuil údaráithe chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta in ann iad a thuiscint, amhail criptiú;

- (b) gur ghlac an rialaitheoir bearta ina dhiaidh sin lena n-áiritheofaí nach móide go dtarlódh an t-ardriosca do chearta ná do shaoirsí na n-ábhar sonraí mar a thagraítear dó i mír 1 a thuilleadh;
- (c) go mbeadh iarracht dhíríreach ag baint leis. I gcás den sórt sin, eiseofar teachtaireacht phoiblí nó glacfar beart comhchosúil trína dtabharfar fógra do na hábhair sonraí ar bhealach atá chomh héifeachtúil céanna.

4. Más rud é nár chuir an rialaitheoir an sárú i ndáil le sonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí fós, féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, tar éis breithniú a dhéanamh ar a dhóchúlú atá sé go mbeadh ardriosca ann mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, a cheangal ar an rialaitheoir é a chur in iúl nó féadfaidh sé nó sí a chinneadh go bhfuil aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3 á chomhlíonadh.

5. Maidir le cur in iúl an tsáraithe don ábhar sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfar moill a chur air, é a shrianadh nó é gan é a dhéanamh faoi réir na gcoinníollacha agus ar na forais dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

Airteagal 94

Sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Faoi réir na srianta agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna gníomhartha dlí lena mbunaítear an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais, féadfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig údarás tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a mhéid is gá aistriú den sórt sin chun cúraimí an rialaitheora a fheidhmiú agus ní dhéanfar é ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo, eadhon:

- (a) go bhfuil cinneadh leordhóthanachta glactha ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 36(3) de Threoir (AE) 2016/680, ar cinneadh é lena gcinntear go n-áiritíonn an tríú tír nó críoch nó earnáil phróiseála laistigh den tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht leibhéal leordhóthanach cosanta;
- (b) in éagmais cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún faoi phointe (a), go bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta sin de bhun Airteagal 218 CFAE, ar comhaontú é lena dtugtar coimirc leormhaithe i dtaobh príobháideacht agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint;
- (c) in éagmais cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún faoi phointe (a) nó comhaontaithe idirnáisiúnta faoi phointe (b), go bhfuil comhaontú comhair tugtha i gcrích lena gceadaítear malartú sonraí pearsanta oibríochtúla roimh dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí lena mbunaítear an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais lena mbaineann, idir an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht sin de chuid an Aontais agus an tríú tír atá i gceist.

2. Féadfar forálacha níos sonracha a chothabháil nó a thabhairt isteach sna gníomhartha dlí lena mbunaítear comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir leis na coinníollacha a bhaineann le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta oibríochtúla, go háirithe maidir leis na haistrithe sonraí pearsanta, trí bhíthin coimirc agus maoluithe iomchuí le haghaidh cásanna sonracha.

3. Déanfaidh an rialaitheoir liosta de chinntí leordhóthanachta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, comhaontuithe, socruithe riaracháin agus ionstraimí eile a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta oibríochtúla, a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus a choimeád cothrom le dáta i gcomhréir le mír 1.

4. Coimeádfaidh an rialaitheoir taifid mhionsonraithe ar na haistrithe go léir arna ndéanamh de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 95

Rúndacht na n-imscrúduithe breithiúnacha agus na n-imeachtaí coiriúla

Féadfaidh na gníomhartha dlí lena mbunaítear comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, i ndéanamh na ngníomhaíochtaí dóibh a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE, oibleagáid a chur ar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí maoirseachta, lánaird a thabhairt ar rúndacht imscrúduithe breithiúnacha agus imeachtaí coiriúla, i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit.

CAIBIDIL X

GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 96***Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 93 de Rialachán (AE) 2016/679 cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL XI

ATHBHREITHNIÚ

*Airteagal 97***Clásal athbhreithnithe**

Tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán 2022, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh, más gá, tograí reachtacha iomchuí ag gabháil léi.

*Airteagal 98***Athbhreithniú ar ghníomhartha dlí an Aontais**

1. Faoi 30 Aibreán 2022, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar ghníomhartha dlí arna nglacadh ar bhonn na gConarthaí lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE, chun:
 - (a) a gcomhréireacht le Treoir (AE) 2016/680 agus le Caibidil IX den Rialachán seo a mheasúnú;
 - (b) aon dibhéirseachtaí a shainaithint a d'fhéadfadh cur isteach ar mhalartú sonraí pearsanta oibríochtúla idir comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus iad i mbun gníomhaíochtaí sna réimsí sin agus údarais inniúla; agus
 - (c) aon dibhéirseachtaí a shainaithint a d'fhéadfadh ilroinnt dhlíthiúil na reachtaíochta um chosaint sonraí a chruthú san Aontas.
2. Ar bhonn an athbhreithnithe, chun cosaint aonfhoirmeach agus chomhsheasmhach daoine nádúrtha a áirithiú maidir le próiseáil, féadfaidh an Coimisiún tograí reachtacha iomchuí a thíolacadh, go háirithe d'fhonn Caibidil IX den Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar *Eupol* agus ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus lena n-áirítear oiriúnuithe ar Chaibidil IX den Rialachán seo, más gá.

CAIBIDIL XII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 99***Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE a aisghairm**

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE a aisghairm le héifeacht ón 11 Nollaig 2018. Déanfar tagairtí don Rialachán agus don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 100***Bearta idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do Chinneadh 2014/886/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ ná do théarma reatha oifige an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí agus téarma reatha oifige an Mhaoirseora Cúnta.

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/886/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 lena gceaptar Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus Maoirseoir Cúnta (IO L 351, 9.12.2014, lch. 9).

2. Measfar an Maoirseoir Cúnta a bheith ar aon chéim le Cláraitheoir Chúirt Bhreithiúnais fad a bhaineann le luach saothair, liúntais, pinsean scoir agus aon sochar eile in ionad luach saothair a chinneadh.
3. Beidh feidhm le hAirteagal 53(4), (5) agus (7), agus le hAirteagal 55 agus Airteagal 56 den Rialachán seo maidir leis an Maoirseoir Cúnta reatha go deireadh a théarma nó a téarma oifige.
4. Tabharfaidh an Maoirseoir Cúnta cúnaimh don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndéanamh dualgas uile an Mhaoirseora agus feidhmeoidh sé ina ionadaí nó ina hionadaí tráth a mbíonn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí as láthair nó bac air nó uirthi tabhairt faoi na dualgais sin go dtí go dtagann deireadh le téarma oifige reatha an Mhaoirseora Cúnta.

Airteagal 101

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag *Eurojust* ón 12 Nollaig 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

RIALACHÁN (AE) 2018/1726 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 14 Samhain 2018

mair le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 74, Airteagal 77(2)(a) agus (b), Airteagal 78(2)(e), Airteagal 79(2)(c), Airteagal 82(1)(d), Airteagal 85(1), Airteagal 87(2)(a) agus Airteagal 88(2) de,

Ag féachaint don gogra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh Córas Faisnéise Schengen (SIS II) le Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus le Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle ⁽³⁾. Le Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB, déantar foráil gurb é an Coimisiún a bheidh freagrach, i rith idirthréimhse, as bainistiú lárchóras SIS II (SIS II Láir). Tar éis na hidirthréimhse sin, beidh Údarás Bainistíochta freagrach as bainistiú oibríochtúil SIS II Láir agus as gnéithe áirithe den bhonneagar cumarsáide.
- (2) Bunaíodh an Córas Faisnéise Víosáí (VIS) le Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle ⁽⁴⁾. Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, déantar foráil gurb é an Coimisiún a bheidh freagrach, i rith idirthréimhse, as bainistiú oibríochtúil VIS. Tar éis na hidirthréimhse sin, beidh Údarás Bainistíochta freagrach as bainistiú oibríochtúil lárchóras VIS agus na gcomhéadan náisiúnta, agus as gnéithe áirithe den bhonneagar cumarsáide.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2018 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 9 Samhain 2018.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 381, 28.12.2006, lch. 4).

⁽³⁾ Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

⁽⁴⁾ Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosáí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosáí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosáí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

- (3) Bunaíodh *Eurodac* le Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle ⁽¹⁾. Le Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle ⁽²⁾, leagadh síos rialacha cur chun feidhme riachtanacha. Aisghaireadh na gníomhartha dlí sin agus cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ ina n-ionad le héifeacht ón 20 Iúil 2015.
- (4) Bunaíodh an Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF (teicneolaíocht faisnéise) sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, dá ngairtear eu-LISA go coitianta, le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ chun bainistiú oibríochtúil SIS, VIS agus *Eurodac* agus gnéithe áirithe dá mbonneagair chumarsáide a áirithiú agus, go hionchasach, chun bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF eile sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (na córais) a áirithiú chomh maith, faoi réir ghlacadh gníomhartha dlí ar leithligh de chuid an Aontais. Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 le Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 chun na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar *Eurodac* a léiriú.
- (5) Ós rud é go raibh uathriail dlí, riaracháin agus airgeadais de dhíth ar an Údarás Bainistíochta, bunaíodh é i bhfoirm gníomhaireacht rialála (an Gníomhaireacht) ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach. De réir mar a comhaontaíodh, is i dTaillinn, an Eastóin, a bunaíodh suíomh na Gníomhaireachta. Ós rud é, áfach, go raibh na cúraimí a bhaineann le forbairt theicniúil agus leis an ullmhúchán i dtaca le bainistiú oibríochtúil SIS II agus VIS á gcur i gcrích cheana in Strasbourg, an Fhrainc, agus gur suiteáladh láithreán cultaca i gcomhair na gcóras sin in Sankt Johann im Pongau, an Ostair, i gcomhréir freisin le hionaid SIS II agus VIS arna mbunú faoi na gníomhartha dlí ábhartha an Aontais, ba cheart leanúint den socrú sin. Ba cheart leanúint den dá láithreán sin a úsáid freisin mar na hionaid, faoi seach, ina ndéanfar na cúraimí a bhaineann le bainistiú oibríochtúil *Eurodac* a chur i gcrích agus ina mbunófar láithreán cultaca i gcomhair *Eurodac*. Ba cheart an dá láithreán sin a úsáid freisin mar na hionaid, faoi seach, ina ndéanfar forbairt theicniúil agus bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF eile sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus ina mbeidh láithreán cultaca arb acmhainn dó oibriú córais mórsála TF a áirithiú i gcás ina dtarlódh cliseadh sa chóras mórsála TF sin. Chun an úsáid is mó is féidir a bhaint as an láithreán cultaca, d'fhéadfaí an láithreán sin a úsáid freisin chun córais a oibriú go comhuaineach ar choinníoll go mbeidh sé d'acmhainn aige i gcónaí oibriú na gcóras sin a áirithiú i gcás ina gclisfeadh ar cheann amháin nó níos mó de na córais sin. De bharr nádúr ardslandála, ard-inflaightheachta agus ríthábhachtach na gcóras i leith an mhisin, más rud é go n-éireodh acmhainn óstála na láithreán teicniúil atá ann cheana neamhleor, ba cheart do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta (an Bord Bainistíochta) a bheith in ann a mholadh, i gcás ina bhfuil údar maith leis ar bhonn measúnú tionchair agus anailís costas agus sochar neamhspleách, go mbunófaí dara láithreán teicniúil ar leithligh in Strasbourg nó in Sankt Johann im Pongau nó sa dá háit, de réir mar is gá, chun na córais sin a óstáil. Ba cheart don Bhord Bainistíochta dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus a dhearcadh a chur san áireamh sula dtabharfaidh sé fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle (“an t-údarás buiséadach”) faoina intinn aon tionscadal a bhaineann le maoin a chur chun feidhme.
- (6) Ó chuaigh sí i mbun oibre an 1 Nollaig 2012, ghabh an Gníomhaireacht uirthi féin na cúraimí i ndáil le VIS a tugadh don Údarás Bainistíochta le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus le Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle ⁽⁵⁾. In Aibreán 2013, ghabh an Gníomhaireacht uirthi féin freisin na cúraimí i ndáil le SIS II a tugadh don Údarás Bainistíochta le Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB tar éis don chóras teacht i bhfeidhm agus, i Meitheamh 2013, ghabh sí uirthi féin na cúraimí i ndáil le *Eurodac* a tugadh don Choimisiún i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 agus (CE) Uimh. 407/2002.
- (7) Ba é tátal na chéad mheastóireachta ar obair na Gníomhaireachta, bunaithe ar mheastóireacht sheachtrach neamhspleách agus a rinneadh i dtréimhse 2015-2016, go n-áirithíonn an Gníomhaireacht ar bhealach éifeachtach bainistiú oibríochtúil na gcóras mórsála TF agus cúraimí eile a chuirtear uirthi ach gur gá roinnt athruithe eile a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 amhail cúraimí maidir leis an bonneagar cumarsáide atá faoi chúram an Choimisiúin go fóill a aistriú chuig an nGníomhaireacht. Ag tógáil dó ar an meastóireacht sheachtrach sin, chuir an Coimisiún san áireamh forbairtí beartais, dlíthiúla agus fíorasacha agus mhol sé ina thuarascáil ón 29 Meitheamh

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle an 11 Nollaig 2000 maidir le “*Eurodac*” a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (IO L 316, 15.12.2000, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lena leagtar síos rialacha áirithe chun Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 maidir le “*Eurodac*” a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath (IO L 62, 5.3.2002, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú “*Eurodac*” chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó *Europol* ar chomparáidí le sonraí *Eurodac* chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 286, 1.11.2011, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain ar Chóras Faisnéise Víosáí (VIS) a bheith ag údaráis ainmnithe de chuid Ballstát agus ag *Europol* chun na sonraí ann a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129).

2017 ar fheidhmiú na Gníomhaireachta Eorpaí chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA) (an tuarascáil mheastóireachta) go háirithe go ndéanfaí sainordú na Gníomhaireachta a leathnú chun go ndéanadh sí na cúraimí a eascraíonn as moltaí reachtacha arna nglacadh ag na comhreachtóirí lena dtugtar córais nua don Ghníomhaireacht, agus na cúraimí dá dtagraítear i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2016 dar teideal “Stronger and Smarter Information Systems for Borders agus Security” (Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil), i dtuarascáil chríochnaitheach ó Sainghrúpa Ardleibhéil maidir le Córais Faisnéise agus Idir-inoibritheacht an 11 Bealtaine 2017, agus i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2017 dar teideal “Seventh progress report towards an effective and genuine Security Union” (Seachtú tuarascáil ar dhul chun cinn i dtreo Aontas Slándála éifeachtach dlí), faoi réir na gníomhartha dlí ábhartha a ghlacadh, nuair is gá sin. Go háirithe, ba cheart é a chur de chúram ar an nGníomhaireacht forbairt a dhéanamh ar réitigh maidir le hidir-inoibritheacht arna sainiú i dTeachtaireacht an 6 Aibreán 2016, mar chumas na gcóras faisnéise sonraí a mhalartú agus roinnt na faisnéise a chumasú. Nuair is ábhartha, aon bhearta a dhéantar i leith na hidir-inoibritheachta, ba cheart Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2017 dar teideal “European Interoperability Framework – Implementation Strategy” (Straitéis Cur chun Feidhme an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta) a bheith ina treoir acu. Cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Teachtaireacht sin na treoirínte ginearálta, na moltaí agus na dea-chleachtais chun idir-inoibritheacht a bhaint amach nó, ar a laghad, chun an timpeallacht a chothú inar féidir idir-inoibritheacht ar bhonn níos fearr a bhaint amach agus seirbhísí poiblí Eorpacha á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á mbainistiú.

- (8) Tátaí eile a baineadh as an tuarascáil mheastóireachta is ea gur cheart sainordú na Gníomhaireachta a leathnú chun go bhféadfadh sí comhairle a sholáthar do na Ballstáit i ndáil le nasc na gcóras náisiúnta le lárchórais na gcóras mórsála TF a bhainistiú sí (na “córais”) agus cúnaimh agus tacaíocht ad hoc, arna iarraidh sin, a chur ar fáil do na Ballstáit agus cúnaimh agus tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin faoi shaincheisteanna teicniúla a bhaineann le córais nua.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, a chur de chúram ar an nGníomhaireacht.
- (10) Ba cheart bainistiú oibríochtúil *DubliNet* a chur de chúram ar an nGníomhaireacht freisin, ar slánbhealach leictreonach ar leithligh é a cuireadh ar bun faoi Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún⁽²⁾, ar cheart d’údarais inniúla tearmainn na mBallstát a úsáid chun faisnéis faoi iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a mhalartú.
- (11) Anuas air sin, ba cheart ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾, a chur de chúram uirthi.
- (12) Ba cheart gurbh é croí-fheidhm na Gníomhaireachta i gcónaí comhlíonadh na gcúraimí maidir le bainistiú oibríochtúil i leith SIS II, VIS, *Eurodac*, EES, *DubliNet*, ETIAS agus, má chinntear amhlaidh, i leith córas mórsála TF eile sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Ba cheart an Ghníomhaireacht a bheith freagrach chomh maith as bearta teicniúla a mbeadh gá leo de thoradh na gcúraimí neamh-normatacha a chuirtear uirthi. Níor cheart gur dochar na freagrachtaí sin do na cúraimí normatacha a fhorchoimeádtar don Choimisiún amháin nó don Choimisiún agus cúnaimh á fháil aige ó Choiste i ngníomhartha dlí an Aontais faoi seach lena rialáítear na córais.
- (13) Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann réitigh theicniúla a chur chun feidhme chun na ceanglais infhaighteachta a leagtar síos i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialáítear na córais a chomhlíonadh, agus lánurraim á tabhairt ag an am céanna d’fhorálacha sonracha na ngníomhartha sin i dtaca le hailtireacht theicniúil na gcóras faoi seach. I gcás ina n-éilíonn na réitigh theicniúla sin dúbláil córais nó dúbláil na gcomhpháirteanna i gcóras, ba cheart measúnú tionchair agus anailís costas agus sochar neamhspleách a dhéanamh agus ba cheart don Bhord Bainistíochta cinneadh a dhéanamh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ba cheart a chur san áireamh sa

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coimhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20) a chur chun feidhme.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2003 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír (IO L 222, 5.9.2003 lch. 3).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

mheasúnú sin scrúdú ar na riachtanais ó thaobh acmhainn óstála na láithreán teicniúil atá cheana ann a bhaineann le forbairt réiteach teicniúil den sórt sin agus na rioscaí a d'fheadfadh a bheith ag baint leis an leagan amach oibríochtúil reatha.

- (14) Níl aon údar maith a thuilleadh ag an gCoimisiún a bheith fós i mbun cúraimí áirithe a bhaineann le bonneagar cumarsáide na gcóras agus ba cheart, dá bhrí sin, na cúraimí sin a aistriú chuig an nGníomhaireacht chun cur le comhleánachas bhainistiú an bhonneagair chumarsáide. Maidir leis na córais sin a úsáideann *EuroDomain*, áfach, ar slánbhonneagar cumarsáide é arna chur ar fáil ag TESTA-ng (Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin-glúin nua) agus arna bhunú mar chuid de Chlár ISA a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 922/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus a lean ar aghaidh mar chuid de Chlár ISA2 a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2015/2240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾, ba cheart na cúraimí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, fáil agus athnuachan, agus ábhair a bhaineann le conarthaí a bheith ar an gCoimisiún fós.
- (15) Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann cúraimí a bhaineann leis an mbonneagar cumarsáide a sheachadadh, a chur ar bun, a chothabháil agus faireachán a dhéanamh air a chur ar iontaoibh eintiteas seachtrach nó comhlachtaí seachtracha de chuid na hearnála príobháidí i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha buiséadacha agus foirne a bheith ag an nGníomhaireacht chun an gá le seachfhoinsíú a cúraimí agus a dualgas chuig eintitis sheachtracha nó comhlachtaí seachtracha de chuid na hearnála príobháidí a shrianadh a mhéid ab fhéidir.
- (16) Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúraimí a dhéanamh a bhaineann le hoiliúint maidir le húsáid theicniúil SIS II, VIS agus *Eurodac* agus córas mórscála TF eile a chuirfear faoi chúram na Gníomhaireachta amach anseo.
- (17) Chun cur le ceapadh beartas fianaise-bhunaithe imirce agus slándála an Aontais agus leis an bhfaireachán ar dhea-fheidhmiú na gcóras mórscála TF, ba cheart don Ghníomhaireacht staidreamh a bhailiú agus a fhoilsiú, agus tuarascálacha staidrimh a chur le chéile agus a chur ar fáil do na gníomhaithe ábhartha i gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear na córais, mar shampla chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle⁽⁴⁾ agus ar mhaithe le hanailís riosca agus measúnú leochaileachta a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁵⁾.
- (18) Ba cheart é a bheith indéanta freagracht a chur de chúram ar an nGníomhaireacht maidir le hullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF breise de bhun Airteagal 67 go Airteagal 89 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach (CFAE). Samplaí a d'fheadfadh a bheith i gcórais den sórt sin ná an córas láraithe leis na Ballstáit a shainthint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithé náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaidfid Choiriúla a fhorlíonadh agus chun tacú leis (ECRIS-TCN) nó an córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid trasteorann in imeachtaí sibhialta agus coiriúla (e-CODEX). Mar sin féin, níor cheart córais den sórt sin a chur de chúram ar an nGníomhaireacht ach amháin trí bhithin gníomhartha dlí ar leithligh de chuid an Aontais a ghlacfaí ina dhiaidh sin, agus ba cheart measúnú tionchair a dhéanamh sula nglacfaí iad.
- (19) Ba cheart sainordú na Gníomhaireachta maidir le taighde a leathnú chun gur mhó ab acmhainn di athruithe teicniúla ábhartha agus riachtanacha ar na córais a mholadh ar bhonn níos réamhghníomhaí. Le cois faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde is ábhartha do bhainistiú oibríochtúil na gcóras a bhainistíonn sí, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann cur le cur chun feidhme na gcodanna sin de Chreatchlár an Aontais Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht freisin, i gcás ina dtarmligeann an Coimisiún na cumhachtaí ábhartha chuig an nGníomhaireacht. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, ba cheart don Ghníomhaireacht faisnéis faoin bhfaireachán sin a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus, i gcásanna a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 922/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le réitigh idir-inoibritheachta do Riaracháin Phoiblí Eorpacha (ISA) (IO L 280, 3.10.2009, lch. 20).

⁽²⁾ Cinneadh (AE) Uimh. 2015/2240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena mbunaítear clár um réitigh idir-inoibritheachta agus creataí comhchoiteanna do riaracháin phoiblí Eorpacha, do ghnólachtaí Eorpacha agus do shaoránaigh Eorpacha (clár ISA2) mar mhodh leis an earnáil phoiblí a nuachóiriú (IO L 318, 4.12.2015, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

- (20) Ba cheart don Choimisiún bheith in ann a chur de fhreagracht ar an nGníomhaireacht treoirthionscadail de chineál turgnamhach a dhéanamh, arna ndearadh chun a indéanta agus a úsáidí atá sé gníomhaíocht a thástáil, ar gníomhaíocht é a fhéadfar a chur chun feidhme d'uireasa bunghnímh i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún bheith in ann cúraimí a chur ar an nGníomhaireacht a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhair cruthúnais choincheapa arna gcistiú faoin ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046, tar éis di Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas. Maidir le gníomhaíochtaí tástála a bhaineann le hábhair a chumhdaítear d'áiríthe sa Rialachán seo agus i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras, amhail tástáil ar choincheapa fíorúlaithe, ba cheart don Gníomhaireacht bheith in ann iad a phleanáil agus a chur chun feidhme freisin. Nuair a chuirfear cúram uirthi treoirthionscadal a chur i gcrích, ba cheart don Gníomhaireacht aird ar leith a thabhairt ar Straitéis an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Faisnéise.
- (21) Maidir le nasc na gcóras náisiúnta leis na lárchórais dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear na córais, ba cheart don Gníomhaireacht comhairle a sholáthar do na Ballstáit arna hiarraidh sin dóibh.
- (22) Ba cheart don Gníomhaireacht freisin tacaíocht ad hoc a sholáthar do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh, faoi réir an nós imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo, nuair is gá sin de thoradh dúshlán nó riachtanais urghnácha slándála nó imirce. Go háirithe, ba cheart do Bhallstát a bheith in ann athneartú oibríochtúil agus teicniúil a iarraidh agus brath ar an athneartú sin i gcás ina mbíonn dúshlán shonracha agus dhíríreacha ó thaobh imirce roimh an mBallstát sin ag limistéir ar leith dá theorainneacha seachtracha a bhfuil mórfhlódú isteach de shreabha imirce mar shaintréith dóibh. Ba cheart d'fhoirne tacaíochta don bhainistiú imirce, foirne ar a bhfuil saineolaithe ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, athneartuithe den sórt sin a sholáthar sna teophointí. I gcás ina bhfuil gá le tacaíocht ón nGníomhaireacht sa chomhthéacs sin maidir le saincheisteanna a bhaineann leis na córais, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann iarraidh ar thacaíocht a tharchur chuig an gCoimisiún, agus ba cheart dó siúd, i ndiaidh dó measúnú a dhéanamh go bhfuil údar éifeachtach leis an tacaíocht sin, an iarraidh ar thacaíocht a tharchur chuig an nGníomhaireacht gan mhoill. Ba cheart don Gníomhaireacht an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi iarraí den sórt sin. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh i dtaobh an dtugann an Gníomhaireacht freagairt thráthúil ar an iarraidh ar thacaíocht ad hoc. Ba cheart tuairisc mhionsonraithe a thabhairt i dtuascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar na bearta atá déanta ag an nGníomhaireacht chun tacaíocht ad hoc a thabhairt do na Ballstáit agus ar na costais a tabhaíodh i dtaca leis sin.
- (23) Ba cheart don Gníomhaireacht freisin tacú le seirbhísí an Choimisiúin i dtaca le saincheisteanna teicniúla a bhaineann le córais atá ann cheana nó le córais nua, arna iarraidh sin, go háirithe agus tograí nua maidir le córais mhórsála TF á n-ullmhú le cur faoi chúram na Gníomhaireachta.
- (24) Ba cheart do ghrúpa Ballstát a bheith in ann a chur de chúram ar an nGníomhaireacht comhpháirt chomhchoiteann TF a fhorbairt, a bhainistiú nó a óstáil chun cuidiú leo gnéithe teicniúla d'oibleagáidí a chur chun feidhme a eascraíonn as gníomhartha dlí an Aontais maidir le córais TF dlíraithe sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Níor cheart gur dochar an méid sin d'oibleagáidí na mBallstát sin faoi ghníomhartha dlí an Aontais is infheidhme, go háirithe maidir le hailtíocht na gcóras sin. Maidir leis sin, ba cheart ceangal a bheith ann formheas roimh ré a fháil ón gCoimisiún, ba cheart é a bheith faoi réir cinneadh dearfach ón mBord Bainistíochta, ba cheart é a léiriú i gcomhaontú tarmhligin idir na Ballstáit lena mbaineann agus an Gníomhaireacht agus ba cheart é a bheith maoinithe go hiomlán ag na Ballstáit lena mbaineann. Ba cheart don Gníomhaireacht an comhaontú tarmhligin a formheasadh agus aon mhodhnuithe arna ndéanamh air a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ba cheart do Bhallstáit eile a bheith in ann a bheith rannpháirteach i réitigh chomhchoiteanna TF den sórt sin ar choinníoll go mbeadh foráil déanta don fhéidearthacht sin sa chomhaontú tarmhligin agus go ndéanfaí na leasuithe is gá air. Níor cheart don chúram sin dochar a dhéanamh don bhainistiú oibríochtúil a dhéanann an Gníomhaireacht ar na córais.
- (25) Maidir le bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur faoi chúram na Gníomhaireachta, níor cheart dó sin difear a dhéanamh do na rialacha sonracha is infheidhme maidir leis na córais sin. Go háirithe, na rialacha sonracha lena rialaítear an cuspóir, cearta rochtana, bearta slándála agus na ceanglais bhreise um chosaint sonraí maidir le gach córas den sórt sin, tá siad infheidhme go huile is go hiomlán.
- (26) Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú na Gníomhaireachta, ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta. Ba cheart na feidhmeanna is gá a chur faoi chúram an Bhoird Bainistíochta go háirithe chun an clár oibre bliantúil a ghlacadh, chun a fheidhmeanna maidir le buiséad na Gníomhaireachta a chomhlíonadh, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh agus nósanna imeachta a bhunú maidir le cinntí a bhaineann le cúraimí oibríochtúla na Gníomhaireachta a bheith á nglacadh ag an Stiúthóir Feidhmiúcháin. Ba cheart don Bhord Bainistíochta na cúraimí sin a dhéanamh ar

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 574/2007/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

bhealach éifeachtúil agus trédhearcach. Tar éis don Choimisiún nós imeachta roghnúcháin iomchuí a eagrú, agus tar éis éisteacht na n-iarrthóirí molta sa choiste inniúil nó sna coistí inniúla de Pharlaimint na hEorpa, ba cheart don Bhord Bainistíochta Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh freisin.

- (27) Ós rud é go mbeidh méadú suntasach tagtha faoin mbliain 2020 ar líon na gcóras mórsála TF a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht agus ós rud é go bhfuiltear ag cur go mór le cúraimí na Gníomhaireachta, tiocfaidh méadú suntasach dá réir ar fhoireann na Gníomhaireachta idir seo agus 2020. Ba cheart dá bhrí sin post Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta a chruthú agus aird chuí á tabhairt ar an ngá a bheidh ann le maoirseacht mhéadaithe agus thiomanta ar na cúraimí a bhaineann le forbairt nó le bainistiú oibríochtúil na gcóras agus go bhfuil láithreáin theicniúla na Gníomhaireachta scaipthe idir trí Bhallstát. Ba cheart don Bhord Bainistíochta an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh.
- (28) Ba cheart an Gníomhaireacht a rialú agus a oibriú agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail an chur chuige choitinn maidir le gníomhaireachtaí dláráithe an Aontais a ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 19 Iúil 2012.
- (29) Maidir le SIS II, ba cheart stádas breathnóra a bheith ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (*Europol*) agus ag an Aonad Eorpach um Chomhar Breithiúnach (*Eurojust*), a bhfuil ceart rochtana acu araon ar shonraí arna n-iontráil in SIS II agus a bhfuil ceart acu cuardach díreach a dhéanamh ar na sonraí sin de bhun Chinneadh 2007/533/CGB, ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a bheidh ceist i ndáil le cur i bhfeidhm an Chinnidh sin ar an gclár oibre. Ba cheart stádas breathnóra a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, a bhfuil ceart rochtana agus cuardaigh aici ar SIS II de bhun Rialachán (AE) 2016/1624, ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a bheidh ceist i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin ar an gclár oibre. Ba cheart an deis a bheith ag *Europol*, ag *Eurojust* agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta faoi seach ionadaí a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach SIS II arna bhunú faoin Rialachán seo.
- (30) Maidir le VIS, ba cheart stádas breathnóra a bheith ag *Europol* ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a bheidh ceist i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2008/633/CGB ar an gclár oibre. Ba cheart an deis a bheith ag *Europol* ionadaí a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach VIS arna bhunú faoin Rialachán seo.
- (31) Maidir le *Eurodac*, ba cheart stádas breathnóra a bheith ag *Europol* ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a bheidh ceist i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ar an gclár oibre. Ba cheart an deis a bheith ag *Europol* ionadaí a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach *Eurodac* arna bhunú faoin Rialachán seo.
- (32) Maidir le EES, ba cheart stádas breathnóra a bheith ag *Europol* ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a bheidh ceist a bhaineann le Rialachán (EU) 2017/2226 ar an gclár oibre.
- (33) Maidir le ETIAS, ba cheart stádas breathnóra a bheith ag *Europol* ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a bheidh ceist a bhaineann le Rialachán (AE) 2018/1240 ar an gclár oibre. Ba cheart stádas breathnóra a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freisin ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta nuair a bheidh ceist a bhaineann le ETIAS i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin ar an gclár oibre. Ba cheart an deis a bheith ag *Europol* agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ionadaí a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach EES-ETIAS arna bhunú faoin Rialachán seo.
- (34) Ba cheart cearta vótála a bheith ag Ballstáit ar an mBord Bainistíochta a bhaineann le córas mórsála TF i gcás ina gceanglaítear iad faoi dhlí an Aontais trí bhithin aon ghníomh dlí de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid an chórais áirithe sin. Ba cheart cearta vótála a bheith ag an Danmhairg freisin i ndáil le córas mórsála TF má chinneann sí, faoi Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, an gníomh dlí sin de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid an chórais áirithe sin a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta.
- (35) Ba cheart do Bhallstáit comhalta a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach córais mórsála TF má cheanglaítear iad faoi dhlí an Aontais trí bhithin aon ghníomh dlí de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid an chórais áirithe sin. Ba cheart don Danmhairg, ina theannta sin, comhalta a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach córais mórsála TF má chinneann sí, faoi Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 22, an gníomh dlí sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta, ar gníomh é lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid an chórais áirithe sin. Ba cheart do na Grúpaí Comhairleacha comhoibriú le chéile nuair is gá.
- (36) Chun a huathriail agus a neamhspleáchas iomlán a áirithiú agus chun cumasú di na cuspóirí a shanntar di leis an Rialachán seo a chomhlíonadh go cuí agus na cúraimí a shanntar di leis an Rialachán seo a fheidhmiú go cuí, ba cheart buiséad leormhaith agus uathrialach a thabhairt don Gníomhaireacht lena ngabhfaidh ioncam ó bhuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart maoiniú na Gníomhaireachta a bheith faoi réir comhaontú idir Parlaimint na hEorpa

agus an Chomhairle mar a leagtar amach i bpointe 31 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais⁽¹⁾. Ba cheart feidhm a bheith ag nósanna imeachta buiséadacha agus urscaoilte an Aontais. Ba cheart don Chúirt Iniúchóirí na cuntais agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo a iniúchadh.

- (37) Chun críche a misean a chomhall agus a mhéid is gá chun a cúraimí a chur i gcrích, ba cheart an deis a bheith ag an nGníomhaireacht dul i gcomhar le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, go háirithe leo sin atá bunaithe sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, i dtaobh ábhair a chumhdaítear sa Rialachán seo agus i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras faoi chuimsiú socruithe oibre arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le dlí agus beartas an Aontais agus faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach. I gcás ina bhforáiltear dó le gníomh dlí de chuid an Aontais, ba cheart an deis a bheith ag an nGníomhaireacht dul i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus eintitis ábhartha eile, agus ba cheart di a bheith in ann socruithe oibre a thabhairt i gcrích leo chun na críche sin. Ba cheart formheas roimh ré ón gCoimisiún a fháil do na socruithe oibre sin agus ba cheart don Bhord Bainistíochta iad a údarú. Ba cheart don Gníomhaireacht freisin dul i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise (ENISA), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾, maidir le slándáil líonraí agus faisnéise, i gcás inarb iomchuí, agus ba cheart di obair leantach a dhéanamh ar na moltaí sin, i gcás inarb iomchuí.
- (38) Nuair a bheidh forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras á n-áirithiú aici, ba cheart don Gníomhaireacht caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus na ceanglais ghairmiúla is airde á gcur san áireamh aici, go háirithe Straitéis an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Faisnéise.
- (39) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾ maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an nGníomhaireacht, gan dochar do na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar síos i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras, ar cheart iad a bheith comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2018/1725. Chun an tslándáil a chothabháil agus chun cosc a chur ar phróiseáil de shárú ar Rialachán (AE) 2018/1725 agus ar ghníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear na córais, ba cheart don Gníomhaireacht meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann go bunúsach leis an bpróiseáil agus ba cheart di bearta, amhail criptiú, a chur chun feidhme chun na rioscaí sin a mhaolú. Ba cheart leibhéal iomchuí slándála a áirithiú leis na bearta sin, lena n-áirítear rúndacht, agus aird á tabhairt ar staid na teicníochta agus ar na costais a bhaineann le cur chun feidhme maidir leis na rioscaí agus le cineál na sonraí pearsanta atá le cosaint. Agus an riosca maidir le slándáil sonraí á mheasúnú, ba cheart breathnú ar na rioscaí a eascraíonn as próiseáil sonraí pearsanta, amhail scriosadh, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraíthe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach éigin eile, nó rochtain neamhúdaraíthe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach, agus ar rioscaí iad a bhféadfadh damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhábhartha go háirithe teacht astu. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bheith in ann rochtain a fháil ón nGníomhaireacht ar gach faisnéis is gá a bheith aige chun a chuid nó a cuid fiosrúchán a dhéanamh. I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus thug sé uaidh a thuairim an 10 Deireadh Fómhair 2017.
- (40) Chun oibriú trédhearcach na Gníomhaireachta a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁵⁾ maidir leis an nGníomhaireacht. Ba cheart an Gníomhaireacht a bheith chomh trédhearcach agus is féidir maidir lena cuid gníomhaíochtaí, agus fós gan baint amach an chuspóra atá lena cuid oibríochtaí a chur i mbaol. Ba cheart di faisnéis faoina cuid gníomhaíochtaí uile a chur ar fáil go poiblí. Ar an mbealach céanna, ba cheart di a áirithiú go dtabharfar faisnéis faoina cuid oibre go mear don phobal agus d'aon pháirtí leasmhar.
- (41) Ba cheart gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a bheith faoi réir ghrinnscrúdú an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.

⁽¹⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 (IO L 165, 18.6.2013, lch. 41).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (féach leathanach 39 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

- (42) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ maidir leis an nGníomhaireacht, agus ba cheart di aontú do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)⁽²⁾.
- (43) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 ón gComhairle⁽³⁾, a bhaineann le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú, maidir leis an nGníomhaireacht.
- (44) Chun coinníollacha fostaíochta oscailte trédhearcacha a áirithiú agus chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le daoine den fhoireann, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (“Rialachán Foirne na nOifigeach”) agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (“Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile”) a leagtar síos i Rialachán (CEE, *Euratom*, CEEG) Uimh. 259/68⁽⁴⁾ (dá ngairtear le chéile “na Rialacháin Foirne”), maidir leis an bhfoireann (lena n-áirítear Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta), lena n-áirítear na rialacha rúndachta gairmiúla nó dualgais choibhéiseacha eile rúndachta.
- (45) Toisc gur comhlacht arna bhunú ag an Aontas de réir bhrí Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046 í an Ghníomhaireacht, ba cheart don Ghníomhaireacht a rialacha airgeadais a ghlacadh dá réir sin.
- (46) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún⁽⁵⁾ maidir leis an nGníomhaireacht.
- (47) Tagann an Ghníomhaireacht, arna bunú leis an Rialachán, seo in ionad agus i gcomharbacht ar an nGníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtuil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011. Ba cheart, mar sin, gurb í a bheidh ina comharba dlíthiúil i ndáil le gach conradh a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtuil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, a chur i gcrích, agus i ndáil le gach dliteanas is dlite di nó i ndáil le gach maoin arna sealbhú di. Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh d’fheidhm dhlíthiúil aon chomhaontú, aon socruithe oibre ná meabhráin tuiscana arna dtabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, gan dochar d’aon leasuithe arna ndéanamh orthu a éilítear leis an Rialachán seo.
- (48) Chun go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann leanúint dá cúraimí a chomhlíonadh maidir le bainistiú oibríochtuil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, a mhéid is féidir, ba cheart bearta idirthréimhseacha a leagan síos, go háirithe maidir leis an mBord Bainistíochta, maidir leis an nGrúpa Comhairleach, maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus maidir leis na rialacha inmheánacha arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta.
- (49) Is é is aidhm don Rialachán seo forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 a leasú agus a leathnú. I bhfianaise a shuntasáí atá na leasuithe atá le déanamh ar an Rialachán seo ó thaobh a lín agus a gcineáil araon, ba cheart, ar mhaithe le soiléire, gníomh nua a chur in ionad Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ina iomláine maidir leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo. Ba cheart don Ghníomhaireacht, arna bunú leis an Rialachán seo, teacht in ionad na Gníomhaireachta, arna bunú le Rialachán (AE) 1077/2011, agus ba cheart di feidhmeanna na Gníomhaireachta a ghlacadh chuici féin agus, mar thoradh air sin, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm.
- (50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon Gníomhaireacht a bhunú ar leibhéal an Aontais, ar gníomhaireacht í a bheidh freagrach as bainistiú oibríochtuil agus, más iomchuí, as forbairt córas mórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(1) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (*Euratom*) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

(2) IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

(3) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIFE”) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

(4) Rialachán (CEE, *Euratom*, CEEG) Uimh. 259/68 an 29 Feabhra 1968 ón gComhairle ag leagan síos Rialachán Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus ag tionscnamh beart speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

(5) Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).

- (51) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le SIS II, le VIS, le EES agus ETIAS, le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é. I gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear an Stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh sa Danmhairg nó in aon Bhallstát eile den Aontas Eorpach agus arna taisceadh in “*Eurodac*” chun comparáid a dhéanamh idir méarloirg don Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach⁽¹⁾, tá an Danmhairg le fógra a thabhairt don Choimisiún á rá an ndéanfaidh sí inneachar an Rialacháin seo a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann sé le *Eurodac* agus le *DubliNet*.
- (52) A mhéid a bhaineann a chuid forálacha le SIS II arna rialú ag Cinneadh 2007/533/CGB, tá an Ríocht Aontaithe rannpháirteach sa Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótocal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Chinneadh 2000/365/CE ón gComhairle⁽²⁾. A mhéid a bhaineann a chuid forálacha le SIS II arna rialú le Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus a mhéid a bhaineann siad le VIS, le EES agus le ETIAS, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE; d’iarr an Ríocht Aontaithe trína litir an 19 Iúil 2018 ar Uachtarán na Comhairle go n-údarófaí di a bheith rannpháirteach sa Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótocal Uimh. 19. De bhua Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2018/1600 ón gComhairle⁽³⁾, údaraíodh Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach sa Rialachán seo. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann a chuid forálacha le *Eurodac* agus le *DubliNet*, thug an Ríocht Aontaithe fógra, trína litir an 23 Deireadh Fómhair 2017 chuig Uachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótocal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, tá an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, tá sí faoi cheangal aige agus tá sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (53) A mhéid a bhaineann a a chuid forálacha le SIS II arna rialú ag Cinneadh 2007/533/CGB, d’fhéadfadh Éire, i bprionsabal, bheith rannpháirteach sa Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótocal Uimh. 19 agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle⁽⁴⁾. A mhéid a bhaineann a chuid forálacha le SIS II arna rialú ag Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus a mhéid a bhaineann siad le VIS, le EES agus le ETIAS, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE; níor iarr Éire a bheith rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótocal Uimh. 19. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm a mhéid a fhorbraíonn na bearta atá ann forálacha *acquis* Schengen mar a bhaineann siad le SIS II arna rialú ag Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, le VIS, le EES agus le ETIAS. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann a chuid forálacha le *Eurodac* agus le *DubliNet*, i gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é nach bhfuil sé indéanta sna himthosca seo a áirithiú go bhfuil an Rialachán seo infheidhme ina iomláine maidir le hÉirinn, mar a cheaglaítear le hAirteagal 288 CFAE, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, gan dochar dá cearta faoi Phrótocail Uimh. 19 agus Uimh. 21.
- (54) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le SIS II, le VIS, le EES agus le ETIAS, forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁽⁵⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A, B agus G de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle⁽⁶⁾. Maidir le *Eurodac*

⁽¹⁾ IO L 66, 8.3.2006, lch. 38.

⁽²⁾ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2018/1600 ón gComhairle maidir le hiarraidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann bheith rannpháirteach i gcuid d’fhorálacha *acquis* Schengen a bhaineann le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) (IO L 267, 25.10.2018, lch. 3).

⁽⁴⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

⁽⁵⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁶⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

agus le *DubliNet*, is ionann an Rialachán seo agus beart nua de réir bhrí an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hÍorua maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear an Stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Íorua ⁽¹⁾. Dá thoradh sin, agus faoi réir a gcinnidh é a chur chun feidhme ina ndlíchóras inmheánach, ba cheart do thoscaireachtaí Phoblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hÍorua a bheith rannpháirteach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta. Chun rialacha mionsonraithe breise a chinneadh lena gceadófaí do Phoblacht na hÍoslainne agus do Ríocht na hÍorua a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, ba cheart socrú breise a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus na Stáit sin.

- (55) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le SIS II, le VIS, le EES agus le ETIAS, forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽²⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A, B agus G de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽³⁾. Maidir le *Eurodac* agus le *DubliNet*, is é atá sa Rialachán seo beart nua a bhaineann le *Eurodac* de réir bhrí an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear an Stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis ⁽⁴⁾. Dá thoradh sin, agus faoi réir a cinnidh é a chur chun feidhme ina dlíchóras inmheánach, ba cheart do thoscaireacht Chónaidhm na hEilvéise a bheith rannpháirteach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta. Chun rialacha mionsonraithe breise a chinneadh lena gceadófaí do Chónaidhm na hEilvéise a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, ba cheart socrú breise a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise.
- (56) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo, a mhéid a bhaineann sé le SIS II, le VIS, le EES agus le ETIAS, forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁵⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A, B agus G de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ⁽⁶⁾.

Maidir le *Eurodac* agus *DubliNet*, is ionann an Rialachán seo agus beart nua de réir bhrí an Phrótacail idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le comhlachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis ⁽⁷⁾. Dá thoradh sin, agus faoi réir a cinnidh é a chur chun feidhme ina dlíchóras inmheánach, ba cheart do thoscaireacht Phrionsacht Lichtinstéin a bheith rannpháirteach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta. Chun rialacha mionsonraithe breise a chinneadh lena gceadófaí do Phrionsacht Lichtinstéin a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, ba cheart socrú breise a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Prionsacht Lichtinstéin,

⁽¹⁾ IO L 93, 3.4.2001, lch. 40.

⁽²⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽³⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

⁽⁴⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 5.

⁽⁵⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽⁶⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

⁽⁷⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 39.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR AGUS CUSPÓIRÍ

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis seo Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (an Gníomhaireacht).
2. Gabhfaidh an Gníomhaireacht, arna bunú leis an Rialachán seo, ionad na Gníomhaireachta Eorpaí chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, agus tiocfaidh sí i gcomharbas uirthi.
3. Is í an Gníomhaireacht a bheidh freagrach as bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar Chóras Faisnéise Schengen (SIS II), ar an gCóras Faisnéise Viosáí (VIS) agus ar *Eurodac*.
4. Is í an Gníomhaireacht a bheidh freagrach as ullmhú, forbairt nó bainistiú oibríochtúil an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), *DubliNet*, agus an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS).
5. Féadfar an fhreagracht a chur ar an nGníomhaireacht maidir le hullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais seachas na córais sin dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, lena n-áirítear córais atá i bhfeidhm cheana, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais lena rialaítear na córais sin, bunaithe ar Airteagal 67 go Airteagal 89 CFAE, agus sa chás sin amháin, agus na forbairtí i dtaighde dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo agus torthaí na dtreoirthionscadal agus na gcruthúnas coincheapa dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán seo á gcur san áireamh, más iomchuí.
6. Is éard a bheidh sa bhainistiú oibríochtúil na cúraimí uile is gá chun feidhmiú córas mórsála TF a choinneáil ar bun i gcomhréir leis na forálacha sonracha is infheidhme maidir le gach ceann acu, lena n-áirítear freagracht as an mbonnagar cumarsáide a úsáideann na córais. Ní dhéanfaidh na córais mhórsála TF sin sonraí a mhalartú ná ní chumasóidh siad roinnt faisnéise ná eolais, mura bhforáiltear amhlaidh i ngníomh dlí sonracha de chuid an Aontais.
7. Beidh an Gníomhaireacht freagrach as an méid seo a leanas freisin:
 - (a) cáilíocht sonraí a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 12;
 - (b) na bearta is gá a fhorbairt chun idir-inoibritheacht a chumasú i gcomhréir le hAirteagal 13;
 - (c) gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 14;
 - (d) treoirthionscadail, cruthúnais choincheapa agus gníomhaíochtaí tástála a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15; agus
 - (e) tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 16.

Airteagal 2

Cuspóirí

Gan dochar d'fhreagrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát, faoi seach, faoi gníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear córais mhórsála TF, áiritheoidh an Gníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) forbairt córas mórsála TF trí úsáid a bhaint as struchtúr leordhóthanach um bainistíocht tionscadal chun córais den sórt sin a fhorbairt go héifeachtúil;
- (b) oibriú éifeachtach slán leanúnach na gcóras mórsála TF;
- (c) bainistiú éifeachtúil, atá cuntasach ó thaobh airgeadais de, ar chórais mhórsála TF;
- (d) cáilíocht sách ard seirbhíse i gcomhair úsáideoirí córas mórsála TF;
- (e) leanúnachas agus seirbhís gan bhriseadh;
- (f) ardleibhéal cosanta sonraí, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha i gcomhair gach córais mórsála TF;
- (g) leibhéal iomchuí slándála sonraí agus slándála fisiciúla, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, lena n-áirítear forálacha sonracha i gcomhair gach córais mórsála TF;

CAIBIDIL II

CÚRAIMÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Airteagal 3

Cúraimí a bhaineann le SIS II

I ndáil le SIS II, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) na cúraimí arna dtabhairt don Údarás Bainistíochta le Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB; agus
- (b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint in úsáid theicniúil SIS II, go háirithe i gcomhair fhoireann SIRENE (SIRENE — Iarraidh ar Fhaisnéis Fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta), agus oiliúint saineolaithe i ngnéithe teicniúla SIS I faoi chuimsiú mheastóireacht Schengen.

Airteagal 4

Cúraimí a bhaineann le VIS

I ndáil le VIS, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) na cúraimí arna dtabhairt don Údarás Bainistíochta le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus le Cinneadh 2008/633/CGB; agus
- (b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil VIS agus oiliúint saineolaithe i ngnéithe teicniúla VIS faoi chuimsiú mheastóireacht Schengen.

Airteagal 5

Cúraimí a bhaineann le Eurodac

I ndáil le *Eurodac*, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) na cúraimí arna dtabhairt di le Rialachán (AE) 603/2013; agus
- (b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil *Eurodac*.

Airteagal 6

Cúraimí a bhaineann le EES

I ndáil le EES, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) na cúraimí arna dtabhairt di le Rialachán (AE) 2017/2226; agus
- (b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil EES agus oiliúint saineolaithe i ngnéithe teicniúla EES faoi chuimsiú mheastóireacht Schengen.

Airteagal 7

Cúraimí a bhaineann le ETIAS

I ndáil le ETIAS, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) na cúraimí arna dtabhairt di le Rialachán (AE) 2018/1240; agus
- (b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil ETIAS agus oiliúint saineolaithe i ngnéithe teicniúla ETIAS faoi chuimsiú mheastóireacht Schengen.

Airteagal 8

Cúraimí a bhaineann le DubliNet

I ndáil le *DubliNet*, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) bainistiú oibríochtúil *DubliNet*, arb é atá ann bealach slán ar leithligh um tharchur leictreonach idir na húdaráis sna Ballstáit, arna chur ar bun faoi Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003, chun críocha Airteagal 31, Airteagal 32 agus Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾; agus

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

(b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil *DubliNet*.

Airteagal 9

Cúraimí a bhaineann le hullmhú, le forbairt agus le bainistiú oibríochtúil córas eile mórsála TF

Nuair a chuirtear ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras eile mórsála TF dá dtagraítear in Airteagal 1(5) de chúram ar an nGníomhaireacht, déanfaidh sí na cúraimí arna dtabhairt di de bhun an ghnímh dlí de chuid an Aontais lena rialáitear an córas ábhartha, mar aon leis na cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil na gcóras sin, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 10

Réitigh theicniúla lena gceanglaítear coinníollacha sonracha roimh an gcúir chun feidhme

Nuair a cheanglaítear, le gníomhartha dlí an Aontais lena rialáitear na córais, ar an nGníomhaireacht na córais sin a choinneáil ag feidhmiú 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine agus gan dochar do na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais, cuirfidh an Gníomhaireacht réitigh theicniúla chun feidhme chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. I gcás ina n-éilíonn na réitigh theicniúla sin dúbláil córais nó dúbláil na gcomhphárteanna i gcóras, ní chuirfear i bhfeidhm iad ach amháin go dtí go ndéanfar measúnú tionchair agus anailís costas agus sochar neamhspleách, arna gcoimisiúnú ag an nGníomhaireacht agus go dtí go rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún agus go dtí go bhfaighfear cinneadh dearfach ón mBord Bainistíochta. Mar chuid den mheasúnú tionchair, déanfar scrúdú freisin ar na riachtanais ó thaobh acmhainn óstála na láithreán teicniúil atá cheana ann a bhaineann le forbairt na réiteach teicniúil sin agus na rioscaí a d'fheadfadh a bheith ag baint leis an leagan amach oibríochtúil reatha.

Airteagal 11

Cúraimí a bhaineann leis an mbonneagar cumarsáide

1. Déanfaidh an Gníomhaireacht na cúraimí ar fad a bhaineann le bonneagair chumarsáide na gcóras arna dtabhairt di le gníomhartha dlí an Aontais lena rialáitear na córais, cé is moite de na córais sin a úsáideann *EuroDomain* le haghaidh a mbonneagair cumarsáide. I gcás na gcóras sin a úsáideann *EuroDomain*, beidh an Coimisiún freagrach as na cúraimí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, fáil agus athnuachan, agus ábhair a bhaineann le conarthaí. I gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais lena rialáitear na córais a úsáideann *EuroDomain*, tá na cúraimí a bhaineann leis an mbonneagar cumarsáide, lena n-áirítear an bainistiú oibríochtúil agus slándáil, le bheith roinnte idir an Gníomhaireacht agus an Coimisiún. Chun comhleánúnachas a áirithiú idir feidhmiú a gcuid freagrachtaí faoi seach, déanfar socrúithe oibre oibríochtúla a thabhairt i gcrích idir an Gníomhaireacht agus an Coimisiún agus déanfar iad a leagan síos i meabhrán tuisceana.

2. Déanfar an bonneagar cumarsáide a bhainistiú agus a rialú go leordhóthanach chun é a chosaint ar bhagairtí agus chun a shlándáil agus slándáil na gcóras a áirithiú, lena n-áirítear slándáil sonraí a mhalartaítear tríd an mbonneagar cumarsáide.

3. Glacfaidh an Gníomhaireacht bearta iomchuí, lena n-áirítear pleananna slándála, *inter alia*, chun léitheoireacht neamhúdaraíthe, cóipeáil neamhúdaraíthe, modhnú neamhúdaraíthe nó scriosadh neamhúdaraíthe sonraí pearsanta a chosc le linn aistriúthe sonraí pearsanta nó le linn iompar meán sonraí, go háirithe trí bhíthin teicnící criptiúcháin iomchuí. An fhaisnéis oibríochtúil ar fad a bhaineann leis an gcóras atá i gcúrsaíocht sa bhonneagar cumarsáide, déanfar í a chriptiú.

4. Maidir le cúraimí a bhaineann leis an mbonneagar cumarsáide a sheachadadh, a chur ar bun, a chothabháil agus faireachán a dhéanamh air, féadfar iad a chur ar eintitis sheachtracha nó comhlachtaí seachtracha de chuid na hearnála príobháidí i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046. Déanfar cúraimí den sórt sin faoi fhreagracht na Gníomhaireachta agus faoina dlúthmhaoirseacht.

Agus na cúraimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ndéanamh ag eintitis sheachtracha nó comhlachtaí seachtracha de chuid na hearnála príobháidí, lena n-áirítear ag soláthraithe líonra, beidh na bearta slándála dá dtagraítear i mír 3 ina gceangal orthu siúd agus ní bheidh aon rochtain acu, ar dhóigh ar bith, ar aon sonraí oibríochtúla arna stóráil sna córais nó arna n-aistriú ar aon slí tríd an mbonneagar cumarsáide nó chuig malartú SIRENE a bhaineann le SIS II.

5. Fanfaidh bainistiú na neochracha criptiúcháin faoi inniúlacht na Gníomhaireachta agus ní dhéanfar é a eisfhoinsiú chuig aon eintiteas seachtrach de chuid na hearnála príobháidí. Ní dochar an méid sin do na conarthaí atá ann cheana le haghaidh bonneagair chumarsáide SIS II, VIS agus *Eurodac*.

*Airteagal 12***Cáilíocht sonraí**

Gan dochar d'fhreagrachtaí na mBallstát maidir leis na sonraí a iontráiltear sna córais, rachaidh an Ghníomhaireacht, i ndlúthchomhar lena Grúpaí Comhairleacha, i gcomhar leis an gCoimisiún, i mbun oibre chun sásraí uathoibríthe rialaithe maidir le cáilíocht sonraí agus táscairí comhchoiteanna maidir le cáilíocht sonraí a bhunú le haghaidh na gcóras uile sin, agus chun lárstóras a fhorbairt le haghaidh tuairisciú agus staidrimh nach mbeadh ach sonraí anaithnidithe ann, faoi réir forálacha sonracha i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras.

*Airteagal 13***Idir-inoibrítheacht**

I gcás ina bhfuil idir-inoibrítheacht córas mórsála TF sonraithe i ngníomh dlí ábhartha de chuid an Aontais, déanfaidh an Ghníomhaireacht na bearta is gá a fhorbairt chun an idir-inoibrítheacht sin a chumasú.

*Airteagal 14***Faireachán a dhéanamh ar thaighde**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar na forbairtí i dtaighde is ábhartha do bhainistiú oibríochtúil SIS II, VIS, Eurodac, EES, ETIAS, *DubliNet* agus córas mórsála TF eile dá dtagraítear in Airteagal 1(5).
2. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cuidiú chun na codanna sin de Chreatchlár an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus Nuálaíocht a bhaineann le córais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur chun feidhme. Chun na críche sin, agus i gcás ina ndearna an Coimisiún na cumhachtaí ábhartha a tharmligean chuici, beidh na cúraimí seo a leanas ar an nGníomhaireacht:
 - (a) cuid de chéimeanna cur chun feidhme an chláir agus cuid de na céimeanna i saolré tionscadal áirithe a bhainistiú ar bhonn na gclár oibre ábhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún;
 - (b) na hionstraimí chun an buiséad a chur chun feidhme agus na hionstraimí ioncaim agus caiteachais a ghlacadh, agus na hoibríochtaí uile is gá a dhéanamh chun an clár a bhainistiú; agus
 - (c) tacaíocht a chur ar fáil do chur chun feidhme an chláir.
3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, agus, a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, a choimeád ar an eolas, ar bhonn rialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, maidir leis na forbairtí dá dtagraítear san Airteagal seo gan dochar do na ceanglais i ndáil le tuairisciú a bhaineann le codanna de Chreatchlár an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus Nuálaíocht a chur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2.

*Airteagal 15***Treoirthionscadail, cruthúnais choincheapa agus gníomhaíochtaí tástála**

1. Arna iarraidh sin go sonrach beacht don Choimisiún, a bheidh tar éis Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas trí mhí ar a laghad roimh iarraidh den sórt sin a bheith déanta, agus tar éis cinneadh dearfach a fháil ón mBord Bainistíochta, féadfar, i gcomhréir le pointe (u) d'Airteagal 19(1) den Rialachán seo agus trí bhíthin comhaontú tarmligin, an cúram a thabhairt don Ghníomhaireacht treoirthionscadail a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046 maidir le forbairt nó bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF de bhun Airteagal 67 go Airteagal 89 CFAE i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 62(1) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus, a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, a choimeád ar an eolas ar bhonn rialta maidir le forbairt na dtreoirthionscadal arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht faoin gcéad fhomhír.

2. Maidir le leithreasá airgeadais i gcomhair treoirthionscadail dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046, arna n-iarraidh ag an gCoimisiún faoi mhír 1, ní dhéanfar iad a iontráil sa bhuiséad i leith níos mó ná 2 bhliain airgeadais as a chéile.

3. Arna iarraidh sin don Choimisiún nó don Chomhairle, tar éis do Pharlaimint na hEorpa a bheith curtha ar an eolas agus tar éis cinneadh dearfach a fháil ón mBord Bainistíochta, féadfar, trí bhíthin comhaontú tarmligin, cúraimí a chur ar an nGníomhaireacht a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhair cruthúnais choincheapa arna gcistiú faoin ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 62(1) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046

4. Tar éis cinneadh dearfach a fháil ón mBord Bainistíochta, féadfaidh an Gníomhaireacht gníomhaíochtaí tástála a phleanáil agus a chur chun feidhme a bhaineann le hábhair a chumhdaítear sa Rialachán seo agus in aon cheann de ghníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras.

Airteagal 16

Tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún

1. Féadfaidh aon Bhallstát iarraidh ar an nGníomhaireacht comhairle a sholáthar maidir le nasc a chórais náisiúnta le lárchórais na gcóras mórsála TF arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht.

2. Féadfaidh aon Bhallstát iarraidh ar thacaíocht ad hoc a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus, faoi réir mheasúnú dearfach an Choimisiúin go bhfuil gá le tacaíocht den sórt sin i ngeall ar riachtanais urghnácha slándála nó imirce, déanfaidh an Coimisiún an iarraidh sin a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta gan mhoill. Cuirfidh an Gníomhaireacht an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi iarrataí den sórt sin. Cuirfear an Ballstát ar an eolas i gcás ina bhfuil measúnú an Choimisiúin diúltach.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán i dtaobh an bhfuil freagairt thráthúil tugtha ag an nGníomhaireacht ar iarraidh an Bhallstáit. Tabharfar tuairisc mhionsonraithe i dtuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar na bearta atá déanta ag an nGníomhaireacht chun tacaíocht ad hoc a thabhairt do na Ballstáit agus ar na costais a tabhaíodh i dtaca leis sin.

3. Féadfar a iarraidh ar an nGníomhaireacht freisin comhairle nó tacaíocht a sholáthar don Choimisiún maidir le saincheistean teicniúla a bhaineann le córais atá i bhfeidhm cheana nó córais nua, lena n-áirítear trí bhíthin staidéar agus tástála. Cuirfidh an Gníomhaireacht an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi iarrataí den sórt sin.

4. Féadfaidh grúpa de chúig Bhallstát ar a laghad a chur de chúram ar an nGníomhaireacht comhpháirt chomhchoiteann TF a fhorbairt, a bhainistiú nó a óstáil chun cabhrú leo gnéithe teicniúla d'oibleagáidí a chur chun feidhme a eascraíonn as dlí an Aontais maidir le córais dhíláráithe sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Beidh na réitigh chomhchoiteanna TF sin gan dochar d'oibleagáidí na mBallstáit iarrthach faoi dhlí an Aontais is infheidhme, go háirithe maidir le hailtíocht na gcóras sin.

Go háirithe, féadfaidh na Ballstáit iarrthacha a chur de chúram ar an nGníomhaireacht comhpháirt chomhchoiteann nó ródaire comhchoiteann a bhunú le haghaidh réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí agus sonraí de thaifead ainmneacha paisinéirí mar uirlis tacaíochta theicniúil chun nascacht le haeriompróirí a éascú chun cabhrú leis na Ballstáit Treoir 2004/82/CE ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ a chur chun feidhme. I gcás den sórt sin, baileoidh an Gníomhaireacht na sonraí ó aeriompróirí go lárnach agus déanfaidh sí na sonraí sin a tharchur chuig na Ballstáit tríd an gcomhpháirt chomhchoiteann nó an ródaire comhchoiteann. Glacfaidh na Ballstáit iarrthacha na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh na haeriompróirí na sonraí a aistriú tríd an nGníomhaireacht.

Ní chuirfear de chúram ar an nGníomhaireacht comhpháirt chomhchoiteann TF a fhorbairt, a bhainistiú nó a óstáil go dtí go mbeidh formheas faighte ón gCoimisiún roimh ré agus beidh sé sin faoi réir cinneadh dearfach ón mBord Bainistíochta.

Cuirfidh na Ballstáit iarrthacha na cúraimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír ar an nGníomhaireacht trí bhíthin comhaontú tarmhligin lena leagfar amach na coinníollacha maidir leis na cúraimí a tharmhligean agus ríomh na gcostas ábhartha agus an modh sonrascaithe. Cumhdóidh na Ballstáit rannpháirteacha na costais ábhartha uile. Comhlíonfaidh an comhaontú tarmhligin gníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear na córais i dtrácht. Déanfaidh an Gníomhaireacht an comhaontú tarmhligin a formheasadh agus aon mhodhnuithe arna ndéanamh air a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Féadfaidh Ballstáit eile iarraidh a dhéanamh bheith rannpháirteach i réiteach comhchoiteann TF i gcás ina bhfuil foráil déanta chuige sin sa chomhaontú tarmhligin, lena leagtar amach, go háirithe, na himpleachtaí airgeadais a bhainfeadh le rannpháirtíocht den sórt sin. Déanfar an comhaontú tarmhligin a mhodhnú dá réir tar éis formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún agus tar éis don Bhord Bainistíochta cinneadh dearfach a dhéanamh.

CAIBIDIL III

STRUCHTÚR AGUS EAGRÚ

Airteagal 17

Stádas dlí agus suíomh

1. Beidh an Gníomhaireacht ina comhlacht de chuid an Aontais agus beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

⁽¹⁾ Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO J 119, 4.5.2016, lch. 132).

2. Beidh ag an nGníomhaireacht an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil faoin dlí náisiúnta i ngach Ballstát ag daoine dlítheanacha. Féadfaidh sí, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sí bheith ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Is i dTaillinn, an Eastóin, a bheidh suíomh na Gníomhaireachta.

Is i suíomh teicniúil na Gníomhaireachta in Strasbourg, an Fhrainc, a rachfar i mbun na gcúraimí a bhaineann leis an bhforbairt agus an bainistiú oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 1(4) agus (5) agus in Airteagail 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9 agus 11.

Beidh láithreán cúlta ann arb acmhainn dó oibriú córais mhórsála TF a áirithiú i gcás ina dtarlódh cliseadh i gcóras den sórt sin, agus déanfar an láithreán sin a shuiteáil in Sankt Johann im Pongau, an Ostair.

4. Féadfar an dá láithreán theicniúla a úsáid go comhuaineach le haghaidh oibriú gníomhach na gcóras ar choinníoll go mbeadh sé d'acmhainn ag an dara láithreán oibriú na gcóras sin a áirithiú i gcás ina gclisfeadh ar cheann amháin nó níos mó de na córais sin.

5. De bharr nádúr sonrath na gcóras, dá mba rud é go mbeadh ar an nGníomhaireacht dara láithreán teicniúil ar leithligh in Strasbourg nó in Sankt Johann im Pongau nó sa dá áit a bhunú, de réir mar ba ghá, chun na córais a óstáil, ar choinníoll go mbeadh údar maith leis ar bhonn measúnú tionchair agus anailís costas agus sochar neamhspleách. Rachaidh an Bord Bainistíochta i mbun comhairliúcháin leis an gCoimisiún agus cuirfidh sé a dheardh san áireamh sula dtabharfaidh sé fógra don údarás buiséadach faoina intinn aon tionscadal a chur chun feidhme a bhaineann le maoin i gcomhréir le hAirteagal 45(9).

Airteagal 18

Struchtúr

1. Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta na Gníomhaireachta:

- (a) Bord Bainistíochta;
- (b) Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
- (c) Grúpaí Comhairleacha.

2. Áireofar mar chuid de struchtúr na Gníomhaireachta:

- (a) oifigeach cosanta sonraí;
- (b) oifigeach slándála;
- (c) oifigeach cuntasáíochta.

Airteagal 19

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta:

- (a) gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a threorú go ginearálta;
- (b) buiséad bliantúil na Gníomhaireachta a ghlacadh, le tromlach dhá thrian de na comhaltaí atá i dteideal vótála, agus feidhmeanna eile a dhéanamh i leith bhuiséad na Gníomhaireachta de bhun Chaibidil V;
- (c) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus, i gcás inarb iomchuí, síneadh a chur lena dtéarmaí oifige faoi seach nó iad a chur as oifig i gcomhréir le hAirteagal 25 agus Airteagal 26 faoi seach;
- (d) údarás araíonachta a fheidhmiú ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus maoirseacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht nó a feidhmíocht, lena n-áirítear cur chun feidhme chinntí an Bhoird Bainistíochta, agus údarás araíonachta a fheidhmiú ar an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i gcomhaontú leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
- (e) gach cinneadh a dhéanamh maidir le bunú struchtúr eagraíochtúil na Gníomhaireachta agus maidir le modhnú an struchtúir sin, más gá, agus riachtanais gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta á gcur san áireamh agus ag féachaint do bhainistiú buiséadach fóna;
- (f) beartas foirne na Gníomhaireachta a ghlacadh;
- (g) rialacha nós imeachta na Gníomhaireachta a bhunú;
- (h) straitéis frithchaloise a ghlacadh, a bheidh comhréireach leis an riosca calaoise, agus costais agus sochair na mbeart atá le cur chun feidhme á gcur san áireamh;
- (i) rialacha a ghlacadh chun coimbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i leith a chomhaltaí agus iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta;

- (j) rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha atá mionsonraithe a ghlacadh chun sceithirí a chosaint, lena n-áirítear bealaí cumarsáide iomchuí chun mí-iompar a thuairisciú;
- (k) tabhairt i gcrích socruithe oibre a údarú i gcomhréir le hAirteagal 41 agus Airteagal 43;
- (l) tar éis dó moladh a fháil ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Comhaontú maidir leis an gCeannteathrú i ndáil le suíomh na Gníomhaireachta agus na comhaontuithe maidir leis na láithreáin theicniúla agus na láithreáin chúltaca, arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 17(3), atá le síniú ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na Ballstáit óstacha, a fhorhmeas;
- (m) i ndáil le foireann na Gníomhaireachta, na cumhachtaí a fheidhmiú, i gcomhréir le mír 2, a thugtar le Rialacháin Foirne na nOifigeach don Údarás Ceapacháin agus leis na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile don Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt i gCrích (“cumhachtaí an údaráis ceapacháin”);
- (n) i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na rialacha iomchuí cur chun feidhme a ghlacadh le héifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne i gcomhréir le hAirteagal 110 de Rialacháin Foirne na nOifigeach;
- (o) na rialacha is gá a ghlacadh maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Gníomhaireacht;
- (p) dréachtmheastachán ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta a ghlacadh, lena n-áirítear an dréachtphlean bunaíochta, agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir gach bliain;
- (q) an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair ina bhfuil clársceidealú ilbhliantúil agus clár oibre na Gníomhaireachta don bhliain ina dhiaidh sin agus dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta a ghlacadh, lena n-áirítear an dréachtphlean bunaíochta, agus an doiciméad sin, mar aon le haon leagan nuashonraithe de, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin faoin 31 Eanáir gach bliain;
- (r) an doiciméad clársceidealaithe aonair a ghlacadh, roimh an 30 Samhain gach bliain, le tromlach dhá thrian de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu agus i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil, tar éis an tuairim ón gCoimisiún a chur san áireamh, agus a áirithiú go gcuirfean an leagan cinntitheach den doiciméad clársceidealaithe aonair sin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus go bhfoilseofar é;
- (s) tuarascáil eatramhach a ghlacadh faoi dheireadh Lúnasa gach bliain ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá beartaithe don bhliain sin, agus í a chur faoi bhráid na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin;
- (t) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta don bhliain roimhe sin a mheas agus a ghlacadh, agus comparáid á déanamh, go háirithe, ar na torthaí arna mbaint amach le cuspóirí an chlár oibre bhliantúil, agus an tuarascáil agus an measúnú uirthi a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na Cúirte Iniúchóirí faoin 1 Iúil gach bliain agus a áirithiú go bhfoilseofar an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí;
- (u) a chuid feidhmeanna a dhéanamh maidir le buiséad na Gníomhaireachta, lena n-áirítear na treoirthionscadail agus na cruthúnais choincheapa dá dtagraítear in Airteagal 15 a chur chun feidhme;
- (v) na rialacha airgeadais a ghlacadh is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 49;
- (w) oifigeach cuntasaíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne, a bheidh go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas, agus féadfadh sé gurb é oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin atá i gceist;
- (x) obair leantach leordhóthanach a dhéanamh maidir leis na torthaí agus na moltaí a eascraíonn as na tuarascálacha iniúchóireachta agus as na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha éagsúla, agus as imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE);
- (y) na pleananna maidir le cumarsáid agus scaipeadh dá dtagraítear in Airteagal 34(4) a ghlacadh agus iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta;
- (z) na bearta slándála is gá a ghlacadh, lena n-áirítear plean slándála agus plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe i gcás tubaiste, agus na moltaí a d'fhéadfadh teacht ó na saineolaithe slándála atá sna Grúpaí Comhairleacha á gcur san áireamh;
- (aa) na rialacha slándála a ghlacadh maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún;
- (bb) oifigeach slándála a cheapadh;
- (cc) oifigeach cosanta sonraí a cheapadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725
- (dd) na rialacha sonraíthe a ghlacadh chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur chun feidhme;
- (ee) na tuarascálacha maidir le forbairt EES a ghlacadh de bhun Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus na tuarascálacha a ghlacadh maidir le forbairt ETIAS de bhun Airteagal 92(2) de Rialachán (AE) 2018/1240;

- (ff) na tuarascálacha a ghlacadh maidir le feidhmiú teicniúil SIS II de bhun Airteagal 50(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 66(4) de Chinneadh 2007/533/CGB faoi seach, agus maidir le feidhmiú teicniúil VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB, agus maidir le feidhmiú teicniúil EES de bhun Airteagal 72(4) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus maidir le feidhmiú teicniúil ETIAS de bhun Airteagal 92(4) de Rialachán (AE) 2018/1240;
- (gg) an tuarascáil bhliantúil a ghlacadh maidir le gníomhaíochtaí Lárchóras *Eurodac* de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013;
- (hh) barúlacha foirmiúla a ghlacadh faoi thuarascálacha an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis na hiniúchtaí a rinneadh de bhun Airteagal 45(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Airteagal 67 de Rialachán (AE) 2018/1240 agus bearta leantacha iomchuí na n-íniúchtaí sin a áirithiú;
- (ii) staidreamh a bhaineann le SIS II a fhoilsiú de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 66(3) de Chinneadh 2007/533/CGB faoi seach;
- (jj) staidreamh a thiomsú agus a fhoilsiú maidir le hobair Lárchóras *Eurodac* de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013;
- (kk) staidreamh a fhoilsiú a bhaineann le EES de bhun Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2017/2226;
- (ll) staidreamh a fhoilsiú a bhaineann le ETIAS de bhun Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2018/1240;
- (mm) foilsiú bliantúil liosta na n-údarás inniúil atá údaraithe cuardach a dhéanamh ar na sonraí atá in SIS II de bhun Airteagal 31(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 46(8) de Chinneadh 2007/533/CGB a áirithiú, mar aon le liosta Oifigí chórais náisiúnta SIS II (Oifigí N.SIS II) agus Bhiúróinna SIRENE de bhun Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 7(3) de Chinneadh 2007/533/CGB faoi seach chomh maith le liosta na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus liosta na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 87(2) de Rialachán (AE) 2018/1240;
- (nn) foilsiú bliantúil liosta na n-aonad de bhun Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 a áirithiú;
- (oo) a áirithiú maidir le cinní agus gníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta a dhéanann difear do chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, go n-urramaíonn siad prionsabal neamhspleáchais na mbreithiúna;
- (pp) aon chúraimí eile a thugtar dó i gcomhréir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.

Gan dochar do na forálacha maidir le foilsiú liostaí na n-údarás ábhartha dá bhforáiltear faoi ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i bpointe (mm) den chéad fhomhír agus más rud é, maidir leis an oibleagáid chun na liostaí sin a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, nach bhfuil foráil déanta ina leith cheana sna gníomhartha dlí sin, áiritheoidh an Bord Bainistíochta go ndéanfar an foilsiú agus an nuashonrú leanúnach sin.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de Rialachán Foirne na nOifigeach, cinneadh ar bhonn Airteagal 2(1) de Rialachán Foirne na nOifigeach agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

Nuair is gá sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta, trí bhíthin cinnidh, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chomh maith leo siúd arna bhfo-tharmligean ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, a chur ar fionraí go sealadach, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta comhairle a chur ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le haon ábhar a bhfuil dlúthbhaint aige le forbairt nó le bainistiú oibríochtuil córas mórsála TF agus maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde, treoirthionscadail, cruthúnais choincheapa agus gníomhaíochtaí tástála.

Airteagal 20

Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta

1. Ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún a bheidh ar an mBord Bainistíochta. Beidh ceart vótála ag gach ionadaí i gcomhréir le hAirteagal 23.

2. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht ar an gcomhalta agus an duine sin as láthair nó i gcás ina ndéantar Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta den duine sin agus go bhfuil siad sa chathaoir ag cruinniú den Bhord Bainistíochta. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus a gcomhaltaí malartacha ar bhonn leibhéal ard a dtaithe ábhartha agus a saineolais ábhartha i réimse na gcóras mórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus ar bhonn a gcuid eolais i dtaca le cosaint sonraí, agus a scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha á gcur san áireamh. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athraithe a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an Bhoird Bainistíochta a áirithiú. Díreoidh na páirtithe uile ar ionadaíocht chothrom idir fir agus mná a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta.

3. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha agus beidh na téarmaí oifige sin in-athnuaithe. Nuair a thiofadh deireadh lena dtéarmaí oifige nó i gcás ina n-éireoidh siad as oifig, fanfaidh comhaltaí in oifig go ndéanfar a gceapacháin a athnuachan nó go gcuirfear comhaltaí nua ina n-ionad.

4. Tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac* a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, beidh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Ceapfaidh gach tír ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin le bheith ar an mBord Bainistíochta.

Airteagal 21

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

1. Toghfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc na gcomhaltaí sin den Bhord Bainistíochta arna gceapadh ag na Ballstáit atá faoi cheangal go hiomlán ag dlí an Aontais trí bhíthin ghníomhartha dlí uile an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras mórsála TF uile arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil ceart vótála acu.

Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh, go huathoibríoch, i gcás ina gcuirfear bac air nó uirthi a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh.

2. Mairfidh tréimhse oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh 4 bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. I gcás ina dtiofadh deireadh lena gcomhaltas ar an mBord Bainistíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

Airteagal 22

Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Cathaoirleach cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a chomóradh.

2. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa phlé, ach ní bheidh ceart vótála ag an té sin.

3. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta gach bliain. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún, don Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó do thrian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta ar a laghad a bhfuil ceart vótála acu.

4. Féadfaidh *Europol* agus *Eurojust* freastal, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le SIS II i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2007/533/CGB ar an gclár oibre. Féadfaidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le SIS II i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/1624 ar an gclár oibre.

Féadfaidh *Europol* freastal, mar bhreathnóir, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le VIS i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2008/633/CGB nó ceist a bhaineann le *Eurodac* i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ar an gclár oibre.

Féadfaidh *Europol* freastal, mar bhreathnóir, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le EES i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/2226 ar an gclár oibre nó i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le ETIAS i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1240 ar an gclár oibre. Féadfaidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal freisin, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta i gcás ina bhfuil ceist a bhaineann le ETIAS i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1240 ar an gclár oibre.

Féadfaidh an Bord Bainistíochta iarraidh ar aon duine eile ar díol spéise a thuairim nó a tuairim freastal ar a chuid cruinnithe i gcáil breathnóra.

5. Féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe, go háirithe iad siúd atá ina gcomhaltaí de na Grúpaí Comhairleacha, cúnaimh a thabhairt do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus dá gcomhaltaí malartacha, faoi réir na rialacha nós imeachta le haghaidh an Bhoird Bainistíochta.
6. Is í an Gníomhaireacht a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 23

Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta

1. Gan dochar do mhír 5 den Airteagal seo ná do phointí (b) agus (r) d'Airteagal 19(1), ná d'Airteagal 21(1) agus Airteagal 25(8), déanfar cinntí an Bhoird Bainistíochta le tromlach dá chomhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu.
 2. Gan dochar do mhíreanna 3 agus 4, beidh vóta amháin ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. In éagmais comhalta a bhfuil ceart vótála aige nó aici, beidh a chomhalta nó a comhalta malartach i dteideal a cheart nó a ceart vótála a fheidhmiú.
 3. Maidir le gach comhalta arna cheapadh ag Ballstát atá faoi cheangal ag dlí an Aontais trí bhíthin aon ghnímh dlí de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid chórais mórskála TF arna bhainistiú ag an nGníomhaireacht, féadfaidh an comhalta sin vótáil ar cheist a bhaineann leis an gcóras mórskála TF sin.
- Féadfaidh an Danmhairg vótáil ar cheist a bhaineann le córas mórskála TF den sórt sin, más rud é go gcinneann sí faoi Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 an gníomh dlí de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid an chórais mórskála TF sin a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta.
4. Beidh feidhm ag Airteagal 42 maidir le cearta vótála na n-ionadaithe ó thíortha a bhfuil comhaontuithe déanta acu leis an Aontas i dtaobh comhlachas a bheith acu le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac*.
 5. I gcás easaontú idir comhaltaí i dtaobh an mbaineann vóta le córas mórskála TF sonrach, aon chinneadh lena socraítear nach mbaineann an vóta sin leis an gcóras mórskála TF sonrach sin, déanfar sin le tromlach dhá thrían de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil ceart vótála acu.
 6. Ní vótálfaidh an Cathaoirleach, ná an Leas-Chathaoirleach nuair atá sé nó sí ag ionadú don Chathaoirleach. Déanfaidh comhalta malartach an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh nuair atá sé nó sí ag gníomhú in ionad an Chathaoirligh ceart vótála na ndaoine sin a fheidhmiú.
 7. Ní vótáilfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
 8. Bunófar leis na rialacha nós imeachta le haghaidh an Bhoird Bainistíochta socruithe vótála níos mionsonraithe, go háirithe na coinníollacha faoinar féidir le comhalta feidhmiú thar ceann comhalta eile agus aon riachtanais maidir le córam, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 24

Freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Gníomhaireacht a bhainistiú. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cuntasach don Bhord Bainistíochta agus tabharfaidh sé cúnaimh dó. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, do Pharlaimint na hEorpa maidir le comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas nuair a iarrfar sin air nó uirthi. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc a thabhairt maidir le feidhmiú a chuid nó a cuid dualgas.
2. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar ionadaí dlíthiúil na Gníomhaireachta.
3. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí a shanntar don Gníomhaireacht leis an Rialachán seo. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas:
 - (a) riarachán laethúil na Gníomhaireachta;
 - (b) oibriú na Gníomhaireachta i gcomhréir leis an Rialachán seo;
 - (c) na nósanna imeachta, na cinntí, na straitéisí, na cláir agus na gníomhaíochtaí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos leis an Rialachán seo, lena rialacha cur chun feidhme agus le dlí an Aontais is infheidhme;
 - (d) an doiciméad clársceidealaithe aonair a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus na Grúpaí Comhairleacha;
 - (e) an doiciméad clársceidealaithe aonair a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir lena chur chun feidhme;

- (f) an tuarascáil eatramhach a ullmhú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochtaí atá beartaithe don bhliain reatha agus, tar éis dul i gcomhairle leis na Grúpaí Comhairleacha, í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh tráth nach déanaí ná deireadh mhí Lúnasa gach bliain;
- (g) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ullmhú agus, tar éis dul i gcomhar leis na Grúpaí Comhairleacha, í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena measúnú agus lena nglacadh;
- (h) plean gníomhaíochta a ullmhú a leanfaidh ó chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha, agus ó imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus ag OIPE, agus tuairisc a chur chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Bainistíochta ar bhonn rialta, maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta;
- (i) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile, gan dochar don inniúlacht imscrúdaitheach atá ag OIPE agus ag OLAF, trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, más rud é go mbraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna á íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais, a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm;
- (j) straitéis fhrithchalaoise a ullmhú don Gníomhaireacht agus an straitéis sin a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena formheas chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme iomchuí agus tráthúil na straitéise sin;
- (k) dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún;
- (l) an buiséad i gcomhair na bliana atá le teacht a ullmhú, arna bhunú ar bhonn buiséadú de réir gníomhaíochta;
- (m) dréachtráiteas na Gníomhaireachta ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú;
- (n) buiséad na Gníomhaireachta a chur chun feidhme;
- (o) córas éifeachtach a bhunú agus a chur chun feidhme lena bhféadfar faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
- (i) córais mhórsála TF, lena n-áirítear córais staidrimh; agus
- (ii) an Gníomhaireacht, lena n-áirítear a cuspóirí a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil;
- (p) ceanglais rúndachta a bhunú, gan dochar d'Airteagal 17 de Rialacháin Foirne na nOifigeach, chun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 17 de Chinneadh 2007/533/CGB, Airteagal 26(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 a chomhlíonadh, Airteagal 37(4) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Airteagal 74(2) de Rialachán (AE) 2018/1240;
- (q) Comhaontú maidir leis an gCeanncheathrú i ndáil le suíomh na Gníomhaireachta agus comhaontuithe maidir le láithreáin theicniúla agus láithreáin chúltaca a chaibidlíú agus, tar éis don Bhoird Bainistíochta iad a fhorfhéas, na comhaontuithe sin a shíniú leis na Ballstáit óstacha;
- (r) na socruithe praiticiúla a dhéanamh chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur chun feidhme agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh;
- (s) na bearta slándála is gá a ullmhú, lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe i gcás tubaiste, tar éis dul i gcomhar leis an nGrúpa Comhairleach ábhartha, agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh;
- (t) tuarascálacha a ullmhú ar fheidhmiú teicniúil gach córais mórsála TF dá dtagraítear i bpointe (ff) d'Airteagal 19(1) agus an tuarascáil bhliantúil ar gníomhaíochtaí lárchóras *Eurodac* dá dtagraítear i bpointe (gg) d'Airteagal 19(1), ar bhonn na dtorthaí a thagann ón bhfaireachán agus ón meastóireacht agus, tar éis dul i gcomhar leis an nGrúpa Comhairleach ábhartha, agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh;
- (u) na tuarascálacha a ullmhú maidir le forbairt EES dá dtagraítear in Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus maidir le forbairt ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 92(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh;
- (v) liosta bliantúil na n-údarás inniúil atá údaraithe chun cuardach díreach a dhéanamh ar na sonraí atá in SIS II a ullmhú lena fhoilsiú, lena n-áirítear liosta na n-oifigí N.SIS II agus na mBiúróina SIRENE agus liosta na n-údarás inniúil atá údaraithe chun cuardach díreach a dhéanamh ar na sonraí atá in EES agus in ETIAS dá dtagraítear i bpointe (mm) d'Airteagal 19(1) agus liosta na n-aonad dá dtagraítear i bpointe (nn) d'Airteagal 19(1), agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh.

4. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin aon chúraimí eile a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo.
5. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an gá ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó chun cúraimí na Gníomhaireachta a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach agus chun oifig áitiúil a chur ar bun chun na críche sin. Sula nglacfaidh sé nó sí cinneadh den sórt sin, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Bainistíochta agus ón mBallstáit nó ó na Ballstáit lena mbaineann. Sonrófar sa chinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanfar san oifig áitiúil ar bhealach a sheachnóidh costais neamhriachtanacha, agus feidhmeanna riaracháin na Gníomhaireachta a dhéanamh faoi dhó. Ní dhéanfar gníomhaíochtaí a dhéantar ar láithreáin theicniúla in oifig áitiúil.

Airteagal 25

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh

1. Is é an Bord Bainistíochta a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ó liosta de thriúr iarrthóirí ar a laghad a mholfaidh an Coimisiún tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach a bheith ann. Sa nós imeachta roghnúcháin sin, déanfar foráil maidir le glao ar léiriú spéise a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus i meán iomchuí eile. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar bhonn fiúntas pearsanta, taithí chruthaithe i réimse córas mórscála TF, scileanna riaracháin, airgeadais agus bainistíochta agus eolas i ndáil le cosaint sonraí.
2. Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar na hiarrthóirí arna moladh ag an gCoimisiún ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil nó choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí na gcoistí a fhreagairt. Tar éis di éisteacht leis an ráiteas agus na freagraí, glacfaidh Parlaimint na hEorpa tuairim lena leagfar amach a dearcadh agus féadfaidh sí an t-iarrthóir is fearr léi a léiriú inti.
3. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na dearcthaí sin á gcur san áireamh.
4. Má dhéanann an Bord Bainistíochta cinneadh iarrthóir a cheapadh seachas an t-iarrthóir a léirigh Parlaimint na hEorpa mar an iarrthóir ab fhearr léi, cuirfidh an Bord Bainistíochta an modh a cuireadh tuairim Pharlaimint na hEorpa san áireamh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i scríbhinn.
5. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanfaidh a mheastóireacht ar fheidhmiúcht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus ar dhúshláin na Gníomhaireachta amach anseo a chur san áireamh.
6. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus an measúnú dá dtagraítear i mír 5 á chur san áireamh, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin uair amháin, ar feadh 5 bliana ar a mhéad.
7. Cuirfidh an Bord Bainistíochta Parlaimint na hEorpa ar an eolas má tá sé ar intinn aige síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Laistigh den tréimhse aon mhíosa roimh an síneadh sin, iarrfar ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil nó choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí na gcoistí a fhreagairt.
8. Ní fhéadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar cuireadh síneadh lena théarma oifige nó lena téarma oifige páirt a ghlacadh i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse foriomláine.
9. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta ag gníomhú dó ar thogra ó thromlach a chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu nó ón gCoimisiún.
10. Is le tromlach dhá thrian dá chuid comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu a dhéanfaidh an Bord Bainistíochta cinntí faoi cheapadh, faoi shíneadh téarma oifige agus faoi chur as oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
11. Chun críche an conradh fostaíochta a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ionadaíocht ar an nGníomhaireacht. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin fostaithe mar ghníomhaire sealadach ag an nGníomhaireacht faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

Airteagal 26

Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Beidh Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin de chúnadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Féadfaidh an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin teacht in ionad an Stiúrthóra Feidhmiúcháin nuair a bheidh sé nó sí as láthair. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dualgais an Leas-Stiúrthóra Feidhmiúcháin a leagan amach.
2. Ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, déanfaidh an Bord Bainistíochta an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh. Déanfar an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh ar fhorais tuillteanais agus scileanna riaracháin agus bainistíochta iomchuí, lena náirítear taithí ghairmiúil ábhartha. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin triúr iarrthóirí ar a laghad a mholadh don phost mar Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Is le tromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu a dhéanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh. Beidh sé de chumhacht ag an mBord Bainistíochta an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bhriseadh as a phost nó a post trí bhithin cinneadh arna ghlacadh ag tromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

3. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Leas-Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Féadfaidh an Bord Bainistíochta síneadh a chur leis an téarma oifige sin uair amháin, ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana. Is le tromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu a dhéanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh den sórt sin a ghlacadh.

Airteagal 27

Grúpaí Comhairleacha

1. Soláthróidh na Grúpaí Comhairleacha seo a leanas don Bhord Bainistíochta saineolas a bhaineann le córais mhórsála TF agus, go háirithe, i gcomhthéacs an clár oibre bliantúil agus an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a ullmhú:

- (a) Grúpa Comhairleach SIS II;
- (b) Grúpa Comhairleach VIS;
- (c) Grúpa Comhairleach *Eurodac*;
- (d) Grúpa Comhairleach EES-ETIAS;
- (e) aon ghrúpa comhairleach eile a bhaineann le córas mórsála TF i gcás ina bhforáiltear dó sa ghníomh dlí ábhartha de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid an chórais mórsála TF sin.

2. Gach Ballstát atá faoi cheangal ag dlí an Aontais trí bhíthin gníomh dlí de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid chórais mórsála TF áirithe, mar aon leis an gCoimisiún, ceapfaidh siad comhalta amháin don Ghrúpa Comhairleach a bhaineann leis an gcóras mórsála TF sin ar feadh téarma 4 bliana, ar téarma é a fhéadfar a athnuachan.

Ceapfaidh an Danmhairg comhalta freisin do Ghrúpa Comhairleach a bhaineann le córas mórsála TF más rud é go gcinneann sí, faoi Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 22, an gníomh dlí de chuid an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid an chórais mórsála TF áirithe sin a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta.

Gach tír atá comhlachaithe le *acquis* Schengen, agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac* a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt agus atá rannpháirteach i gcóras mórsála TF faoi leith, déanfaidh sí comhalta a cheapadh don Ghrúpa Comhairleach a bhaineann leis an gcóras mórsála TF sin.

3. Féadfaidh *Europol*, *Eurojust* agus an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, ar a seal, ionadaí a cheapadh do Ghrúpa Comhairleach SIS II. Féadfaidh *Europol* ionadaí a cheapadh do Ghrúpaí Comhairleacha VIS, *Eurodac* agus EES-ETIAS. Féadfaidh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ionadaí a cheapadh freisin do Ghrúpa Comhairleach EES-ETIAS.

4. Ní bheidh comhaltaí den Bhord Bainistíochta ná a gcomhaltaí malartacha ina gcomhaltaí d'aon cheann de na Grúpaí Comhairleacha. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó ionadaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin i dteideal freastal ar chruinnithe uile na nGrúpaí Comhairleacha mar bhreathnóirí.

5. Déanfaidh na Grúpaí Comhairleacha comhar le chéile de réir mar is gá. Leagfar síos na nósanna imeachta maidir le hoibriú agus comhar na nGrúpaí Comhairleacha i rialacha nós imeachta na Gníomhaireachta.

6. Agus tuairim á hullmhú acu, déanfaidh comhaltaí gach Grúpa Chomhairligh a ndícheall teacht ar chomhdhearadh. Mura féidir teacht ar chomhdhearadh, measfar gur tuairim an Ghrúpa Chomhairligh seasamh réasúnaithe thromlach na gcomhaltaí. Déanfar an seasamh nó na seasaimh réasúnaithe mionlaigh a thaifeadadh freisin. Beidh feidhm ag Airteagal 23 (3) agus (5) dá réir sin. Na comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar na tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac* a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, beidh cead acu tuairimí a chur in iúl maidir le saincheistanna nach bhfuil siad i dteideal vótáil orthu.

7. Gach Ballstát agus gach tír atá comhlachaithe le *acquis* Schengen agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac* a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt déanfaidh sé gníomhaíochtaí na nGrúpaí Comhairleacha a éascú.

8. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 21 maidir le cathaoirleacht na nGrúpaí Comhairleacha.

CAIBIDIL IV
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 28

Foireann

1. Beidh feidhm ag na Rialacháin Foirne agus ag na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne maidir le foireann na Gníomhaireachta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin san áireamh.
2. Chun críche na Rialachán Foirne a chur chun feidhme, measfar gur gníomhaireacht an Gníomhaireacht de réir bhrí Airteagal 1a(2) de Rialachán Foirne na nOifigeach.
3. Beidh oifigigh, foireann shealadach agus foireann ar conradh ar fhoireann na Gníomhaireachta. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta a thoilíú, ar bhonn bliantúil, i gcás ina dtiocfaidh na conarthaí a mbeidh sé beartaithe ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a athnuachan chun a bheith ina gconarthaí tréimhse éiginnte de bhun na gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.
4. Ní earcóidh an Gníomhaireacht foireann eatramhach chun dualgais airgeadais a mheastar a bheith íogair a chomhlíonadh.
5. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit oifigigh nó saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Gníomhaireacht ar bhonn sealadach. Glacfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh lena leagfar síos rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Gníomhaireacht.
6. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialachán Foirne na nOifigeach, cuirfidh an Gníomhaireacht rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó dualgais rúndachta coibhéiseacha eile i bhfeidhm.
7. Déanfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na bearta cur chun feidhme is gá a ghlacadh, dá bhforáiltear in Airteagal 110 de Rialachán Foirne na nOifigeach.

Airteagal 29

Leas an phobail

Gabhfáidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus comhaltaí na nGrúpaí Comhairleacha orthu féin gníomhú ar mhaithe le leas an phobail. Chuige sin, déanfaidh siad ráiteas tiomantais phoiblí i scríbhinn a eisiúint gach bliain, agus déanfar é sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

Déanfar liosta de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus de chomhaltaí na nGrúpaí Comhairleacha a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

Airteagal 30

An Comhaontú maidir leis an gCeanncheathrú agus comhaontuithe maidir leis na láithreáin theicniúla

1. Déanfar i gComhaontú maidir leis an gCeanncheathrú i ndáil le suíomh na Gníomhaireachta agus i gcomhaontuithe maidir leis na láithreáin theicniúla na socruithe is gá a leagan síos maidir leis an gcóiríocht atá le soláthar don Gníomhaireacht sna Ballstáit óstacha agus maidir leis na saoráidí atá le cur ar fáil ag na Ballstáit sin chomh maith leis na rialacha sonracha is infheidhme sna Ballstáit óstacha maidir le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, le baill foirne eile na Gníomhaireachta agus le baill dá dteaghlach. Déanfar somhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích idir an Gníomhaireacht agus na Ballstáit óstacha, tar éis formheas a fháil ón mBord Bainistíochta.
2. Déanfaidh Ballstát óstach na Gníomhaireachta na dálaí is gá a sholáthar chun dea-fheidhmiú na Gníomhaireachta a áirithiú, lena n-áirítear, *inter alia*, córas oideachais ilteangach a bhfuil gné Eorpach ag baint leis agus naisc iomchuí iompair.

Airteagal 31

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis an nGníomhaireacht.

Airteagal 32

Dliteanas

1. Beidh dliteanas conarthach na Gníomhaireachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh atá i gceist.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht.
3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh an Gníomhaireacht, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a ranna nó a seirbhísigh ina siocair leis i gcomhlíonadh a gcuid dualgas.
4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann leis an gcúiteamh as an damáiste dá dtagraítear i mír 3.
5. Beidh dliteanas pearsanta fhoireann na Gníomhaireachta i leith na Gníomhaireachta faoi rialú ag na forálacha a leagtar síos i Rialachán Foirne na Oifigeach nó sna Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile is infheidhme maidir leo.

Airteagal 33

Socruithe teangacha

1. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle ⁽¹⁾ maidir leis an nGníomhaireacht.
2. Gan dochar do chinntí arna ndéanamh de bhun Airteagal 342 CFAE, déanfar an doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear i bpointe (r) d'Airteagal 19(1) agus an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (t) d'Airteagal 19(1) a chur ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.
3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh a ghlacadh maidir leis na teangacha oibre gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2.
4. Is é Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh a sholáthróidh na seirbhísí aistriúcháin is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Airteagal 34

Trédhearcacht agus cumarsáid

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh na Gníomhaireachta.
2. Ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm gan mhoill.
3. Féadfaidh cinntí arna nglacadh ag an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman Eorpach nó a bheith ina n-ábhar caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 228 agus Airteagal 263 CFAE faoi seach.
4. Déanfaidh an Gníomhaireacht cumarsáid i gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid córas mórsála TF agus féadfaidh sí dul i mbun gníomhaíochtaí cumarsáide ar a tionscnamh féin laistigh dá réimse inniúlachta. Áiríteoidh an Gníomhaireacht, go háirithe, go ndéanfar faisnéis faoina cuid oibre atá oibiachtúil, cruinn, iontaofa, cuimsitheach agus sothuigte a thabhairt go pras don phobal agus d'aon pháirtí leasmhar faoina cuid oibre, i dteannta na bhfoilseachán a shonraítear i bpointí (r), (t), (ii), (jj), (kk) agus (ll) d'Airteagal 19(1) agus Airteagal 47(9). Ní dhéanfaidh leithdháileadh acmhainní ar ghníomhaíochtaí cumarsáide dochar d'fheidhmiú éifeachtach chúraimí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3 go Airteagal 16. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir leis na pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta.
5. Beidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach i dteideal comhfhreagras i scríbhinn a chur chuig an nGníomhaireacht in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais. Beidh sé de cheart ag an duine lena mbaineann freagra a fháil sa teanga chéanna.

Airteagal 35

Cosaint sonraí

1. Beidh próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an nGníomhaireacht faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725 .
2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta bearta lena gcuirfidh an Gníomhaireacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1725, lena n-áirítear na bearta a bhaineann leis an oifigeach cosanta sonraí. Glacfar na bearta sin tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

⁽¹⁾ Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

Airteagal 36

Cuspóirí na próiseála ar shonraí pearsanta

1. Is chun na gcríoch seo a leanas amháin a fhéadfaidh an Gníomhaireacht sonraí pearsanta a phróiseáil:
 - (a) i gcás inar gá sin chun a cúraimí a dhéanamh, ar cúraimí iad a bhaineann le bainistiú oibríochtúil córas mórsála TF a chuirtear de chúram uirthi faoi dhíl an Aontais;
 - (b) i gcás inar gá sin i dtaca le cúraimí riaracháin.
2. I gcás ina bpróiseálann an Gníomhaireacht sonraí pearsanta chun na críche dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 gan dochar do na forálacha sonracha maidir le cosaint sonraí agus slándáil sonraí i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras.

Airteagal 37

Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint

1. Glacfaidh an Gníomhaireacht a rialacha slándála féin a bheidh bunaithe ar na prionsabail agus na rialacha a leagtar síos i rialacha slándála an Choimisiúin maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint lena n-áirítear, *inter alia*, forálacha maidir leis an bhfaisnéis sin a mhalartú le tríú stáit, a phróiseáil agus a stóráil, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE, *Euratom*) 2015/443 ⁽¹⁾ ón gCoimisiún agus i gCinneadh (AE, *Euratom*) 2015/444 ón gCoimisiún ⁽²⁾. Aon socrú riaracháin maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú leis na húdaráis ábhartha de chuid tríú stát nó, in éagmais aon socrú den sórt sin, aon socrú maidir le FRAE a scaoileadh ar bhonn *ad hoc* chuig na húdaráis sin, beidh formheas faighte aige roimh ré ón gCoimisiún.
2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha slándála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún. Féadfaidh an Gníomhaireacht na bearta uile is gá a dhéanamh chun malartú na faisnéise is ábhartha maidir lena cúraimí a éascú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Déanfaidh an Gníomhaireacht córas faisnéise a fhorbairt agus a oibriú, ar córas é a mbeidh sé d'acmhainn aige faisnéis rúnaicmithe a mhalartú leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE, *Euratom*) 2015/444. De bhun Airteagal 2 agus phointe (z) d'Airteagal 19(1) den Rialachán seo, déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh maidir leis an struchtúr inmheánach is gá don Gníomhaireacht chun na prionsabail slándála iomchuí a chomhlíonadh.

Airteagal 38

Slándáil na Gníomhaireachta

1. Is í an Gníomhaireacht a bheidh freagrach as an tslándáil agus as ord a choimeád laistigh de na foirgnimh, na háitribh agus an talamh atá in úsáid aici. Cuirfidh an Gníomhaireacht i bhfeidhm prionsabail slándála agus forálacha ábhartha ghníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras mórsála TF.
2. Déanfaidh na Ballstáit óstacha gach beart éifeachtach agus leordhóthanach is gá chun ord agus slándáil a choimeád díreach in aice leis na foirgnimh, na háitribh agus an talamh atá in úsáid ag an nGníomhaireacht agus déanfaidh siad an chosaint iomchuí a sholáthar don Gníomhaireacht, i gcomhréir leis an gcomhaontú ábhartha maidir leis an gCeannteathrú i ndáil le suíomh na Gníomhaireachta agus i gcomhréir leis na comhaontuithe maidir leis na láithreáin theicniúla agus na láithreáin chúltaca, agus saor-rochtain ar na foirgnimh, ar na háitribh agus ar an talamh sin á ráthú do dhaoine arna n-údarú ag an nGníomhaireacht an tráth céanna.

Airteagal 39

Meastóireacht

1. Faoin 12 Nollaig 2023, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta, meastóireacht, i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin, ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i ndáil lena cuspóirí, lena sainordú, lena láithreacha agus lena cúraimí. Áireofar sa mheastóireacht sin freisin scrúdú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar an tslí a gcuireann an Gníomhaireacht go héifeachtach le bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF agus le timpeallacht TF atá comhordaithe, costéifeachtach agus comhleanúnach a bhunú ar leibhéal an Aontais sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus ar a mhéid a dhéantar amhlaidh. Sa mheastóireacht sin, déanfar, go háirithe, measúnú maidir leis an riachtanas a d'fhéadfaidh a bheith an sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú agus leis na himpleachtaí airgeadais a bheadh le haon mhodhnú den sórt sin. Féadfaidh an Bord Bainistíochta moltaí a eisiúint don Choimisiún maidir le leasuithe ar an Rialachán seo.

⁽¹⁾ Cinneadh (AE, *Euratom*) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

⁽²⁾ Cinneadh (AE, *Euratom*) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil údar a thuilleadh ag an nGníomhaireacht leanúint leis na cuspóirí, an sainordú agus na cúraimí atá sannta di, féadfaidh sé a mholadh an Rialachán seo a leasú dá réir nó a aisghairm.
3. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1 a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Bhord Bainistíochta. Cuirfear torthaí na meastóireachta ar fáil don phobal.

Airteagal 40

Fiosrúcháin riaracháin

Ba cheart gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a bheith faoi réir fhiosrúcháin an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.

Airteagal 41

Comhar le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais

1. Oibreoidh an Gníomhaireacht i gcomhar leis an gCoimisiún agus le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe leo sin atá bunaithe sa limistéar saoire, slándála agus ceartais agus go háirithe le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha maidir le cúrsaí arna gcumhdach leis an Rialachán seo, chun, *inter alia*, comhordú agus coigiltis airgeadais a bhaint amach, chun dúbailt a sheachaint agus chun sineirge agus comhlántacht a chur chun cinn maidir lena gcuid gníomhaíochtaí faoi seach.
2. Oibreoidh an Gníomhaireacht i gcomhar leis an gCoimisiún faoi chuimsiú socrú oibre lena leagtar síos na modhanna oibre oibríochtúla.
3. Rachaidh an Gníomhaireacht i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise maidir le slándaíl líonraí agus faisnéise, i gcás inarbiomchuí.
4. Rachfar i gcomhar le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais faoi chuimsiú socrúithe oibre. Déanfaidh an Bord Bainistíochta socrúithe oibre den sórt sin a údarú, agus tuairim an Choimisiúin á cur san áireamh. I gcás nach leanann an Gníomhaireacht tuairim an Choimisiúin, tabharfaidh sí údar maith lena cúiseanna. Féadfar foráil a dhéanamh i socrúithe oibre den sórt sin maidir le seirbhísí a roinnt idir gníomhaireachtaí i gcás inarb iomchuí de réir ghaireacht na suíomhanna nó an réimse beartais faoi theorainneacha na sainorduithe atá acu agus gan dochar dá bpríomhchúraimí. Féadfar sásra um aisghabháil costas a bhunú le socrúithe oibre den sórt sin.
5. Na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, ní bhainfidh siad úsáid as faisnéis a gheobhaidh siad ón nGníomhaireacht ach amháin laistigh de theorainneacha a n-inniúlachtaí agus a mhéid a urramaíonn siad cearta bunúsacha an duine, lena n-áirítear ceanglais cosanta sonraí. Maidir le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an nGníomhaireacht a tharchur **nó** a sheoladh ar aon slí eile chuig instiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, beidh an tarchur sin faoi réir socrúithe sonracha oibre i ndáil le malartú sonraí pearsanta agus beidh sé faoi réir formheas roimh ré ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Beidh aon aistriú sonraí pearsanta a dhéanfaidh an Gníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 35 agus Airteagal 36. Maidir le faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil, déanfar foráil i socrúithe oibre den sórt sin go gcomhlíonfaidh an instiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais rialacha agus caighdeáin slándála a bheidh coibhéiseach leo siúd a chuireann an Gníomhaireacht i bhfeidhm.

Airteagal 42

Rannpháirtíocht tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le Eurodac

1. Beidh cead rannpháirtíochta sa Gníomhaireacht ag tíortha a bhfuil comhaontuithe déanta acu leis an Aontas maidir le comhlachas a bheith acu le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le Eurodac.
2. Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe dá dtagraítear i mír 1, déanfar socrúithe chun, *inter alia*, cineál agus méid rannpháirtíocht na dtíortha dá dtagraítear i mír 1 in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais, maidir leis an bhfoireann agus le cearta vótála a shonrú, agus déanfar socrúithe chun na rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin a shonrú freisin.

Airteagal 43

Comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus eintitis ábhartha eile

1. I gcás ina bhforáiltear dó le gníomh dlí de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh an Gníomhaireacht, trí bhíthin socrúithe oibre a thabhairt chun críche, caidreamh a bhunú agus a choinneáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus lena gcuid fochomhlachtaí a rialaítear leis an dlí idirnáisiúnta poiblí nó le heintitis nó comhlachtaí ábhartha eile, arna mbunú ag comhaontú idir dhá thír nó níos mó, nó ar bhonn comhaontaithe idir dhá thír nó níos mó.

2. I gcomhréir le mír 1, féadfar socruithe oibre a thabhairt i gcrích ina sonrú, go háirithe, raon feidhme, cineál, cuspóir agus méid an chomhair sin. Ní fhéadfar socruithe oibre den sórt sin a thabhairt i gcrích ach i gcás ina n-údaráíonn an Bord Bainistíochta iad agus ina bhfaomhann an Coimisiún roimh ré iad.

CAIBIDIL V

BUNÚ AGUS STRUCHTÚR AN BHUISÉID

ROINN 1

Doiciméad clársceidealaithe aonair

Airteagal 44

Doiciméad clársceidealaithe aonair

1. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair a tharraingt suas don bhliain ina dhiaidh sin, mar a leagtar amach in Airteagal 32 de Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 1271/2013 agus san fhoráil ábhartha i rialacha airgeadais na Gníomhaireachta arna nglacadh de bhun Airteagal 49 den Rialachán seo agus treoirlínte arna leagan síos ag an gCoimisiún á gcur san áireamh.

Is éard a bheidh sa doiciméad clársceidealaithe aonair clár oibre bliantúil mar aon leis an mbuiséad agus faisnéis faoi na hacmhainní, mar a leagtar amach go mionsonraithe i rialacha airgeadais na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 49.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair tar éis dul i gcomhairle leis na Grúpaí Comhairleacha agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún é faoin 31 Eanáir gach bliain chomh maith le haon leagan nuashonraithe den doiciméad sin.

3. Roimh an 30 Samhain gach bliain, glacfaidh an Bord Bainistíochta, le tromlach dhá thrian de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu, agus i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil, an doiciméad clársceidealaithe aonair, agus an tuairim ón gCoimisiún á cur san áireamh. Áiríteoidh an Bord Bainistíochta go gcuirfear an leagan cinntitheach den doiciméad clársceidealaithe aonair sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus go bhfoilseofar é.

4. Tíocfaidh an doiciméad clársceidealaithe aonair chun bheith cinntitheach tar éis buiséad ginearálta an Aontais a ghlacadh go críochnaitheach agus déanfar coigeartú air dá réir, más gá sin. Déanfar an doiciméad clársceidealaithe aonair atá glactha a chur chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus foilseofar é.

5. Beidh sa chlár oibre bliantúil don bhliain ina dhiaidh sin cuspóirí mionsonraithe chomh maith leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh tuairisc ann freisin ar na bearta atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh sannta do gach beart, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil i gcomhréir leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 6. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a thabharfar cúram nua don Gníomhaireacht. Is leis an nós imeachta céanna a úsáideadh don chlár oibre bliantúil tosaigh a ghlacfar aon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil. Féadfaidh an Bord Bainistíochta an chumhacht leasuithe neamhshubstainteacha a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmlichtean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

6. Leagfar amach sa chlársceidealú ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán, lena n-áirítear na cuspóirí, na torthaí a mbeifear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta. Leagfar amach ann freisin clársceidealú acmhainní, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil agus an fhoireann. Déanfar an clársceidealú acmhainní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Déanfar an clársceidealú straitéiseach a nuashonrú i gcás inarb iomchuí, agus go háirithe chun dul i ngleic le toradh na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 39.

Airteagal 45

An buiséad a bhunú

1. Gach bliain déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus na gníomhaíochtaí a dhéanann an Gníomhaireacht á gcur san áireamh, dréachtráiteas a tharraingt suas de mheastachán ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear dréachtphlean bunaíochta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta é.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, ar bhonn an dréachtráiteis meastachán arna tharraingt suas ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, dréachtmheastachán ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear an dréachtphlean bunaíochta. Faoin 31 Eanáir gach bliain, cuirfidh an Bord Bainistíochta é chuig an gCoimisiún agus na tíortha a bhfuil baint acu le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac*, mar chuid de dhoiciméad clársceidealaithe aonair.

3. Cuirfidh an Coimisiún an dreachtmheastachán chuig an údarás buiséadach mar aon le réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais.
4. Ar bhonn an dréachtmheastacháin, iontrálfaidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais na meastacháin sin a mheasann sé is gá don phlean bunaíochta agus méid an fhóirdheontais a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh é i gcomhréir le hAirteagal 313 agus Airteagal 314 CFAE.
5. Is é an t-údarás buiséadach a údaróidh na leithreasaí i gcomhair na ranníocaíochta don Gníomhaireacht.
6. Is é an t-údarás buiséadach a ghlacfaidh an plean bunaíochta don Gníomhaireacht.
7. Is é an Bord Bainistíochta a ghlacfaidh buiséad na Gníomhaireachta. Beidh sé ina bhuiséad críochnaitheach nuair a bheidh glactha go críochnaitheach le buiséad ginearálta an Aontais. I gcás inarb iomchuí, déanfar buiséad na Gníomhaireachta a choigeartú dá réir sin.
8. Maidir le haon mhodhnú ar bhuiséad na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an plean bunaíochta, déanfar é de réir an nós imeachta chéanna leis an gceann is infheidhme maidir le bunú an bhuiséid tosaigh.
9. Gan dochar d'Airteagal 17(5), tabharfaidh an Bord Bainistíochta, a luaithe agus is féidir, fógra don údarás buiséadach i dtaca le tionscadal a bhfuil sé beartaithe aige a chur chun feidhme a bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith aige maidir leis an mbuiséad a chistiú, go háirithe aon tionscadail a bhaineann le maoin amhail foirgnimh a ghlacadh ar cíós nó a cheannach. Cuirfidh an Bord Bainistíochta an Coimisiún ar an eolas faoi sin. Má tá sé i gceist ag ceachtar den dá bhrainse den údarás buiséadach tuairim a eisiúint, laistigh de dhá sheachtain tar éis dó an fhaisnéis maidir leis an tionscadal a fháil, tabharfaidh sé fógra don Bhord Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe aige tuairim den sórt sin a thabhairt. Mura bhfaighfear freagra, féadfaidh an Gníomhaireacht dul ar aghaidh leis an oibríocht atá beartaithe. Beidh feidhm ag Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 1271/2013 maidir le haon tionscadal tógála ar dócha go mbeidh impleachtaí suntasacha aige ar bhuiséad na Gníomhaireachta.

ROINN 2

An buiséad a thíolacadh, a chur chun feidhme agus a rialú

Airteagal 46

Struchtúr an bhuiséid

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas uile na Gníomhaireachta gach bliain airgeadais, de réir na bliana féilire, agus léireofar i mbuiséad na Gníomhaireachta iad.
2. Déanfar buiséad na Gníomhaireachta a chomhardú i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais.
3. Gan dochar do chineálacha eile ioncam, is éard a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta:
 - (a) ranníocaíocht ón Aontas, arna hiontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais (roinn an Choimisiúin);
 - (b) ranníocaíocht ó na tíortha a bhfuil baint acu le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac*, ar tíortha iad a ghlacann páirt in obair na Gníomhaireachta, arna suí sna comhaontuithe comhlachais ábhartha agus sna socruithe dá dtagraítear in Airteagal 42 ina sonraítear a ranníocaíocht airgeadais;
 - (c) cistiú ón Aontas i bhfoirm comhaontuithe tarmligin i gcomhréir le rialacha airgeadais na Gníomhaireachta arna nglacadh de bhun Airteagal 49 agus le forálacha na n-ionstraimí ábhartha a thacaíonn le beartais an Aontais;
 - (d) ranníocaíochtaí arna n-íoc ag na Ballstáit as na seirbhísí a sholáthraítear dóibh i gcomhréir leis an gcomhaontú tarmligin dá dtagraítear in Airteagal 16;
 - (e) aisghabháil costas arna híoc ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais as na seirbhísí a sholáthraítear dóibh i gcomhréir leis na socruithe oibre dá dtagraítear in Airteagal 41; agus
 - (f) aon ranníocaíocht airgeadais dheonach ó na Ballstáit.
4. Cuirfear luach saothair foirne, speansais riaracháin agus bonneagair agus caiteachas oibríochtúil san áireamh i gcaiteachas na Gníomhaireachta.

Airteagal 47

An buiséad a chur chun feidhme agus a rialú

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin buiséad na Gníomhaireachta a chur chun feidhme.
2. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an fhaisnéis uile is ábhartha maidir le torthaí na nósanna imeachta meastóireachta a chur chuig an údarás buiséadach.

3. Faoin 1 Márta de bhliain airgeadais N+1, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha do bhliain N in iúl d'oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus don Chúirt Iniúchóirí. Déanfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadach na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí dláráithe a chomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 245 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046.
4. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an tuarascáil ar an mbainistiú buiséadach agus airgeadais do bhliain N chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta de bhliain N+1.
5. Cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta do bhliain N, arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta de bhliain N+1.
6. Ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí a fháil maidir le cuntais shealadacha na Gníomhaireachta, de bhun Airteagal 246 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta a tharraingt suas faoina fhreagracht nó faoina freagracht féin agus cuirfidh sé nó sí faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad chun tuairim a fháil.
7. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tuairim uaidh maidir le cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta do bhliain N.
8. Faoin 1 Iúil de bhliain N+1, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cuntais chríochnaitheacha, mar aon le tuairim an Bhoird Bainistíochta, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig na tíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt agus le bearta a bhaineann le córas Bhaile Átha Cliath agus le *Eurodac*.
9. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha do bhliain N in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoin 15 Samhain de bhliain N+1.
10. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí ar a barúlacha siúd faoin 30 Meán Fómhair de bhliain N+1. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta freisin.
11. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil do bhliain N faoi bhráid Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046.
12. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N+2 i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N.

Airteagal 48

Coinbhleachtaí leasa a chosc

Glacfaidh an Gníomhaireacht rialacha inmheánacha lena gceanglaítear ar bhaill a Boird Bainistíochta agus a Grúpaí Comhairleacha agus ar a baill foirne aon staid a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coinbhleacht leasa le linn a bhfostaíochta nó a dtéarma oifige agus na staideanna sin a thuairisciú. Déanfar na rialacha inmheánacha sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

Airteagal 49

Rialacha airgeadais

Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 mura mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrath d'oibriú na Gníomhaireachta agus mura mbeidh an Coimisiún tar éis toiliú don imeacht sin roimh ré.

Airteagal 50

Calaois a chomhrac

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 agus ag Rialachán (AE) 2017/1939 chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac.
2. Aontóidh an Gníomhaireacht do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag OLAF agus glacfaidh sí, gan mhoill, na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le foireann uile na Gníomhaireachta agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú á úsáid aici.
3. Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí an Aontais ón nGníomhaireacht.

4. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 agus i Rialachán (*Euratom*, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽¹⁾ d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht.
5. Gan dochar do mhíreanna 1, 2, 3 ná 4, beidh forálacha i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais na Gníomhaireachta, ar forálacha iad lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Chúirt Iniúchóirí, do OLAF agus do OIPE iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

CAIBIDIL VI

LEASUITHE AR GHNÍOMHARTHA DLÍ DE CHUID AN AONTAIS

*Airteagal 51***Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006**

I Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(2) agus (3):

“2. “Is é an tÚdarás Bainistíochta a bheidh freagrach as gach cúram a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide, go háirithe an méid seo a leanas:

- (a) maoirseacht;
- (b) slándáil;
- (c) comhordú an chaidrimh idir na Ballstáit agus an soláthraí;
- (d) cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid;
- (e) fáil agus athnuachan; agus
- (f) ábhair a bhaineann le conarthaí.”.

*Airteagal 52***Leasú ar Chinneadh 2007/533/CGB**

I gCinneadh 2007/533/CGB, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(2) agus (3):

“2. Is é an tÚdarás Bainistíochta a bheidh freagrach as gach cúram a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide, go háirithe an méid seo a leanas:

- (a) maoirseacht;
- (b) slándáil;
- (c) comhordú an chaidrimh idir na Ballstáit agus an soláthraí;
- (d) cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid;
- (e) fáil agus athnuachan; agus
- (f) ábhair a bhaineann le conarthaí.”.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Airteagal 53***Comharbas dlíthiúil**

1. Beidh an Gníomhaireacht, arna bunú leis an Rialachán seo, ina comharba dlíthiúil i ndáil le gach conradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht Eorpach chun bainistíú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, agus i ndáil le gach dliteanas is dlite di nó i ndáil le gach maoin arna sealbhú di.

⁽¹⁾ Rialachán (*Euratom*, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'fheidhm dhlíthiúil aon chomhaontaithe, aon socruithe oibre ná meabhrán tuisceana arna dtabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, gan dochar d'aon leasuithe arna ndéanamh orthu de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 54

Socruithe idirthréimhseacha maidir leis an mBord Bainistíochta agus na Grúpaí Comhairleacha

1. I dtaca le comhaltaí agus Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, a ceapadh ar bhonn Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú a gcuid feidhmeanna ar feadh a mbeidh fágtha dá dtéarmaí oifige.

2. I dtaca le comhaltaí, Cathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh na nGrúpaí Comhairleacha, a ceapadh ar bhonn Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú a gcuid feidhmeanna ar feadh a mbeidh fágtha dá dtéarmaí oifige.

Airteagal 55

Na rialacha inmheánacha arna ghlacadh ag an mBord Bainistíochta a choimeád i bhfeidhm

Fanfaidh na rialacha agus bearta inmheánacha a ghlac an Bord Bainistíochta ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 i bhfeidhm tar éis an 11 Nollaig 2018, gan dochar d'aon leasuithe a dhéanfar orthu de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 56

Socruithe idirthréimhseacha maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Ar feadh na tréimhse a bheidh fágtha ina théarma oifige nó ina téarma oifige, is do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí chun bainistiú oibriochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, arna cheapadh ar bhonn Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1077/2011, a shannfar cúraimí Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Rialachán seo. Ní athrófar coinníollacha eile a chonartha nó a conartha. Má dhéantar cinneadh lena leathnaítear sainordú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 a ghlacadh roimh an 11 Nollaig 2018, cuirfear síneadh leis an téarma oifige go huathoibríoch go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 57

Ionadú agus aisghairm

Leis seo, gabhann an Rialachán seo ionad Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 i gcás na mBallstát atá faoi cheangal ag an Rialachán seo.

Dá bhrí sin, aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011.

Maidir leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo, déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 58

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 11 Nollaig 2018. Mar sin féin, beidh feidhm ag pointe (x) d'Airteagal 19(1), pointí (h) agus (i) d'Airteagal 24(3) agus Airteagal 50(5) den Rialachán seo, a mhéid a thagraíonn siad do OIPE, agus ag Airteagal 50 (1), a mhéid a thagraíonn sé do Rialachán (AE) 2017/1939, ón dáta a chinneadh sa chinneadh ón gCoimisiún dá bhforáiltear sa dara fómhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 14 Samhain 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

IARSCRÍBHINN

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011	An Rialachán seo
Airteagal 1(1)	Airteagal 1(1)
—	Airteagal 1(2)
Airteagal 1(2)	Airteagal 1(3) agus (4)
Airteagal 1(3)	Airteagal 1(5)
Airteagal 1(4)	Airteagal 1(6)
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 4
Airteagal 5	Airteagal 5
Airteagal 5a	Airteagal 6
—	Airteagal 7
—	Airteagal 8
Airteagal 6	Airteagal 9
—	Airteagal 10
Airteagal 7(1) agus (2)	Airteagal 11(1)
Airteagal 7(3)	Airteagal 11(2)
Airteagal 7(4)	Airteagal 11(3)
Airteagal 7(5)	Airteagal 11(4)
Airteagal 7(6)	Airteagal 11(5)
—	Airteagal 12
—	Airteagal 13
Airteagal 8(1)	Airteagal 14(1)
—	Airteagal 14(2)
Airteagal 8(2)	Airteagal 14(3)
Airteagal 9(1) agus (2)	Airteagal 15(1) agus (2)
—	Airteagal 15(3)
—	Airteagal 15(4)
—	Airteagal 16
Airteagal 10(1) agus (2)	Airteagal 17(1) agus (2)
Airteagal 10(3)	Airteagal 24(2)
Airteagal 10(4)	Airteagal 17(3)
—	Airteagal 17(4)
—	Airteagal 17(5)
Airteagal 11	Airteagal 18
Airteagal 12(1)	Airteagal 19(1)
—	Airteagal 19(1)(a)

Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011	An Rialachán seo
—	Airteagal 19((1)(b)
Airteagal 12(1)(a)	Airteagal 19(1)(c)
Airteagal 12(1)(b)	Airteagal 19(1)(d)
Airteagal 12(1)(c)	Airteagal 19(1)(e)
—	Airteagal 19(1)(f)
Airteagal 12(1)(d)	Airteagal 19(1)(g)
—	Airteagal 19(1)(h)
—	Airteagal 19(1)(i)
—	Airteagal 19(1)(j)
—	Airteagal 19(1)(k)
Airteagal 12(1)(e)	Airteagal 19(1)(l)
—	Airteagal 19(1)(m)
Airteagal 12(1)(f)	Airteagal 19(1)(n)
Airteagal 12(1)(g)	Airteagal 19(1)(o)
—	Airteagal 19(1)(p)
Airteagal 12(1)(h)	Airteagal 19(1)(q)
Airteagal 12(1)(i)	Airteagal 19(1)(q)
Airteagal 12(1)(j)	Airteagal 19(1)(r)
—	Airteagal 19(1)(s)
Airteagal 12(1)(k)	Airteagal 19(1)(t)
Airteagal 12(1)(l)	Airteagal 19(1)(u)
Airteagal 12(1)(m)	Airteagal 19(1)(v)
Airteagal 12(1)(n)	Airteagal 19(1)(w)
Airteagal 12(1)(o)	Airteagal 19(1)(x)
—	Airteagal 19(1)(y)
Airteagal 12(1)(p)	Airteagal 19(1)(z)
Airteagal 12(1)(q)	Airteagal 19(1)(bb)
Airteagal 12(1)(r)	Airteagal 19(1)(cc)
Airteagal 12(1)(s)	Airteagal 19(1)(dd)
Airteagal 12(1)(t)	Airteagal 19(1)(ff)
Airteagal 12(1)(u)	Airteagal 19(1)(gg)
Airteagal 12(1)(v)	Airteagal 19(1)(hh)
Airteagal 12(1)(w)	Airteagal 19(1)(ii)
Airteagal 12(1)(x)	Airteagal 19(1)(jj)
—	Airteagal 19(1)(ll)
Airteagal 12(1)(y)	Airteagal 19(1)(mm)
Airteagal 12(1)(z)	Airteagal 19(1)(nn)
—	Airteagal 19(1)(oo)
Airteagal 12(1)(aa)	Airteagal 19(1)(pp)
Airteagal 12(1)(sa)	Airteagal 19(1)(ee)

Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011	An Rialachán seo
Airteagal 12(1)(xa)	Airteagal 19(1)(kk)
Airteagal 12(1)(za)	Airteagal 19(1)(mm)
—	Airteagal 19(1) an dara fomhír
—	Airteagal 19(2)
Airteagal 12(2)	Airteagal 19(3)
Airteagal 13(1)	Airteagal 20(1)
Airteagal 13(2) agus (3)	Airteagal 20(2)
Airteagal 13(4)	Airteagal 20(3)
Airteagal 13(5)	Airteagal 20(4)
Airteagal 14(1) agus (3)	Airteagal 21(1)
Airteagal 14(2)	Airteagal 21(2)
Airteagal 15(1)	Airteagal 22(1) agus (3)
Airteagal 15(2)	Airteagal 22(2)
Airteagal 15(3)	Airteagal 22(5)
Airteagal 15(4) agus (5)	Airteagal 22(4)
Airteagal 15(6)	Airteagal 22(6)
Airteagal 16(1) go (5)	Airteagal 23(1) go (5)
—	Airteagal 23(6)
Airteagal 16(6)	Airteagal 23(7)
Airteagal 16(7)	Airteagal 23(8)
Airteagal 17(1) agus (4)	Airteagal 24(1)
Airteagal 17(2)	—
Airteagal 17(3)	—
Airteagal 17(5) agus (6)	Airteagal 24(3)
Airteagal 17(5)(a)	Airteagal 24(3)(a)
Airteagal 17(5)(b)	Airteagal 24(3)(b)
Airteagal 17(5)(c)	Airteagal 24(3)(c)
Airteagal 17(5)(d)	Airteagal 24(3)(o)
Airteagal 17(5)(e)	Airteagal 22(2)
Airteagal 17(5)(f)	Airteagal 19(2)
Airteagal 17(5)(g)	Airteagal 24(3)(p)
Airteagal 17(5)(h)	Airteagal 24(3)(q)
Airteagal 17(6)(a)	Airteagal 24(3)(d) agus (g)
Airteagal 17(6)(b)	Airteagal 24(3)(k)
Airteagal 17(6)(c)	Airteagal 24(3)(d)
Airteagal 17(6)(d)	Airteagal 24(3)(l)
Airteagal 17(6)(e)	—
Airteagal 17(6)(f)	—
Airteagal 17(6)(g)	Airteagal 24(3)(r)
Airteagal 17(6)(h)	Airteagal 24(3)(s)

Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011	An Rialachán seo
Airteagal 17(6)(i)	Airteagal 24(3)(t)
Airteagal 17(6)(j)	Airteagal 24(3)(v)
Airteagal 17(6)(k)	Airteagal 24(3)(u)
Airteagal 17(7)	Airteagal 24(4)
—	Airteagal 24(5)
Airteagal 18	Airteagal 25
Airteagal 18(1)	Airteagal 25(1) agus (10)
Airteagal 18(2)	Airteagal 25(2), (3) agus (4)
Airteagal 18(3)	Airteagal 25(5)
Airteagal 18(4)	Airteagal 25(6)
Airteagal 18(5)	Airteagal 25(7)
Airteagal 18(6)	Airteagal 24(1)
—	Airteagal 25(8)
Airteagal 18(7)	Airteagal 25(9) agus (10)
—	Airteagal 25(11)
—	Airteagal 26
Airteagal 19	Airteagal 27
Airteagal 20	Airteagal 28
Airteagal 20(1) agus (2)	Airteagal 28(1) agus (2)
Airteagal 20(3)	—
Airteagal 20(4)	Airteagal 28(3)
Airteagal 20(5)	Airteagal 28(4)
Airteagal 20(6)	Airteagal 28(5)
Airteagal 20(7)	Airteagal 28(6)
Airteagal 20(8)	Airteagal 28(7)
Airteagal 21	Airteagal 29
Airteagal 22	Airteagal 30
Airteagal 23	Airteagal 31
Airteagal 24	Airteagal 32
Airteagal 25(1) agus (2)	Airteagal 33(1) agus (2)
—	Airteagal 33(3)
Airteagal 25(3)	Airteagal 33(4)
Airteagals 26 agus 27	Airteagal 34
Airteagal 28(1)	Airteagal 35(1) agus Airteagal 36(2)
Airteagal 28(2)	Airteagal 35(2)
—	Airteagal 36(1)
Airteagal 29(1) agus (2)	Airteagal 37(1)
Airteagal 29(3)	Airteagal 37(2)
Airteagal 30	Airteagal 38

Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011	An Rialachán seo
Airteagal 31(1)	Airteagal 39(1)
Airteagal 31(2)	Airteagal 39(1) agus (3)
—	Airteagal 39(2)
—	Airteagal 40
—	Airteagal 41
—	Airteagal 43
—	Airteagal 44
Airteagal 32(1)	Airteagal 46(3)
Airteagal 32(2)	Airteagal 46(4)
Airteagal 32(3)	Airteagal 46(2)
Airteagal 32(4)	Airteagal 45(2)
Airteagal 32(5)	Airteagal 45(2)
Airteagal 32(6)	Airteagal 44(2)
Airteagal 32(7)	Airteagal 45(3)
Airteagal 32(8)	Airteagal 45(4)
Airteagal 32(9)	Airteagal 45(5) agus (6)
Airteagal 32(10)	Airteagal 45(7)
Airteagal 32(11)	Airteagal 45(8)
Airteagal 32(12)	Airteagal 45(9)
Airteagal 33(1) go (4)	Airteagal 47(1) go (4)
—	Airteagal 47(5)
Airteagal 33(5)	Airteagal 47(6)
Airteagal 33(6)	Airteagal 47(7)
Airteagal 33(7)	Airteagal 47(8)
Airteagal 33(8)	Airteagal 47(9)
Airteagal 33(9)	Airteagal 47(10)
Airteagal 33(10)	Airteagal 47(11)
Airteagal 33(11)	Airteagal 47(12)
—	Airteagal 48
Airteagal 34	Airteagal 49
Airteagal 35(1) agus (2)	Airteagal 50(1) agus (2)
—	Airteagal 50(3)
Airteagal 35(3)	Airteagal 50(4) agus (5)
Airteagal 36	—
Airteagal 37	Airteagal 42
—	Airteagal 51
—	Airteagal 52
—	Airteagal 53
—	Airteagal 54

Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011	An Rialachán seo
—	Airteagal 55
—	Airteagal 56
—	Airteagal 57
Airteagal 38	Airteagal 58
—	Iarscríbhinn

RIALACHÁN (AE) 2018/1727 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 14 Samhain 2018

maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (*Eurojust*), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 85 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh *Eurojust* le Cinneadh 2002/187/CGB ⁽²⁾ ón gComhairle mar chomhlacht de chuid an Aontais a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige chun comhordú agus comhar idir údaráis inniúla bhreithiúnacha na mBallstát a spreagadh agus a fheabhsú, go háirithe maidir le coireacht eagraithe thromchúiseach. Le Cinntí 2003/659/CGB ⁽³⁾ agus 2009/426/CGB ⁽⁴⁾ ón gComhairle leasaítear creat dlíthiúil *Eurojust*.
- (2) Déantar foráil in Airteagal 85 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go ndéanfar *Eurojust* a rialáil le rialachán, arna ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Ceanglaítear leis freisin socruithe a chinneadh maidir le baint a bheith ag Parlaimint na hEorpa agus ag na parlaimintí náisiúnta leis an meastóireacht ar ghníomhaíochtaí *Eurojust*.
- (3) Déantar foráil in Airteagal 85 CFAE freisin go bhfuil le bheith de chúram ar *Eurojust* tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh agus an comhordú agus an comhar sin a threisiú i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, ar bhonn na n-oibríochtaí arna seoladh agus ar bhonn na faisnéise arna tabhairt ag údaráis na mBallstát agus ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (*Europol*).
- (4) Is éard is aidhm don Rialachán seo forálacha Chinneadh 2002/187/CGB agus Chinneadh 2009/426/CGB a leasú agus a leathnú. I bhfianaise a shuntasáí atá na leasuithe atá le déanamh ó thaobh a líon agus a gcineál, ba cheart Cinneadh 2002/187/CGB sin, ar mhaithe le soiléire, a ionadú go hiomlán maidir leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Rialachán seo.
- (5) Sa mhéid go mbunaítear Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) trí bhithín chomhair feabhsaithe, tá Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ⁽⁵⁾ ina cheangal go huile agus go hiomlán agus níl sé infheidhme go díreach ach amháin i leith na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe. Dá bhrí sin, maidir leis na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE, is ar *Eurojust* go fóill atá an cúram a bheith go hiomlán inniúil le haghaidh na gcineálacha coireachta tromchúisí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (6) Le hAirteagal 4(3) den Chonradh an Aontais Eorpaigh (CAE), meabhraítear prionsabal an chomhair dhílis lena ndéanfaidh an tAontas agus na Ballstáit, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, cúnaimh a thabhairt dá chéile chun cúraimí a chineann ó CAE agus CFAE.
- (7) Chun éascú a dhéanamh ar an gcomhar idir *Eurojust* agus OIPE, ba cheart do *Eurojust* dul i ngleic leis na saincheisteanna atá ábhartha do OIPE aon uair is gá.
- (8) I bhfianaise go bhfuiltear ag bunú OIPE trí chomhar feabhsaithe, ní mór roinnt na n-inniúlachtaí idir OIPE agus *Eurojust* i ndáil le coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a bhunú go soiléir. Ón dáta a rachaidh OIPE i mbun a cúraimí, maidir le coireacht arb í OIPE atá inniúil ina leith, ba cheart go mbeadh *Eurojust* in ann a inniúlacht a fheidhmiú i gcásanna a bhaineann le cionta a bhfuil inniúlacht ag OIPE ach a bhfuil Ballstáit rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe chun OIPE a bhunú agus le Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i gcomhar

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2018 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 6 Samhain 2018.

⁽²⁾ Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lenar bunaíodh *Eurojust* d'fhonn an comhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí a athneartú (IO L 63, 6.3.2002, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh 2003/659/CGB ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena mbunaítear *Eurojust* d'fhonn an comhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí a athneartú. IO L 245, 29.9.2003, lch. 44.

⁽⁴⁾ Cinneadh 2009/426/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lenar bunaíodh *Eurojust* d'fhonn an comhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí a athneartú (IO L 138, 4.6.2009, lch. 14).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

feabhsaithe den chineál sin ann. Sna cásanna sin, ba cheart do *Eurojust* gníomhú ar iarraidh sin ag ceann de na Ballstáit rannpháirteacha nó ar iarraidh sin ag OIPE. Ba cheart do *Eurojust* a bheith inniúil go fóill, in aon chás, le haghaidh coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i gcásanna nach bhfuil OIPE inniúil nó, i gcás fiú ina bhfuil sí inniúil, ní fheidhmíonn sí a hinniúlacht. Maidir leis na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe do bhunú OIPE féadfaidh siad fós féin leanúint orthu ag iarraidh thacaíocht *Eurojust* i ngach cás a bhaineann le coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Ba cheart go bhforbródh OIPE agus *Eurojust* dlúthchomhar oibríochtúil i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach.

- (9) Ionas gur féidir le *Eurojust* a mhisean a chomhlíonadh agus a acmhainneacht ar fad a fhorbairt sa chomhrac i gcoinne coireachta tromchúisí trasteorann, ba cheart a fheidhmeanna oibríochtúla a threisiú trí ualach oibre riaracháin na gcomhaltaí náisiúnta a laghdú, agus a ghné Eorpach a fheabhsú tríd an gCoimisiún a bheith rannpháirteach sa Bhord Feidhmiúcháin agus tríd an mbaint mhéadaithe atá ag Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta leis an meastóireacht ar a ghníomhaíochtaí.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart, leis an Rialachán seo, na socruithe a chinneadh do rannpháirtíocht na parlaiminte, do struchtúr *Eurojust* a nuachóiriú agus don chreat dlíthiúil atá aige faoi láthair a shimpliú, agus na heilimintí sin a bhfuil a n-éifeachtúlacht maidir le hoibríocht *Eurojust* cruthaithe a choinneáil san am céanna.
- (11) Ba cheart na foirmeacha de choireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó ar a bhfuil *Eurojust* inniúil a leagan síos go soiléir. Ina theannta sin, ba cheart cásanna nach mbaineann le dhá Bhallstát nó níos mó, ach a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, a shainiú. Féadfaidh na cásanna sin imscrúduithe agus ionchúisimh a áireamh nach ndéanfadh difear ach do Bhallstát amháin agus do thríú tír i gcás ina bhfuil comhaontú tugtha i gcrích leis an tríú tír sin nó i gcás ina mbeadh gá sonrach le rannpháirtíocht *Eurojust*. Féadfaidh ionchúiseamh den chineál sin tagairt freisin do chásanna a dhéanann difear do Bhallstát amháin ach a bhfuil frithiarmhairtí ag baint leo ar leibhéal an Aontais.
- (12) Agus é ag feidhmiú a fheidhmeanna oibríochtúla i ndáil le cásanna coireachta nithiúla, arna iarraidh sin d'údaráis inniúla na mBallstát nó ar a thionscnamh féin, ba cheart do *Eurojust* gníomhú trí chomhalta náisiúnta amháin nó níos mó nó mar Choláiste. Trí ghníomhú ar a thionscnamh féin, féadfaidh *Eurojust* ról níos gníomhaí a ghlacadh i gcomhordú cásanna amhail tacú leis na húdaráis náisiúnta ina n-imscrúduithe agus ina n-ionchúisimh. Féadfar a áireamh sa mhéid sin go mbeadh Ballstáit rannpháirteach, ar Ballstáit iad nár cuireadh san áireamh sa chás i gcéadair, agus naisc a aimsiú idir cásanna bunaithe ar fhaisnéis a fhaigheann sé ó *Europol*, ó Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ó OIPE, agus ó údaráis náisiúnta. Leis sin, ceadaítear do *Eurojust* freisin treoirilínte, doiciméid bheartais agus anailís a bhaineann leis an obair ar chásanna a chur ar fáil mar chuid dá obair straitéiseach.
- (13) Arna iarraidh sin ón údarás inniúil an Bhallstát nó ón gCoimisiún, ba cheart go mbeadh *Eurojust* in ann cúnaimh a thabhairt freisin i ndáil le himscrúduithe nach mbaineann ach leis an mBallstát sin amháin ach a mbaineann frithiarmhairtí ar leibhéal an Aontais leo. Ar na samplaí de na himscrúduithe sin áirítear cásanna lena mbaineann frithiarmhairtí ar leibhéal an Aontais cásanna ina mbeadh baint ag comhalta de chuid institiúid nó comhlacht AE. Cumhdaítear freisin leis na himscrúduithe sin cásanna a bhfuil baint acu le líon suntasach Ballstát agus arbh fhéidir go mbeadh gá le freagairt chomhordaithe Eorpach ina leith.
- (14) Níl na tuairimí scríofa ó *Eurojust* ina gceangal ar na Ballstáit ach ba cheart freagairt dóibh i gcomhréir leis an Rialachán seo.
- (15) Chun a áirithiú go bhféadfaidh *Eurojust* tacú le himscrúduithe trasteorann agus iad a chomhordú mar is iomchuí, ní mór na cumhachtaí oibríochtúla riachtanacha a bheith ag na comhaltaí náisiúnta ar fad maidir lena mBallstát tionscnaimh agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstát sin ionas gur féidir leo comhoibriú eatarthu féin agus leis na húdaráis náisiúnta ar bhealach níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí. Ba cheart na cumhachtaí sin lena bhfuil féidir le *Eurojust* a mhisean a thabhairt i gcrích go hiomchuí a thabhairt do na comhaltaí náisiúnta. Ba cheart go n-áireofaí ar na cumhachtaí sin rochtain a bheith ar fhaisnéis ábhartha i gcláir phoiblí náisiúnta, agus teagmháil dhíreach a dhéanamh le húdaráis inniúla agus faisnéis a mhalartú leo agus páirt a ghlacadh i bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú. Féadfaidh na comhaltaí náisiúnta, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, na cumhachtaí a thagann as a gcumas mar údaráis náisiúnta a choimeád. I gcomhaontú leis an údarás inniúil náisiúnta nó i gcásanna práinneacha, féadfaidh na comhaltaí náisiúnta freisin a bheith in ann bearta imscrúdaitheacha agus seachadtaí rialaithe a ordú, agus iarrataí ar chúnamh frithpháirteach dlí nó iarrataí ar aitheantas frithpháirteach a eisiúint agus a fhorghníomhú. Os rud é go bhfeidhmítear na cumhachtaí sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart go mbeadh cúirteanna na mBallstát ina gcúirteanna atá inniúil chun na bearta sin a athbhreithniú, i gcomhréir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta.
- (16) Is gá struchtúr riaracháin agus bainistíochta a thabhairt do *Eurojust* inar féidir leis a chuid cúraimí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí, agus lena gcomhlíontar go hiomlán leis na príonsabail is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí an Aontais, agus lena n-urramaítear cearta agus saoirsí bunúsacha, agus lena gcoinnítear saintréithe speisialta *Eurojust* agus lena gcosnaítear a neamhspleáchas i ndáil lena fheidhmeanna oibríochtúla a fheidhmiú. Chuige sin, ba cheart feidhmeanna na gcomhaltaí náisiúnta, an Choláiste agus an Stiúrthóra Riaracháin a shoiléiriú agus Bord Feidhmiúcháin a bhunú.
- (17) Ba cheart forálacha a leagan síos chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir feidhmeanna oibríochta agus bainistíochta an Choláiste, lena n-íoslaghdófaí an t-ualach riaracháin ar chomhaltaí náisiúnta sa chaoi go gcuirfí an bhéim ar obair oibríochta *Eurojust*. Ba cheart clár oibre, buiséad, tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil *Eurojust*, agus a shocruithe

oibre le comhpháirtithe a áireamh i gcúraimí bainistíochta an Choláiste go háirithe. Ba cheart dó cumhacht údaráis cheapacháin a fheidhmiú maidir leis an Stiúrthóir Riaracháin. Ba cheart don Choláiste rialacha nós imeachta *Eurojust* a ghlacadh freisin. Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag na rialacha nós imeachta sin ar ghníomhaíochtaí breithiúnacha na mBallstát, ba cheart go dtabharfaí cumhachtaí cur chun feidhme don Chomhairle chun na rialacha sin a fhorghnó.

- (18) Chun rialachas agus nósanna imeachta cuíchóirithe *Eurojust* a fheabhsú, ba cheart Bord Feidhmiúcháin a bhunú chun cúnaimh a thabhairt don Choláiste i dtaca lena fheidhmeanna bainistíochta agus sa chaoi gur féidir cinnteoireacht chuíchóirithe maidir le ceisteanna neamhoibríochtúla agus straitéiseacha a bheith ann.
- (19) Ba cheart go mbeadh ionadaíocht ag an gCoimisiún sa Choláiste nuair a fheidhmíonn sé a fheidhmeanna bainistíochta. Ba cheart ionadaí an Choimisiúin sa Choláiste a bheith mar ionadaí an Choimisiúin freisin ar an mBord Feidhmiúcháin chun a áirithiú go ndéanfar *Eurojust* a mhaoirsiú go neamhoibríochtúil agus a threorú go straitéiseach.
- (20) Chun riar éifeachtúil *Eurojust* ó lá go lá a áirithiú, ba cheart an Stiúrthóir Riaracháin a bheith ina ionadaí dlíthiúil agus ina bhainisteoir aige, atá freagrach don Choláiste. Ba cheart don Stiúrthóir Riaracháin cinntí an Choláiste agus an Bhoird Feidhmiúcháin a ullmhú agus a chur chun feidhme. Ba cheart go ndéanfaí an Stiúrthóir Riaracháin a cheapadh ar bhonn fiúntais agus a chuid nó a cuid scileanna doiciméadaithe riaracháin agus bainistíochta, agus ar bhonn inniúlacht agus taithe iomchuí.
- (21) Ba cheart don Choláiste Uachtarán agus beirt Leas-Uachtarán ó *Eurojust* a thoghadh as measc na gcomhaltá náiúnta ar feadh téarma oifige 4 bliana. Nuair a thogfar comhalta náiúnta ina Uachtarán, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann duine eile cuícháilithe a thabhairt ar iasacht don deasc náiúnta agus cúiteamh a iarraidh ó bhuiséad *Eurojust*.
- (22) Is éard is daoine cuícháilithe ann daoine a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithe is gá acu chun na cúraimí a chomhlíonadh atá riachtanach chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an deasc náiúnta go héifeachtach. Féadfaidh siad stádas ionadaí nó Cúntóra don chomhalta náiúnta a togadh ina Uachtarán nó ina hUachtarán nó féadfaidh siad feidhm ar mhó de chineál riaracháin nó theicniúil í a bheith acu. Ba cheart do gach Ballstát a bheith in ann a cheanglais féin a chinneadh i dtaca leis sin.
- (23) Ba cheart go ndéanfaí na nósanna imeachta maidir le córam agus vótáil a rialáil i rialacha nós imeachta *Eurojust*, i gcásanna ina bhfuil comhalta náiúnta nó a ionadaí as láthair, ba cheart go mbeadh an Cúntóir an Bhallstáit lena mbaineann i dteideal vótáil sa Choláiste má tá stádas giúistís ag an gCúntóir, i.e. ionchúisitheoir, breitheamh, nó ionadaí údaráis bhreithiúnaigh.
- (24) Ós rud é go bhfuil tionchar buiséadach ag sásra an chúitimh, ba cheart don Rialachán seo cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun an tsásra sin a chinneadh ar an gComhairle.
- (25) Is gá sásra maidir le comhordú ar ghlaodhualgas a bhunú laistigh de *Eurojust* ionas go mbeidh *Eurojust* níos éifeachtúla agus go bhféadfaidh sé a bheith ar fáil de ló is d'óiche chun idirghabháil a dhéanamh i gcásanna práinne. Ba cheart do gach Ballstát a áirithiú go bhfuil a ionadaithe sa sásra maidir le comhordú ar ghlaodhualgas ar fáil ar bhonn 24 uair an chloig 7 lá na seachtaine.
- (26) Ba cheart córais *Eurojust* um chomhordú náiúnta a bhunú sna Ballstáit chun an obair a dhéanann na comhfhreagraithe náiúnta do *Eurojust*, an comhfhreagraí náiúnta do *Eurojust* le haghaidh ábhair sceimhlitheoireachta, aon chomhfhreagraí náiúnta maidir le nithe a bhaineann le hinniúlacht an OIPE, comhfhreagraí náiúnta an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh agus suas le trí phointe teagmhála eile a chomhordú, chomh maith le hionadaithe sa ghréasán um chomhfhoirne imscrúdaithe agus ionadaithe sna gréasáin a bunaíodh le Cinntí 2002/494⁽¹⁾, 2007/845/CGB⁽²⁾ agus 2008/852/CGB ón gComhairle⁽³⁾. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil an comhfhreagraí náiúnta céanna le ceann amháin nó níos mó de na cúraimí sin a dhéanamh.
- (27) Chun comhordú agus comhar idir na húdaráis náiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh a spreagadh agus a threisiú tá sé rithabhachtach go bhfaighidh *Eurojust* an fhaisnéis ábhartha is gá ó na húdaráis náiúnta chun a chuid cúraimí a dhéanamh. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis inniúla náiúnta a gcomhaltaí náiúnta a chur ar an eolas maidir le

⁽¹⁾ Cinneadh 2002/494/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena mbunaítear gréasán Eorpach phointí teagmhála i ndáil le daoine atá ciontach as cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh (IO L 167, 26.06.2002, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh Réime 2007/845/CGB an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát i dtaca le fáiltas nó réadmhaoine eile a bhaineann le coireacht a rianú agus a aithint (IO L 332, 18.12.2007, lch. 103).

⁽³⁾ Cinneadh 2008/852/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (OI L 301, 12.11.2008, lch. 38).

bunú agus torthaí chomhfhoirne imscrúdaithe. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla na comhaltaí náisiúnta a chur ar an eolas gan moill mhíchúí faoi chásanna atá faoi inniúlacht *Eurojust* atá bainteach go díreach le trí Bhallstát ar a laghad agus ar cuireadh iarrataí nó cinntí maidir le comhar breithiúnach chuig dhá Bhallstát ar a laghad ina leith, agus chomh maith leis sin. Faoi chúinsí áirithe, ba cheart do na húdaráis sin comhaltaí náisiúnta a chur ar an eolas faoi easaontais i ndáil le dlínse, seachadtaí rialaithe agus deacrachtaí leanúnacha le comhar breithiúnach.

- (28) Le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ cuirtear rialacha comhchuibhithe ar fáil i ndáil le cosaint agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc. Chun an leibhéal céanna cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha trí chearta is in-fhorfheidhmithe le dlí ar fud an Aontais agus chun cosc a chur ar dhibhéirseachtaí a chuireann isteach ar mhalartú sonraí pearsanta idir *Eurojust* agus údaráis inniúla sna Ballstáit ba cheart do na rialacha maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a chosaint agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí pearsanta oibríochtúla a ndéanann *Eurojust* próiseáil orthu a bheith comhsheasmhach le Treoir (AE) 2016/680.
- (29) Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha ginearálta ón gCaibidil ar leith de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla gan dochar do na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí atá sa Rialachán seo. Ba cheart breathnú ar na rialacha sonracha sin mar *lex specialis* do na forálacha sa Chaibidil sin de Rialachán (AE) 2018/1725 (*lex specialis derogat legi generali*). Chun an ilroinnt dhlíthiúil a laghdú ba cheart go mbeadh rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí atá sa Rialachán seo comhsheasmhach leis na príonsabail a thacaíonn leis an gCaibidil sin de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseas sonraí pearsanta oibríochtúla, mar aon leis na forálacha den Rialachán sin a bhaineann le maoirseacht, leigheasanna, dlíteanas agus pionóis neamhspleácha.
- (30) Chun cearta agus saoirsi ábhar sonraí a chosaint teastaíonn sannadh soiléir freagrachtaí maidir le cosaint sonraí faoin Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit freagrach as cruinneas na sonraí, as na sonraí a d'aistrigh siad chuig *Eurojust* agus ar phróiseáil iad gan athrú le haghaidh sonraí den chineál sin a choimeád cothrom le dáta agus le haghaidh dhlíthiúlacht na sonraí sin a aistriú chuig *Eurojust*. Ba cheart do *Eurojust* a bheith freagrach as cruinneas na sonraí a chuireann soláthraithe sonraí eile ar fáil nó a eascraíonn as anailísí *Eurojust* féin nó as sonraí a bhailiú agus as na sonraí sin a choimeád cothrom le dáta. Ba cheart do *Eurojust* a áirithiú go ndéantar sonraí a phróiseáil go cóir agus go dleathach, agus go mbailítear agus go bpróiseáiltear le haghaidh cuspóir sonracha iad. Ba cheart do *Eurojust* a áirithiú freisin go bhfuil na sonraí leordhóthanach, ábhartha, nach bhfuil siad iomarcach i ndáil leis an gcuspóir a ndéantar próiseáil orthu lena aghaidh, agus nach stóráiltear iad go ceann tréimhse níos faide ná mar a bhfuil gá léi ar mhaithe leis an gcuspóir sin, agus ba cheart próiseáil a dhéanamh orthu ar bhealach lena n-áirítear slándáil iomchuí sonraí pearsanta agus rúndacht próiseála sonraí.
- (31) Ba cheart go ndéanfaí na coimircí iomchuí le haghaidh stóráil sonraí pearsanta oibríochtúla chun críocha cartlannaíochta chun leas an phobail nó chun críocha staitistiúla a chur san áireamh i rialacha nós imeachta *Eurojust*.
- (32) Ba cheart ábhar sonraí a bheith in ann an ceart chun rochtana ar shonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/1725 a bhaineann leis nó léi arna bpróiseáil ag *Eurojust* a fheidhmiú. Féadfaidh an t-ábhar sonraí an iarraidh sin a dhéanamh ar *Eurojust* nó ar an údarás maoirseachta náisiúnta i mBallstát de rogha an ábhair sonraí ag idirthrímhsí réasúnta saor in aisce.
- (33) Ní dochar forálacha cosanta sonraí an Rialacháin seo do rialacha is infheidhme maidir le hinghlacthacht sonraí pearsanta mar fhianaise in imeachtaí coiriúla réamhthrialacha agus cúirte.
- (34) Ba cheart an phróiseáil arna déanamh ag *Eurojust* ar na sonraí pearsanta faoi chuimsiú a inniúlachta ar mhaithe le comhlíonadh a chúraimí a mheas a bheith ina próiseáil ar shonraí pearsanta oibríochtúla.
- (35) Sa mhéid go bpróiseálann *Eurojust* sonraí pearsanta rialacháin freisin, nach mbaineann le himscrúduithe coiriúla, ba cheart go mbeadh próiseáil na sonraí sin faoi réir na rialacha ginearálta Rialachán (AE) 2018/1725 .

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus i ndáil le Rialachán (CE) Uimh 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002 a aisghairm (féach leathanach 39 den Iris Oifigiúil seo

- (36) I gcás ina ndéanann an Ballstát sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchur chuig *Eurojust* nó a sholáthar dó, ba cheart an ceart a bheith ag an údarás inniúil, ag an gcomhalta náisiúnta nó ag an gcomhfhreagraí náisiúnta do *Eurojust* a iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta oibríochtúla sin a cheartú nó a scriosadh.
- (37) Chun a léiriú go gcloítear leis an Rialachán seo, ba cheart do *Eurojust* nó don phróiseálaí údaraithe taifid a choinneáil maidir leis na catagóirí uile gníomhaíochtaí próiseála atá faoina chúram. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar *Eurojust* agus ar gach próiseálaí údaraithe oibriú i gcomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (an "MECS") agus chun a gcuid taifead a chur ar fáil dó, arna iarraidh sin dóibh, le go bhféadfaí iad a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí próiseála sin. Ba cheart go mbeadh modhanna éifeachtacha i bhfeidhm ag *Eurojust* nó ag a phróiseálaí údaraithe nuair atá sonraí pearsanta oibríochtúla á bpróiseáil aige chun a léiriú go bhfuil an phróiseáil sin dleathach, chun gur féidir féinfhaireachán a dhéanamh agus chun iomláine agus sláine na sonraí a áirithiú, amhail loгаí nó cineálacha eile taifead.
- (38) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin *Eurojust* Oifigeach Cosanta Sonraí a bheith ar dhuine den fhoireann atá ann cheana féin a ainmniú. Ba cheart go mbeadh an té a ainmneofar mar Oifigeach Cosanta Sonraí tar éis oiliúint speisialaithe a fháil i réimse an dlí agus an tsainchleachtais cosanta sonraí chun go mbeadh saineolas aige ar an réimse sin. Ba cheart an leibhéal saineolais is gá a chinneadh i ndáil leis an bpróiseáil sonraí atá á déanamh agus de réir na cosanta atá de dhíth ar na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ag *Eurojust*.
- (39) Ba cheart don MECS a bheith freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán fhorálacha cosanta sonraí an Rialachán seo i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag *Eurojust* a fheidhmiú agus as an gcur i bhfeidhm sin a áirithiú. Ba cheart cumhachtaí a thabhairt don MECS lena gcuideofar leis nó léi a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart don MECS a bheith i dteideal dul i gcomhairle le *Eurojust* i ndáil le hiarrataí sonraí pearsanta áirithe, ábhair a tharchur chuig *Eurojust* chun réiteach a fháil ar chúiseanna inní a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, moltaí a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar chosaint ábhar sonraí, agus ordú a thabhairt do *Eurojust* oibríochtaí sonracha a dhéanamh i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla. Mar thoradh ar sin tá sé den riachtanas ag MECS go mbeadh na hacmhainní aige/aici chun a áirithiú go ndéanfaí na horduithe sin a chomhlíonadh agus a fhorghníomhú. Mar sin, ba cheart an cumhacht a bheith aige nó aici rabhadh nó achasán a thabhairt do *Eurojust*. Is éard is rabhadh ann ná meabhrúchán ó bhéal nó i scríbhinn maidir leis an oibleagáid atá ag *Eurojust* orduithe a fhorghníomhú nó moltaí an MECS a chomhlíonadh leis an rabhadh ábhartha maidir leis na modhanna a bheith le húsáid i gcás ina dtarlaíonn neamhchomhlíonadh nó diúltú ó *Eurojust*.
- (40) Maidir leis na dualgais agus na cumhachtaí atá ag an MECS, lena n-áirítear an chumhacht a ordú do *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a cheartú, srian a chur ar a bpróiseáil nó iad a scriosadh, ar sonraí pearsanta iad a próiseáladh de shárú ar na forálacha cosanta sonraí atá sa Rialachán seo, níor cheart sonraí pearsanta, atá sna comhaid náisiúnta cásanna, a chuimsiú sna dualgais ná sna cumhachtaí sin.
- (41) D'fhonn comhar idir an MECS agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a éascú ach gan dochar a dhéanamh do neamhspleáchas an MECS agus don fhreagracht atá air nó uirthi maidir le maoirsiú a dhéanamh ar *Eurojust* i ndáil le cosaint sonraí, ba cheart don MECS agus do na húdaráis mhaoirseora náisiúnta teacht le chéile go rialta laistigh den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir leis na rialacha maidir le maoirseacht chomhordaithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 .
- (42) Ós rud é gurb é *Eurojust* an chéad fhaighteoir ar chríoch an Aontais as cruinneas na sonraí arna soláthar nó arna n-aisghabháil ó thríú tíortha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ba cheart do *Eurojust* a bheith freagrach as cruinneas sonraí den chineál sin. Ba cheart go ndéanfaidh *Eurojust* bearta chun cruinneas na sonraí a fhíorú, a mhéid is féidir, ar fháil na sonraí dó nó i gcás ina bhfuil na sonraí á chur ar fáil aige d'údarais eile.
- (43) Ba cheart go mbeadh *Eurojust* faoi réir rialacha ginearálta maidir le dliteanas conarthach agus neamhchonarthach is infheidhme i leith institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais.
- (44) Ba cheart go mbeadh *Eurojust* in ann sonraí pearsanta oibríochtúla a mhalartú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile an Aontais a mhéid is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.
- (45) D'fhonn teorannú de réir cuspóra a ráthú, ní mór a áirithiú go mbeifear in ann sonraí pearsanta a aistriú ó *Eurojust* chuig comhlachtaí an Aontais, chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, más gá, chun an choireacht a thagann laistigh de chuspóirí *Eurojust* a chosc agus a chomhrac, agus sa chás sin amháin. Chun na críche sin, is gá a áirithiú, agus sonraí pearsanta á n-aistriú, go dtabharfaidh an faighteoir gealltanais go mbainfidh sé úsáid as na sonraí nó go ndéanfar na sonraí a sheoladh ar aghaidh chuig údarás inniúil de chuid tríú tír don chuspóir a ndearnadh iad a aistriú ina leith ó thús agus don chuspóir sin amháin. Ba cheart aon sonraí a aistrítear ina dhiaidh sin a aistriú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

- (46) Tá gach Ballstát cleamhnaithe le hEagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (*Interpol*). D'fhonn a mhisean a chomhlíonadh, faigheann, stóráil agus scaipeann *Interpol* sonraí chun cuidiú le húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí an choireacht idirnáisiúnta a chosc agus a chomhrac. Is iomchuí, mar sin, comhar a neartú idir an tAontas agus *Interpol* trí mhalartú éifeachtúil sonraí pearsanta a chur chun cinn agus urraim do chearta agus do shaoirsí bunúsacha á háirithiú ag an am céanna i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil go huathoibríoch. I gcás ina n-aistrítear sonraí pearsanta oibríochtúla ó Eurojust chuig *Interpol*, agus chuig tíortha a bhfuil comhaltáí tarmilgthe acu chuig *Interpol*, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, go háirithe na forálacha a bhaineann le haistrithe idirnáisiúnta. Níor cheart gur dhochar an méid sin do na rialacha sonracha a leagtar síos i gComhsheasamh 2005/69/CGB ón gComhairle ⁽¹⁾ agus i gCinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle ⁽²⁾.
- (47) Nuair a aistríonn Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla chuig údarás trú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta de bhua comhaontú idirnáisiúnta a thugtar i gcrích de bhun Airteagal 218 CFAE, ba cheart go ndéanfaí foráil do choimircí leordhóthanacha maidir le príobháideacht agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.
- (48) Ba cheart go n-áiritheodh Eurojust nach dtarlódh aistriú chuig trú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin más gá chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh i gcoinne bagairtí don tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc, agus a áirithiú gur údarás inniúil laistigh de bhrí an Rialacháin seo é an rialaitheoir sa trú tír nó san eagraíocht idirnáisiúnta. Níor cheart go ndéanfaí aistriú ach amháin agus Eurojust ina rialaitheoir. Féadfaidh an t-aistriú sin tarlú i gcásanna inar chinn an Coimisiún go n-áirithíonn an trú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann go bhfuil leibhéal leormhaith cosanta ann, gur cuireadh coimircí iomchuí ar fáil, nó i gcásanna ina bhfuil feidhm ag maoluithe le haghaidh cásanna ar leith.
- (49) Ba cheart Eurojust a bheith in ann sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás trú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ar bhonn cinneadh ón gCoimisiún ina bhfionntar go n-áirithíonn an trú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí (“cinneadh leordhóthanachta”), nó, in éagmais cinneadh leordhóthanachta, comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun Airteagal 218 CFAE, nó comhaontú comhair lenar féidir sonraí pearsanta a mhalartú arna thabhairt i gcrích idir Eurojust agus an trú tír sin roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (50) I gcás ina sainaitníonn an Coláiste gá oibríochtúil a bheith le comhar le trú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta, ba cheart é a bheith in ann a mholadh don Chomhairle go ndéanadh an Chomhairle aird an Choimisiúin a tharraingt ar an ngá atá le cinneadh leordhóthanachta nó le moladh maidir le tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 218 CFAE.
- (51) Níor cheart aistrithe atá bunaithe ar chinneadh leordhóthanachta a bheith ceadaithe ach amháin i gcás ina bhfuil coimircí iomchuí tugtha in ionstraim cheangailteach dlí lena n-áirithítear go gcosnaítear sonraí pearsanta nó i gcás ina bhfuil measúnú déanta ag Eurojust ar na himthosca ar fad a bhaineann leis an aistriú sonraí agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, ina measann sé gurb ann do choimircí iomchuí maidir le sonraí pearsanta a chosaint. D'fhéadfadh sé gurb é atá sna hionstraimí ceangailteacha dlí sin, mar shampla, ná comhaontuithe déthaobhacha ceangailteacha dlí atá tugtha chun críche ag na Ballstáit agus curtha chun feidhme ina ndlíchóras agus a d'fhéadfadh a n-ábhair sonraí a fhorfheidhmiú, lena n-áirithítear go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cosaint sonraí agus cearta na n-ábhar sonraí, lena n-áirítear an ceart sásamh éifeachtach riaracháin nó breithiúnach a fháil. Ba cheart Eurojust a bheith in ann comhaontuithe comhair arna dtabhairt i gcrích idir Eurojust agus trú tír a chur san áireamh, comhaontuithe lenar féidir sonraí pearsanta a mhalartú nuair atá measúnú á dhéanamh ar na himthosca ar fad a bhaineann leis an aistriú sonraí. Ba cheart Eurojust a bheith in ann a chur san áireamh go mbeidh an t-aistriú sonraí pearsanta faoi réir oibleagáidí rúndachta agus faoi réir phrionsabal na sainiúlachta, lena n-áirithítear nach bpróiseálfar na sonraí chun críoch eile seachas chun críocha an aistrithe. Sa bhreis air sin, ba cheart do Eurojust a chur san áireamh nach n-úsáidfear na sonraí pearsanta chun pionós báis nó aon chineál córa eile atá cruálach agus mídhaonna a iarraidh, a thabhairt nó a chur i gcrích. Cé go bhféadfaí a mheas gur coimircí iomchuí iad na coinníollacha sin lenar féidir sonraí a aistriú, ba cheart Eurojust a bheith in ann coimircí breise a éileamh.
- (52) I gcás nach ann do chinneadh leordhóthanachta ná coimircí iomchuí, ní fhéadfaí aistriú nó catagóir aistrithe a dhéanamh ach amháin i gcásanna sonracha, más gá iad chun leasanna atá riachtanach do bheatha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint, nó chun leasanna dlísteanaigh an ábhair sonraí a chosaint i gcás ina bhforáiltear dá leithéid i

⁽¹⁾ Comhsheasamh 2005/69/CGB ón gComhairle an 24 Eanáir 2005 maidir le sonraí áirithe a mhalartú le Interpol (IO L 27, 29.1.2005 lch. 61).

⁽²⁾ Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

ndlí an Bhallstáit atá ag aistriú na sonraí pearsanta; chun bagairt thromchúiseach agus láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit nó tríú tír a chosc; i gcás aonair ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí ar an tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc; nó i gcás aonair chun éilimh dhlíthiúla a shuí, a fheidhmiú nó a chosaint. Ba cheart na maoluithe sin a léiriú go sriantach agus níor cheart go gceadófaí leo aistrithe rialta, ollmhóra agus struchtúracha a dhéanamh ar shonraí pearsanta, ná aistrithe sonraí ar an mórchóir; ba cheart iad a bheith teoranta do shonraí a bhfuil fíorghá leo. Ba cheart na haistrithe sin a dhoiciméadú agus ba cheart iad a chur ar fáil don MECS arna iarraidh sin chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an aistrithe.

- (53) I gcásanna eisceachtúla, ba cheart go mbeadh *Eurojust* in ann síneadh a chur leis na sprioc-amanna atá le sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil chun a chuspóirí a bhaint amach, faoi réir chomhlíonadh phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí uile *Eurojust*. Ba cheart cinntí mar sin a dhéanamh tar éis na leasanna ar fad atá i gceist a mheas, lena n-áirítear leasanna na n-ábhar sonraí. Níor cheart cinneadh a dhéanamh maidir le haon síneadh a chur leis na sprioc-amanna atá le sonraí pearsanta a phróiseáil, i gcásanna ina bhfuil an t-ionchúiseamh faoi urchosc reachta sna Ballstáit ar fad lena mbaineann, ach amháin i gcás ina bhfuil gá sonrath faoin Rialachán seo le cúnaimh a thabhairt.
- (54) Ba cheart do *Eurojust* caidreamh pribhléideach a choinneáil leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach bunaithe ar chomhairliúchán agus comhlántacht. Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina chúnaimh ag ról *Eurojust* agus an Ghréasán Bhreithiúnaigh Eorpaigh faoi seach agus a gcaidreamh frithpháirteach a shoiléiriú, agus sainiúlacht an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh a choinneáil san am céanna.
- (55) Ba cheart do *Eurojust* caidreamh comhair a choinneáil ar bun le institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, le OIPE, le húdaráis inniúla tríú tíortha chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta, a mhéid is gá chun a chuid cúraimí a chur i gcrích.
- (56) Chun comhar oibríochtúil idir *Eurojust* agus *Europol* a fheabhsú, agus go háirithe chun naisc a bhunú idir sonraí atá i seilbh ceachtar den dá ghníomhaireacht cheana féin, ba cheart do *Eurojust* a chur ar chumas *Europol* rochtain a bheith aige ar bhonn córais braite/neamhbhraite, ar shonraí atá ina seilbh ag *Eurojust*. Ba cheart do *Eurojust* agus do *Europol* a áirithiú go mbunófar na socrúithe is gá chun barr feabhais a chur ar a gcomhar oibríochtúil, agus aird chuí á tabhairt ar a sainorduithe faoi seach agus aon srianta dá bhforáil na Ballstáit. Ba cheart a áirithiú leis na socrúithe oibre seo, gur féidir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ar fad atá curtha ar fáil chuig *Europol*, agus gur féidir í a chuardach, ar mhaithe le cros-seiceáil a dhéanamh i gcomhréir leis na coimircí sonracha agus na ráthaíochtaí maidir le cosaint sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart aon rochtain ag *Europol* ar na sonraí atá sealbhú ag *Eurojust* a bheith teoranta, trí mhodhanna teicniúla, don fhaisnéis a thagann faoi réim shainorduithe na ggníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais, faoi seach.
- (57) Ba cheart do *Eurojust* agus *Europol* a chéile a choinneáil ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a bhaineann le maoiniú chomhfhoirne imscrúdaithe.
- (58) Ba cheart *Eurojust* a bheith in ann sonraí pearsanta a mhalartú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a mhéid is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh agus lánurraim á tabhairt do chosaint an phríobháideachais agus do chearta agus saoirsí bunúsacha eile.
- (59) Ba cheart do *Eurojust* feabhas a chur ar a chomhar le húdaráis inniúla i dtríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar bhonn straitéise arna tarraingt suas i gcomhairle leis an gCoimisiún. Chun na críche sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le *Eurojust* chun giúistísí idirchaidrimh a phostú chuig tríú tíortha chun cuspóirí a bhaint amach atá ar aon dul leis na cuspóirí sin a shainítear do ghiúistísí idirchaidrimh ar iasacht ó na Ballstáit ar bhonn Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 96/277/CGB ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (60) Ba cheart foráil a dhéanamh go ndéanfadh *Eurojust* comhordú, ar fhorghníomhú na n-iarraitaí ar chomhar dlíthiúil arna n-eisiúint ag tríú tír agus i gcás inar gá go ndéanfaí na hiarrataí sin a fhorghníomhú in dhá Bhallstát ar a laghad mar chuid den aon imscrúdú amháin. Níor cheart do *Eurojust* ach comhordú den chineál sin a dhéanamh le comhaontú ó na Ballstáit lena mbaineann.
- (61) Chun uathriail agus neamhspleáchas iomlán *Eurojust* a áirithiú, ba cheart buiséad uathrialach a thabhairt dó ar leor é chun a chuid oibre a chur i gcrích mar is ceart, agus an t-ioncam ag teacht go bunúsach ó ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais, seachas i gcás thuarastail agus luach saothair na gcomhaltaí náisiúnta, na dteachtaí agus na gCúntóirí, costais a iompraíonn na Ballstáit tionscnaimh. Ba cheart nós imeachta buiséadach an Aontais a bheith infheidhme a mhéid a bhaineann le ranníocaíocht an Aontais agus fóirdheontais eile is innhuirir i leith bhuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart don Chúirt Iniúchóirí an t-iniúchadh ar na cuntais a dhéanamh agus ba cheart don Choiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa iad a fhorghníomhú.

⁽¹⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/277/CGB ón gComhairle an 22 Aibreán 1996 maidir le creat i ndáil le giúistísí idirchaidrimh a mhalartú chun comhar breithiúnach a fheabhsú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 105, 27.4.1996, lch. 1).

- (62) Chun trédhearcacht agus maoirseacht dhaonlathach *Eurojust* a mhéadú is gá sásra de bhun Airteagal 85(1) CFAE a chur ar fáil maidir leis an meastóireacht chomhpháirteach a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta ar ghníomhaíochtaí *Eurojust*. Ba cheart an mheastóireacht a dhéanamh faoi chuimsiú cruinniú coiste idirpharlaiminteach in áitreabh Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus comhaltaí na gcoistí inniúla i bParlaimint na hEorpa agus sna parlaimintí náisiúnta rannpháirteach. Ba cheart don chruinniú coiste idirpharlaiminteach lánurraim a thabhairt do phrionsabail neamhspleáchais *Eurojust* i ndáil le gníomhaíocht a bheidh le déanamh i gcásanna sonracha oibríochtúla agus maidir le hoibleagáidí na discréide agus na rúndachta.
- (63) Tá sé oiriúnach meastóireacht rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (64) Ba cheart do *Eurojust* feidhmiú go trédhearcach i gcomhréir le hAirteagal 15(3) CFAE. Ba ghá go nglacadh an Coláiste forálacha sonracha maidir leis an gcaoi a n-áiríteofar ceart na rochtana poiblí ar dhoiciméid. Níl sé beartaithe le ní ar bith atá sa Rialachán seo srian a chur le ceart na rochtana poiblí ar dhoiciméid a mhéid a ráthaítear san Aontas agus sna Ballstáit é, go háirithe faoi Airteagal 42 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis na rialacha ginearálta maidir le trédhearcacht a bhfuil feidhm acu maidir le gníomhaireachtaí an Aontais, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le *Eurojust* ar bhealach nach gcuireann oibleagáid na rúndachta ina chuid oibre oibríochtúla i mbaol ar dhóigh ar bith. Ar an ábhar céanna, ba cheart fiosrúcháin riaracháin a dhéanamh an tOmbudsman Eorpach urraim a thabhairt d'oibleagáid rúndachta *Eurojust*.
- (65) Chun cur le trédhearcacht *Eurojust* i leith shaoránaigh an Aontais agus le cuntasacht *Eurojust*, ba cheart do *Eurojust* liosta de chomhaltaí a Bhoird Feidhmiúcháin a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin agus, nuair is iomchuí, achoimrí ar thoradh chruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, agus na ceanglais maidir le cosaint sonraí á n-urramú aige san am céanna.
- (66) Ba cheart feidhm maidir le *Eurojust* a bheith ag Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (67) Ba cheart feidhm maidir le *Eurojust* a bheith ag Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (68) Ba cheart na forálacha is gá agus na rialacha sonracha is infheidhme maidir le baill foirne uile *Eurojust* agus baill dá dteaghlach a leagan síos i gcomhaontú ceanncheathrún maidir le cóiríocht do *Eurojust* sa Bhallstát ina bhfuil a cheanncheathrú aige, is é sin an Ísiltír. Ba cheart don Bhallstát óstach na dálaí is fearr is féidir a chur ar fáil le haghaidh fheidhmiú *Eurojust*, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach a mbeidh gné Eorpach ag baint léi agus naisc iomchuí iompair, chun acmhainní daonna ardcháilíochta a mhealladh ó cheantar geografach chomh forleathan agus is féidir.
- (69) Ba cheart *Eurojust*, mar a bhunaítear leis an Rialachán seo é, bheith ina chomharba dlíthiúil ar *Eurojust* arna bhunú le Cinneadh 2002/187/CGB i ndáil lena oibleagáidí conarthacha ar fad, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta, dliteanais agus maoin arna fáil. Ba cheart comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag *Eurojust* a bunaíodh ar bhonn an Chinnidh sin a bheith i bhfeidhm i gcónaí.
- (70) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon eintiteas a bhunú a bheidh freagrach as tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir údarais bhreithiúnacha na mBallstát i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanamh difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (71) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 agus Airteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl an dá Bhallstát sin rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 a bhaineann le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (*Euratom*) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

- (72) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an TEU agus leis an CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (73) Chuathas i gcomhairle leis an MECS i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 5 Márta 2014.
- (74) Urramaítear na cearta bunúsacha agus na coimircí ina n-iomláine leis an Rialachán seo mar aon leis na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

BUNÚ, CUSPÓIRÍ AGUS CÚRAIMÍ EUROJUST

Airteagal 1

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil a bhunú

1. Bunaítear leis seo Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (*Eurojust*).
2. Gabhfaidh *Eurojust*, faoi mar a bhunaítear leis an Rialachán seo é, ionad *Eurojust* arna bhunú le Cinneadh 2002/187/CGB agus tiocfaidh sé i gcomharbacht air.
3. Beidh pearsantacht dhlíthiúil ag *Eurojust*.

Airteagal 2

Cúraimí

1. Tacóidh agus treiseoidh *Eurojust* leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach a bhfuil *Eurojust* inniúil ar dhéileáil léi i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (3), sa chás ina ndéanann an choir sin difear do dhá Bhallstát nó níos mó, nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, ar bhonn oibríochtaí arna seoladh agus ar bhonn na faisnéise arna tabhairt ag údaráis na mBallstát, ag *Europol*, ag *OIPE* agus ag *OLAF*.
2. Agus é ag cur a chuid cúraimí chun feidhme, déanfaidh *Eurojust* an méid seo a leanas:
 - (a) cuirfidh sé san áireamh aon iarraidh a thagann ó údaráis inniúil Ballstáit nó aon fhaisnéis a thugann údaráis, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá inniúil de bhua forálacha arna nglacadh laistigh de chreat na gConarthaí agus aon fhaisnéis arna bailiú ag *Eurojust* féin;
 - (b) éascóidh sé iarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a chomhlíonadh, lena n-áirítear iarrataí agus cinntí atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.
3. Déanfaidh *Eurojust* a chuid cúraimí arna iarraidh sin d'údaráis inniúla na mBallstát nó ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do *OIPE* laistigh de theorainneacha inniúlacht an *OIPE*.

Airteagal 3

Inniúlacht Eurojust

1. Beidh *Eurojust* inniúil i dtaca leis na foirmeacha coireachta tromchúisí atá liostaithe in Iarscríbhinn I. Ón dáta a bheidh *OIPE* i mbun a chuid cúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh i gcomhréir le hAirteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, áfach, ní fheidhmeoidh *Eurojust* a inniúlacht maidir le coireanna a thagann faoi inniúlacht *OIPE*, seachas sna cásanna sin lena bhfuil baint freisin ag Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe tráth bunaithe an *OIPE* agus arna iarraidh sin do na Ballstáit sin nó arna iarraidh sin do *OIPE*.
2. Feidhmeoidh *Eurojust* a inniúlacht i leith coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i gcásanna a bhaineann le Ballstáit atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe maidir le *OIPE* a bhunú ach nach bhfuil inniúlacht ag *OIPE* ina leith nó a chinneann sí gan a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

Chuirge sin, rachaidh Eurojust, OIPE agus na Ballstáit lena mbaineann i gcomhairle le chéile agus oibreoidh i gcomhar le chéile chun feidhmiú inniúlachta aige a éascú faoin mír seo. Déanfar na mionsonraí praiticiúla maidir le feidhmiú na hinniúlachta faoin mhír seo a rialú le socrú oibre dá dtagraítear in Airteagal 47(3).

3. Maidir le foirmeacha coireachta seachas na cinn a liostaítear in Iarscríbhinn I, féadfaidh Eurojust freisin, i gcomhréir lena chuid cúraimí, cabhrú le himscrúduithe agus le hionchúisimh arna iarraidh sin d'údarás inniúil Ballstáit.

4. Cumhdófar faoi inniúlacht Eurojust cionta coiriúla a bhaineann leis na cionta coiriúla a liostaítear in Iarscríbhinn I. Measfar na catagóirí seo a leanas a bheith ina gcionta coiriúla:

- (a) cionta coiriúla arna ndéanamh chun caoi a fháil na coireanna tromchúiseacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a dhéanamh;
- (b) cionta coiriúla arna ndéanamh chun na coireanna tromchúiseacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a éascú nó a dhéanamh;
- (c) cionta coiriúla arna ndéanamh chun a áirithiú go mbeidh said siúd a dhéanann na coireanna tromchúiseacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I saor ó pionós.

5. Arna iarraidh sin d'údarás inniúil Ballstáit, féadfaidh Eurojust cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh freisin nach ndéanann difear ach don Bhallstát sin agus do thríú tír, ar choinníoll go bhfuil comhaontú comhair nó socrú lena mbunaítear comhar de bhun Airteagal 52 tugtha i gcrích leis an tríú tír sin nó i gcás sonracha ina bhfuil leas bunúsach ann maidir le cúnamh den chineál sin a chur ar fáil.

6. Arna iarraidh sin d'údarás inniúil Ballstáit nó don Choimisiún, féadfaidh Eurojust cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh nach ndéanann difear ach don Bhallstát sin ach lena mbaineann iarmhairtí ar leibhéal an Aontais. Sula ngníomhóidh sé arna iarraidh sin don Choimisiún, rachaidh Eurojust i gcomhairle le húdarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann. Féadfaidh an t-údarás inniúil sin, laistigh de sprioc-am arna shocrú ag Eurojust, cur in aghaidh fhorghníomhú na hiarrata ag Eurojust, agus bonn cirt á thabhairt lena sheasamh aige i ngach cás.

Airteagal 4

Feidhmeanna oibríochtúla Eurojust

1. Déanfaidh Eurojust an méid seo a leanas:

- (a) údaráis inniúla na mBallstát a chur ar an eolas faoi imscrúduithe agus ionchúisimh ar cuireadh ar an eolas é fúthu a bhfuil iarmhairtí acu ar leibhéal an Aontais nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do Bhallstáit seachas na Ballstáit sin lena mbaineann go díreach;
- (b) cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát an comhordú is fearr is féidir ar imscrúduithe agus ionchúisimh a áirithiú;
- (c) cúnamh a thabhairt chun an comhar a fheabhsú idir údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe ar bhonn anailísí *Europol*;
- (d) oibriú i gcomhar agus dul i gcomhairle leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla, lena n-áirítear úsáid a bhaint as bunachar sonraí an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh sin agus cur lena fheabhsú;
- (e) oibriú i ndlúthchomhar le OIPE ar ábhair a bhaineann lena inniúlacht;
- (f) tacaíocht oibríochtúil, theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil d'oibríochtaí agus d'imscrúduithe trasteorann na mBallstát, lena n-áirítear comhfhoirne imscrúdaithe;
- (g) tacú le hionaid saineolais an Aontais, agus nuair is iomchuí a bheith rannpháirteach iontu, arna bhforbairt ag *Europol* agus ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais;
- (h) oibriú i gcomhar le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, mar aon le gréasáin arna mbunú i réimse na sairse, na slándála agus an cheartais arna rialú faoi Theideal V de CFAE;
- (i) tacú le gníomhaíocht na mBallstát ó thaobh na foirmeacha coireachta tromchúisí a liostaítear in Iarscríbhinn I a chomhrac.

2. Agus é i mbun a chuid cúraimí, féadfaidh Eurojust na nithe seo a leanas a iarraidh ar údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, agus a chúiseanna á dtabhairt aige:

- (a) imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh ar ghníomhartha sonracha;
- (b) glacadh leis go bhféadfadh ceann amháin acu a bheith i riocht níos fearr chun tabhairt faoi imscrúdú nó gníomhartha sonracha a ionchúiseamh;
- (c) comhordú idir údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann;

- (d) comhfhoireann imscrúdaithe a bhunú i gcomhréir leis na hionstraimí comhair ábhartha;
 - (e) aon fhaisnéis is gá chun a chuid cúraimí a dhéanamh a thabhairt dó;
 - (f) bearta speisialta imscrúdaithe a dhéanamh;
 - (g) aon bheart eile a dhéanamh a bhfuil bonn cirt leis i ndáil leis an imscrúdú nó leis an ionchúiseamh.
3. Ina theannta sin, féadfaidh *Eurojust*:
- (a) tuairimí a thabhairt do *Europol* atá bunaithe ar anailísí arna ndéanamh ag *Europol*;
 - (b) tacaíocht lóistíochta a sholáthar, lena n-áirítear aistriúchán, ateangaireacht agus cruinnithe comhordaithe a eagrú.
4. I gcás nach féidir le dhá Bhallstát nó níos mó teacht ar chomhaontú maidir le cé acu ba cheart imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh tar éis iarraidh a fháil faoi phointe (a) nó (b) de mhír 2, eiseoidh *Eurojust* tuairim scríofa maidir leis an gcás. Cuirfidh *Eurojust* an tuairim ar aghaidh chuig na Ballstáit lena mbaineann láithreach.
5. Arna iarraidh sin d'údarás inniúil, nó ar a thionscnamh féin, eiseoidh *Eurojust* tuairim scríofa faoi dhiúltuithe nó deacrachtaí leanúnacha maidir le hiarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a fhorghníomhú, lena n-áirítear iarrataí agus cinntí atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ar choinníoll nach féidir é a réiteach trí chomhaontú frithpháirteach idir na húdaráis náisiúnta inniúla nó trí rannpháirtíocht na gcomhaltaí náisiúnta lena mbaineann. Cuirfidh *Eurojust* an tuairim ar aghaidh chuig na Ballstáit lena mbaineann láithreach.
6. Tabharfaidh údarás inniúla na mBallstát lena mbaineann freagra gan moill mhíchúí ar iarrataí ó *Eurojust* faoi mhír 2 agus ar na tuairimí i scríbhinn dá dtagraítear i míreanna 4 nó 5. Féadfaidh údarás inniúla na mBallstát diúltú na hiarrataí den chineál sin a chomhlíonadh nó cloí leis an tuairim i scríbhinn más rud é go ndéanfaidh an comhlíonadh dochar do leasanna bunúsacha slándála náisiúnta, go gcuirfeadh sé rath imscrúdaithe atá ar siúl i mbaol nó go gcuirfeadh sé sábháilteacht duine aonair i mbaol.

Airteagal 5

Feidhmeanna oibríochtúla agus feidhmeanna eile a fheidhmiú

1. Gníomhóidh *Eurojust* trí cheann amháin nó níos mó de na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann agus é i mbun aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nó (2). Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, díreoidh an Coláiste ar shaincheisteanna oibríochtúla agus ar aon saincheist eile a bhaineann go díreach le cúrsaí oibríochtúla. Ní bheidh baint ag an gColáiste le cúrsaí riaracháin ach a mhéid is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar a fheidhmeanna oibríochtúla.
2. Gníomhóidh *Eurojust* mar Choláiste:
- (a) agus é i mbun aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nó (2):
 - (i) arna iarraidh sin ag ceann amháin nó níos mó de na comhaltaí náisiúnta arb abahr inmí dóibh cás a bhfuil *Eurojust* ina bhun;
 - (ii) nuair a bhaineann an cás le himscrúduithe nó ionchúisimh a bhfuil iarmhairtí acu ar leibhéal an Aontais nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do Bhallstáit seachas na Ballstáit sin lena mbaineann go díreach;
 - (b) agus é i mbun aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(3), (4) nó (5);
 - (c) nuair is ceist ghinearálta a bhaineann lena chuspóirí oibríochtúla a bhaint amach atá i gceist;
 - (d) agus buiséad bliantúil *Eurojust* á ghlacadh, agus sa chás sin déantar an cinneadh sin le tromlach dhá thrian dá chuid comhaltaí;
 - (e) agus an doiciméad clárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15 nó agus an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí *Eurojust* á nglacadh, sa chás sin déantar an cinneadh sin le tromlach dhá thrian dá chuid comhaltaí;
 - (f) agus an tUachtarán agus na Leas-Uachtaráin á dtoghadh nó á ndífhostú aige faoi Airteagal 11;
 - (g) agus an Stiúrthóir Riaracháin á cheapadh aige nó, nuair is iomchuí, agus tréimhse oifige an Stiúrthóra Riaracháin á sineadh aige, nó agus é nó í á chur nó á cur as oifig aige faoi Airteagal 17;
 - (h) agus socrúithe oibre faoi Airteagal 47(3) agus Airteagal 52 á nglacadh aige;
 - (i) agus rialacha á nglacadh aige chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i dtaobh a chuid comhaltaí, lena n-áirítear maidir leis an dearbhú leasanna a dhéanann siad;
 - (j) agus tuarascálacha, páipéir bheartais, treoirlínte chun leasa údarás náisiúnta agus tuairimí a bhaineann le hobair oibríochtúil *Eurojust* á nglacadh aige nuair is doiciméid de chineál straitéiseach iad;

- (k) agus giúistísí idirchaidrimh á gceapadh aige i gcomhréir le hAirteagal 53;
- (l) agus aon chinneadh á dhéanamh aige nach luaitear go sainráite leis an mBord Feidhmiúcháin sa Rialachán seo nó nach bhfuil faoi fhreagracht an Stiúrthóra Riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 18;
- (m) i gcás ina bhfuil foráil eile maidir leis sa Rialachán seo.

3. Agus é ag comhlíonadh a chuid cúraimí, cuirfidh *Eurojust* in iúl an bhfuil sé ag gníomhú trí cheann amháin nó níos mó de na comhaltaí náisiúnta nó mar Choláiste.

4. Féadfaidh an Coláiste cúraimí riaracháin breise a shannadh don Stiúrthóir Riaracháin agus don Bhord Feidhmiúcháin seachas na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 16 agus in Airteagal 18, i gcomhréir lena chuid riachtanas oibríochtúil.

Más gá mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Coláiste cinneadh sealadach a dhéanamh tarmligean chumhachtaí an údarais cheapacháin chuig an Stiúrthóir Riaracháin chomh maith leo siúd arna bhfo-tharmligean aige nó aici féin a chur ar fionraí go sealadach agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir Riaracháin.

5. Is trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí a ghlacfaidh an Coláiste rialacha nós imeachta *Eurojust*. I gcás nach féidir teacht ar chomhaontú trí thromlach dhá thrian, glacfar an cinneadh trí thromlach simplí. Déanfaidh an Chomhairle na rialacha nós imeachta *Eurojust* a ghlacadh de bhithin gníomhartha cur chun feidhme.

CAIBIDIL II

STRUCHTÚR AGUS EAGAR EUROJUST

ROINN I

Struchtúr

Airteagal 6

Struchtúr Eurojust

Is éard a bheidh i *Eurojust*:

- (a) na comhaltaí náisiúnta;
- (b) an Coláiste;
- (c) an Bord Feidhmiúcháin;
- (d) an Stiúrthóir Riaracháin.

ROINN II

Comhaltaí Náisiúnta

Airteagal 7

Stádas na gcomhaltaí náisiúnta

1. Beidh comhalta náisiúnta amháin ar iasacht ó gach Ballstát ag *Eurojust* i gcomhréir lena chóras dlí. Beidh a ghnátháit nó a gnátháit oibre ag an comhalta náisiúnta ag suíomh *Eurojust*.

2. Beidh ionadaí amháin agus Cúntóir amháin de chúnamh ag gach comhalta náisiúnta. I prionsabal beidh gnátháit oibre ag an ionadaí agus ag an gCúntóir i suíomh *Eurojust*. Féadfaidh gach Ballstát cinneadh a dhéanamh go mbeidh a ghnátháit nó a gnátháit oibre ag an ionadaí agus ag an gCúntóir nó acu araon ina mBallstát. Má ghlacann Ballstáit cinneadh den chineál sin, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choláiste. Féadfaidh an Coláiste iarraidh ar an mBallstát an t-ionadaí nó iad ar aon a shannadh chun oibriú ag suíomh *Eurojust* ar feadh tréimhse shonraithe ama, más gá sin de réir riachtanais oibríochtúla *Eurojust*. Comhlíonfaidh an Ballstát iarraidh den chineál sin ón gColáiste gan mhoill mhíchuí.

3. Féadfaidh ionadaithe nó Cúntóirí breise a bheith de chúnamh ag an ionadaí náisiúnta agus, más gá agus le comhaontú an Choláiste, féadfaidh *Eurojust* a bheith mar ghnátháit oibre acu. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do *Eurojust* agus don Choimisiún maidir le ceapadh na gcomhaltaí náisiúnta, na n-ionadaithe agus na gCúntóirí.

4. Beidh stádas Ionchúisitheora, breithimh nó ionadaí údarais bhreithiúnaigh ag comhaltaí náisiúnta agus ionadaithe agus beidh inniúlachtaí atá cóibhéiseach le hinniúlachtaí ionchúisitheora nó breithimh acu faoina ndlí náisiúnta. Tabharfaidh na Ballstáit na cumhachtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo dóibh ar a laghad ionas gur féidir leo a gcuid cúraimí a dhéanamh.

5. Mairfidh téarmaí oifige na gcomhaltaí náisiúnta agus a n-ionadaithe cúig bliana, agus is féidir é a athnuachan uair amháin. I gcásanna nach féidir le hionadaí gníomhú thar ceann comhalta náisiúnta nó ina ionad nó ina hionad, fanfaidh an comhalta náisiúnta in oifig faoi réir thoilíú a mBallstáit, ar dhul in éag dá théarma nó dá téarma oifige, go dtí go ndéanfar a théarma nó a téarma a athnuachan nó go dtí go gcuirfear duine ina ionad nó ina hionad.
6. Ceapfaidh na Ballstáit comhaltaí náisiúnta agus ionadaithe ar bhonn ardleibhéal taithe praiticiúil agus ábhartha a bhfuil cruthúnas uirthi i réimse an cheartais choiriúil.
7. Beidh an t-ionadaí in ann gníomhú thar ceann an chomhalta náisiúnta nó ina ionad nó na hionad. Féadfaidh Cúntóir gníomhú thar ceann an chomhalta náisiúnta nó ina ionad freisin má tá stádas dá dtagraítear i mír 4 aige nó aici.
8. Díreofar an fhaisnéis oibríochtúil a mhalartaítear idir *Eurojust* agus na Ballstáit trí na comhaltaí náisiúnta.
9. Is é an Ballstát tionscnaimh a íocfaidh tuarastail agus luach saothar na gcomhaltaí náisiúnta, na n-ionadaithe agus na gCúntóirí, gan dochar d'Airteagal 12.
10. I gcás ina ngníomhaíonn na comhaltaí náisiúnta, na hionadaithe agus na Cúntóirí faoi chreat chúraimí *Eurojust*, measfar an caiteachas ábhartha a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a bheith ina chaiteachas oibríochtúil.

Airteagal 8

Cumhachtaí na gcomhaltaí náisiúnta

1. Beidh sé de chumhacht ag na comhaltaí náisiúnta:
 - (a) éascaíocht a dhéanamh nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile i ndáil le haon iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach nó ar chúnamh frithpháirteach a eisiúint agus a chomhlíonadh;
 - (b) dul i dteagmháil go díreach agus faisnéis a mhalartú le haon údarás náisiúnta inniúil ón mBallstát nó le haon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear OIPE;
 - (c) dul i dteagmháil go díreach le haon údarás idirnáisiúnta inniúil agus faisnéis a mhalartú leis, i gcomhréir le ceangaltas idirnáisiúnta a mBallstáit;
 - (d) bheith rannpháirteach i gcomhfhóirne imscrúdaithe lena n-áirítear ina mbunú.
2. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh Ballstáit tuilleadh cumhachtaí a dheonú do na comhaltaí náisiúnta i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Tabharfaidh na Ballstáit sin fógra foirmiúil faoi na cumhachtaí sin don Choimisiún agus don Choláiste.
3. Le comhaontú an údarais náisiúnta inniúil, féadfaidh na comhaltaí náisiúnta na nithe seo a leanas a dhéanamh, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta:
 - (a) aon iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach nó ar aitheantas frithpháirteach a eisiúint nó a chomhlíonadh;
 - (b) bearta imscrúdaitheacha a ordú, a iarraidh nó a fhorghníomhú dá bhforáiltear i dTreoir 2014/14/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
4. I gcásanna éigeandála nuair nach féidir an t-údarás inniúil náisiúnta a shainaitheint nó teagmháil a dhéanamh leis in am trátha, beidh comhaltaí náisiúnta inniúil chun na bearta dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ar choinníoll go gcuirfidh siad an t-údarás inniúil náisiúnta ar an eolas a luaithe is féidir.
5. Féadfaidh an comhalta náisiúnta togra a thíolacadh chuig an údarás inniúil náisiúnta chun na bearta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 a chomhlíonadh, i gcás ina mbeadh deonú na gcumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 ag an comhalta náisiúnta sin i gcoinbhleacht:
 - (a) le rialacha bunreachtúla Ballstáit; nó
 - (b) le gnéithe bunúsacha de chóras náisiúnta ceartais choiriúil an Bhallstáit sin i dtaca leis an méid seo a leanas:
 - (i) comhroinnt na gcumhachtaí idir na póilíní, na hionchúisitheoirí agus na breithiúna,

⁽¹⁾ Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Fianaise Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

(ii) comhroinnt fheidhmiúil na gcúraimí idir na húdaráis ionchúisimh; nó

(iii) struchtúr cónaidhmeach an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Áiríteoidh na Ballstáit, sna cásanna dá dtagraítear i mír 5, go ndéileálfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta leis an togra óna gcomhalta náisiúnta gan mhoill mhíchuí.

Airteagal 9

Rochtain ar chlár náisiúnta

Beidh rochtain ag na comhaltaí náisiúnta ar na cineálacha clár seo a leanas óna mBallstát, nó beidh siad in ann an fhaisnéis atá iontu a fháil ar a laghad, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta:

(a) taifid choiriúla;

(b) clár na ndaoine gafa;

(c) clár imscrúdaithe;

(d) clár DNA;

(e) clár eile de chuid údaráis phoiblí a mBallstáit i gcás inar gá faisnéis den chineál sin chun a gcuid cúraimí a dhéanamh.

ROINN III

An Coláiste

Airteagal 10

Comhdhéanamh an Choláiste

1. Beidh an Coláiste comhdhéanta de:

(a) na comhaltaí náisiúnta uile; agus

(b) agus ionadaí amháin ón gCoimisiún nuair a chomhlíonann an Coláiste a chuid feidhmeanna bainistíochta.

Ba cheart gurbh é an duine céanna arb é nó í a ainmneofar mar ionadaí an Choimisiúin faoin gcéad fhomhír ionadaí an Choimisiúin ar an mBord Feidhmiúcháin faoi Airteagal 16(4).

2. Freastalóidh an Stiúrthóir Riaracháin ar chruinnithe bainistíochta an Choláiste, ach ní bheidh ceart vótála aige.

3. Féadfaidh an Coláiste cuireadh a thabhairt d'aon duine a bhféadfadh a thuairim a bheith ina díol spéise freastal ar a chuid cruinnithe mar bhreathnóir.

4. Féadfaidh comhaltaí an Choláiste, faoi réir fhorálacha rialacha nós imeachta *Eurojust*, cúnaimh a fháil ó chomhairleoirí nó ó shaineolaithe.

Airteagal 11

Uachtarán agus Leas-Uachtarán Eurojust

1. Toghfaidh an Coláiste Uachtarán agus beirt Leas-Uachtarán as na comhaltaí náisiúnta trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí. I gcás nach bhféadfar tromlach dhá thrian a bhaint amach tar éis an dara babhta den toghchán, toghfar na Leas-Uachtaráin trí thromlach simplí de chomhaltaí an Choláiste, cé go mbeidh gá i gcónaí le tromlach dhá thrian chun an tUachtarán a thoghadh.

2. Comhlíonfaidh an tUachtarán a chuid nó a cuid feidhmeanna thar cheann an Choláiste. I dtaca leis an Uachtarán:

(a) déanfaidh sé nó sí ionadaíocht thar ceann *Eurojust*;

(b) gairfidh sé nó sí cruinnithe den Choláiste agus den Bhord Feidhmiúcháin, beidh sé ina chathaoirleach ar na cruinnithe sin agus coinneoidh sé an Coláiste ar an eolas faoi shaincheistean arb ábhar suime dó iad;

(c) stiúróidh sé nó sí obair an Choláiste agus déanfaidh sé faireachán ar bhainistiú laethúil *Eurojust* ag an Stiúrthóir Riaracháin;

(d) déanfaidh sé nó sí aon fheidhmeanna eile a leagtar amach i rialacha nós imeachta *Eurojust* a fheidhmiú.

3. Feidhmeoidh na Leas-Uachtaráin na feidhmeanna a leagtar amach i mír 2 a gcuirfidh an tUachtarán de chúram orthu. Rachaidh siad in ionad an Uachtaráin má choimeádtar é nó í óna chuid nó óna cuid dualgas a chomhlíonadh. Cabhróidh foireann riaracháin *Eurojust* leis an Uachtarán agus leis an Leas-Uachtarán agus iad ag comhlíonadh a ndualgas sonrath.
4. Mairfidh tréimhse oifige an Uachtaráin agus na Leas-Uachtarán 4 bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.
5. Nuair a thogfar comhalta náisiúnta ina Uachtarán nó ina Leas-Uachtarán ar *Eurojust*, cuirfear síneadh lena théarma oifige chun a áirithiú gur féidir leis nó léi a fheidhm mar Uachtarán nó Leas-Uachtarán a chomhlíonadh.
6. I gcás nach gcomhlíonfaidh an Uachtarán nó an Leas-Uachtarán na coinníollacha a thuilleadh atá riachtanach chun a chuid nó a cuid cúraimí a dhéanamh, féadfaidh an Coláiste é nó í a dhífhostú tar éis moladh a fháil ó thrian dá chomhaltaí. Glacfar an cinneadh bunaithe ar thromlach dhá thrian de chomhaltaí an Choláiste, seachas an tUachtarán nó an Leas-Uachtarán lena mbaineann.
7. I gcás ina dtoghtar comhalta náisiúnta ina Uachtarán nó ina Leas-Uachtarán ar *Eurojust* féadfaidh an Ballstát lena mbaineann duine eile a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige a thabhairt ar iasacht chun an deasc náisiúnta a threisiú ar feadh thréimhse shainordú an té a thoghtar ina Uachtarán nó ina Leas-Uachtarán.

Beidh an Ballstát a chinneadh duine den chineál sin a thabhairt ar iasacht i dteideal cur isteach ar chúiteamh i gcomhréir le hAirteagal 12.

Airteagal 12

Sásra cúitimh le haghaidh toghcháin do phost an Uachtaráin

1. Faoi 12 Nollaig 2019, cinneadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sásra le haghaidh cúitimh chun críche Airteagal 11(7), a chuirfear ar fáil do Bhallstáit a dtoghtar a gcomhalta náisiúnta ina Uachtarán.
2. Beidh an cúiteamh ar fáil d'aon Bhallstát más rud é:
 - (a) go mbeidh a chomhalta náisiúnta tofa ina Uachtarán; agus
 - (b) n-iarrfaidh sé cúiteamh ón gColáiste agus ina dtabharfaidh sé bonn cirt don riachtanas chun a dheasc náisiúnta a threisiú bunaithe ar mhéadú ar ualach oibre.
3. Beidh an cúiteamh a chuirfear ar fáil cothrom le 50 % de thuarastal náisiúnta an té a bheadh ar iasacht. Cuirfear cúiteamh maireachtála agus speansais ghaolmhara eile ar fáil ar bhonn inchomparáide lena gcuirtear ar fáil d'oifigigh de chuid an Aontais nó do sheirbhísigh eile ar iasacht thar lear.
4. Bainfear costais an tsásra cúitimh as buiséad *Eurojust*.

Airteagal 13

Cruinnithe an Choláiste

1. Tionólfadh an tUachtarán cruinnithe an Choláiste.
2. Réachtálfadh an Coláiste cruinniú amháin ar a laghad in aghaidh na míosa. Ina theannta sin, tiocfaidh sé le chéile arna iarraidh sin don Choimisiún chun cúraimí riaracháin an Choláiste a phlé, nó arna iarraidh sin d'aon trian dá chomhaltaí.
3. Seolfadh *Eurojust* chuig OIPE na cláir oibre ó chruinnithe an Choláiste nuair a phléifear ceisteanna atá ábhartha maidir le comhlíonadh chúraimí OIPE. Tabharfaidh *Eurojust* cuireadh don OIPE rannpháirt a ghlacadh sna cruinnithe sin, gan cead vótála aige. I gcás ina gcuirfear cuireadh chuig OIPE chun freastail ar chruinniú de chuid an Choláiste, cuirfidh *Eurojust* na doiciméid ábhartha a thacaíonn leis an gclár oibre ar fáil dó.

Airteagal 14

Rialacha vótála an Choláiste

1. Mura luaitear a mhalairt, agus mura féidir teacht ar chomhthoil, is trí thromlach a chomhaltaí a dhéanfaidh an Coláiste a chinntí.
2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. In éagmais comhalta vótála, beidh an t-ionadaí aige i dteideal a cheart vótála a fheidhmiú faoi raon na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(7). In éagmais an ionadaí, beidh an Cúntóir aige i dteideal a cheart vótála a fheidhmiú freisin faoi raon na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(7).

Airteagal 15

Clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil

1. Faoin 30 Samhain gach bliain, glacfaidh an Coláiste doiciméad clársceidealaithe ina mbeidh an clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, ar bhonn dréachta arna ullmhú ag an Stiúrthóir Riaracháin, agus tuairim an Choimisiúin á cur san áireamh. Cuirfidh an Coláiste an doiciméad clársceidealaithe ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig OIPE. Tiocfaidh an doiciméad clársceidealaithe chen bheith críochnaitheach tar éis ghlacadh deiridh bhuiséad ginearálta an Aontais agus, déanfar coigeartú air dá réir, más gá.
2. Cuimseofar sa chlár oibre bliantúil cuspóirí mionsonraithe agus torthaí ionchais lena n-áirítear táscairí feidhmíochta, trína ndéanfar meastóireacht ar na cuspóirí agus na torthaí sin. Beidh cur síos ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú chomh maith le léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna arna leithdháileadh ar gach gníomh, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil ar aon dul leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 4. Sonrófar ann go soiléir cad iad na cúraimí breise a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe.
3. Déanfaidh an Coláiste an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a thabharfar cúram nua do *Eurojust*. Glacfar le haon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil tríd an nós imeachta céanna lena glacadh an clár oibre bliantúil tosaigh. Féadfaidh an Coláiste an chumhacht chun leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an Stiúrthóir Riaracháin.
4. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán, lena n-áirítear na cuspóirí, an straitéis le haghaidh comhair le húdaráis na dtríú tíortha agus le eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 52, na torthaí ionchais agus na táscairí feidhmíochta. Leagfar amach ann freisin clársceidealú acmhainní, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil agus an fhoireann. Déanfar an clársceidealú acmhainní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Déanfar an clársceidealú straitéiseach a thabhairt cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí, agus go háirithe chun dul i ngleic le toradh na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 69.

ROINN IV

An Bord Feidhmiúcháin

Airteagal 16

Feidhmiú an Bhoird Feidhmiúcháin

1. Beidh Bord Feidhmiúcháin de chúnamh ag an gColáiste. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as cinntí riaracháin a dhéanamh chun feidhmiú cuí *Eurojust* a áirithiú. Déanfaidh sé maoirseacht ar obair riachtanach ullmhúcháin an Stiúrthóra Riaracháin maidir le saincheisteanna eile riaracháin chun go nglacfaidh an Coláiste iad. Ní bheidh baint aige le feidhmeanna oibríochtúla *Eurojust* dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5.
2. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin dul i gcomhairle leis an gColáiste agus a chuid cúraimí á gcomhlíonadh aige.
3. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an méid seo a leanas freisin:
 - (a) doiciméad clársceidealaithe *Eurojust* dá dtagraítear in Airteagal 15 a athbhreithniú bunaithe ar an dréacht a ullmhóidh an Stiúrthóir Riaracháin agus iad a chur ar aghaidh chuig an gColáiste lena nglacadh;
 - (b) straitéis frithchialaoise a ghlacadh le haghaidh *Eurojust*, atá comhréireach leis na rioscaí calaoise, agus costais agus tairbhí na mbeart atá le cur chun feidhme á gcur san áireamh agus a bheidh bunaithe ar dhréacht a ullmhóidh an Stiúrthóir Riaracháin;
 - (c) rialacha iomchuí cur chun feidhme a ghlacadh lena dtugtar feidhm do Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (“Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh”) agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile an Aontais Eorpaigh (“na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile”) a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68⁽¹⁾ i gcomhréir le hAirteagal 110 de;
 - (d) a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar na torthaí agus na moltaí ag eascairt ó thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí nó seachtraí, ó mheastóireachtaí agus ó imscrúduithe, lena n-áirítear iad siúd de chuid an MECS agus OLAF;
 - (e) gach cinneadh a ghlacadh faoi bhunú struchtúir inmheánacha riaracháin *Eurojust* agus, nuair is gá, faoi leasú a dhéanamh orthu;

⁽¹⁾ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

- (f) gan dochar do fhreagrachtaí an Stiúrthóra Riaracháin, a leagtar amach in Airteagal 18, beidh sé de chúnadh aige agus tabharfaidh sé comhairle dó maidir le cur chun feidhme chinntí an Choláiste, d'fhonn maoirseacht ar bhainistiú riaracháin agus buiséadach a threisiú.
- (g) tabhairt faoi aon chúraimí breise eile riaracháin a shannfaidh an Coláiste dó faoi Airteagal 5(4);
- (h) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le *Eurojust* a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 64;
- (i) i gcomhréir le hAirteagal 110 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, cinneadh a ghlacadh a bhunófar ar Airteagal 2(1) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile lena dtarmilgítear cumhachtaí an údaráis ceapacháin ábhartha chuig an Stiúrthóir Riaracháin agus lena mbunaítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmilgean cumhachtaí sin a chur ar fionraí; beidh údarás ag an Stiúrthóir Riaracháin na cumhachtaí sin a fho-tharmilgean;
- (j) dréachtbhuiséad bliantúil *Eurojust* a athbhreithniú lena ghlacadh ag an gColáiste;
- (k) dréacht-thuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí *Eurojust* a athbhreithniú agus í a chur ar aghaidh chuig an gColáiste lena glacadh;
- (l) oifigeach cuntasáíochta agus oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh a bheidh neamhspleách go feidhmiúil i gcomhlíonadh a ndualgas.

4. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta d'Uachtarán agus de Leas-Uachtarán an Choláiste, d'ionadaí amháin ón gCoimisiún agus de bheirt chomhaltaí eile de chuid an Choláiste a ainmneofar de réir córais uainíochta dhá bhliain i gcomhréir le rialacha nós imeachta *Eurojust*. Freastalóidh an Stiúrthóir Riaracháin ar chruinnithe an Bhord Feidhmiúcháin gan ceart vótála a bheith aige.

5. Beidh Uachtarán *Eurojust* ina chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin a chinntí trí thiomlath dá chomhaltaí. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. I gcás comhionannas vótaí, beidh vóta réitigh ag Uachtarán *Eurojust*.

6. Tiocfaidh deireadh le tréimhse oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin nuair a thiocfaidh deireadh lena dtéarma mar chomhaltaí náisiúnta, mar Uachtarán nó mar Leas-Uachtarán.

7. Tiocfaidh an Bord Feidhmiúcháin le chéile uair sa mhí ar a laghad. Ina theannta sin, tiocfaidh sé le chéile ar thionscnamh a Chathaoirligh nó arna iarraidh sin don Choimisiún nó do bheirt dá chomhaltaí eile ar a laghad.

8. Seolfaidh *Eurojust* clár oibre ó chruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin chuig OIPE agus rachaidh sé i gcomhairle le OIPE maidir leis an ngá le bheith páirteach sna cruinnithe sin. Tabharfaidh *Eurojust* cuireadh do OIPE páirt a ghlacadh, gan ceart vótála a bheith aige, aon uair a phléifear na saincheisteanna atá ábhartha d'fheidhmiú OIPE.

I gcásanna ina gcuirfear cuireadh chuig OIPE chun freastal ar chruinniú de chuid an Bhoird Feidhmiúcháin, cuirfear na doiciméid ábhartha a thacaíonn leis an gclár oibre ar fáil dó.

ROINN V

An Stiúrthóir Riaracháin

Airteagal 17

Stádas an Stiúrthóra Riaracháin

1. Ceapfar an Stiúrthóir Riaracháin mar ghníomhaire sealadach de chuid *Eurojust* faoi phointe (a) d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

2. Ceapfaidh an Coláiste an Stiúrthóir Riaracháin, as liosta iarrthóirí arna moladh ag an mBord Feidhmiúcháin, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach i gcomhréir le rialacha nós imeachta *Eurojust*. Chun críche conradh fostaíochta leis an Stiúrthóir Riaracháin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Uachtarán *Eurojust* ionadaíocht thar ceann *Eurojust*.

3. Mairfidh tréimhse oifige an Stiúrthóra Riaracháin ar feadh 4 bliana. Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin measúnú ina gcuirfear san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Riaracháin.

4. Féadfaidh an Coláiste, ag gníomhú ar thogra ón mBord Feidhmiúcháin ina gcuirtear san áireamh an measúnú dá dtagraítear i mír 3, tréimhse oifige an Stiúrthóra Riaracháin a shíneadh uair amháin, ar feadh 4 bliana ar a mhéid.

5. Ní fhéadfaidh Stiúrthóir Riaracháin a ndearnadh a thréimhse oifige a shíneadh a bheith rannpháirteach i nós imeachta roghnúcháin eile le haghaidh an phoist chéanna ag deireadh na tréimhse foriomláine.
6. Beidh an Stiúrthóir Riaracháin freagrach don Choláiste.
7. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Riaracháin a dhífhostú ach de bhun cinneadh ón gColáiste ag gníomhú dó ar thogra ón mBord Feidhmiúcháin.

Airteagal 18

Freagrachtaí an Stiúrthóra Riaracháin

1. Chun críocha riaracháin, déanfaidh an Stiúrthóir Riaracháin bainistiú ar *Eurojust*.
2. Gan dochar do chumhachtaí an Choláiste ná an Bhoird Feidhmiúcháin, beidh an Stiúrthóir Riaracháin go hiomlán neamhspleách maidir lena chuid dualgas nó lena cuid dulagas a fheidhmiú agus ní iarrfaidh sé ná sí ná ní thógfaidh sé ná sí treoracha ó aon rialtas ná aon chomhlacht eile.
3. Beidh an Stiúrthóir Riaracháin mar ionadaí dlí do *Eurojust*.
4. Beidh an Stiúrthóir Riaracháin freagrach as na cúraimí a sannadh do *Eurojust* a chur chun feidhme, go háirithe:
 - (a) riarachán laethúil *Eurojust* agus **bainistiú foirne**;
 - (b) na cinntí arna nglacadh ag an gColáiste agus ag an mBord Feidhmiúcháin a chur chun feidhme;
 - (c) an doiciméad clársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 15 a ullmhú agus é a thíolacadh chuig an mBord Feidhmiúcháin lena athbhreithniú;
 - (d) an doiciméad clársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 15 a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin agus don Choláiste maidir lena chur chun feidhme;
 - (e) an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí *Eurojust* a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena hathbhreithniú agus faoi bhráid an Choláiste lena glacadh;
 - (f) plean gníomhaíochta a ullmhú ina ndéanfar obair leantach ar chonclúidí na dtuarascálacha, na meastóireachtaí agus na n-imscrúduithe inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear iad siúd ón MECS agus ó OLAF, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn dhá uair sa bhliain don Choláiste, don Bhord Feidhmiúcháin, don Choimisiún agus do MECS;
 - (g) straitéis frithchhalaoise le haghaidh *Eurojust* a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena glacadh;
 - (h) na dréacht-rialacha airgeadais is infheidhme maidir le *Eurojust* a ullmhú;
 - (i) dréacht-ráiteas *Eurojust* faoi mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú agus a bhuiséad a chur chun feidhme;
 - (j) na cumhachtaí a fheidhmiú i ndáil le baill foirne *Eurojust* a dheonaigh Rialacháin Foirne Oifigeach ar an údarás ceapacháin agus a dheonaigh Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile ar an údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta seirbhíseach eile a thabhairt chun críche (“cumhachtaí an údaráis ceapacháin”);
 - (k) a áirithiú go gcuirfear an tacaíocht riaracháin is gá ar fáil chun obair oibríochtúil *Eurojust* a éascú;
 - (l) a áirithiú go gcuirfear an tacaíocht ar fáil don Uachtarán agus don Leas-Uachtarán agus iad i mbun a gcúraimí;
 - (m) dréacht-togra le haghaidh bhuiséad bliantúil *Eurojust* a ullmhú, agus déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin é a athbhreithniú sula nglacfaidh an Coláiste é.

CAIBIDIL III

ÁBHAIR OIBRÍOCHTÚLA

Airteagal 19

Sásra don Bhuanchóras Comhordúcháin

1. D'fhonn a chuid cúraimí a chomhlíonadh i gcásanna práinneacha, feidhmeoidh *Eurojust* sásra bhuanchóras comhordúcháin (“OCC”) a bheidh in ann iarrataí a chuirtear faoina bhráid a ghlacadh agus a phróiseáil aon tráth. Beidh OCC in ann teagmháil a dhéanamh leis an sásra don bhuanchóras comhordúcháin, 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine.

2. Rachaidh OCC ar iontaoibh ionadaí amháin i ngach Ballstát agus d'fhéadfadh an comhalta náisiúnta, a ionadaí, nó Cúntóir a bheith i gceist, arb ionadaí é atá i dteideal teacht in ionad an chomhalta náisiúnta nó na saineolaithe náisiúnta ar iasacht. Beidh ionadaí OCC in ann gníomhú ar bhonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine.

3. Gníomhóidh na hionadaithe OCC ar Ghlaodhualgas go héifeachtúil, gan mhoill, maidir leis an iarraidh ina mBallstát a chomhlíonadh.

Airteagal 20

Córas Eurojust um Chomhordú Náisiúnta

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhfhreagraí náisiúnta amháin nó níos mó do *Eurojust*.

2. Beidh na scileanna agus an saineolas is gá ag na comhfhreagraithe náisiúnta uile arna gceapadh ag na Ballstáit faoi mhír 1 chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

3. Bunóidh gach Ballstát córas *Eurojust* um chomhordú náisiúnta lena áirithiú go ndéanfar comhordú ar an obair arna déanamh acu seo a leanas:

(a) comhfhreagraithe náisiúnta *Eurojust*;

(b) aon chomhfhreagraithe náisiúnta le haghaidh saincheistanna a bhaineann le hinniúlacht OIPE;

(c) comhfhreagraí náisiúnta do *Eurojust* le haghaidh ábhair scéimhlitheoireachta;

(d) comhfhreagraí náisiúnta an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair choiriúla agus suas le trí phointe teagmhála eile den Ghréasán Breithiúnach Eorpach sin;

(e) ionadaithe náisiúnta nó pointí teagmhála an Ghréasáin um chomhghoirne imscrúdaithe agus comhaltaí náisiúnta nó pointí teagmhála na nGréasán a bunaíodh le Cinntí 2002/494/CGB, 2002/845/CGB agus 2008/852/CGB;

(f) i gcás inarb infheidhme, aon údarás breithiúnach ábhartha eile.

4. Coimeádfaidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 a bpost a agus a stádas faoin dlí náisiúnta gan tionchar suntasach a bheith aige sin orthu agus iad i mbun a gcuid dualgas a fheidhmiú faoin Rialachán seo.

5. Beidh comhfhreagraithe náisiúnta do *Eurojust* freagrach as feidhmiú a gcóras *Eurojust* um chomhordú náisiúnta. I gcás ina ndéantar roinnt comhfhreagraithe do *Eurojust* a ainmniú, beidh duine acu freagrach as feidhmiú a gcóras *Eurojust* um chomhordú náisiúnta.

6. Cuirfear an comhalta náisiúnta de *Eurojust* ar an eolas faoi gach cruinniú de chuid chóras náisiúnta *Eurojust* um chomhordú ina bpléifear cúrsaí a bhaineann le cásobair. Féadfaidh sé freastal ar chruinniú den chineál sin de réir mar is gá.

7. Laistigh den Bhallstát, éascóidh gach córas *Eurojust* um chomhordú náisiúnta cúraimí *Eurojust* a dhéanamh, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú go bhfaighidh an córas bainistithe cásanna dá dtagraítear in Airteagal 23 faisnéis atá bainteach leis an mBallstát lena mbaineann ar bhealach éifeachtach agus iontaoifa;

(b) cúnaimh a thabhairt chun a chinneadh ar cheart iarraidh a láimhseáil le cúnaimh ó *Eurojust* nó ón nGréasán Breithiúnach Eorpach;

(c) cúnaimh a thabhairt don chomhalta náisiúnta na húdaráis ábhartha a aithint i ndáil le hiarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a chomhlíonadh, lena n-áirítear iarrataí agus cinntí atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh;

(d) dlúthchomhar a choinneáil le haonad náisiúnta *Europol*, le pointí teagmhála eile de chuid an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh agus le húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha eile.

8. D'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear i mír 7 a bhaint amach, nascfar na daoine dá dtagraítear i mír 1 agus i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 3, agus féadfar go nascfar na daoine nó na húdaráis dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e) de mhír 3, leis an gcóras bainistithe cásanna i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 23, 24, 25 agus 34. Bainfear costas an naisc leis an gcóras bainistithe cásanna as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

9. Ní choiscfidh bunú chóras *Eurojust* um chomhordú náisiúnta ná ceapadh na gcomhfhreagrathé náisiúnta teagmhálacha díreacha idir an comhalta náisiúnta agus na húdaráis inniúla ina Bhallstát nó ina Ballstát.

Airteagal 21

Malartuithe faisnéise leis na Ballstáit agus idir comhaltaí náisiúnta

1. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát aon fhaisnéis atá riachtanach do *Eurojust* chun a chúraimí a chomhlíonadh a mhalartú leis faoi Airteagal 2 agus Airteagal 4 i gcomhréir leis na rialacha um chosaint sonraí is infheidhme. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4, i mír 5 agus i mír 6 den Airteagal seo ar a laghad san áireamh ann.

2. Ní thuigfear gurb ionann faisnéis a tharchur chuig *Eurojust* agus cúnaimh *Eurojust* a iarraidh sa chás lena mbaineann ach amháin má shonraíonn údarás inniúil gurb amhlaidh atá cúnaimh á iarraidh.

3. Déanfaidh na comhaltaí náisiúnta aon fhaisnéis is gá a mhalartú chun cúraimí *Eurojust* a chomhlíonadh, ina measc féin nó le húdaráis inniúla náisiúnta a mBallstáit, gan údarú roimh ré. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas go pras maidir le cás a bhaineann leo, go háirithe.

4. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir le bunú na comhghoirne imscrúdaithe agus maidir le torthaí obair na bhfoirne sin.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas gan moill mhíchúí maidir le haon chás a dhéanann difear do thrí Bhallstát ar a laghad a bhfuil iarrataí ar chomhar breithiúnach, nó cinntí maidir leo, lena n-áirítear iarrataí agus cinntí atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, tarchurtha chuig dhá Bhallstát ar a laghad lena aghaidh, i gcás ina mbeidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh an cion lena mbaineann inphionóis sa Bhallstáit iarrthach nó sa Bhallstát eisiúna le pianbhreith choimeáda nó le hordú coinneála ar feadh tréimhse 5 nó 6 bliana ar a laghad, a bheidh le cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann, agus ina n-áirítear é ar an liosta seo a leanas:

(i) gáinneáil ar dhaoine;

(ii) drochúsáid ghnéasach nó teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear pornagrafaíocht leanaí agus sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach;

(iii) gáinneáil ar dhrugaí;

(iv) gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna nó a gcomhpháirteanna nó a n-armlón nó a bpléascán;

(v) éilliú;

(vi) coireacht i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais;

(vii) brionnú airgid nó modhanna íocaíochta;

(viii) gníomhaíochtaí sciúrtha airgid;

(ix) coireacht ríomhaire;

(b) i gcás ina mbeidh táscairí fíriciúla ann go bhfuil eagraíocht choiriúil rannpháirteach;

(c) i gcás ina mbeidh táscairí ann go bhféadfadh gné thromchúiseach trasteorann nó frithiarmhairtí ar leibhéal an Aontais a bheith i gceist nó go bhféadfadh sé éifeacht a bheith aige ar Bhallstáit eile seachas na cinn a bhfuil baint dhíreach acu leis.

6. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) cásanna inar tháinig coimbhleachtaí dlínse chun cinn nó inar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn;

(b) seachadtaí rialaithe a dhéanann difear do thrí thír ar a laghad, ar Ballstáit iad péire acu ar a laghad;

(c) deacrachtaí nó diúltuithe leanúnacha maidir le hiarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a fhorghníomhú, lena n-áirítear iarrataí agus cinntí atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

7. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis a sholáthar i gcás sonrach ina ndéanfaí dochar do leasanna bunúsacha slándála náisiúnta; nó ina gcuirfí sábháilteacht daoine aonair i mbaol, dá ndéanfaí amhlaidh.

8. Ní dochar an tAirteagal seo do na coinníollacha arna socrú i gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó i socruithe idir na Ballstáit agus tríú tíortha, lena n-áirítear aon choinníollacha arna socrú ag tríú tíortha maidir le húsáid na faisnéise tar éis í a sholáthar.

9. Ní dochar an tAirteagal seo d'obleagáidí eile maidir le faisnéis a tharchur chuig *Eurojust*, lena n-áirítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle ⁽¹⁾.

10. Déanfar faisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar ar bhealach struchtúrtha arna bhunú ag *Eurojust*. Ní bheidh sé d'obleagáid ar an údarás inniúil náisiúnta an fhaisnéis den chineál sin a chur ar fáil i gcás ina mbeadh sí tíolactha chuig *Eurojust* cheana i gcomhréir le forálacha eile den Rialachán seo.

Airteagal 22

Faisnéis arna tabhairt ag Eurojust do na húdaráis náisiúnta inniúla

1. Tabharfaidh *Eurojust* faisnéis do na húdaráis náisiúnta inniúla maidir leis na torthaí ar phróiseáil na faisnéise, lena n-áirítear nasc a bheith ann le cásanna atá stóráilte cheana féin sa chóras bainistithe cásanna, gan moill mhíchuí. Féadfar sonraí pearsanta a bheith san áireamh san fhaisnéis sin.

2. I gcás ina n-iarraíodh údarás náisiúnta inniúil ar *Eurojust* faisnéis a thabhairt dó laistigh de thréimhse ama áirithe, déanfaidh *Eurojust* an fhaisnéis a tharchur laistigh den thréimhse ama sin.

Airteagal 23

An córas bainistithe cásanna, an t-innéacs agus comhaid oibre shealadacha

1. Bunóidh *Eurojust* córas bainistithe cásanna a bheidh comhdhéanta de chomhaid oibre shealadacha agus d'innéacs ina mbeidh sonraí pearsanta mar a thagraítear dóibh in Iarscríbhinn II agus sonraí nach sonraí pearsanta iad.

2. Is é cuspóir an chórais bainistithe cásanna:

(a) tacú le bainistíocht agus comhordú ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh a bhfuil *Eurojust* ag tabhairt cúnamh ina leith, go háirithe tríd an bhfaisnéis a chrostagairt;

(b) rochtain ar fhaisnéis maidir le himscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha a éascú;

(c) faireachán ar an dlíthiúlacht maidir le próiseáil sonraí pearsanta *Eurojust* agus ar chomhlíonadh na rialacha um chosaint sonraí is infheidhme ina leith a éascú;

3. Féadfar an córas bainistithe cásanna a nascadh leis an nasc slán teileachumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle ⁽²⁾.

4. Beidh tagairtí san innéacs do chomhaid oibre shealadacha arna bpróiseáil faoi chuimsiú *Eurojust* agus ní fhéadfar aon sonraí pearsanta a bheith ann seachas na sonraí sin dá dtagraítear i bpointe (1)(a) go (i), (k) agus (m) agus i bpointe (2) d'Iarscríbhinn II.

5. Agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí a phróiseáil faoi na cásanna aonair ar a bhfuil siad ag obair i gcomhad oibre sealadach. Déanfaidh siad rochtain ar an gcomhad oibre sealadach a cheadú don Oifigeach Cosanta Sonraí. Cuirfidh an comhalta náisiúnta lena mbaineann an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas maidir le gach comhad oibre sealadach nua a osclófar ina bhfuil sonraí pearsanta.

6. Ní fhéadfaidh *Eurojust* aon chomhad sonraí uathobrithe a bhunú seachas an córas bainistithe cásanna nó comhad oibre sealadach chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil. Féadfaidh an comhalta náisiúnta sonraí pearsanta a stóráil agus a anailísiú ar bhonn sealadach, áfach, chun a chinneadh an bhfuil sonraí den sórt sin ábhartha do chúraimí *Eurojust* agus an bhféadfar iad a áireamh sa chóras bainistithe cásanna. Féadfar na sonraí sin a choimeád ar feadh thréimhse suas le 3 mhí.

Airteagal 24

Feidhmiú na gcomhad oibre sealadach agus an innéacs

1. Osclóidh an comhalta náisiúnta lena mbaineann comhad oibre sealadach do gach cás a ndéanfar faisnéis a tharchur chuige ina leith a mhéid agus a bheidh an tarchur sin i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le hionstraimí dlíthiúla eile is infheidhme. Beidh an comhalta náisiúnta freagrach as na comhaid oibre shealadacha arna n-oscailt ag an gcomhalta náisiúnta sin a bhainistiú.

⁽¹⁾ Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le malartú faisnéise agus comhar i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta (IO L 253, 29.9.2005, lch. 22).

⁽²⁾ Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (OIL 348, 24.12.2008, lch. 130).

2. Cinnfidh an comhalta náisiúnta a d'oscail comhad oibre sealadach, ar bhonn gach cáis, an gcoinneofar srian ar an gcomhad oibre sealadach nó an dtabharfar rochtain air nó ar chodanna de, do chomhaltaí náisiúnta eile nó do bhaill foirne údaraithe *Eurojust* nó d'aon duine eile a bheidh ag obair thar ceann *Eurojust* agus a fuair an t-údarú riachtanach ón Stiúrthóir Riaracháin.

3. Cinnfidh an comhalta náisiúnta a d'oscail comhad oibre sealadach cén fhaisnéis a bhaineann leis an gcomhad oibre sealadach sin a iontrálfar san innéacs i gcomhréir le hAirteagal 23(4).

Airteagal 25

Rochtain ar an gcóras bainistithe cásanna ar an leibhéal náisiúnta

1. Sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna ní fhéadfaidh daoine dá dtagraítear in Airteagal 20 (3) rochtain a fháil ach ar an méid seo a leanas:

- (a) an t-innéacs, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a rinne an cinneadh na sonraí a iontráil san innéacs do rochtain den sórt sin go sainráite;
- (b) comhaid oibre shealadacha a d'oscail comhalta náisiúnta a mBallstáit;
- (c) comhaid oibre shealadacha a d'oscail comhaltaí náisiúnta ó Bhallstáit eile agus a bhfuair comhalta náisiúnta óna mBallstáit rochtain orthu, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a d'oscail an comhad oibre sealadach do rochtain den sórt sin go sainráite.

2. Déanfaidh an comhalta náisiúnta cinneadh, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, maidir leis an méid rochtana ar na comhaid oibre shealadacha arna thabhairt ina Bhallstát do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna.

3. Déanfaidh gach Ballstát cinneadh, tar éis dul i gcomhairle lena chomhalta náisiúnta, maidir leis an méid rochtana ar an innéacs arna thabhairt sa Bhallstát sin do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do *Eurojust* agus don Choimisiún maidir lena gcinneadh i ndáil le cur chun feidhme na míre seo. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

4. Beidh rochtain ar a laghad ag daoine ar tugadh rochtain dóibh i gcomhréir le mír 2 ar an innéacs sa mhéid is gá chun rochtain a fháil ar na comhaid oibre shealadacha ar tugadh rochtain orthu dóibh.

CAIBIDIL IV

PRÓISEÁIL FAISNÉISE

Airteagal 26

Sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag Eurojust

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo agus ag Airteagal 3 agus ag Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla arna bpróiseáil ag *Eurojust*, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta riaracháin arna bpróiseáil ag *Eurojust*, cé is moite de Chaibidil IX den Rialachán sin.

2. Maidir leis na tagairtí do “rialacha cosanta sonraí is infheidhme”, sa rialachán seo, tuigfear gur tagairtí iad do na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) .../2018.

3. Déanfar na rialacha cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla de chuid an Rialacháin seo a mheas mar rialacha sonracha cosanta sonraí i ndáil leis na rialacha ginearálta arna leagan síos in Airteagal 3 agus i gCaibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725.

4. Déanfaidh *Eurojust* na teorainneacha ama maidir le sonraí pearsanta riaracháin a stóráil a chinneadh sna forálacha cosanta sonraí ina rialacha nós imeachta.

Airteagal 27

Sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil

1. A mhéid is gá chun a chúraimí a fheidhmiú, ní fhéadfaidh *Eurojust* ach na sonraí pearsanta oibríochtúla atá liostaithe i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a phróiseáil ar mhodhanna uathoibríthe nó i gcomhaid struchtúrtha de láimh i gcomhréir leis an Rialachán seo, faoi chuimsiú a inniúlachta agus d'fhonn a fheidhmeanna oibríochtúla a dhéanamh, maidir le daoine a bhfuil forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint, faoi dhlí náisiúnta na mBallstát lena mbaineann, go bhfuil cion coiriúil déanta acu nó go bhfuil siad ar tí cion coiriúil a dhéanamh, ar cion é a bhfuil *Eurojust* inniúil ina leith, nó maidir le daoine a ciontaíodh as cion den sórt sin.

2. Ní fhéadfaidh Eurojust na sonraí pearsanta oibríochtúla atá liostaithe i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a phróiseáil ach maidir le daoine a mheastar a bheith ina bhfinnéithe nó ina n-íospartach nó ina bpáirtithe eile i gcion coiriúil, amhail daoine a d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí orthu fianaise a thabhairt in imscrúdú nó in ionchúiseamh coiriúil i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha coireachta agus na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, daoine atá in ann faisnéis a chur ar fáil faoi chionta coiriúla, nó teagmhálacha nó comhpháirtithe duine dá dtagraítear i mír 1 iad. Ní fhéadfar próiseáil ar shonraí pearsanta oibríochtúla den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá gá leis chun cúraimí Eurojust a chomhlíonadh, faoi chuimsiú a inniúlachta agus d'fhonn a fheidhmeanna oibríochtúla a dhéanamh.

3. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh Eurojust, ar feadh tréimhse theoranta nach mbeidh níos faide ná an méid ama is gá chun an cás lena mbaineann na sonraí arna bpróiseáil a thabhairt i gcrích, sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil freisin nuair atá gá lena bpróiseáil chun na críocha atá sonraithe i mír 1, seachas na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus a bhaineann le cúinsí ciona nuair atá dlúthbhaint acu le himscrúduithe leanúnacha a bhfuil Eurojust ag comhordú nó ag cabhrú lena gcomhordú. Cuirfear an tOifigeach Cosanta Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 36 ar an eolas láithreach i gcás ina ndéantar sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil agus cuirfear ar an eolas é maidir leis na cúinsí sonracha lena dtugtar bonn cirt don ghá atá leis na sonraí pearsanta oibríochtúla sin a phróiseáil. I gcás ina dtagraítear d'fhinnéithe nó d'íospartaigh de réir bhrí mhír 2 den Airteagal seo i sonraí eile den sórt sin, is iad na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann a dhéanfaidh an cinneadh iad a phróiseáil i gcomhpháirtíocht.

4. Féadfaidh Eurojust catagóirí speisialta de sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 76 de Rialachán (AE) 2018/1725. Ní dhéanfar sonraí den sórt sin a phróiseáil san innéacs dá dtagraítear in Airteagal 23(4) den Rialachán seo. I gcás ina dtagraítear d'fhinnéithe nó d'íospartaigh laistigh de réir bhrí mhír 2 den Airteagal seo i sonraí eile den sórt sin, is iad na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann a dhéanfaidh an cinneadh iad a phróiseáil.

Airteagal 28

Próiseáil faoi údarás Eurojust nó phróiseálaí

An próiseálaí agus aon duine atá ag gníomhú faoi údarás Eurojust nó an phróiseálaí, agus a bhfuil rochtain aige ar sonraí pearsanta oibríochtúla, ní dhéanfaidh sé na sonraí sin a phróiseáil ach amháin ar threoracha a fháil chuige sin ó Eurojust, mura rud é go gceanglaítear air an méid sin a dhéanamh le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit.

Airteagal 29

Teorainneacha ama maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil

1. Ní dhéanfaidh Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla arna bpróiseáil ag Eurojust a stóráil ach le haghaidh na tréimhse ama a bheidh riachtanach chun na cúraimí a bheidh air a chur i gcrích. Go háirithe, gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, ní fhéadfar na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 27 a stóráil níos faide ná an chéad dáta is infheidhme i measc na ndátaí seo a leanas:

- (a) an dáta a mbeidh urchosc ar an ionchúiseamh faoi reacht na dtréimhsí i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann an t-imscrúdú nó na hionchúisimh;
- (b) an dáta a gcuirfear in iúl do Eurojust gur éigiontaíodh an duine agus gur tháinig an cinneadh breithiúnach le bheith ina chinneadh críochnaitheach, agus sa chás sin cuirfidh an Ballstát lena mbaineann Eurojust ar an eolas gan mhoill;
- (c) trí bliana tar éis an dáta a raibh an cinneadh breithiúnach sa Bhallstát deireanach lena mbaineann an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh ina chinneadh críochnaitheach;
- (d) an dáta ar bhunaigh nó ar chomhaontaigh Eurojust agus na Ballstáit lena mbaineann go frithpháirteach nach raibh gá ann a thuilleadh go ndéanfaidh Eurojust comhordú ar an imscrúdú agus ar na hionchúisimh, ach amháin má tá oibleagáid ann an fhaisnéis sin a thabhairt do Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 21(5) nó (6).
- (e) trí bliana tar éis an dáta a ndearnadh na sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 21(5) nó (6).

2. Déanfar athbhreithniú leanúnach chun a áirithiú go bhfuiltear ag cloí leis na spriocamanna stórála dá dtagraítear i mír 1 le próiseáil oiriúnach uathoibríthe arna riar ag Eurojust, go háirithe ón tráth a gcuirfidh Eurojust an cás a chur i gcrích. Déanfar athbhreithniú freisin ar an ngá atá leis na sonraí a stóráil gach 3 bliana tar éis iad a iontráil; bainfidh torthaí athbhreithnithe den chineál sin leis an gcás ina iomláine. Má stóráiltear na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 27(4) ar feadh tréimhse a sháraíonn cúig bliana, cuirfear an MECS ar an eolas dá réir.

3. Sula dtéann ceann amháin de na spriocamanna stórála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in éag, déanfaidh Eurojust athbhreithniú ar an ngá atá leis na sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil ar bhonn leantach i gcás inar gá sin agus fad a bheidh gá leis ionas go mbeidh sé in ann a chuid cúraimí a fheidhmiú agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh ar bhonn maolaithe na sonraí sin a stóráil go dtí an chéad athbhreithniú eile ina dhiaidh sin. Maidir leis na cúiseanna atá leis an stóráil leantach. Déanfar an bonn cirt atá leo a thabhairt agus iad a tháifeadh. Mura ndéantar aon chinneadh faoi stóráil leantach sonraí pearsanta oibríochtúla tráth an athbhreithnithe, scriosfar na sonraí sin go huathoibríoch.

4. I gcás ina ndearnadh sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil, i gcomhréir le mír 3, tar éis na spriocanna stórála dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an MECS athbhreithniú ar an ngá atá leis na sonraí sin a stóráil gach 3 bliana freisin.
5. A luaithe a bheidh an spriocam maidir leis an mír dheiridh de na sonraí uathoibrithe ón gcomhad a stóráil imithe in éag, scriosfar gach doiciméad sa chomhad, ach amháin aon doiciméid bhunaidh a fuair *Eurojust* ó údaráis náisiúnta agus ar gá iad a thabhairt ar ais dá soláthraí.
6. I gcás ina ndearna *Eurojust* imscrúdú nó ionchúisimh a chomhordú, cuirfidh na comhaltaí náisiúnta a chéile a chur ar an eolas aon uair a bhfaighidh siad faisnéis go ndearnadh an cas a dhíbhe, nó gur tháinig gach cinneadh breithiúnach a bhaineann leis an gcás le bheith críochnaitheach.
7. Ní bheidh feidhm ag mír 5 i gcás:
 - (a) go ndéanfadh sé sin damáiste do leas ábhair sonraí a bhfuil cosaint ag teastáil uaidh nó uaithi; i gcásanna den sórt sin, ní úsáidfear na sonraí ach amháin le toiliú sainráite agus i scríbhinn an ábhair sonraí;
 - (b) go gcuireann an t-ábhar sonraí pearsanta oibríochtúla in aghaidh chruinneas na sonraí; sna cásanna sin ní bheidh feidhm ag mír 5 ar feadh tréimhse a chuireann ar chumas na mBallstát nó *Eurojust*, de réir mar is iomchúí, cruinneas na sonraí den chineál sin a fhíorú;
 - (c) nach mór na sonraí pearsanta oibríochtúla a choimeád chun críocha cruthúnais nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint; or
 - (d) go gcuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne na sonraí pearsanta oibríochtúla a léirscrios agus go n-iarrann sé nó sí, ina ionad sin, srian a chur lena n-úsáid; nó
 - (e) tá gá go fóill leis na sonraí pearsanta oibríochtúla chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail nó chun críocha staidrimh.

Airteagal 30

Slándáil sonraí pearsanta oibríochtúla

Déanfaidh *Eurojust* agus na Ballstáit sásraí a shainiú lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar na riachtanais slándála dá dtagraítear in Airteagal 91 de Rialachán (AE) 2018/1725 san áireamh ar fud teorainneacha córas faisnéise.

Airteagal 31

Ceart rochtana ag an ábhar sonraí

1. Féadfaidh aon ábhar sonraí ar mian leis nó léi an ceart chun rochtana ar shonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2018/1725 a bhaineann leis an ábhar sonraí agus a bhfuil *Eurojust* tar éis iad a phróiseáil a fheidhmiú iarraidh a dhéanamh ar *Eurojust* nó ar an údarás maoirseachta náisiúnta sa Bhallstát arb é rogha an ábhair sonraí. Déanfaidh an t-údarás sin an iarraidh sin a dhéanamh ar *Eurojust* gan mhoill, agus in aon chás laistigh de 1 mhí amháin óna fáil.
2. Tabharfaidh *Eurojust* freagra gan moill mhíchúí ar an iarraidh agus in aon chás laistigh de 3 mhí ón uair a bhfaighidh *Eurojust* é.
3. Rachadh *Eurojust* i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann maidir le cinneadh atá le déanamh mar fhreagra ar iarraidh. Ní ghlacfar an cinneadh faoi rochtain ar shonraí ag brath ar dhlúthchomhar ach ag *Eurojust* i gcomhar leis na Ballstáit a bhfuil baint dhíreach acu maidir leis na sonraí sin a chur in iúl. In aon chás ina gcuireann Ballstát i gcoinne fhreagra beartaithe *Eurojust*, tabharfaidh sé fógra do *Eurojust* faoi na cúiseanna lena chur i gcoinne. Cloífidh *Eurojust* leis an agóid sin. Ina dhiaidh sin, cuirfidh na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann fógra chuig na húdaráis inniúla faoi inneachar an chinnidh ó *Eurojust*.
4. Déileálfad na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann sí an iarraidh a láimhseáil agus tiocfaidh siad ar chinneadh thar ceann *Eurojust*. I gcás nach bhfuil na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann ar aon tuairim, cuirfidh siad an t-ábhar faoi bhráid an Choláiste, a dhéanfaidh a chinneadh ar an iarraidh trí thromlach dhá thrian.

*Airteagal 32***Teorainneacha leis an gceart rochtana**

Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 81 de Rialachán (AE) 2018/1725, cuirfidh *Eurojust* an t-ábhar sonraí ar an eolas tar éis dul i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 33***An ceart srian a chur le próiseáil**

Gan dochar do na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 29(7) den Rialachán seo, i gcás ina bhfuil srian curtha le próiseáil ar na sonraí pearsanta oibríochtúla faoi Airteagal 82(3) de Rialachán (AE) 2018/1725, ní dhéanfar próiseáil ar na sonraí pearsanta oibríochtúla sin ach amháin chun cosaint a thabhairt do chearta an ábhair sonraí nó duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá ina pháirtí nó ina páirtí sna imeachtaí a bhfuil *Eurojust* ina páirtí iontu, nó chun na gcríoch arna leagan síos in Airteagal 82(3) de Rialachán (AE) 2018/1725.

*Airteagal 34***Rochtain údaráithe ar shonraí pearsanta oibríochtúla laistigh de Eurojust**

Ní fhéadfaidh ach comhaltaí náisiúnta, a n-ionadaithe, a gCúntóirí agus saineolaithe náisiúnta údaráithe atá ar iasacht, na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) a mhéid atá na daoine sin nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna agus baill foirne údaráithe *Eurojust* rochtain a fháil, chun críche cúraimí *Eurojust* a bhaint amach, ar shonraí pearsanta oibríochtúla arna bpróiseáil ag *Eurojust* laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear in Airteagal 23, Airteagal 24 agus Airteagal 25.

*Airteagal 35***Taifid de chatagóirí na ngníomhaíochtaí próiseála**

1. Coimeádfaidh *Eurojust* taifead de chatagóirí na ngníomhaíochtaí próiseála a thagann faoina fhreagracht. Áireofar an fhaisnéis uile seo a leanas sa taifead sin:
 - (a) sonraí teagmhála *Eurojust* agus ainm agus sonraí teagmhála a Oifigigh Cosanta Sonraí;
 - (b) críocha na próiseála;
 - (c) tuairisc ar chatagóirí na n-ábhar sonraí agus ar chatagóirí na sonraí pearsanta oibríochtúla;
 - (d) catagóirí na bhfaighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, lena n-áirítear faighteoirí i dtríú tíortha nó in eagraíocht idirnáisiúnta;
 - (e) i gcás inarb infheidhme, liosta d'aistrithe sonraí pearsanta oibríochtúla go tríú tír nó go heagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin a shaináithint;
 - (f) i gcás inar féidir, na teorainneacha ama atá beartaithe chun catagóirí éagsúla sonraí a léirsciosadh;
 - (g) i gcás inar féidir, cur síos ginearálta ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 91 de Rialachán (AE) 2018/1725.
2. Is i scríbhinn, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a bheidh na taifid dá dtagraítear i mír 1.
3. Cuirfidh *Eurojust* an taifead ar fáil don MECS arna iarraidh sin.

*Airteagal 36***An tOifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú**

1. Déanfaidh an Bord Feidhmiucháin Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú. Beidh an tOifigeach Cosanta Sonraí ina chomhalta den fhoireann a cheapfar go sonrach chun na críche sin. I gcomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas, gníomhóidh an tOifigeach Cosanta Sonraí go neamhspleách agus ní fhéadfaidh sé nó sí treoracha a fháil.
2. Roghnófar an tOifigeach Cosanta Sonraí ar bhonn a cháilíochtaí gairmiúla nó a cailíochtaí gairmiúla agus, go háirithe, ar bhonn mhéid an tsaineolais atá ag an duine maidir le dlí agus cleachtas cosanta sonraí, agus chumas an duine na cúraimí faoi Airteagal 38 a chomhlíonadh.
3. Ní fhéadfaidh a bheith mar thoradh ar roghnú an Oifigigh Cosanta Sonraí go mbeadh an baol ann go gcruthófaí coinbhleacht leasa idir dualgais an Oifigigh mar an tOifigeach Cosanta Sonraí agus aon dualgais oifigiúla eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4. Déanfar an tOifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh ar feadh téarma 4 bliana agus beidh an tOifigeach Cosanta Sonraí incháilithe lena athcheapadh suas go tréimhse iomlán uasta 8 mbliana. Ní fhéadfaidh an Bord Bainistíochta an tOifigeach Cosanta Sonraí a dhífhostú óna phost nó óna post mar Oifigeach Cosanta Sonraí ach le cead ón MECS, mura gcomhlíonann sé nó sí a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a chuid nó a cuid dualgas a fheidhmiú.
5. Foilseoidh *Eurojust* sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus cuirfidh sé iad sin in iúl don MECS.

Airteagal 37

Post an Oifigigh Cosanta Sonraí

1. Áiritheoidh *Eurojust* go bhfuil baint ag an Oifigeach Cosanta Sonraí, go cuí agus go tráthúil, le gach saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.
2. Tacadh *Eurojust* leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 38 á gcur i gcrích aige nó aici trí na hacmhainní agus an fhoireann is gá a chur ar fáil dó nó di chun na cúraimí sin a chur i gcrích agus trí rochtain ar shonraí pearsanta agus ar oibríochtaí próiseála a chur ar fáil, agus chun a shaineolas nó a saineolas a choinneáil.
3. Áiritheoidh *Eurojust* nach bhfaighidh an tOifigeach Cosanta Sonraí treoracha ar bith maidir le cur i gcrích a chúraimí nó a cúraimí. Ní chuirfidh an Bord Bainistíochta an tOifigeach Cosanta Sonraí as a phost nó as a post ná ní ghearrfar pionós air agus a chúraimí nó a cúraimí á gcur i gcrích aige nó aici. Tabharfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí tuairisc go díreach don Cholaíste maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla agus don Bhord Feidhmiúcháin maidir le sonraí pearsanta riaracháin.
4. Féadfaidh ábhair sonraí dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le haon saincheist a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta agus maidir le feidhmiú a gceart faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725 .
5. Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme a bhaineann leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Bainfidh na rialacha cur chun feidhme sin go háirithe leis an nós imeachta roghnúcháin do phost an Oifigigh Cosanta Sonraí, lena dhífhostú nó a dífhostú, lena chúraimí nó a cúraimí, lena dhualgais nó lena dualgais agus le cumhachtaí agus coimircí neamhspleáchais an Oifigigh Cosanta Sonraí.
6. Beidh an tOifigeach Cosanta Sonraí agus a chuid nó a cuid foirne faoi cheangal na hoibleagáide chun rúndachta i gcomhréir le hAirteagal 72.
7. Féadfaidh an rialaitheoir agus an próiseálaí, an Coiste Foirne lena mbaineann agus aon duine aonair dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le saincheist ar bith a bhaineann le léiriú nó le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2018/1725 , gan dul trí na cainéil oifigiúla. Ní fhulaingeoidh aon duine dochar mar gheall ar ábhar a thugtar chun aire an Oifigigh Cosanta Sonraí arna líomhain gur tharla sárú ar fhorálacha an Rialacháin seo nó Rialachán (AE) 2018/1725.
8. Tar éis é nó í a ainmniú, cláróidh *Eurojust* an tOifigeach Cosanta Sonraí leis an MECS.

Airteagal 38

Cúraimí an Oifigigh Cosanta Sonraí

1. Beidh na cúraimí seo a leanas go háirithe ag an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil:
 - (a) a áirithiú, ar bhealach neamhspleách go gcomhlíonfaidh *Eurojust* forálacha cosanta sonraí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2018/1725 agus na forálacha ábhartha maidir le cosaint sonraí sna rialacha nós imeachta *Eurojust*; áirítear leis sin faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2018/1725, fhorálacha eile náisiúnta nó de chuid an Aontais a bhaineann le cosaint sonraí, agus bheartais *Eurojust*, maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear freagrachtaí a shannadh, ardú feasachta agus oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne atá comhlachaithe le hoibríochtaí próiseála, agus maidir leis na hiniúchtaí gaolmhara;
 - (b) fógra a thabhairt do *Eurojust* agus do na baill foirne a dhéanann an phróiseáil ar shonraí pearsanta, agus comhairle a chur orthu siúd chomh maith, faoi na hoibleagáidí atá orthu de bhun an Rialacháin seo, de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 agus de bhun fhorálacha eile de chuid an Aontais maidir le cosaint sonraí;
 - (c) comhairle a thabhairt nuair a iarrtar sin maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht de bhun Airteagal 89 de Rialachán (AE) 2018/1725;
 - (d) a áirithiú go ndéanfar taifead faoi aistriú agus faoi fháil sonraí pearsanta a choimeád i gcomhréir leis na forálacha a leagfar síos i rialacha nós imeachta *Eurojust*;

- (e) comhoibriú le baill foirne *Eurojust* atá freagrach as nósanna imeachta, oiliúint agus comhairle faoi phróiseáil sonraí;
 - (f) comhoibriú leis an MECS;
 - (g) a áirithiú go gcuirfead na hábhair shonraí ar an eolas faoina gcuid ceart faoin Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2018/1725;
 - (h) gníomhú mar phointe teagmhála don MECS; maidir le saincheistean a bhaineann le próiseáil, lena n-áirítear an réamhchomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (AE) 2018/1725, agus chun comhairliúchán a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, maidir le haon ábhar eile;
 - (i) comhairle a chur ar fáil nuair a iarrtar sin i ndáil leis an ngá atá le fógra a thabhairt nó a chur in iúl gur tharla sárú i ndáil le sonraí pearsanta de bhun Airteagal 92 agus le hAirteagal 93 de Rialachán (AE) 2018/1725;
 - (j) tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus an tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta, an Choláiste agus an MECS.
2. Comhlíonfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí na feidhmeanna dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta riaracháin.

3. Beidh rochtain ag an Oifigeach Cosanta Sonraí agus ag baill foirne *Eurojust* a thugann cúnamh don Oifigeach Cosanta Sonraí agus é no í i mbun a chuid dualgas nó a cuid dualgas a chomhlíonadh ar na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag *Eurojust* agus ar áitribh *Eurojust* a mhéid is gá chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh.

4. Má mheasann an tOifigeach Cosanta Sonraí nár comhlíonadh forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta riaracháin nó forálacha an Rialacháin seo agus/nó Airteagal 3 agus Chaibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, cuirfidh sé an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi, ag iarraidh air nó uirthi an neamhchomhlíonadh a réiteach laistigh de thréimhse shonraithe. Mura gcuirfidh an Bord Feidhmiúcháin neamhchomhlíonadh na próiseála i gceart laistigh den thréimhse shonraithe, cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí an t-ábhar faoi bhráid an MECS.

Airteagal 39

Fógra maidir le sárú ar shonraí pearsanta a thabhairt do na húdaráis lena mbaineann

1. I gcás sáraithe ar shonraí pearsanta, déanfaidh *Eurojust*, gan aon mhoill mhíchú, fógra a thabhairt maidir leis an sárú sin d'údarás inniúla na mBallstát lena mbaineann.
2. Leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, déanfar an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) tabharfar tuairisc ar an gcineál sáraithe atá ann i ndáil le sonraí pearsanta, lena n-áirítear, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, na catagóirí agus líon na n-ábhar sonraí lena mbaineann agus catagóirí agus líon na dtáifead sonraí lena mbaineann;
 - (b) tabharfar tuairisc ar iarmhairtí dóchúlacha an tsáraithe i ndáil le sonraí pearsanta;
 - (c) tabharfar tuairisc ar na bearta atá beartaithe nó atá déanta ag *Eurojust* chun dul i ngleic leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta; agus
 - (d) i gcás inarb iomchuí, molfar bearta chun na héifeachtaí díobhálacha a mhaolú a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú ar shonraí pearsanta.

Airteagal 40

Maoirsiú arna dhéanamh ag an MECS

1. Beidh an MECS freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le cosaint cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus as na gcur i bhfeidhm sin a áirithiú maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag *Eurojust* agus as comhairle a chur ar *Eurojust* agus ar ábhair sonraí maidir le gach ábhar a bhaineann le próiseáil pearsanta oibríochtúla. Chuige sin, comhlíonfaidh an MECS na dualgais a leagtar amach i mír 2 agus feidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí a thugtar i mír 3 den Airteagal seo, agus comhoibreoigh sé nó sí leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 42.
2. Faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725 beidh na dualgais seo a leanas ar an MECS:
 - (a) gearáin a éisteacht agus a imscrúdú, agus an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoin toradh laistigh de thréimhse ama réasúnach;

- (b) imscrúduithe a dhéanamh as a stuaim féin nó ar bhonn gearáin agus na hábhair sonraí a chur ar an eolas faoin toradh laistigh de thréimhse ama réasúnach;
- (c) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 a bhaineann le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag *Eurojust* agus an cur i bhfeidhm sin a áirithiú;
- (d) comhairle a chur ar *Eurojust*, ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin nó mar fhreagra ar chomhairliúchán, ar gach ábhar a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, go háirithe sula ndéanfaidh sé nó sí rialacha inmheánacha a tharraingt suas i ndáil le cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla.
3. Féadfaidh an MECS, faoin Rialachán seo agus Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, agus na himpleachtaí d'imscrúduithe agus ionchúisimh sna Ballstáit á gcur san áireamh:
- (a) comhairle a chur ar na hábhair sonraí maidir lena gcearta a fheidhmiú;
- (b) ábhar a chur faoi bhráid *Eurojust*, i gcás sárú líomhnaithe ar na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí a dhéanamh maidir leis an sárú sin a réiteach agus le cosaint na n-ábhar sonraí a fheabhsú;
- (c) dul i gcomhairle le *Eurojust* i gcás inar diúltaíodh d'iarrataí chun cearta áirithe maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a fheidhmiú, de shárú ar Airteagal 31, 32 nó 33 den Rialachán seo nó Airteagal 77 go Airteagal 82 nó Airteagal 84 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725;
- (d) rabhadh a thabhairt do *Eurojust*;
- (e) a ordú go ndéanfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a cheartú, a shrianadh nó a scriosadh, ar sonraí iad a rinne *Eurojust* a phróiseáil de shárú ar na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla agus fógra a thabhairt faoi na gníomhaíochtaí sin do thríú páirtithe ar nochtadh na sonraí sin dóibh; ar choinníoll nach gcuirfeadh sé sin isteach ar chúraimí *Eurojust* a leagtar amach in Airteagal 2;
- (f) an t-ábhar a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an "Chúirt") faoi na coinníollacha a leagtar amach sa CFAE;
- (g) idirghabháil a dhéanamh i gcaingne arna dtabhairt os comhair na Cúirte.
4. Beidh rochtain ag an MECS ar na sonraí pearsanta oibríochtúla arna bpróiseáil ag *Eurojust* agus ar áitribh *Eurojust* a mhéid is gá chun a chúraimí nó a cúraimí a chomhlíonadh.
5. Déanfaidh an MECS tuarascáil bhliantúil maidir lena gníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí maoirseachta i ndáil le *Eurojust* a tharraingt suas. Beidh an tuarascáil sin ina cuid de thuarascáil bhliantúil an MECS dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725. Iarrfar ar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a gcuid barúlacha a chur in iúl maidir leis an tuarascáil sin, sula ndéanfar cuid de thuarascáil bhliantúil MECS di, ar tuarascáil í dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725. Tabharfaidh an MECS lánaird ar na barúlacha a dhéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus, ar aon chaoi, déanfaidh sé tagairt dóibh sa tuarascáil bhliantúil.
6. Comhoibreoidh *Eurojust*, leis an MECS i gcomhlíonadh a chúraimí nó a cúraimí, arna iarraidh sin dó nó di.

Airteagal 41

Rúndacht ghairmiúil an MECS

1. Beidh an MECS agus a fhoireann nó a foireann, le linn agus tar éis a dtéarma oifige, faoi réir dualgas rúndachta gairmiúla i ndáil le faisnéis rúnda ar bith a bheidh curtha in iúl dóibh le linn dualgais oifigiúla a bheith á gcomhlíonadh acu.
2. Tabharfaidh an MECS lánaird, le linn dó nó di cumhachtaí maoirseachta an Mhaoirseora a fheidhmiú, ar rúndacht na bhfiosrúchán breithiúnach agus na n-imeachtaí coiriúla, i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit.

Airteagal 42

Comhar idir an MECS agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta

1. Gníomhóidh an MECS i ndlúthchomhar leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i ndáil le saincheisteanna a gceanglaítear rannpháirtíocht náisiúnta maidir leo, go háirithe má fhaigheann an MECS nó údarás maoirseachta náisiúnta neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó aistrithe a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach ina mbaintear úsáid as cainéil chumarsáide *Eurojust*, nó i gcomhthéacs ceisteanna arna gcur ag údarás maoirseachta náisiúnta amháin nó níos mó maidir le cur chun feidhme agus léiriú an Rialacháin seo.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, déanfar maoirseacht chomhordaithe a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 .

3. Coimeádfaidh an MECS údaráis mhaoirseachta náisiúnta ar an eolas go hiomlán faoi gach saincheist a bhfuil tionchar díreach aici orthu nó atá ábhartha dóibh ar bhealach eile. Arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó de na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, cuirfidh an MECS iad ar an eolas faoi cheisteanna sonracha.

4. I gcásanna a bhaineann le sonraí arna dtionscnamh ó Bhallstát amháin nó ó roinnt Ballstát, lena n-áirítear i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 43(3), rachaidh an MECS i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta lena mbaineann. Ní dhéanfaidh an MECS cinneadh maidir le gníomhaíocht bhreise a bheidh le déanamh sula gcuirfidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta sin a seasamh in iúl don MECS, laistigh de sprioc-am a shonróidh an MECS. Ní bheidh an sprioc-am sin níos giorra ná mí amháin ná níos faide ná trí mhí. Tabharfaidh an MECS lánaird ar sheasamh na n-údaráis náisiúnta maoirseachta lena mbaineann. I gcásanna nach mbeidh sé ar intinn ag an MECS a seasamh a leanúint, cuirfidh sé nó sí é sin in iúl dóibh, agus tabharfaidh sé nó sí an bonn cirt agus tarchuirfidh sé nó sí an t-ábhar chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

I gcásanna a mheasfaidh an MECS a bheith fíorphráinneach, féadfaidh sé nó sí a chinneadh beart a dhéanamh láithreach bonn. I gcásanna mar sin, cuirfidh an MECS na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta lena mbaineann ar an eolas láithreach agus tabharfaidh sé nó sí an bunús a bhaineann le práinn na staid agus an bonn cirt atá leis an ngníomhaíocht atá déanta aige nó aici.

5. Coinneoidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta an MECS ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a ghlacfaidh siad maidir le haistriú, le haisghabháil, nó le haon chur in iúl eile sonraí pearsanta oibríochtúla a dhéanfaidh na Ballstáit faoin Rialachán seo.

Airteagal 43

An ceart chun gearán a chur faoi bhráid an MECS i ndáil le sonraí pearsanta oibríochtúla

1. Beidh sé de cheart ag aon ábhar sonraí gearán a dhéanamh leis an MECS, má mheasann sé nó sí nach bhfuil forálacha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 á chomhlíonadh agus *Eurojust* ag próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann leis nó léi.

2. I gcás ina mbaineann gearán le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 31, 32 nó 33 den Rialachán seo nó Airteagal 80, Airteagal 81 nó Airteagal 82 de Rialachán (AE) 2018/1725 , rachaidh an MECS i gcomhairle le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta nó comhlacht breithiúnach inniúil an Bhallstáit a sholáthair na sonraí nó leis an mBallstát lena mbaineann go díreach. Agus a chinneadh nó a cinneadh á ghlacadh aige nó aici, ar cinneadh é a bhféadfaidh sé a bheith dá thoradh go ndiúltófar faisnéis ar bith a chur in iúl, cuirfidh an MECS tuairim an údaráis maoirseachta náisiúnta nó tuairim an chomhlachta bhreithiúnaigh inniúil san áireamh.

3. I gcás ina mbaineann gearán leis an bpróiseáil a dhéantar ar sonraí arna soláthar do *Eurojust* ag Ballstát, áiritheoidh an MECS agus údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit a chuir na sonraí ar fáil, agus iad ag feidhmiú laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí faoi seach, go ndearnadh i gceart na seiceálacha is gá maidir le dlíthiúlacht phróiseáil na sonraí.

4. I gcás ina mbaineann gearán leis an bpróiseáil a dhéantar ar sonraí arna soláthar do *Eurojust* ag comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, nó le próiseáil sonraí a d'aisghabh *Eurojust* ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí, áiritheoidh an MECS go ndearna *Eurojust* i gceart na seiceálacha is gá maidir le dlíthiúlacht phróiseáil na sonraí.

5. Cuirfidh an MECS an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéantar maidir leis an ngearán agus faoi thoradh an ghearáin, mar aon leis an bhféidearthacht leigheas breithiúnach a fháil de bhun Airteagal 44.

Airteagal 44

An ceart chun athbhreithniú breithiúnach i gcoinne an MECS

Tógtar caingne i gcoinne chinntí an MECS maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla os comhair na Cúirte.

Airteagal 45

Freagracht maidir le hábhair cosanta sonraí

1. Déanfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil ar bhealach lena mbeifear in ann an t-údarás a sholáthair na sonraí a shuí nó an áit ónar aisghabhadh na sonraí a dheimhniú.

2. Beidh an fhreagracht as cruinneas na sonraí pearsanta oibríochtúla orthu seo a leanas:

(a) *Eurojust* i gcás sonraí oibríochtúla arna dtarchur ag Ballstát, nó ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais i gcás ina ndearnadh na sonraí a soláthraíodh a athrú le linn do *Eurojust* próiseáil sonraí a dhéanamh;

- (b) an Ballstát nó an institiúid, an oifig, an comhlacht nó an gníomhaireacht de chuid an Aontais a sholáthair na sonraí do *Eurojust* i gcás nach ndearnadh na sonraí a soláthraíodh a athrú le linn do *Eurojust* próiseáil sonraí a dhéanamh;
- (c) *Eurojust* i gcás sonraí pearsanta oibríochtúla arna soláthar ag tríú tíortha nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus freisin maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a aisghabhadh ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

3. Is ar *Eurojust* a bheidh an fhreagracht as an gcomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta riaracháin agus as an gcomhlíonadh maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla faoin Rialachán seo agus faoi Airteagal 3 agus faoi Chaibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla.

Beidh an fhreagracht as dlíthiúlacht sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú orthu seo a leanas:

- (a) i gcás ina soláthraíonn an Ballstát na sonraí oibríochtúla pearsanta lena mbaineann do *Eurojust*, ar an mBallstát sin;
- (b) ar *Eurojust*, i gcás ina soláthraíonn sé na sonraí pearsanta oibríochtúla lena mbaineann do na Ballstáit, d'institiúidí, oifigí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.
4. Faoi réir forálacha eile de chuid an Rialacháin seo, beidh *Eurojust* freagrach as na sonraí uile arna bpróiseáil aige.

Airteagal 46

Dlíteanas i leith próiseáil neamhúdaráithe sonraí nó próiseáil mhícheart sonraí

1. Beidh *Eurojust* faoi dhlíteanas, i gcomhréir le hAirteagal 340 CFAE, i leith aon damáiste arna dhéanamh do dhuine aonair a eascraíonn as próiseáil neamhúdaráithe nó mhícheart sonraí arna déanamh aige.
2. Éistfidh an Chúirt gearáin i gcoinne *Eurojust* ar bhonn an dlíteanais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 268 den CFAE.
3. Beidh gach Ballstát faoi dhlíteanas, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, i leith aon damáiste arna dhéanamh do dhuine aonair a eascraíonn as próiseáil neamhúdaráithe nó mhícheart atá déanta aige ar shonraí a chuir sé in iúl do *Eurojust*.

CAIBIDIL V

CAIDREAMH LE COMHPHÁIRTITHE

ROINN I

Forálacha coiteanna

Airteagal 47

Forálacha coiteanna

1. Féadfaidh *Eurojust*, a mhéid is gá chun a chuid cúraimí a dhéanamh, caidreamh comhair a bhunú agus a choinneáil le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais i gcomhréir lena gcuspóirí na faoi sceach, le húdarais inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhréir leis an stráitéis dá dtagraítear in Airteagal 52.
2. A mhéid is a bhaineann sé lena chuid cúraimí a dhéanamh agus faoi réir aon srian arna shonrú de bhun Airteagal 21 (8) agus Airteagal 76, féadfaidh *Eurojust* aon fhaisnéis, a mhalartú go díreach leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cé is moite de shonraí pearsanta.
3. Chun na gcríoch a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2, féadfaidh *Eurojust* socruithe oibre a thabhairt i gcrích le heintitis dá dtagraítear i mír 1. Ní bheidh na socruithe oibre sin ina mbunús chun malartú sonraí pearsanta a cheadú agus ní bheidh siad ina gceangal ar an Aontas ná ar a Bhallstáit.
4. Féadfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta a fhaightear ó na heintitis dá dtagraítear i mír 1 a fháil agus a phróiseáil a mhéid is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh agus faoi réir na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.
5. Ní dhéanfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta a aistriú chuig institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ach amháin más gá sin chun a chúraimí a chomhlíonadh agus má tá sé i gcomhréir le hAirteagal 55 agus le hAirteagal 56. Más rud é gur Ballstát a sholáthair na sonraí atá le haistriú, gheobhaidh *Eurojust* an toiliú ón údarás inniúil sa Bhallstát sin, ach amháin má tá údarú roimh ré tugtha ag an mBallstát maidir le haistriú ar aghaidh den sórt sin, i dtéarmaí ginearálta nó faoi réir coinníollacha sonracha. Féadfar toiliú den sórt sin a tharraingt siar aon uair.

6. I gcás ina mbeaidh sonraí pearsanta faighte ó *Eurojust* ag na Ballstáit, ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, ag tríú tíortha nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, beidh toirmeasc ar aistriú sonraí den sórt sin ar aghaidh chuig tríú páirtithe ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas;

- (a) tá réamhthoilíú faighte ag *Eurojust* ón mBallstát a chuir na sonraí ar fáil;
- (b) toilíonn *Eurojust* go sainráite tar éis cúinsí an cháis atá idir lámha a mheas; agus
- (c) is chun críche cuspóra shonraigh nach bhfuil ar neamhréir leis an gcuspóir lenar tarchuireadh na sonraí agus chuige sin amháin an t-aistriú ar aghaidh.

ROINN II

Caidreamh le comhpháirtithe laistigh den aontas

Airteagal 48

Comhar leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach agus le gréasáin eile de chuid an Aontais atá rannpháirteach i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla

1. Beidh caidreamh pribhléideach idir *Eurojust* agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla, ar bhonn comhairliúcháin agus comhlántachta, go háirithe idir an comhalta náisiúnta, pointí teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh sa Bhallstát céanna mar chomhalta náisiúnta, agus na comhfhreagraithe náisiúnta do *Eurojust* agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach. Chun a áirithiú go mbeidh comhar éifeachtúil ann, déanfar na bearta seo a leanas:

- (a) ar bhonn cás ar chás, cuirfidh na comhaltaí náisiúnta pointí teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh ar an eolas faoi na cásanna uile a measann siad ina leith gurb é an Gréasán is fearr a bheadh in ann iad a láimhseáil;
- (b) beidh rúnaíocht an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh ina cuid d'fhoireann *Eurojust*: feidhmeoidh sí mar aonad ar leithligh; féadfaidh sí úsáid a bhaint as acmhainní riaracháin *Eurojust* ar gá iad chun cúraimí an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh a dhéanamh, lena n-áirítear costais chruinnithe iomlánacha an Ghréasáin a chumhdach;
- (c) féadfar cuireadh a thabhairt do phointí teagmhála de chuid an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh ar bhonn cás ar chás freastal ar chruinnithe *Eurojust*;
- (d) féadfaidh *Eurojust* agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach úsáid a bhaint as córas *Eurojust* um chomhordú náisiúnta agus e á chinneadh acu faoi phointe (b) d'Airteagal 20(7) ar cheart iarratas a láimhseáil le cúnaimh ó *Eurojust* nó ón nGréasán Breithiúnach Eorpach.

2. Beidh rúnaíocht Ghréasán na gcomhfhoirne imscrúdaithe agus Rúnaíocht an Ghréasáin arna bhunú ag Cinneadh Uimh. 2002/494/CGB ina gcuid d'fhoireann *Eurojust*. Feidhmeoidh na rúnaíochtaí sin mar aonaid ar leithligh. Féadfaidh siad úsáid a bhaint as acmhainní riaracháin *Eurojust* ar gá iad chun a gcúraimí a dhéanamh. Is é *Eurojust* a áiritheoidh an comhordú idir na rúnaíochtaí. Beidh feidhm ag an mír seo maidir le rúnaíocht aon Ghréasáin ábhartha atá páirteach i gcomhar breithiúnach in imeachtaí coiriúla dá bhfuil tacaíocht i bhfoirm rúnaíochta le soláthar ag *Eurojust*. Féadfaidh *Eurojust* tacaíocht a thabhairt, do ghréasáin agus comhlachtaí Eorpacha ábhartha a bhfuil baint acu le comhar breithiúnach in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí trí bhíthin rúnaíocht arna hóstáil ag *Eurojust*.

3. Féadfaidh an gréasán arna bhunú le Cinneadh 2008/852/CGB a iarraidh go soláthróidh *Eurojust* rúnaíocht don ghréasán sin. Má dhéantar iarraidh den sórt sin, beidh feidhm ag mír 2.

Airteagal 49

Caidreamh le Europol

1. Déanfaidh *Eurojust* na bearta uile is iomchuí chun a chur ar chumas *Europol*, laistigh de shainordú *Europol*, rochtain indéireach a bheith aige, ar bhonn córas "amas a fháil/gan amas a fháil", ar fhaisnéis arna soláthar ag *Eurojust*, gan dochar d'aon srianta arna sonrú ag an nBallstát, ag an gcomhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, ag an tríú tír nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta a sholáthair an fhaisnéis atá i gceist. I gcás amas a bheith ann, tionscnóidh *Eurojust* an nós imeachta lenar féidir an fhaisnéis as ar eascair an t-am as a chomhroinnt, i gcomhréir le cinneadh an Bhallstáit, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta de chuid an Aontais, an tríú tír nó na heagraíochta idirnáisiúnta a sholáthair an fhaisnéis do *Eurojust*.

2. Ní dhéanfar cuardaigh faisnéise i gcomhréir le mír 1 ach amháin chun a shainnithint an bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil ag *Europol*, agus an fhaisnéis arna próiseáil ag *Eurojust* ag teacht lena chéile.

3. Ní cheadóidh *Eurojust* cuardaigh i gcomhréir le mír 1 ach amháin tar éis faisnéis a fháil ó *Europol* ar cé na baill foirne de chuid *Europol* atá ainmnithe chun na cuardaigh sin a dhéanamh.

4. Más rud é, le linn ghníomhaíochtaí próiseála faisnéise *Eurojust* i leith imscrúdú aonair, go n-aithníonn *Eurojust* nó Ballstát go bhfuil gá le comhordú, le comhar nó le tacaíocht i gcomhréir le sainordú *Europol*, tabharfaidh *Eurojust* fógra faoi sin do *Europol* agus tionscnóidh sé an nós imeachta le haghaidh an fhaisnéis a chomhroinnt, i gcomhréir le cinneadh an Bhallstáit atá ag soláthar na faisnéise. Sa chás sin rachaidh *Eurojust* i gcomhairle le *Europol*.

5. Bunóidh agus coinneoidh *Eurojust* dlúthchomhar le *Europol*, a mhéid is ábhartha ar mhaithe le comhlíonadh chúraimí an dá ghníomhaireacht agus chun a gcuspóirí a bhaint amach, agus an gá le hathobair a sheachaint á chur san áireamh.

Chun na críche sin, tiocfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin *Europol* agus Uachtarán *Eurojust* le chéile ar bhonn rialta chun saincheisteanna ar ábhar leasa choitinn iad a phlé.

6. Urramóidh *Europol* aon srian le rochtain nó le húsáid, i dtéarmaí ginearálta nó sonracha, arna shonrú ag Ballstát, ag comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, ag trú tír nó ag eagraíocht idirnáisiúnta maidir le faisnéis a sholáthair sé nó sí.

Airteagal 50

Caidreamh le OIPE

1. Cuirfidh agus coinneoidh *Eurojust* dlúthchaidreamh ar bun le OIPE a bheidh bunaithe ar chomhar frithpháirteach laistigh dá sainorduithe agus inniúlachtaí faoi seach agus ar naisc fheidhmiúla, naisc riaracháin agus naisc bhainistíochta a fhorbairt eatarthu mar a shainítear san Airteagal seo. Chun na críche sin, tiocfaidh Uachtarán *Eurojust* agus an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach le chéile ar bhonn rialta chun saincheisteanna ar ábhar leasa choitinn iad a phlé. Tiocfaidh siad le chéile arna iarraidh sin d'Uachtarán *Eurojust* nó ag an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach.

2. Déileálfaidh *Eurojust* le hiarrataí ar thacaíocht a thiocfaidh ó OIPE gan moill mhíchúí, agus déileálfaidh sé leis na hiarrataí sin, i gcás inarb iomchúí, amhail is dá bhfaighfí iad ó údarás náisiúnta is inniúil do chomhar breithiúnach.

3. Nuair is gá, chun tacú leis an gcomhar arna bhunú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, bainfidh *Eurojust* úsáid as Córais *Eurojust* um Chomhordú Náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 20, chomh maith leis an gcaidreamh atá curtha ar bun aige le trú tíortha, lena n-áirítear a chuid giúistísí idirchaidrimh.

4. I gcúrsaí oibríochtúla atá ábhartha d'inniúlachtaí an OIPE, déanfaidh *Eurojust* OIPE a chur ar an eolas agus, i gcás inarb iomchúí, déanfaidh *Eurojust* í a chomhlachú lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le cásanna trasteorann, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a chomhroinnt, maidir lena chásanna, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha sa Rialachán seo;

(b) a iarraidh ar OIPE, tacaíocht a sholáthar.

5. Beidh rochtain indíreach ag *Eurojust* ar bhonn córas “amas a fháil/gan amas a fháil” ar fhaisnéis i gcóras bainistithe cásanna OIPE. Cibé uair a gheofar meaitseáil idir sonraí arna n-iontráil sa chóras bainistithe cásanna ag OIPE agus sonraí i seilbh *Eurojust*, cuirfear in iúl do *Eurojust* agus OIPE araon, agus don Bhallstát a sholáthair an fhaisnéis do *Eurojust*, go bhfuil meaitseáil ann. Déanfaidh *Eurojust* na bearta is iomchúí chun a chur ar chumas OIPE rochtain dhíreach a bheith aici ar fhaisnéis ina chóras bainistithe cásanna ar bhonn córas “amas a fháil/gan amas a fháil”.

6. Féadfaidh OIPE brath ar thacaíocht agus acmhainní riaracháin *Eurojust*. Chun na críche sin, féadfaidh *Eurojust* seirbhísí a bhfuil leas coiteann ag baint leo a sholáthar d'OIPE. Rialófar na mionsonraí le sonrú.

Airteagal 51

Caidreamh le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais

1. Cuirfidh agus coinneoidh *Eurojust* caidreamh comhair ar bun leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.

2. Cuirfidh OLAF le hobair comhordúcháin *Eurojust* maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, i gcomhréir lena shainordú faoi Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013.

3. Cuirfidh an Gníomhaireacht maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach le hobair *Eurojust* lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a tharchur a próiseáladh i gcomhréir lena shainordú agus lena chúraimí faoi phointe (m) d'Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. Is le Rialachán (AE) 2018/1725 a rialófar próiseáil sonraí pearsanta ag an nGníomhaireacht maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, i dtaca leis sin.

4. Chun críocha faisnéis a fháil agus a tharchur idir *Eurojust* agus OLAF, gan dochar d'Airteagal 8 den Rialachán seo, áiritheoidh na Ballstáit go measfar comhaltaí náisiúnta *Eurojust* a bheith ina n-údarás inniúla de chuid na mBallstát, chun críocha Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013, agus chun na gcríoch sin amháin. Ní dochar an malartú faisnéise idir OLAF agus comhaltaí náisiúnta d'oibleagáidí an fhaisnéis a thabhairt d'údarás inniúla eile faoi na Rialacháin sin.

ROINN III

Comhar idirnáisiúnta

Airteagal 52

Caidreamh le húdarás tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Féadfaidh *Eurojust* comhar a bhunú agus a chothabháil le húdarás tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Chun na críche sin, gach 4 bliana, i gcomhairle leis an gCoimisiún, ullmhóidh *Eurojust* straitéis um chomhar a léireoidh go beacht na tríú tíortha agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil gá oibríochtúil ann oibriú i gcomhar leo.

2. Féadfaidh *Eurojust* socruithe oibre a thabhairt i gcrích leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 47(1).

3. Féadfaidh *Eurojust* pointí teagmhála i dtríú tíortha a ainmniú, le comhaontú na n-údarás inniúil lena mbaineann, chun an comhar a éascú i gcomhréir leis na riachtanais oibríochtúla *Eurojust*.

Airteagal 53

Giúistísí idirchaidrimh a phostú chuig tríú tíortha

1. Chun comhar breithiúnach le tríú tíortha a éascú i gcásanna ina bhfuil *Eurojust* ag tabhairt cúnaimh i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh an Coláiste giúistísí idirchaidrimh a phostú chuig tríú tír faoi réir socrú oibre mar a thagraítear in Airteagal 47(3) le húdarás inniúla an tríú tír sin.

2. Áireofar ar na cúraimí a bheidh ag giúistísí idirchaidrimh aon ghníomhaíocht atá ceaptha chun aon chineál comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a spreagadh agus a ghéarú, go háirithe trí naisc dhíreacha a bhunú le húdarás inniúla an tríú tír lena mbaineann. I bhfeidhmiú a gcúraimí, féadfaidh na giúistísí idirchaidrimh sonraí pearsanta oibríochtúla a mhalartú le húdarás inniúla an tríú tír lena mbaineann chun a gcuid cúraimí a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 56.

3. Maidir leis an ngiúistísí idirchaidrimh dá dtagraítear i mír 1, beidh aige nó aici taithe ar bheith ag obair le *Eurojust* agus eolas leordhóthanach ar chomhar breithiúnach agus ar an dóigh a n-oibríonn *Eurojust*. Beidh postú giúistísí idirchaidrimh thar cheann *Eurojust* faoi réir réamhthoilithe an ghiúistísí agus a Bhallstát.

4. I gcás ina roghnófar an giúistísí idirchaidrimh a phostóidh *Eurojust* as measc comhaltaí, ionadaithe nó Cúntóirí náisiúnta:

(a) ionadóidh an Ballstát lena mbaineann é nó í ina fheidhm nó ina feidhm mar chomhalta, mar ionadaí nó mar Chúntóir náisiúnta;

(b) ní bheidh sé nó sí i dteideal na cumhachtaí a tugadh dó nó di faoi Airteagal 8 a fheidhmiú a thuilleadh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

5. Gan dochar d'Airteagal 110 de Rialacháin Foinne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, dréachtóidh an Coláiste na téarmaí agus coinníollacha maidir le giúistís idirchaidrimh a phostú, lena n-áirítear an leibhéal íocaíochta. Glacfaidh an Coláiste na socruithe cur chun feidhme is gá ina leith sin i gcomhairle leis an gCoimisiún.

6. Beidh gníomhaíochtaí na ngiúistís idirchaidrimh arna bpostú ag *Eurojust* faoi réir mhaoirseacht an MECS. Tuairisceoidh na giúistís idirchaidrimh don Choláiste, agus cuirfidh an Coláiste Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina ngníomhaíochtaí go cuí sa tuarascáil bhliantúil. Cuirfidh na giúistís idirchaidrimh na comhaltaí náisiúnta agus na húdaráis inniúla náisiúnta ar an eolas faoi na cásanna uile a bhaineann lena mBallstát.

7. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát agus giúistís idirchaidrimh dá dtagraítear i mír 1 teagmháil a dhéanamh le chéile go díreach. Sna cásanna sin, cuirfidh an giúistís idirchaidrimh an comhalta náisiúnta ar an eolas faoi na teagmhálacha sin.

8. Beidh nasc idir na giúistís idirchaidrimh dá dtagraítear i mír 1 agus an córas bainistithe cásanna.

Airteagal 54

Iarrataí ar chomhar dlíthiúil ar thríú tíortha agus uathu

1. Féadfaidh *Eurojust*, le comhaontú ó na Ballstáit lena mbaineann, comhordú a dhéanamh ar fhorghníomhú iarrataí ar chomhar breithiúnach arna n-eisiúint ag tríú tír i gcás inar gá iad a fhorghníomhú in dhá Bhallstát ar a laghad mar chuid den imscrúdú céanna. Féadfaidh údaráis inniúil náisiúnta na hiarrataí sin a tharchur chuig *Eurojust* freisin.

2. I gcásanna práinneacha agus i gcomhréir le hAirteagal 19, féadfaidh an OCC iarrataí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo arna n-eisiúint ag tríú tír a thug comhaontú comhair nó socrú oibre i gcrích le *Eurojust* a fháil agus a tharchur.

3. Gan dochar d'Airteagal 3(5), i gcás ina gcuirtear isteach iarrataí ar chomhar breithiúnach a bhaineann leis an imscrúdú céanna agus ar gá iad a fhorghníomhú i dtríú tír, ar iarrataí iad arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann, éascóidh *Eurojust* comhar breithiúnach leis an tríú tír sin.

ROINN IV

Sonraí pearsanta a aistriú

Airteagal 55

Tarchur sonraí pearsanta oibríochtúla chuig institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais

1. Faoi réir aon srianta breise de bhun an Rialacháin seo, go háirithe de bhun Airteagal 21(8), Airteagal 47(5) agus Airteagal 76 de, ní dhéanfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchur chuig institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais ach amháin má tá na sonraí riachtanach i gcomhair feidhmiú dlísteanaigh cúraimí atá cumhdaithe ag inniúlacht na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta eile de chuid an Aontais.

2. I gcás ina ndéantar na sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchur tar éis iarrataí ón institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais, beidh freagracht as dlísteanaigh an aistrithe sin ar an rialaitheoir agus ar an bhfaighteoir araon.

Cuirfear de cheangal ar *Eurojust* inniúlacht na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta eile de chuid an Aontais a fhíorú agus meastóireacht shealadach a dhéanamh ar an ngá le tarchur na sonraí pearsanta oibríochtúla. Má ardaítear amhras faoin ngá sin a bheith ann, lorgóidh *Eurojust* tuilleadh faisnéise ón bhfaighteoir.

Áiritheoidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht eile de chuid an Aontais gur féidir an gá le sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchur a fhíorú ina dhiaidh sin.

3. Ní dhéanfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht eile de chuid an Aontais na sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch lena tarchuireadh iad, agus chun na gcríoch sin amháin.

Airteagal 56

Prionsabail ghinearálta maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Féadfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, faoi réir chomhlíonadh na rialacha sonraí cosanta is infheidhme agus fhorálacha eile an Rialacháin seo, agus sin ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is gá an t-aistriú a dhéanamh chun cúraimí *Eurojust* a chomhlíonadh;
- (b) aistrítear na sonraí pearsanta oibríochtúla chuig údarás an tríú tír nó chuig an eagraíocht idirnáisiúnta atá inniúil i bhforfheidhmiú an dlí agus in ábhair choiriúla;
- (c) i gcás inar tarchuireadh nó inar chuir Ballstát ar fáil na sonraí pearsanta oibríochtúla atá le haistriú i gcomhréir leis an Airteagal seo chuig *Eurojust*, déanfaidh *Eurojust* réamhúdarú don aistriú a fháil ó údarás inniúil ábhartha an Bhallstáit sin i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, murar údaraigh an Ballstát sin an t-údarú sin d'aistrithe den sórt sin i dtéarmaí ginearálta nó faoi réir coinníollacha sonracha;
- (d) i gcás ina ndéanann tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta na sonraí a aistriú ar aghaidh chuig tríú tír eile nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta eile, cuirfidh *Eurojust* de cheangal ar an tríú tír nó ar an eagraíocht idirnáisiúnta a réamhúdarú a lorg don aistriú ar aghaidh sin.

Ní dhéanfaidh *Eurojust* údarú faoi phointe (d) a sholáthar ach amháin le réamhúdarú an Bhallstáit arb as na sonraí sin agus tar éis dó aird chúí a thabhairt ar na tosca ábhartha uile, lena n-áirítear a thromchúisí atá an cion coiriúil, an chríoch a bhain le haistriú na sonraí pearsanta oibríochtúla ar an gcéad dul síos agus an leibhéal cosanta do shonraí pearsanta sa tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ar aistríodh sonraí pearsanta oibríochtúla ar aghaidh chuici.

2. Faoi réir coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ní fhéadfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin i gcás gurb infheidhme ceann amháin de na nithe seo a leanas:

- (a) chinn an Coimisiún de bhun Airteagal 57 go n-áirithíonn an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta atá i gceist leibhéal leordhóthanach cosanta, nó in éagmais cinneadh leordhóthanachta den sórt sin, i gcás ina bhforáiltear do choimircí iomchuí nó inarb ann dóibh i gcomhréir le hAirteagal 58(1), nó an dá cheann in éagmais cinneadh leordhóthanachta agus in éagmais coimircí iomchuí den sórt sin, tá feidhm ag maolú i gcomhair cásanna sonracha de bhun Airteagal 59 (1); nó
- (b) rinneadh comhaontú comhair a thabhairt i gcrích lena dtugtar cead sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú roimh an 12 Nollaig 2019 idir *Eurojust* agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin i gcomhréir le hAirteagal 26a de Chinneadh 2002/187/CGB; nó
- (c) rinneadh comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

3. Féadfar na socruithe oibre dá dtagraítear in Airteagal 38(2) a úsáid chun na módúlachtaí le haghaidh na gcomhaontuithe nó na gcinntí leordhóthanachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

4. Féadfaidh *Eurojust* i gcásanna práinnecha sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú gan réamhúdarú ag Ballstát i gcomhréir le pointe (c) de mhír 1. Ní dhéanfaidh *Eurojust* amhlaidh ach amháin má tá gá le haistriú na sonraí pearsanta oibríochtúla chun bagairt thromchúiseach láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit nó tríú tír nó na leasanna fíorthábhachtacha Bhallstáit chosc agus i gcás nach féidir an réamhúdarú a fháil in am is i dtráth. Cuirfear an t-údarás atá freagrach as réamhúdarú a thabhairt ar an eolas gan mhoill.

5. Ní dhéanfaidh Ballstáit ná institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais aistriú sonraí pearsanta oibríochtúla a fhaightear ó *Eurojust* a aistriú ar aghaidh chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta. Mar eisceacht, féadfaidh siad aistriú den chineál sin a dhéanamh i gcásanna ina bhfuil *Eurojust* tar éis sin a údarú, tar éis na tosca ábhartha uile a chur san áireamh go cuí, lena n-áirítear a thromchúisí atá an cion coiriúil, an chríoch chun a ndearnadh na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú i dtús báire agus an leibhéal cosanta atá ann do shonraí pearsanta sa tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta a n-aistrítear sonraí pearsanta oibríochtúla chucu.

6. Beidhm feidhm ag Airteagal 57, Airteagal 58 agus Airteagal 59 lena áirithiú nach mbaintear an bonn den leibhéal cosanta do dhaoine nádúrtha a ráthaítear leis an Rialachán seo agus le dlí an Aontais.

Airteagal 57

Aistrithe ar bhonn cinneadh leordhóthanachta

Féadfaidh *Eurojust* na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 36 de Treoir (AE) 2016/680 go bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta á áirithiú ag an tríú tír, ag an gcríoch nó ag earnáil shonraithe amháin nó níos mó sa tríú tír sin, nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta atá i gceist.

Airteagal 58

Aistrithe faoi réir coimircí iomchuí

1. In éagmais cinneadh leordhóthanachta, féadfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcás:
 - (a) go bhforáiltear in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí do choimircí iomchuí i dtaca le cosaint sonraí pearsanta oibríochtúla; nó
 - (b) tá measúnú déanta ag *Eurojust* ar gach imthoisc a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta oibríochtúla agus cinneann sé gurb ann do choimircí iomchuí maidir le cosaint sonraí pearsanta oibríochtúla.
2. Cuirfidh *Eurojust* an MECS ar an eolas faoi chatagóirí aistrithe faoi phointe (b) de mhír 1.
3. I gcás ina mbunaítear aistriú ar phointe (b) de mhír 1, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil don MECS arna iarraidh sin. Áireofar sa doiciméadacht taifead ar dháta agus am an aistrithe, agus faisnéis faoin údarás inniúil glactha, faoin mbonn cirt a bhí leis an aistriú agus faoi na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistríodh.

Airteagal 59

Maoluithe i gcásanna sonracha

1. In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó coimircí iomchuí de bhun Airteagal 58, ní fhéadfaidh *Eurojust* sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ar an gcoinníoll go bhfuil an t-aistriú riachtanach:
 - (a) chun leasanna rithábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint;
 - (b) chun leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú;
 - (c) chun bagairt thromchúiseach agus láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit nó tríú tír a chosc; nó
 - (d) i gcásanna aonair chun cúraimí *Eurojust* a fheidhmiú, mura gcinnfidh *Eurojust* go sáraíonn cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí lena mbaineann leas an phobail san aistriú.
2. I gcás ina mbunaítear aistriú ar mhír 1, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil don MECS arna iarraidh sin. Áireofar sa doiciméadacht taifead ar dháta agus am an aistrithe, agus faisnéis faoin údarás inniúil glactha, faoin mbonn cirt a bhí leis an aistriú agus faoi na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistríodh.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 60

Buiséad

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas iomlán *Eurojust* do gach bliain airgeadais, a fhreagraíonn don bhliain féilire, agus iontrálfar i mbuiséad *Eurojust* iad.
2. Beidh buiséad *Eurojust* comhordaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais araon.

3. Gan dochar d'acmhainní eile, beidh ar áireamh in ioncam *Eurojust*:
 - (a) ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais;
 - (b) aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit;
 - (c) táillí ar fhoilseacháin agus ar aon seirbhísí eile a sholáthraíonn *Eurojust*;
 - (d) deontais *ad hoc*.
4. Áireofar ar chaiteachas *Eurojust* luach saothair na foirne, speansais agus costais riaracháin, bhonneagair agus oibriúcháin, lena n-áirítear cistiú chomhfhoirne imscrúdaithe.

Airteagal 61

Bunú an bhuiséid

1. Dréachtóidh an Stiúrthóir Riaracháin dréachtráiteas uair sa bhliain ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas *Eurojust* le chéile don bhliain airgeadais tar éis sin, lena n-áirítear an plean bunaíochta, agus cuirfidh sé é chuig an mBord Feidhmiúcháin. Cuirfear an Gréasán Breithiúnach Eorpach agus gréasáin eile an Aontais a bhfuil baint acu le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla dá dtagraítear in Airteagal 48 ar an eolas faoi na codanna a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí in am trátha roimh an meastachán a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
2. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin, bunaithe ar an dréachtráiteas ar na meastacháin sin, athbhreithniú ar an dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus ar chaiteachas *Eurojust* don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin a chuirfear faoi bhráid an Choláiste lena ghlacadh.
3. Cuirfear an dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus ar chaiteachas *Eurojust* chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain. Cuirfidh *Eurojust* an leagan críochnaitheach den mheastachán sin, lena n-áireofar an dréachtphlean bunaíochta, chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta den bhliain chéanna.
4. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (an t-údarás buiséadach) mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais.
5. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na meastacháin sin a mheasann sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta agus do mhéid na ranníocaíochta a bhainfear as an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh é i gcomhréir le hAirteagal 313 agus le hAirteagal 314 CFAE.
6. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasáí don ranníocaíocht a íocfaidh an tAontas le *Eurojust*.
7. Glacfaidh an t-údarás buiséadach plean bunaíochta *Eurojust*. Glacfaidh an Coláiste buiséad *Eurojust*. Beidh sé críochnaitheach tar éis ghlacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. I gcás inar gá, déanfaidh an Coláiste an buiséad *Eurojust* a choigeartú dá réir.
8. Beidh feidhm ag Airteagal 88 de Rialachán Tarmiligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún⁽¹⁾ le haghaidh aon tionscadal tógála ar cosúil go mbeidh impleachtaí móra aige ar bhuiséad *Eurojust*.

Airteagal 62

Cur chun feidhme an bhuiséid

Beidh an Stiúrthóir Riaracháin ina oifigeach údarúcháin ag *Eurojust* agus cuirfidh sé buiséad *Eurojust* chun feidhme ar a fhreagracht féin, laistigh de na teorainneacha atá údaraithe sa bhuiséad.

Airteagal 63

Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh

1. Cuirfidh oifigeach cuntaisaíochta *Eurojust* na cuntais shealadacha don bhliain airgeadais (bliain N) in iúl d'Oifigeach Cuntaisaíochta an Choimisiúin agus don Chúirt Iniúchóirí, faoin 1 Márta sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin (bliain N+1).

⁽¹⁾ Rialachán Tarmiligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).

2. Cuirfidh *Eurojust* tuarascáil ar an mbainistíocht bhuiséadach don bhliain N+1 agus ar an mbainistíocht airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta an bhliain N+1.
3. Cuirfidh Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha *Eurojust* arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta an bhliain N+1.
4. I gcomhréir le hAirteagal 246(1) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046, tabharfaidh an Chúirt Iniúchóirí, faoin 1 Meitheamh i mbliain N + 1, a tuairimí uathí ar chuntais shealadacha *Eurojust*.
5. Nuair a gheobhaidh an Stiúrthóir Riaracháin barúlacha na Cúirte Iniúchóirí ar chuntais shealadacha *Eurojust* de bhun Airteagal 246 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046, tarraingeoidh sé nó sí suas cuntais chríochnaitheacha *Eurojust* ar a fhreagracht nó ar a freagracht féin agus cuirfidh sé nó sí chuig an mBord Feidhmiúcháin iad chun a bharúil sin a fháil orthu.
6. Tabharfaidh an Bord Feidhmiúcháin tuairim uaidh ar chuntais chríochnaitheacha *Eurojust*.
7. Faoin 1 Iúil de bhliain N + 1, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cuntais chríochnaitheacha sin, in éineacht le tuairim an Bhoird Bainistíochta, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúchóirí.
8. Foilseofar cuntais chríochnaitheacha don bhliain N in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoin 15 Samhain an bhliain N + 1.
9. Cuirfidh an Stiúrthóir Riaracháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí maidir lena bharúlacha faoin 30 Meán Fómhair de bhliain N + 1. Cuirfidh an Stiúrthóir Riaracháin an freagra sin chuig an mBord Feidhmiúcháin agus chuig an gCoimisiún freisin.
10. Arna iarradh Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an Stiúrthóir Riaracháin aon fhaisnéis is gá chun go bhfeidhmeoidh an nós imeachta um urscaoileadh don bhliain airgeadais i gceist go réidh i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (CE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046.
11. Tabharfaidh Parlaimint na hEorpa, ar a mholadh sin don Chomhairle agus í ag gníomhú trí thromlach cáilithe, urscaoileadh don Stiúrthóir Riaracháin roimh an 15 Bealtaine sa bhliain N + 2, i leith chur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N.
12. Tabharfar tarscaoileadh bhuiséad *Eurojust* do Pharlaimint na hEorpa ar mholadh ón gComhairle tar éis nós imeachta atá inchomparáide leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 319 CFAE agus in Airteagal 260, Airteagal 261 agus Airteagal 262 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 2018/1046, agus bunaithe ar thuarascáil iniúchána na Cúirte Iniúchóirí.

Má dhiúltaíonn Parlaimint na hEorpa tarscaoileadh a dheonú faoin 15 Bealtaine den bhliain N + 2, tabharfar cuireadh don Stiúrthóir Riaracháin chun a sheasamh/a seasamh a mhíniú don Cholaíste, a ghlacfaidh a chinneadh críochnaitheach maidir le seasamh an Stiúrthóir Riaracháin i bhfianaise na n-imthosca.

Airteagal 64

Rialacha airgeadais

1. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin na rialacha airgeadais is infheidhme i gcomhréir le an Rialachán Tarmligthe (AE) 1271/2013 tar éis dul i mbun comhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh na rialacha airgeadais sin ó Rialachán Tarmligthe (AE) 1271/2013 mura mbeidh gá sonrach leis an imeacht sin le haghaidh oibríocht *Eurojust* agus mura mbeidh toiliú tugtha ag an gCoimisiún roimh ré.

I dtaca le tacaíocht airgeadais atá le tabhairt do ghníomhaíochtaí chomhfhoirne imscrúdaithe, bunóidh *Eurojust* agus *Europol* i gcompháirt na rialacha agus na coinníollacha faoina ndéanfar iarratais ar thacaíocht den sórt sin a phróiseáil.

2. Féadfaidh *Eurojust* deontais a bhaineann le comhlíonadh a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a dhámhachtain. Féadfar deontais dá bhforáiltear i gcomhair tascanna a bhaineann le pointe (f) d'Airteagal 4(1) a dhámhachtain ar na Ballstáit gan ghlaó ar thograí.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN BHFOIREANN

Airteagal 65

Forálacha ginearálta

1. Beidh feidhm maidir le foireann *Eurojust* ag Rialacháin Foirne Oifigeach agus ag Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, mar aon leis na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais Eorpaigh chun éifeacht a thabhairt do Rialacháin Foirne Oifigeach agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile.
2. Ar fhoireann *Eurojust* beidh foireann a earcófar de réir na rialacha agus na rialachán is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhíseach eile an Aontais, agus na critéir ábhartha go léir dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialacháin Foirne Oifigeach, lena n-áirítear a ndáileadh geografach, á gcur san áireamh.

Airteagal 66

Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill eile foirne

1. De bhreis ar a fhoireann féin, féadfaidh *Eurojust* úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as baill eile foirne nach fostaithe de chuid *Eurojust* iad.
2. Glacfaidh an Coláiste cinneadh lena leagfar síos rialacha a thabhairt ar iasacht chuig *Eurojust* agus maidir le húsáid foirne eile, go háirithe chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.
3. Glacfaidh *Eurojust* bearta riaracháin iomchuí, *inter alia* trí straitéisí oiliúna agus coiscitheacha chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa maidir le saincheisteanna iarfhostaíochta.

CAIBIDIL VIII

MEASTÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ

Airteagal 67

Institiúidí an Aontais agus parlaimintí náisiúnta a bheith rannpháirteach:

1. Tarchuirfidh *Eurojust* a Thuarascáil Bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig na parlaimintí náisiúnta, agus féadfaidh siad tuairimí agus conclúidí a thíolacadh.
2. Nuair a cheapfar é nó í, déanfaidh Uachtarán nuathofa *Eurojust* ráiteas os comhair choiste inniúil nó choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna a chuirfidh a chomhaltaí nó a gcomhaltaí a fhreagairt. Ní thagrófar go díreach ná go hindíreach do bhearta nithiúla maidir le cásanna oibríochtúla sonracha sa phlé sin.
3. Beidh Uachtarán *Eurojust* i láthair uair amháin sa bhliain don mheastóireacht chomhpháirteach a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta ar ghníomhaíochtaí *Eurojust*, faoi chuimsiú cruinniú coiste idirpharlaiminteach, chun gníomhaíochtaí reatha *Eurojust* a phlé agus chun tuarascáil bhliantúil nó doiciméid rithábachtacha eile *Eurojust* a thíolacadh.

Ní thagrófar go díreach ná go hindíreach do bhearta nithiúla a rinneadh maidir le cásanna oibríochtúla sonracha sa phlé sin.

4. Sa bhreis ar na hoibleagáidí eile maidir le faisnéis agus comhairliúchán a leagtar amach sa Rialachán seo, tarchuirfidh *Eurojust* an méid seo a leanas chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta ina dteangacha oifigiúla faoi seach, mar fhaisnéis:

- (a) torthaí staidéar agus tionscadal straitéiseach a mhionsaothraigh nó a choimisiúnaigh *Eurojust*;
- (b) an doiciméad clársceidealaithe dá dtagraítear in Airteagal 15;
- (c) socrúithe oibre arna dtabhairt i gcrích le tríú páirtithe.

*Airteagal 68***Tuairimí maidir le gníomhartha reachtacha atá beartaithe**

Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a fheidhmiú gcearta ar bhonn phointe (b) d'Airteagal 76 CFAE tuairim a iarraidh ó Eurojust maidir leis na gníomhartha reachtacha uile atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 76 CFAE.

*Airteagal 69***Meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Faoin 13 Nollaig 2024 ar a dhéanaí, agus gach 5 bliana tar éis sin, coimisiúnaí an Coimisiúin meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar thionchar an Rialacháin seo, agus le héifeachtacht agus éifeachtúlacht *Eurojust* agus a chleachtas oibre. Tabharfar éisteacht don Choláiste sa mheastóireacht. Féadfar go ndíreofar sa mheastóireacht go háirithe ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le sainordú *Eurojust* a mhodhnú, agus ar na himpleachtaí airgeadais a bheadh ag an modhnú sin.
2. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta mar aon lena chonclúidí ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta, chuig an gComhairle agus chuig an gColáiste. Cuirfear fionnachtana na meastóireachta sin ar fáil don phobal.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 70***Pribhléidí agus Díolúintí**

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 maidir le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, maidir le *Eurojust* agus a bhaill foirne.

*Airteagal 71***Socruithe teanga**

1. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle ⁽¹⁾ maidir le *Eurojust*.
2. Déanfaidh an Coláiste cinneadh maidir le socruithe inmheánacha teanga *Eurojust* trí thromlach dhá thríán dá chomhaltaí.
3. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin is gá chun go bhfeidhmeoidh *Eurojust*, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2965/94 ⁽²⁾ mura mbeidh réiteach eile riachtanach de thoradh an ttonad Aistriúcháin gan a bheith ar fáil.

*Airteagal 72***Rúndacht**

1. Maidir le haon fhaisnéis ar ar tháinig siad le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh, beidh oibleagáid rúndachta ar na comhaltaí náisiúnta agus ar a n-ionadaithe agus ar a gCúntóirí dá dtagraítear in Airteagal 7, ar fhoireann *Eurojust*, ar na comhfhreagrúcháin náisiúnta, ar na saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ar na giúistísí idirchaidrimh, ar an Oifigeach Cosanta Sonraí agus ar na comhaltaí agus ar fhoireann an MECS.
2. Beidh feidhm ag an oibleagáid rúndachta maidir leis na daoine uile agus na comhlachtaí uile a oibríonn le *Eurojust*.

⁽¹⁾ Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na tenagacha a bheidh le húsáid ag an gComhphobal Eacnamaíoch Eorpach (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2965/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Lárionad Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (IO L 314, 7.12.1994, lch. 1).

3. Beidh feidhm ag an oibleagáid rúndachta freisin tar éis do na daoine dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a bpost a fhágáil agus tar éis deireadh a theacht lena ngníomhaíochtaí.

4. Beidh feidhm ag an oibleagáid rúndachta ar an bhfaisnéis uile a dhéanfaidh *Eurojust* a fháil nó a mhalartú, murar cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil go dleathach don phobal roimhe sin nó mura bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi.

Airteagal 73

Coinníollacha rúndachta na n-imeachtaí náisiúnta

1. Gan dochar d'Airteagal 21(3), i gcás ina bhfaighfear nó ina malartófar faisnéis trí *Eurojust*, féadfaidh údarás an Bhallstáit a chuir an fhaisnéis ar fáil coinníollacha a leagan síos, de bhun a dhlí náisiúnta, maidir le húsáid na faisnéise sin ag an údarás is faighteoir in imeachtaí náisiúnta.

2. Beidh údarás an Bhallstáit a gheobhaidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faoi cheangal ag na coinníollacha sin.

Airteagal 74

Trédhearcacht

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ maidir le doiciméid atá i seilbh *Eurojust*.

2. Faoi cheann sé mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, ullmhóidh an Bord Feidhmiúcháin na rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm chun go nglacfaidh an Coláiste iad.

3. Féadfaidh cinntí a dhéanfaidh *Eurojust* de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman Eorpach nó ina n-ábhar caingne os comhair na Cúirte, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 228 agus in Airteagal 263 CFAE faoi seach.

4. Foilseoidh *Eurojust* ar a shuíomh gréasáin liosta de chomhaltaí a Bhoird Feidhmiúcháin agus an achoimre ar an toradh a bhí ar chruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin. Déanfar foilsiú na n-achoiríní sin a fhágáil ar lár go sealadach go deo iad nó srianfar é más rud é go mbeadh riosca ann go gcuirfí feidhmiú chúraimí *Eurojust* i mbaol leis an bhfoilsiú sin, agus oibleagáidí discréide agus rúndachta agus gné oibríochtúil *Eurojust* á gcur san áireamh.

Airteagal 75

OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí

1. Chun gur fusa calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac faoi Rialachán (CE, *Euratom*) Uimh. 883/2013, faoi cheann sé mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, aontóidh *Eurojust* do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha a bheith á ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Calaoise (OLAF)⁽²⁾. Glacfaidh *Eurojust* na forálacha iomchuí is infheidhme maidir leis na comhaltaí náisiúnta go léir, lena n-ionadaithe agus lena gCúntóirí, leis na saineolaithe náisiúnta ar iasacht ar fad agus le foireann iomlán *Eurojust* ar fad, agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin á úsáid aige.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an Chúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais ó *Eurojust*.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

⁽²⁾ IO L 136, 31.5.1999, lch. 15

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus imscrúduithe ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (*Euratom*, CE) Uimh. 2185/96 ⁽¹⁾ d'fhonn a shuí an raibh aon neamhrialtachtaí ann a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le caiteachas a mhaoiníonn *Eurojust*.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 ná do mhír 3, beidh sna socrúithe oibre le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, sna conarthaí, sna comhaontuithe deontais agus sna cinntí deontais a dhéanfaidh *Eurojust* forálacha a thugann an chumhacht go sainráite do Chúirt Iníúcháirí agus do OLAF na hiniúchtaí agus na himscrúduithe sin a dhéanamh de réir a n-inniúlachtaí faoi seach.

5. Déanfaidh foireann *Eurojust*, an Stiúrthóir Riaracháin agus comhaltaí an Choláiste agus an Bhoird Feidhmiúcháin, gan mhoill agus gan é a bheith i gceist amhras a tharraingt ar a bhfreagracht mar thoradh air, fógra a thabhairt do OLAF agus OIPE maidir le haon amhras faoi ghníomhaíocht neamhrialta nó neamhdhleathach laistigh dá sainordú faoi seach a bheidh tagtha ar a n-aire agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

Airteagal 76

Rialacha maidir le faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus rúnaicmithe a chosaint

1. Déanfaidh *Eurojust* rialacha inmheánacha a bhunú maidir le déileáil le faisnéis agus maidir lena rúndacht agus maidir le faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis sin a chruthú agus a phróiseáil ag *Eurojust*.

2. Bunóidh *Eurojust* na rialacha inmheánacha maidir le cosaint faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a bheidh ar aon dul le Cinneadh 2013/488/AE ⁽²⁾ ón gComhairle chun leibhéal coibhéiseach cosanta a áirithiú don fhaisnéis sin.

Airteagal 77

Fiosrúcháin riaracháin

Beidh gníomhaíochtaí riaracháin *Eurojust* faoi réir fiosrúcháin an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.

Airteagal 78

Dliteanas nach dliteanas i leith próiseáil neamhúdairithe ná próiseáil mhícheart sonraí é.

1. Beidh dliteanas conarthach *Eurojust* faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh atá i gceist.

2. Beidh dlínse ag an gCúirt breithiúnas a thabhairt de bhun aon chláisail eadrána a bheidh i gconradh a thugann *Eurojust* i gcrích.

3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh *Eurojust*, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát agus go neamhspleách ar aon dliteanas faoi Airteagal 46, aon damáiste a shlánú arbh iad *Eurojust* nó a foireann ba chúis leis agus iad i mbun a ndualgas.

4. Beidh feidhm ag mír 3 freisin maidir le damáiste arbh é locht comhalta náisiúnta, ionadaí nó Cúntóra ba chúis leis agus iad i mbun a ndualgas. Agus é nó í ag gníomhú ar bhonn na gcumhachtaí atá deonaithe dó nó di de bhun Airteagal 8, áfach, aisíocfaidh a Bhallstát bunaidh nó a Ballstát bunaidh na suimeanna do *Eurojust* a d'íoc *Eurojust* chun an damáiste sin a shlánú.

5. Beidh dlínse ag an gCúirt i ndíospóidí a bhaineann leis an gcúiteamh as damáiste dá dtagraítear i mír 3.

⁽¹⁾ Rialachán (*Euratom*, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁽²⁾ Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

6. Na cúirteanna náisiúnta de chuid na mBallstát atá inniúil déileáil le díospóidí a bhaineann le dliteanas *Eurojust* dá dtagraítear san Airteagal seo, cinnfear trí thagairt do Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ iad.

7. Beidh dliteanas pearsanta na mball foirne de chuid *Eurojust* i leith *Eurojust* faoi rialú ag na forálacha is infheidhme a leagtar síos i Rialachán Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach eile.

Airteagal 79

Comhaontú maidir le ceanncheathrú agus maidir le coinníollacha oibríochtúla,

1. Beidh suíomh *Eurojust* sa Háig, san Ísiltír.

2. Na socrúithe is gá maidir leis an gcoiríocht atá le soláthar do *Eurojust* san Ísiltír agus na saoráidí atá le cur ar fáil ag an Ísiltír maille leis na rialacha sonracha is infheidhme san Ísiltír ar an Stiúrtóir Riaracháin, ar an gColáiste, ar bhail foirne *Eurojust* agus ar bhail dá dteaghlaigh, leagfar síos i gcomhaontú maidir le ceanncheathrú idir *Eurojust* agus an Ísiltír iad a thabharfar i gcrích a luaithe a gheofar formheas an Choláiste.

Airteagal 80

Socrúithe idirthrímhseacha

1. Beidh *Eurojust* a bunaíodh faoin Rialachán seo ina chomharba dlíthiúil ginearálta I leith gach conradh arna thabhairt i gcrích ag *Eurojust* arna bhunú le Cinneadh 2002/187/CGB, ar gach dliteanas is dlite de, agus na maoinne uile a shealbhaíonn sé.

2. Comhaltaí náisiúnta *Eurojust* a bunaíodh le Cinneadh 2002/187/CGB a thug gach Ballstát ar iasacht faoin gCinneadh sin, glacfaidh siad ról na gcomhaltaí náisiúnta de *Eurojust* faoi Chuid II de Chaibidil II den Rialachán seo. Féadfar a dtéarma oifige a fhadú uair amháin faoi Airteagal 7(5) den Rialachán seo tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gan beann ar fhadú roimhe sin.

3. Glacfaidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán *Eurojust* a bunaíodh le Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle tráth a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ról Uachtaráin agus Leas-Uachtaráin *Eurojust* faoi Airteagal 11 den Rialachán seo, go dtí go rachaidh a dtréimhse oifige in éag i gcomhréir leis an gCinneadh sin. Féadfar iad a atoghadh uair amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi Airteagal 11(4) den Rialachán seo, gan beann ar a n-atoghadh roimhe sin.

4. Glacfaidh an Stiúrtóir Riaracháin a ceapadh go deireanach faoi Airteagal 29 de Chinneadh 2002/187/CGB ról an Stiúrtóra Riaracháin faoi Airteagal 17 den Rialachán seo go dtí go rachaidh a thréimhse nó a tréimhse oifige mar a cinneadh faoin gCinneadh sin í in éag. Féadfaidh tréimhse oifige an Stiúrtóra Riaracháin sin a fhadú aon uair amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

5. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do bhailíocht comhaontuithe a thugann *Eurojust* i gcrích a bhunaítear le Cinneadh 2002/187/CGB. Go háirithe, leanfaidh gach comhaontú idirnáisiúnta atá tugtha i gcrích ag *Eurojust* roimh 12 Nollaig 2019 de bheith bailí de réir dlí.

6. Cuirfear an nós imeachta urscaoilte maidir leis na buiséid a fhorghníomhaíodh ar bhonn Airteagal 35 de Chinneadh 2002/187/CGB i ngníomh i gcomhréir leis na rialacha a bhunaítear le hAirteagal 36 de.

7. Ní dhéanfar difear leis an Rialachán seo do chonarthaí fostaíochta a tugadh i gcrích faoi Threoir 2002/187/CGB roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Glacfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí a ceapadh go deireanach faoi Airteagal 17 den Chinneadh sin ról an Oifigigh Cosanta Sonraí faoi Airteagal 36 den Rialachán seo.

Airteagal 81

Athsholáthar agus aisghairm

1. Leis seo gabhann an Rialachán seo ionad Chinneadh 2002/187/CGB i gcás na mBallstát a bheidh faoi cheangal an Rialacháin seo le héifeacht ón 12 Nollaig 2019.

Dá bhrí sin, déantar Cinneadh 2002/187/CGB a aisghairm le héifeacht ón 12 Nollaig 2019.

2. Maidir leis na Ballstáit a bheidh faoi cheangal an Rialacháin seo, déanfar tagairtí do na Cinní dá dtagraítear i mír 1 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

*Airteagal 82***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 12 Nollaig 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomláin agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg, na 14 Samhain 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

IARSCRÍBHINN I

Liosta d'fhoirmeacha coireachta tromchúisí a bhfuil *Eurojust* iniúil déileáil leo i gcomhréir le hAirteagal 3(1):

- sceimhlitheoireacht,
- coireacht eagraithe,
- gáinneáil ar dhruaí,
- gníomhaíochtaí sciúrtha airgid,
- coireacht a bhaineann le substaintí núicléacha agus radaighníomhacha,
- smuigleáil inimirceach,
- gáinneáil ar dhaoine,
- coireacht a bhaineann le mótarfeithiclí,
- dúnmharú agus mórdhíobháil choirp,
- trádáil aindleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine,
- fuadach, srianadh neamhdhleathach agus tógáil giall,
- ciníochas agus seineafóibe,
- robáil agus tromghoid,
- gáinneáil neamhdhleathach ar earraí cultúrtha, lena n-áirítear ársaíochtaí agus saothair ealaíne,
- caimiléireacht agus calaois,
- coireacht i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais,
- déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaí airgeadais,
- cambheartaíocht agus sracadh,
- góchumadh agus píoráideacht táirgí,
- brionnú doiciméad riarachán agus gáinneáil orthu,
- brionnú airgid agus modhanna íocaíochta,
- coireacht ríomhaire,
- éilliú,
- gáinneáil aindleathach ar airm, ar armlón agus ar pléascáin,
- gáinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe i mbaol,
- gáinneáil aindleathach ar speicis agus ar chineálacha plandaí i mbaol,
- coireacht chomhshaoil, lena n-áirítear truailliú ó longfhoinsí,
- gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí eile fáis,
- mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear ábhar a bhaineann le mí-úsáid ar leanaí agus sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach,
- cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh.

IARSCRIBHINN II

NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 27

1. (a) sloinne, sloinne roimh phósadh, ainmneacha baiste agus aon ailiasanna nó ainmneacha bréige;
 - (b) dáta agus ionad breithe;
 - (c) náisiúntacht;
 - (d) inscne;
 - (e) áit chónaithe, gairm agus an áit a bhfuil an duine lena mbaineann;
 - (f) Uimhir slándála sóisialaí nó uimhreacha oifigiúla eile a úsáidtear sa Bhallstát chun daoine aonair a shainathint, ceadúnais tiomána, doiciméid aitheantais agus sonraí pas, uimhreacha custaim agus aitheantais chánach;
 - (g) faisnéis maidir le daoine dlítheanacha má áirítear ann faisnéis i ndáil le daoine aonair atá sainaitheanta nó insainaitheanta agus atá faoi réir imscrúdú breithiúnach nó ionchúisimh;
 - (h) sonraí cuntas a shealbhaítear i mbainc nó in institiúidí airgeadais eile;
 - (i) tuairisc agus cineál na gcionta líomhnaithe, an dáta a rinneadh iad, an catagóir coiriúil lena mbaineann na cionta agus dul chun cinn na n-imscrúduithe;
 - (j) na fíorais a léiríonn go bhféadfaí an cás a leathnú go hidirnáisiúnta;
 - (k) mionsonraí a bhaineann le ballraíocht líomhnaithe in eagraíocht choiriúil;
 - (l) uimhreacha teileafóin, seoltaí ríomhphoist, sonraí tráchta agus sonraí suímh, chomh maith le haon sonraí gaolmhara is gá chun an rannpháirtí nó an t-úsáideoir a shainathint;
 - (m) sonraí clárúcháin feithicle;
 - (n) próifílí DNA a shuítear ón gcuid neamh-chódaitheach den DNA, grianghraif agus méarloirg.
 2. (a) sloinne, sloinne roimh phósadh, ainmneacha baiste agus aon ailiasanna nó ainmneacha bréige;
 - (b) dáta agus ionad breithe;
 - (c) náisiúntacht;
 - (d) inscne;
 - (e) áit chónaithe, gairm agus an áit a bhfuil an duine lena mbaineann;
 - (f) tuairisc agus cineál na gcionta a bhaineann leis an duine, an dáta a rinneadh na cionta, an catagóir coiriúil lena mbaineann na cionta agus dul chun cinn na n-imscrúduithe.
 - (g) uimhir slándála sóisialaí nó uimhreacha oifigiúla eile a úsáideann na Ballstáit chun daoine aonair a shainathint, ceadúnais tiomána, doiciméid aitheantais agus sonraí pas, uimhreacha custaim agus Uimhreacha Aitheantais Cánach;
 - (h) sonraí na gcuntas a shealbhaítear i mbainc agus in institiúidí eile airgeadais;
 - (i) uimhreacha teileafóin, seoltaí ríomhphoist, sonraí tráchta agus sonraí suímh, chomh maith le haon sonraí gaolmhara is gá chun an rannpháirtí nó an t-úsáideoir a shainathint;
 - (j) sonraí clárúcháin feithicle.
-

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA